Front cover irish 487 cv:Front cover irish 487 cv 14/07/2009 10:26 Page 1

RANG A TRÌ AGUS A CEATHAIR

Ábhair Acmhainní don

Oideachas Caidrimh & Gnéasachta



Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Front cover irish 487 cv:Front cover irish 487 cv 14/07/2009 10:26 Page 2

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 1

RANG A TRÌ AGUS A CEATHAIR

Ábhair Acmhainní don

Oideachas Caidrimh & Gnéasachta



Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 2

© Rialtas na hÉireann 1998

Léaráidí le Mary Hall
Dearadh le Brian Kelly Design
Clóbhualadh le Brunswick Press Ltd.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 3

Innéacs

Page

Brollach 4

Buíochas 5

Clár Ábhair do Rang a Trí agus a Ceathair 6

Réamhrá 7

Páirtíocht Tuismitheoirí / Caomhnóirí 9

Modhanna Molta Múinteoireachta 10

Rang a Trí

Téamaí OCG 16

Imeascadh Curaclaim 113

Rang a Ceathair

Téamaí OCG 116

Imeascadh Curaclaim 221

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 4

Brollach

Tá na hábhair acmhainní a thugtar anseo bunaithe ar an gCuraclam Eatramhach agus Treoirlínte don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a d'ullmhaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus a d'fhaomh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Ní saintreoracha iad, ach soláthraíonn siad clár roghanna le haghaidh ceachtanna ranga ónar féidir le múinteoirí roghnú de réir Pholasaí OCG a scoile féin.

D'ullmhaigh múinteoirí le taithí na hábhair faoi threoir na Seirbhíse Tacaíochta Oiliúna do Scoileanna. Tá pearsanra ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna OCG do Scoileanna agus múinteoirí ranga sna Scoileanna Réamh-Thástála i ndiaidh iad a mheas. Chuathas i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta fad a bhí na hábhair seo á bhforbairt agus measadh iad a bheith comhoiriúnach don Churaclam Eatramhach agus Treoirlínte.

Tá sé mar chúram ar na daoine sin atá chun tarraingt as na hacmhainní seo iad féin a shásamh go bhfuil clár ábhair na n-acmhainní a úsáideann siad oiriúnach do riachtanais na ndaltaí agus de réir Pholasaí agus Chlár OCG a scoile.

Tá fíorbhuíochas ag dul dóibh sin ar fad a chuir le forbairt agus cnuasach na n-ábhar acmhainní seo. Gan dabht beidh siad ina gcabhair mhór dóibh sin a bhíonn ag plé le hoideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte daoine óga.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 5

Buíochas

Is í an tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna OCG do Scoileanna a rinne forbairt na n-ábhar seo a chomhordú. Bunaíodh an tseirbhís seo i Lárionad Oideachais Droim Conrach i nDeireadh Fómhair 1995, seirbhís a bhfuil an fhreagracht uirthi tacaíocht a thabhairt chun an OCG a chur i ngníomh i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre. Faigheann an tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna OCG do Scoileanna maoiniú ón Aonad Forbartha Ionghairme, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta buíoch den mhórchuid daoine a chuir le Lámhleabhar seo an Mhúinteora a scríobh. Mar thoradh ar a ndúthracht agus a gcabhair fhíorluachmhar le linn an tionscadail ar fad d'éirigh linn na hábhair a chríochnú. Tá buíochas ag dul do:

An tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna OCG do Scoileanna
Nora Brennan, Comhordaitheoir Oiliúna
Áine Lawlor, Comhordaitheoir Cúnta
Jocelyn Kelly, Rúnaí

Na hÚdair
Mary Beausang
Chris Fowler

Grúpa Feidhmithe OCG
Cathaoirleach: Emer Egan, Cigire Sinsearach, An tAonad Forbartha Ionghairme

Grúpa Bainistíochta Tionscadail OCG
Cathaoirleach: Paul Doyle, Príomh-Oifigeach, An tAonad Forbartha Ionghairme

Scoileanna Réamh-Thástála
Na Bunscoileanna Réamh-Thástála, comhordaithe ag Siobhán Cluskey

Oiliúnóirí OCG
An Fhoireann Náisiúnta

Cigirí ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Bernadette Ní Áingleis
Proinsias Ó Dughaill
Pádraig Ó Donnabháin

Grúpa Oibre Bunoideachais na CNCM
Noreen Kavanagh, Oifigeach Oideachais den CNCM
Fionnuala Kilfeather, Comhordaitheoir Náisiúnta na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunoideachas
Colm Ó Ceallacháin, Cigire Scoileanna
Sally Shiels, Cumann Múinteoirí Éireann

Baill Chomhairle na CNCM

Lárionad Oideachais Droim Conrach
Patrick B. Diggins, Stiúrthóir, agus an Fhoireann

An Líonra Lárionad Oideachais

Clóscríobhaí
Bridie Hunter

Aistritheoir
Dáithí Ó Luineacháin, Gaelchló

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 6

Clár Ábhair

Rang a Trí

Téama	Lch
Tallanna Speisialta	17
Troideann cairde uaireanta	27
Mo Theaghlach	37
Sábháilteacht	49
Ag léiriú mothúchán	57
Ag ullmhú do Bheatha Nua	69
Ár gCéadfaí	81
Athraím de réir mar a fhásaim	93
Ag déanamh cinntí	103

Rang a Ceathair

Téama	Lch
Mé féin agus daoine eile	117
Maistíneacht	127
Mo Theaghlach	137
Cúiseanna le Rialacha	147
Mothúcháin	155
Iontas Beatha Nua	169
Bí glan - bí sláintiúil	183
Fás agus Athrú	195
Ag fuascailt fadhbanna	207

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 7

Réamhrá

Forbraíodh na hábhair acmhainní seo chun múinteoireacht an Oideachais Chaidrimh agus Ghnéasachta (OCG) a éascú de réir Churaclam agus Threoirlínte an Oideachais Chaidrimh agus Ghnéasachta a d'ullmhaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Tá na hábhair leagtha amach go seicheamhach agus de réir aoise. Ní saintreoracha iad, áfach, ach soláthraíonn siad clár roghanna le haghaidh ceachtanna ranga ónar féidir le múinteoirí roghnú de réir Pholasaí a scoile féin ar OCG. Féadfaidh scoileanna ábhair OCG a roghnú ó fhoinsí eile, mar mhalairt, nó chun na hábhair seo a fhorlíonadh agus a chomhlánú.

Ní fhéadfaí na hábhair ar fad a chlúdach ach tugtar roghanna le haghaidh gach téama OCG, le dóthain ábhair ag gach rogha le haghaidh ceachta. B'fhéidir go mbeadh sé indéanta cuid de na roghanna a imeascadh le réimsí ábhar eile. Tugtar rogha gníomhaíochtaí le cur san áireamh sa cheacht chomh maith. Níor chóir go mbeadh bac ar rannpháirtithe sa chlár gníomhaíochtaí a roghnú ar fearr a oireann siad dá scoil féin.

Tá sé i gceist go bhforbrófar Polasaí Scoile don OCG i ngach scoil ar leith i gcomhar leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, an príomhoide, an fhoireann mhúinteoireachta, an Bord Bainistíochta agus, nuair a oireann, leis na daltaí. Léireoidh polasaí na scoile príomhluachanna agus ethos na scoile.

Cad é OCG?

Tá OCG mar chuid den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Soláthraíon OCG deiseanna struchtúrtha do pháistí chun an t-eolas, an dearcadh, na luachanna, an creideamh agus na scileanna praiticiúla a fhorbairt atá riachtanach chun caidreamh pearsanta sláintiúil mar pháistí agus, ina dhiaidh sin, mar dhaoine fásta a bhunú agus a chothú.

Cad í an aidhm le OCG a mhúineadh ar scoil?

Is í príomhaidhm an oideachais cur le forbairt gach gné den duine, lena n-áirítear an fhorbairt aeistéitiúil, chruthaitheach, chriticiúil, chultúrtha, mhothúchánach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta, don saol pearsanta, do shaol an teaghlaigh, don saol oibre, don saol sa phobal agus don chaitheamh aimsire. Is léir go bhfuil an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta mar chuid den aidhm ghinearálta seo.

Cén chaoi ar féidir OCG a áireamh i gcuraclam na scoile?

Is féidir OCG a éascú ar thrí bhealach laistigh den scoil:

- i gcomhthéacs aeráid agus atmaisféar dearfach scoile;
- mar chuid de OSPS tráthchláraithe;
- ar bhonn imeasctha traschuraclaim.

Léireoidh Polasaí OCG na Scoile a mhéad a thabharfar an Clár OCG mar cheachtanna aonair nó ar bhealach dé-chur chuige .i. trí cheachtanna aonair agus naisc traschuraclaim. D'fhéadfadh an soláthar tráthchláraithe don OCG a bheith oiriúnach do réimsí íogaire an chláir agus do na gnéithe sin a mbíonn gá le cur chuige níos foirmiúla dóibh, nuair is féidir dóthain ama a thabhairt do pháistí eolas a fháil, ceisteanna a chur, eolas a shoiléiriú agus scileanna a fhorbairt.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 8

Cad a mhúinfimid?

Is éard a bheidh san OCG ábhar agus scileanna a mhúineadh trí phróisis a chuirfidh ar chumas na bpáistí luachanna agus creideamh a mhúnlú agus modhanna iompair a chothú, laistigh d'fhrámaíocht mhorálta, spioradálta agus shóisialta a n-aontaíonn comhpháirtíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, na múinteoirí agus na mBord Bainistíochta uirthi le linn fhoirmiú pholasaí OCG i ngach scoil. Chun na críche sin, tá sé i gceist go dtacóidh na hábhair seo le scoileanna agus iad i mbun leagan amach an chláir OCG a thabharfaidh siad, de réir pholasaí OCG na scoile.

Cén chaoi a múinfimid é?

Molann Curaclam agus Treoirlínte an OCG curaclam bíseach. Is éard atá ansin ábhair a chlúdach arís ar mhodh forásach go rialta. Ag tacú leis an gcur chuige seo, léiríonn na hábhair seo riachtanais fhorbartha na bpáistí.

Moltar do scoileanna nach mbeidh na cláir iomlán má fhágtar aon chuid de Churaclam agus Treoirlínte an OCG ar lár. Tá sé i gceist go gclúdófar gach téama arís gach bliain. Is faoin scoil agus faoi na múinteoirí féin a bheidh sé cinneadh ar shainábhar gach ceachta. Is iad dearbhú pholasaí na scoile agus aoiseanna is céimeanna forbartha na ndaltaí na príomhthionchair ar an obair seo.

Beidh OCG ina chuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), mar a bheidh chomh maith oideachas sa chosaint ar mhí-úsáid ar pháistí, oideachas in úsáid/mí-úsáid substaintí, sa chothú agus i sláinteachas, srl. Tá ábhair ar fáil do scoileanna i gcuid mhaith de na réimsí seo agus is féidir iad a úsáid chun an obair in OSPS agus OCG a chomhlánú.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 9

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Aithníonn na hábhair acmhainní seo tuismitheoirí/caomhnóirí mar phríomhoideoirí na bpáistí agus soláthraíonn siad cabhair do mhúinteoirí ina ról comhlántach agus tacaíochta. Beidh teacht ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar ábhair an tseomra ranga. Tabharfar deiseanna do thuismitheoirí/chaomhnóirí plé a dhéanamh lena bpáistí ar an ábhar ag céimeanna éagsúla le linn an chláir ar fad. Sa pholasaí scoile soláthrófar do chearta na ndaoine sin a dteastaíonn uathu a bpáistí a tharraingt siar ón OCG.

Tá leathanach Nasc idir Baile is Scoil ann le haghaidh gach téama agus soláthraíonn na leathanaigh sin roinnt ábhair ó na ceachtanna ranga do na tuismitheoirí/caomhnóirí. Ní bileoga saothair le haghaidh obair bhaile iad sin atá le cur ar ais chuig an scoil nó a bhfuil cuntas le tabhairt don mhúinteoir fúthu. Tá sé i gceist go dtabharfaidís léargas do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar chuid den obair atá á déanamh ar scoil agus go dtacóidís leis na múinteoirí ina gcuid oibre ag baile. Táthar ag súil go n-éascóidh siad chomh maith cumarsáid an tuismitheora/chaomhnóra agus an pháiste sa réimse OCG. B'fhéidir gurbh fhearr i roinnt suíomh go léifeadh tuismitheoirí/caomhnóirí an leathanach agus go n-úsáidfidís na moltaí de réir mar a thagann na deiseanna chun solais go nádúrtha fad a bhíonn siad ag caint, ag obair nó ag súgradh lena bpáistí.

Mar chuid de réamhrá foriomlán ar obair na bliana i ngach ábhar, d'fhéadfadh an múinteoir cur síos ar an gclár OCG/OSPS agus moltaí a iarraidh ar na tuismitheoirí/caomhnóirí faoin gcaoi a bhféadfaidís páirt ní ba ghníomhaí a ghlacadh ann. De réir mar a thagann deiseanna chun solais, d'fhéadfaí na moltaí seo a leanas a dhéanamh do thuismitheoirí/chaomhnóirí chun a gcaidreamh lena bpáistí a fheabhsú níos mó.

▲ Obair chúiteach do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus páistí araon is ea í éisteacht leis na páistí agus cloisteáil faoina bhfuil ag tarlú ina saol. Tráth den lá a mbíonn an tuismitheoir agus an páiste araon ar a suaimhneas is ea am luí, mar shampla. Soláthraíonn an t-am a chaitear ag taisteal nó ag obair le chéile timpeall ar an mbaile deis don tuismitheoir/chaomhnóir agus don pháiste taitneamh a bhaint as comhluadar a chéile.

▲ Ó aois óg, agus trí aois na hóige ar fad, féadfaidh tuismitheoirí (pé acu tuismitheoirí nádúrtha, uchtaithe nó altrama iad) úsáid a bhaint as na hamanta speisialta sin chun scéal fíor a insint dá bpáiste, scéal a mbainfidh an páiste fíorthaitneamh as. Sin scéal an pháiste féin. Tá a scéal speisialta agus uathúil féin ag gach páiste, pé acu go maireann siad i ngrúpa teaghlaigh choinbhinsiúnaigh, lena tuismitheoir aonair nó lena seanathair is seanmháthair i mórtheaghlach.

▲ Féadfaidh an t-albam grianghraf a bheith ina phointe úsáideach tosaigh. Is breá le páistí óga scéalta a chloisteáil arís is arís eile. Tá draíocht ar leith ag baint le scéalta ina mbíonn an príomhról ag na páistí.

▲ Do pháistí áirithe, tosóidh scéal a mbeatha le scéal faoin gcaoi ar bhuail a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí le chéile agus ar thosaigh an grá atá acu dá chéile. Uaidh sin cloisfidh siad faoin áthas a bhí ar a máthair nuair a chuala sí go raibh sí ag iompar clainne nó faoin ngrá a bhraith sí nuair a mhothaigh sí an leanbh ag bogadh sa bhroinn den chéad uair.

▲ Cloisfidh páistí faoin gcaoi ar thug baill éagsúla den teaghlach agus cairde aire don mháthair agus babaí le linn an toirchis. B'fhéidir go gcloisfidís faoin ngliondar a bhí ar a n-athair nuair a chuala sé go raibh sé le bheith ina athair. Beidh na múinteoirí tuisceanach do na dála éagsúla teaghlach de chuid na bpáistí sa rang.

▲ B'fhéidir go n-inseodh tuismitheoirí/caomhnóirí uchtaithe faoina mothúcháin nuair a chuala siad go raibh siad chun babaí nua (nó mac nua nó iníon nua) a bheith acu, agus faoin gcéad uair a chonaic siad a mbabaí agus a thóg siad ina lámha é/í.

Beidh gach scéal speisialta mar go mbeidh gach scéal difriúil agus is féidir na páistí a spreagadh chun na difríochtaí sin a thuiscint.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 10

Modhanna Molta Múinteoireachta

I measc na modhanna múinteoireachta a mholtar do Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha tá:

1. Scéalta agus Dánta
2. Plé sa Seomra Ranga
3. Grúpobair
4. Cluichí
5. Gníomhaíochtaí Ealaíne
6. Am Ciúin
7. Ciorcal Ranga
8. Cuairteoir ar an Seomra Ranga
9. Físeán
10. Drámaíocht Oideachais

1. Scéalta agus Dánta

Sna hábhair seo, moltar scéal nó dán mar réamh-ghníomhaíocht. Soláthraíonn scéalta agus dánta foclóir agus cabhraíonn siad san fhorbairt teanga. Ionannaíonn páistí le carachtair i scéal nó dán. Is féidir féinmhuinín a chothú leis an tuiscint gur "tharla sé sin domsa chomh maith". Is féidir leis a bheith úsáideach don pháiste machnamh a dhéanamh ar mhalairt fuascailtí, agus iarmhairtí gníomhaíochta a mhíniú mar scéal.

Féadfaidh páistí foghlaim faoi chaidreamh ar bhealach ionadach trí éisteacht le scéalta agus dánta nó trí scéalta agus dánta a léamh: féadfaidh siad tuiscint a fháil ar na hamanta thuas seal agus thíos seal de chairdeas ó shuíomh compordach.

Ba chóir go mbeadh an tsaoirse ag an múinteoir, go háirithe sna ranganna sóisearacha, na scéalta a thugtar a chur in oiriúint do theanga agus taithí na bpáistí. Ba chóir na focail Mamaí/Daidí, Mam/Daid a úsáid go hinmhalartach le linn na gCeachtanna OCG ar fad.

2. Plé sa Seomra Ranga

Is é seo an phríomhghné de mhodheolaíocht na n-ábhar seo. Mar sin, is fearr a bheidh sé má ullmhaíonn an múinteoir don phlé roimh ré, ag cuimhneamh ar aidhm an cheachta i gcónaí. Chun cabhrú leis an múinteoir déanamh amhlaidh, áirítear go minic liosta cuimsitheach ceisteanna le haghaidh plé sa seomra ranga. Má úsáideann an múinteoir an liosta seo, féadfaidh sé/sí na ceisteanna is fearr a oireann, dar leis/léi, a roghnú.

Beidh gá le tacaíocht, agus soiléireacht, ón múinteoir, go háirithe sna ranganna sóisearacha nuair nach féidir leis na páistí a bpointe a dhéanamh chomh soiléir sin. Nuair a bhíonn scileanna teanga teoranta, féadfaidh an múinteoir 'stoc abairte' a sholáthar atá bunaithe ar na ceisteanna a sholáthraítear agus déanann na páistí sealaíocht chun iad a chríochnú. Mar shampla: 'Is cara maith mé nuair a …'

Uaireanta, nuair a oireann, d'fhéadfadh na páistí suí timpeall i gciorcal le linn na seisiún plé seo. Rud neamhfhoirmiúil is ea é sin. Féadfaidh páiste na páistí eile a fheiceáil. Is mó de shuaimhneas a bhíonn orthu agus b'fhéidir go mbraithfeadh cuid acu gur fusa cur leis an bplé sa chaoi seo. Ní mór don mhúinteoir deimhin a dhéanamh de nach mbíonn ceannas ag beirt nó triúr páistí ar an bplé. Ag an am céanna, ní mór a bheith tuisceanach do cheart páiste fanacht ina t(h)ost.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 11

3. Grúpobair

Soláthraíonn an ghrúpobair deis don mhúinteoir na páistí a ghrúpáil agus tascanna cuí a thabhairt dóibh. Tugann sé deis don mhúinteoir plé a dhéanamh leis na páistí sna grúpaí seo ar bhonn níos pearsanta agus níos indibhidiúla ná mar a d'fhéadfaí a dhéanamh i suíomh ranga iomláin. Tugann grúpobair an deis do pháistí labhairt agus éisteacht, tuairimí a roinnt, foghlaim óna chéile, luachanna a shoiléiriú agus obair a dhéanamh go neamhspleách gan stiúradh leanúnach ón múinteoir.

Is éard atá i gcuid mhaith den ghrúpobair sa seomra ranga ná plé agus cinnteoireacht. Moltar go gceapfar rúnaí chun an méid a deirtear nó na cinntí a dtagtar orthu a thaifeadadh agus tuairisceoir a thabharfaidh aiseolas don rang ar fad. D'fhéadfadh an múinteoir nó na páistí, de réir mar a oireann, cinneadh ar na daoine a cheapfaí do na poist sin. D'fhéadfadh an múinteoir agus an rang na rialacha le haghaidh gníomhaíochtaí grúp-phlé agus grúpchinnteoireachta a chur le chéile ag tús na bliana. D'fhéadfaí iad sin a chur ar taispeáint sa seomra ranga, m.sh.

Rialacha le haghaidh Grúp-Phlé

- Tá an meas mar bhunchloch dár ngrúpobair.
- Faigheann gach duine sa ghrúpa deis labhartha.
- Éisteann gach duine eile nuair a bhíonn duine amháin ag caint.
- Bíonn fiúntas i ngach rud a deirtear. Ní bhraitheann aon duine nach fiú faic a t(h)uairimí féin.
- Ní cheadaítear aon 'chaitheamh anuas'.
- Tá an ceart ag na páistí sin nach dteastaíonn uathu labhairt fanacht ina dtost agus tuigtear an ceart sin.

Céimeanna le haghaidh Grúp-Chinnteoireachta

Seo a leanas modh chun cinntí a dhéanamh i ngrúpaí, ag tosú le smaointeoireacht aonair, ansin roinnt agus aontú ar chinntí i bpéirí agus ar deireadh dul i ngrúpaí chun cinntí a scaipeadh agus teacht ar chomhaontú:

1. Agus an múinteoir ag fiafraí de gach páiste obair a dhéanamh ina (h)aonar i dtosach, cuireann sé/sí tasc os a gcomhair.
2. Iarrtar ar gach páiste smaoineamh ina t(h)ost agus roinnt cinntí a dhéanamh.
3. Ansin tugtar páirtí do gach páiste go randamach.
4. I bpéirí, cuireann na páistí a gcinntí i gcomparáid le chéile agus míníonn siad na fáthanna go ndearna siad na cinntí sin agus cad a d'fhéadfadh tarlú de bharr na gcinntí sin.
5. Iarrtar ar gach péire aontú ar chomhliosta cinntí eatarthu. D'fhéadfaidís sin teacht ó na tuairimí a scríobhadh síos cheana nó d'fhéadfadh gur tuairimí nua iad. Scríobhann gach páiste síos na tuairimí comhaontaithe.
6. Ina dhiaidh sin, déantar grúpaí le trí phéire i ngach ceann. Roinneann gach péire na cinntí ar aontaigh siad orthu eatarthu, ag tabhairt na gcúiseanna agus ag tabhairt na n-iarmhairtí a mbeidís ag súil leo.
7. Ní mór do gach grúpa teacht ar chomhaontú ar na cinntí. D'fhéadfaidís sin teacht ó liosta na bpéirí nó d'fhéadfaidís smaoineamh ar chinn nua. Scríobhann gach duine síos liosta comhaontaithe an ghrúpa. Is féidir leis an múinteoir agus/nó le baill an ghrúpa rúnaí agus tuairisceoir grúpa a cheapadh chun cinntí a thaifeadadh agus aiseolas a thabhairt don rang ar fad.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 12

4. Cluichí

Is cleachtaí taitneamhacha, idirghníomhacha le cuspóir iad cluichí. Is féidir iad a úsáid mar réamhobair chun tús a chur le hábhar éigin, chun machnamh siar ar chleachtadh nua foghlama nó chun scil ar leith a chleachtadh, .i. éisteacht. Cruthaítear an bonn le haghaidh foghlama nádúrtha le cleachtadh a fháil trí chaithimh aimsire agus tríd an súgradh, le hidirghabháil tuismitheora, caomhnóra, feighlí nó múinteora.

Foghlaimíonn tú fút féin tríd an súgradh agus bíonn páirtíocht le daoine eile i gceist go minic. Tríd an súgradh ceadaítear do pháistí ceisteanna a iniúchadh ar nós 'Cad is féidir liom a dhéanamh?', 'Cad iad na rudaí a bhfuilim go maith leo?', 'Cad a thaitníonn liom?', 'Cad a bheidh ionam?' gan an gá le cinntí críochnúla a dhéanamh.

5. Gníomaíochtaí Ealaíne

Acmhainn léirithe is ea na gníomhaíochtaí ealaíne agus cuireann siad le forbairt iomlán agus shítheach an pháiste. Tá na gníomhaíochtaí ealaíne a mholtar sna hábhair acmhainní seo ceaptha chun an deis a thabhairt do gach páiste cleachtadh a shiombalú agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim a bhí ann roimhe agus freagairt don fhoghlaim sin. Agus na páistí ag obair ina n-aonar tugtar an deis dóibh machnamh pearsanta a dhéanamh, agus nuair a oibríonn siad i ngrúpaí cothaítear forbairt scileanna cumarsáide agus comhoibrithe iontu.

6. Am Ciúin

Is éard atá i gceist sa ghníomhaíocht shimplí seo go bhfanfaidh na páistí ina dtost chun go gcuimhneoidh siad siar ar tharluithe nó go samhlóidh siad suímh ina mbeidh siad sa todhchaí, dar leo féin. Mar shampla, d'fhéadfadh na páistí cuimhneamh siar ar an gcéad uair a bhuail siad le cara nó iad féin a shamhlú ag siopadóireacht le haghaidh éadaí nua d'ócáid speisialta. Is féidir leis an Am Ciúin a bheith ina chleachtadh foghlama a thugann suaimhneas do na páistí agus is an-bhealach go deo é chun deireadh a chur le gníomhaíocht.

7. Ciorcal Ranga

Suíonn na páistí i gciorcal inar féidir leo gach duine a fheiceáil agus teagmháil súl a dhéanamh le chéile. Is féidir ábhair a phlé, le gach duine ag glacadh páirte trí chóras an 'chiorcail' nuair a labhraíonn gach duine ina (h)am féin. Is féidir 'earra labhartha' (aon rud) a chur timpeall chun a thabhairt le fios gurb é/í an páiste a bhfuil an t-earra ina lámh aige/aici an páiste atá ag labhairt agus gur chóir éisteacht leis/léi. Aontófar ar rialacha don Chiorcal Ranga ag tús na bliana agus bunófar patrún coitianta den chomhoibriú ag Ciorcal Ranga go pras.

8. Cuairteoir ar an Seomra Ranga

Is próiseas tábhachtach é ullmhú le haghaidh cuairteora. Cinntíonn an t-ullmhúchán go mbíonn an fhoghlaim a fhaightear ón gcuairt oiriúnach do leibhéal forbartha na bpáistí agus do pholasaí OCG na scoile. D'fhéadfaí ceisteanna a ullmhú roimh ré agus d'fhéadfaí coimriú ar na ceisteanna sin a thabhairt don chuairteoir roimh ré. Tá sé fíorthábhachtach go mbíonn an cuairteoir ar an eolas faoi pholasaí OCG na scoile.

Cur Chuige a d'fhéadfaí a úsáid chun ullmhúchán a dhéanamh do chuairteoir:

a. Déanann an múinteoir aidhm na cuairte a mheas. Ag cuimhneamh air sin faigheann sé/sí ceisteanna amach ón rang. B'fhéidir go mbainfeadh cuid de na ceisteanna sa mhír 'Labhraimís' den cheacht le hábhar.

b. Déanann an múinteoir nóta de na ceisteanna sin. Chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn páirtíocht chóir ag na páistí, féadfaidh an múinteoir ceist a thabhairt do gach páiste, ag déanamh nóta d'ainm an pháiste leis an gceist. Le linn na cuairte, féadfaidh an múinteoir leid a thabhairt don pháiste má bhíonn gá lena leithéid. Féadfaidh an múinteoir nóta a dhéanamh de na freagraí chomh maith chun iad a úsáid sa phlé a leanfaidh.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 13

c. Tugann an múinteoir cuireadh don chuairteoir teacht, ag tabhairt le fios dó/di cad í aidhm na cuairte seo agus cad iad na ceisteanna a theastaíonn ó na páistí a chur. Ba chóir go gcuirfí an cuairteoir ar an eolas chomh maith faoi ghnéithe de pholasaí OCG na scoile a bhaineann leis an gcuairt.

Ar mhaithe le foghlaim na bpáistí:

d. Nuair a thagann an cuairteoir, fáiltíonn an múinteoir agus daltaí roimhe/roimpi agus gabhann buíochas leis/léi ag an deireadh. D'fhéadfaí deochanna a chur ar fáil ag an deireadh chomh maith.

e. I ndiaidh na cainte féadfaidh an rang cártaí buíochais a chur chuig an gcuairteoir. Féadfaidh na cártaí sin a bheith mar chuimhne do na páistí ar an méid a d'fhoghlaim siad.

9. Físeán

Sna hacmhainní seo, déantar tagairt do na féidearthachtaí maidir le húsáid a bhaint as ábhar cuí físeáin. Ceann de na buntáistí a bhaineann le físeán a úsáid is ea gur meán físe é. Soiléiríonn sé sin rudaí do na páistí. Féadfaidh físeán treoir a sholáthar do mhúinteoirí le haghaidh ranganna sa todhchaí.

Tá liosta de na físeáin sa "Chatalóg Acmhainní le haghaidh mhúineadh an OCG i mBunscoileanna". Tá an fhreagracht ar na daoine sin a úsáideann an Liosta Acmhainní, m.sh. baill de phobal na scoile, as iad féin a shásamh go bhfuil ábhar na bhfíseán atá i gceist acu a úsáid le daltaí oiriúnach dá riachtanais, de réir pholasaí na scoile, agus comhoiriúnach do threoirlínte an churaclaim mar a chuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta síos orthu.

D'fhéadfadh an sliocht seo a leanas ó Thuarascáil an tSain-Ghrúpa Chomhairligh ar OCG a bheith úsáideach agus físeáin á réamhthaispeáint agus acmhainní eile á n-athbhreithniú:
"Agus ábhar acmhainní á meas, ba chóir na ceisteanna seo a leanas a chur:

(i) An bhfuil sé oiriúnach d'aois agus céim forbartha an spriocghrúpa, maidir le teanga agus coincheapanna?
(ii) An bhfuil an t-eolas ann cruinn?
(iii) An mbaineann sé le hábhar an chláir?
(iv) An bhfuil sé de réir luachanna croíláir agus ethos na scoile?
(v) An bhfuil sé tuisceanach do chúlra teaghlaigh agus cultúrtha an pháiste?
(vi) An bhfuil sé saor ó bhuanchruthú gnéasach agus laofacht inscne?"
(4.6 Eagrúchán Acmhainní Múinteoireachta – lch. 15)

Treoir Céim-ar-Chéim d'úsáid Físeáin sa Seomra Ranga

1. 1. Sula dtaispeántar an físeán, inis do na daltaí:
   (a) teideal an fhíseáin
   (b) eolas ginearálta faoi chlár ábhair an fhíseáin a fheicfidh siad.

2. Mínigh go bhfuil tú chun an físeán (nó cuid de, ag brath ar aois agus céim forbartha na ndaltaí) a thaispeáint i gcéimeanna, ag stopadh anseo is ansiúd le haghaidh plé, ceisteanna, míniúchán, srl.

3. Iarr ar na daltaí gan ceisteanna a chur fad a bhíonn an físeán ar siúl. Beidh deis acu déanamh amhlaidh le linn an ama phlé ag pointí éagsúla.

4. Cuir béim ar an tábhacht le féachaint agus éisteacht go han-chúramach fad a bhíonn an físeán ar siúl.

5. Ag pointí oiriúnacha, stop an físeán chun ligean do dhaltaí labhairt ar an méid atá feicthe/cloiste acu san fhíseán, ceisteanna a chur, freagraí/míniúcháin a sholáthar, srl.

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Rang a Trí agus a Ceathair

6. Ag deireadh an ama fhéachana, spreag plé ginearálta ar ábhar an fhíseáin leis na daltaí ag déanamh achoimre ar na nithe nua atá foghlamtha acu agus ag tabhairt a dtuairimí agus measúnachta ar an bhfíseán.

Tá fiúntas teoranta ag na físeáin mura leanann deiseanna do na páistí labhairt ar an méid atá feicthe acu uathu. Leis an aiseolas seo ó na daltaí soláthrófar measúnú praiticiúil ar an bhfíseán don mhúinteoir. Beidh a fhios ag múinteoirí cad iad na codanna ar fearr an chiall a bhain na daltaí astu, cad iad na fíricí agus an teanga a thuig siad go furasta agus cad iad na nithe nár thuig siad nó ar bhain siad míchiall astu. Ar an mbealach sin, is fearr a bheidh na múinteoirí trealmhaithe agus is muininí a bheidh siad agus iad ag múineadh an ábhair sin arís ag ócáid eile.

10. Drámaíocht Oideachais

Tá gnéithe áirithe mar thréithe ag an drámaíocht a thugann cumhacht uathúil mar mhodh léirithe di. Is féidir eilimintí na drámaíochta a thabhairt orthu sin. Creideamh, carachtar, gníomhaíocht, áit, am, teannas, brí (plota agus téama) agus cineál. Tá páirt ar leith le glacadh ag an drámaíocht i bhforbairt páiste agus mar sin is meán idéalach í chun gnéithe den Chlár OCG a fhorbairt. Áirítear sna hábhair OCG don seomra ranga gnéithe den drámaíocht ar nós scriptscríbhneoireachta, míme agus rólghlactha. Tugann rólghlacadh an deis do pháistí labhairt amach saor ó chosc, ó dhearcadh a d'fhéadfadh a bheith nua dóibh, agus mar sin éascófar smaointeoireacht níos doimhne agus fairsinge amhairc. Cabhraíonn an drámaíocht le páistí scileanna cumarsáide a fhorbairt, dearcaí difriúla a fheiceáil agus luachanna ina saol a shoiléiriú.

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 15

Rang a Trí

Introduction 3rd-4th Yr:Introduction 3rd-4th Yr 14/07/2009 10:27 Page 16

Clár Ábhair

Rang a Trí

Uimhir	Téama	Lch
1	Tallanna Speisialta	17
2	Troideann cairde uaireanta	27
3	Mo Theaghlach	37
4	Sábháilteacht	49
5	Ag léiriú mothúchán	57
6	Ag ullmhú do Bheatha Nua	69
7	Ár gCéadfaí	81
8	Athraím de réir mar a fhásaim	93
9	Ag déanamh cinntí	103

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 1

1 Tallanna Speisialta

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 2

Téama 1

Tallanna Speisialta

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí meas a chothú ar a dtréithe, cumais agus éachtaí indibhidiúla agus ar thréithe, cumais agus éachtaí daoine eile.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Scéal: Tástáil Litrithe Eoin

Labhraimís: Fúinn féin agus faoi dhaoine eile

Rogha 2

Cluiche Tomhais: Cé Mise?

Gníomhaíocht Scríofa: Bláthanna agus Torthaí

Rogha 3

Cluiche: Mol agus mol

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag díriú ar éachtanna

Gníomhaíochtaí a Leanann

Cluiche Measctha: Ag cur aithne orm

Gníomhaíocht Ealaíne: Mo Thallanna

Gníomhaíocht Scríofa: Cad a fuair mé amach

Nóta ar Fhéinmheas

Is éard atá i bhféinmheas an meas a bhíonn agat ort féin. Is fearr an seans a bhíonn ag páistí le hardmheas orthu féin caidreamh tuisceanach a fhorbairt agus is lú an seans a bhíonn ann go mbainfidh daoine úsáid astu. Ba éifeachtaí a chuirfí clár atá ceaptha chun féinmheas daltaí a fhorbairt i bhfeidhm i gcomhthéacs chur chuige na scoile ina hiomláine. Féadfaidh timpeallacht dhearfach seomra ranga fás san ardmheas a chothú.

Éilíonn páistí le lagmheas an iomarca orthu féin agus b'fhéidir nach bhfuil siad in ann iad féin a mheas i gceart. Méadaíonn an dá thréith seo an seans nach n-éireoidh leo. Treisítear lagmheas an pháiste air/uirthi féin leis an mothú neamhfhiúntais a ghabhann leis an teip. Má thugtar am ar leith i dtús seachtaine, lae nó ceachta chun insint do pháistí cad é a mbeifear ag súil uathu, gheofar amach gur fiú go mór é agus go mbíonn dea-thoradh ar an am a chaitear. Faightear réidh leis an éiginnteacht trí spriocanna a mhíniú go beacht. Cuireann an tsiúráil seo an dalta ar a s(h)uaimhneas.

Le hathbhreithniú gairid rialta forbraítear sna páistí an cumas dul chun cinn a mheas go réadúil. De réir mar a dhéantar straitéisí dá leithéid arís is arís eile, iompaíonn siad ina gcuid nádúrtha den lá scoile. Is féidir tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh chun tacaíocht do na gníomhaíochtaí féinfheabhsaithe, agus treisiú na ngníomhaíochtaí sin, sa seomra ranga a sholáthar.

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 3

Rogha 1

Scéal:	Tástáil Litrithe Eoin
Labhraimís:	Fúinn féin agus faoi dhaoine eile

Scéal: Tástáil Litrithe Eoin

Dhúisigh Eoin an-chrosta ar fad. Ní raibh codladh maith aige agus go fiú nuair a d'éirigh leis dul a chodladh ní raibh aige ach brionglóidí mídheasa. Chuimhnigh sé gur inniu lá na tástála litrithe agus bhí eagla air nach n-éireodh go rómhaith leis. 'Nílim rómhaith ag na tástálacha litrithe,' a cheap sé. Nuair a tháinig sé anuas an staighre, thug a Mhamaí barróg mhór dó agus dúirt: 'A Eoin, tá cuma an-néata ort agus tú san éide scoile. Is furasta a fheiceáil go bhfilleann tú do chuid éadaí go cúramach gach tráthnóna.' Ní ba dhéanaí, ag an mbricfeasta, labhair Daidí faoin jab iontach a bhí déanta ag Eoin ag glanadh an tseomra suí an oíche roimhe sin. Bhraith Eoin beagán níos fearr. Agus é ag siúl amach an geata, bhí áthas air a chara, Barra, a fheiceáil ag feitheamh leis. Bheannaigh Barra dó agus rinne meangadh gáire leis agus bhraith Eoin go maith agus bhí a fhios aige go mbeadh spraoi acu ar an tslí chun na scoile. Sa chlós d'imir siad rásanna agus dúirt roinnt páistí ó rang eile go raibh Eoin an-mhaith go deo ag rith. Bhuail an clog go luath ina dhiaidh sin agus chuaigh gach duine ina scuaine. Mar ba ghnách, cheartaigh bean Uí Chíobháin an obair bhaile ar dtús. 'Tá feabhas mór tagtha ar do chuid scríbhneoireachta, a Eoin,' a dúirt sí. 'Maith thú.' Bhí Eoin an-sásta leis féin. Ansin bhí sé in am don tástáil litrithe. Agus an chéad fhocal á litriú aige dúirt Eoin leis féin: 'Nílim chomh holc sin dáiríre ag tástálacha litrithe. Measaim go ndéanfaidh mé go maith sa cheann seo.'

Pléann an múinteoir scéal Eoin leis an rang, ag fiafraí ceisteanna mar:

- Nuair a dhúisigh Eoin i dtosach cad iad na smaointe a bhí aige faoi féin?
- Faoi dheireadh an scéil cad a bhí á smaoineamh aige?
- Cad a chabhraigh leis a aigne a athrú?
- An féidir leat cuid de na moltaí a fuair Eoin a ainmniú?

Labhraimís: Fúinn féin agus faoi dhaoine eile

Leathnaíonn an múinteoir téama an cheachta ag fiafraí:

Cathain a mhothaímid speisialta?

Cén chaoi ar féidir le daoine mothú speisialta a thabhairt dúinn?

Daoine ag baile?
Daoine ar scoil?
Daoine sa chomharsanacht?

Cén chaoi ar féidir linne mothú speisialta a thabhairt do dhaoine eile?

Daoine ag baile?
Daoine ar scoil?
Daoine sa chomharsanacht?

An féidir leat smaoineamh ar aon rud a d'fhéadfá a dhéanamh inniu a thabharfadh mothú speisialta do dhuine?

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 4

Rogha 2

Cluiche Tomhais:	Cé Mise?
Gníomhaíocht Scríofa:	Bláthanna agus Torthaí

Moltar go bpléann an múinteoir agus an rang le chéile faoin gcaoi a n-oibreoidh siad le chéile agus go leagann siad Rialacha don Ghrúpobair amach mar a mholtar faoi mhír 3 de Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Cluiche Tomhais: Cé Mise?

Tosaigh trí insint don rang go bhfuil tú ag smaoineamh ar dhuine éigin speisialta sa rang. Déan cur síos ar an bpáiste i dtéarmaí a t(h)réithe fisiceacha agus pearsantachta, a c(h)umais agus a (h)éachtanna. B'fhéidir go dtabharfá samplaí de na tréithe pearsantachta nó de na héachtanna sin. Caithfidh an rang a thomhas cé hé/hí an duine speisialta seo. Bíonn an deis ag an bpáiste a thomhaiseann i gceart cé atá ann duine nua a roghnú don chluiche. Is fearr a oibríonn an ghníomhaíocht seo má bhíonn leideanna na bpáistí struchtúrtha go cúramach chun breis eolais a áireamh taobh amuigh den chruth fisiceach. B'fhéidir go scríobhfá an méid seo a leanas ar an gclár dubh mar threoir:

Cé Mise? Abair rud amháin -

- **faoin gcuma atá orm ...**
- **faoin gcineál duine mé ...**
- **faoin méid is féidir liom a dhéanamh ...**
- **faoin méid atá bainte amach agam ...**

Mura dtomhaistear i gceart cé hé/hí an duine, déanann an páiste atá ag roghnú iarracht eile le leideanna nua. Tá sé fíorthábhachtach gur rudaí dearfacha iad na rudaí ar fad a deirtear faoi dhaoine eile.

Mar mhalairt, tugann an múinteoir cártaí bána innéacs amach ar féidir leis na páistí cur síos orthu féin a scríobh orthu, ag cur síos go mion ar a dtréithe fisiceacha agus pearsantachta, a gcumais agus a n-éachtanna. Bailíonn an múinteoir na cártaí sin agus léann sí amach iad agus ní mór do na páistí eile a thomhas cé hé/hí an t-údar.

Gníomhaíocht Scríofa: Bláthanna agus Torthaí

I bpéirí, bíonn dhá nóiméad ag A agus B trí rud dhearfacha a phlé agus a scríobh síos fúthu féin. Cuirtear an t-earra labhartha timpeall mar a mhínítear sa Chiorcal Ranga faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair. Léann gach duine amach cad iad na rudaí a bhfuil sé/sí go maith acu. Ní féidir le haon pháiste eile easaontú ná rud diúltach a rá. Sna péirí céanna, insíonn páistí dá chéile rud amháin ar mhaith leo é a fheabhsú.

Dáileann an múinteoir bláthanna cairtpháipéir a scríobhann gach páiste a (h)ainm orthu agus rud amháin ar mhaith leis/léi obair a dhéanamh air don tseachtain ina dhiaidh sin. Greamaítear na bláthanna de chrann. Dúnann na páistí a súile agus déanann siad machnamh ina dtost faoina rún feabhsúcháin.

I ndiaidh seachtaine, tugtar an deis do pháistí a rá má d'éirigh leo sa sainréimse a raibh siad ag obair air. Má d'éirigh, scríobhann siad a n-ainm, agus an réimse a d'fheabhsaigh siad, ar thoradh cairtpháipéir a chuirtear in áit a mblátha ar an gcrann. D'fhéadfaí ceacht dá leithéid a dhéanamh ag díriú ar éachtanna na bpáistí ar scoil.

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 5

Rogha 3

Cluiche:	Mol agus mol
Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag díriú ar éachtanna

Cluiche: Mol agus mol

Míníonn an múinteoir gur féidir le daoine timpeall orainn tionchar a imirt ar an gcaoi a moth-aímid, agus ar ár mothúcháin fúinn féin. Bealach amháin a mhothaímid go maith fúinn féin is ea nuair a deir daoine eile rud éigin deas linn nó nuair a mholann siad sinn. Iarrtar ar an rang é sin a chleachtadh sa chluiche seo a leanas, Mol agus Mol.

Seasann na páistí i gciorcal. Piocann páiste amháin duine chun é/í a mholadh, m.sh.

- **A Mháire, is maith liom an chaoi a bhfuil do chuid gruaige.**

  nó

- **A Mháire, is mór an spórt tusa.**

Deir Máire ansin:

- **Go raibh maith agat, a Pheadair.**

Ansin molann Máire páiste eile agus suíonn síos.

Ní cheadaítear d'aon pháiste easaontú leis an moladh nó rud diúltach a rá. Tagair don riail gan 'chaitheamh anuas', a luaitear faoi Rialacha Grúpoibre faoi mhír 3 de Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair, más gá. Nuair a fhaigheann páiste moladh agus nuair a thugann sé/sí moladh suíonn sé/sí síos. Ní fhaigheann gach páiste ach moladh amháin.

Nuair a bhíonn an babhta críochnaithe, fiafraíonn an múinteoir:

- **Cén chaoi ar mhothaigh tú nuair a thug tú moladh do dhuine?**
- **Cén chaoi ar mhothaigh tú nuair a fuair tú moladh ó dhuine?**

B'fhéidir go ndéarfadh an múinteoir gur thug sé/sí faoi deara gur mhol cuid mhaith páistí daoine ar na rudaí atá déanta acu, .i. a n-éachtanna. Fiafraítear de na páistí an bhfuil aon rud déanta ag aon duine acu a bhfuil sé/sí an-bhródúil as. Tugtar na freagraí i gCiorcal Ranga nuair a deir gach páiste:

Tá bród orm mar ...

De réir mar a luann gach páiste a (h)éacht, cuireann páistí eile a lámha suas chun ceisteanna a chur faoi, trí cheist ar a mhéad, m.sh.

- **Cá fhad a thóg sé ort?**
- **Cé a chabhraigh leat?**
- **Ar theastaigh uait tabhairt suas ag aon am lena linn?**

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag díriú ar éachtanna

Tugann an múinteoir teastais amach le héacht líonta isteach le haghaidh gach páiste. Dathaíonn agus maisíonn na páistí na teastais sin.

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 6

Comhghairdeas le

- - - - - - - - - - - - - - - - -

(ainm an ph iste)

D? irigh leat

- -

(acht)

Maith th !

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 7

Cluiche Measctha:	Ag cur aithne orm
Gníomhaíocht Ealaíne:	Mo Thallanna
Gníomhaíocht Scríofa:	Cad a fuair mé amach

Cluiche Measctha: Ag cur aithne orm

Suíonn na páistí i gciorcal agus deir an múinteoir:

Seas suas agus athraigh áit -

má tá tú go maith ag coinneáil do sheomra glan;

má tá tú go maith ag tabhairt aire do do pheata;

má tá tú go maith ag déanamh cairde;

má tá tú go maith ag insint scéalta grinn.

Gníomhaíocht Ealaíne: Mo Thallanna

Tarraing an ghrafaic shimplí seo ar an mbord.



Abair an méid seo a leanas leis na páistí:

Seo bronntanas. Ar bharr an bhosca scríobh síos cad é an rud a bhfuil tú iontach aige.

Ar an taobh clé den bhosca seo scríobh síos roinnt tallann eile atá agat.

Ar an taobh deas, scríobh síos roinnt rudaí a tharlaíonn nuair a úsáideann tú na tallanna sin.

Ar an ribín, scríobh síos faoin gcaoi inar féidir le daoine eile cabhrú leat.

Ar chluaisín an bhronntanais, scríobh rud éigin a bheartaíonn tú a dhéanamh inniu chun cabhrú le duine éigin eile, ag baint úsáide as ceann de na tallanna atá agat.

Má theastaíonn uait féadfaidh tú an bosca a dhathú.

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 8

Gníomhaíocht Scríofa: Cad a fuair mé amach

- **Cad a fuair tú amach fút féin le linn an cheachta seo?**
- **An bhfuair tú aon rud amach faoi dhuine eile nach raibh a fhios agat cheana?**
- **Ar chuir aon rud a d'fhoghlaim tú iontas ort?**
- **An mbeidh tú difriúil ar aon bhealach de bharr aon ruda a d'fhoghlaim tú fút féin? Inis dúinn faoi sin?**
- **An mbeidh tú difriúil ar aon bhealach de bharr aon ruda a d'fhoghlaim tú faoi dhuine éigin eile. Inis dúinn faoi sin?**

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 9

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí meas a chothú ar a dtréithe, cumais agus éachtaí indibhidiúla agus ar thréithe, cumais agus éachtaí daoine eile. Tá sé sin mar chuid d'fhéinmheas páiste a chothú. Is éard atá i bhféinmheas an meas a bhíonn agat ort féin. Is fearr an seans a bhíonn ag páistí le hardmheas orthu féin caidreamh tuisceanach a fhorbairt agus is lú an seans a bhíonn ann go mbainfidh daoine úsáid astu.

Éilíonn páistí le lagmheas an iomarca orthu féin agus b'fhéidir nach bhfuil siad in ann iad féin a mheas i gceart. Méadaíonn an dá thréith seo an seans nach n-éireoidh leo. Treisítear lagmheas an pháiste air/uirthi féin leis an mothú neamhfhiúntais a ghabhann leis an teip.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

- **Iarr ar do pháiste rud dearfach amháin a rá:**

  faoin gcuma atá air/uirthi ...

  faoin gcineál duine é/í

  faoin méid is féidir leis/léi a dhéanamh ...

  faoin méid atá bainte amach aige/aici ...

- **Pléigh le do pháiste an chaoi a dtugtar mothú speisialta dúinn agus faoin gcaoi inar féidir linne mothú speisialta a thabhairt do dhaoine eile:**

  Daoine ag baile ...

  Daoine ar scoil ...

  Daoine sa chomharsanacht ...

- **Pleanáil rud éigin a d'fhéadfadh sibh a dhéanamh le chéile chun mothú speisialta a thabhairt do dhuine.**

- **Déan bailiúchán pictiúr ó nuachtáin agus irisí a léiríonn tallanna speisialta daoine.**

- **Cuir bailiúchán grianghraf teaghlaigh ar taispeáint a thaispeánann tallanna speisialta do theaghlaigh.**

1.Special Gifts-irish:1.Special Gifts-irish 14/07/2009 11:10 Page 10

2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 1

2 Troideann cairde uaireanta

2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 2

Troideann cairde uaireanta

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí scrúdú a dhéanamh ar a tharlaíonn nuair a thiteann cairde amach le chéile.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Gníomhaíocht Ealaíne:	Amlíne Cairdis
Am Scéalta:	Nuair a thiteann cairde amach le chéile

Rogha2

Drámaíocht:	An chaoi le cairdeas a dhéanamh arís
Labhraimís:	Faoi chairdeas a dhéanamh arís

Rogha 3

Cluiche:	Nasc Cairdis
Scríobhaimis:	Faoi chairde agus titim amach

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag déanamh cairdis arís
Ag scríobh filíochta:	Argóintí agus Athchairdeas

Nóta ar Chairdeas

Glacann cairde ról tábhachtach i saol páiste. De réir mar a idirghníomhaíonn páistí le cairde agus a roinneann siad a dtaithí le chéile, leathnaíonn a dtuiscint ar an domhan thar an tuiscint atá acu bunaithe ar a dtaithí féin. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó dhaoine eile, tosaíonn páistí ag féachaint orthu féin mar a fhéachann daoine eile orthu.

Agus deiseanna á soláthar do pháistí chun cabhrú leo nádúr an chairdis ina saol a thuiscint cabhraítear leo dáimh a bheith acu le daoine eile agus leagtar an bonn don tuiscint ar nádúr an phiarghrúpa de réir mar a théann siad in aois. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a thuiscint gur gnáthrud i gcairdeas é an 'titim amach'.

Tarlaíonn sóisialú, foghlaim faoi chaidreamh agus déanamh cairdis go nádúrtha i dtimpeallacht na scoile. Foghlaimíonn na páistí ó shampla an mhúinteora. Bíonn tionchar ag an gcineáltacht, foighne agus tuiscint a léiríonn an múinteoir sna hidirghníomhaíochtaí leis na páistí ina rang ar iompar na bpáistí i leith a chéile.

2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 3

Rogha 1

Gníomhaíocht Ealaíne: Amlíne Cairdis

Am Scéalta: Nuair a thiteann cairde amach le chéile

Gníomhaíocht Ealaíne: Amlíne Cairdis

Taispeáin do na páistí an chaoi le hamlíne a tharraingt. Tarraing líne fad an chláir dhuibh. Scríobh an bhliain/na blianta a saolaíodh iad ar thaobh amháin, an bhliain reatha ina lár agus cúig bliana romhainn ar an taobh eile. Marcáil na blianta idir eatarthu.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar chara maith nó cairde maithe.

- **Cathain a bhuail sibh le chéile den chéad uair? Cad is cuimhin leat faoin gcéad uair a bhuail sibh le chéile?**
- **Cén chaoi a ndearna sibh cairdeas? Cé dúirt 'Dia duit' ar dtús? Cad faoi ar labhair sibh? Cad a rinne sibh?**
- **Cad a thaitin leat faoi do chara an chéad uair a bhuail sibh le chéile? Cén fáth gur éirigh cairdeas eadraibh, dar leat?**
- **Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt ar an amlíne den rud a bhí á dhéanamh acu nuair a bhuail siad le chéile an chéad uair.**
- **Cad iad na cineálacha rudaí is maith libh a dhéanamh le chéile?**
- **An cuimhin leat an rud is greannmhaire (cineálta, iontasaí) dá ndearna do chara?**
- **An raibh aon eachtra agaibh le chéile riamh?**
- **Iarr ar na páistí pictiúir bheaga a tharraingt de chuid de na hócáidí sin ag na pointí cuí den amlíne.**
- **An raibh troid agaibh riamh? Cén chaoi a ndearna sibh cairdeas arís?**
- **Tarraing roinnt pictiúr ar an amlíne ag taispeáint cad a tharla?**
- **An gceapann tú go mbeidh sibh mar chairde go deo?**
- **Cén chaoi a mbeidh bhur ngaol i gceann cúig bliana? Beidh sibh ag freastal ar scoil iar-bhunoideachais ansin. An mbeidh sibh mar chairde fós?**
- **Cad iad na cineálacha rudaí a bheidh sibh a dhéanamh, dar leat?**
- **Tarraing pictiúr den chaidreamh a bheidh idir tú féin agus do chara ansin?**

Cuireann na páistí a gcuimhní ag na pointí cuí den amlíne agus is féidir teidil shimplí a chur leis na pictiúir sin ag míniú cad tá ag tarlú, m.sh. 'Bhuaileamar le chéile nuair a thosaíomar ar scoil.' Is féidir an amlíne a chur ar taispeáint agus a phlé.

Am Scéalta: Nuair a thiteann cairde amach le chéile

Trí scéalta agus dánta a léamh nó trí éisteacht leo, foghlaimíonn páistí faoin saol go hionadach.

Please Mrs. Butler le Allan Ahlberg, foilsithe ag Puffin (1986)

Rogha dánta greannmhara faoin scoil. Seo a leanas dhá cheann oiriúnacha:

Small Quarrel
Cuireann an dán seo síos ar argóint ón tús, tríd an ngéarú uirthi, go deireadh sona.

It's a Puzzle
Smaoiníonn duine atá páirteach in argóint, nach bhfuil róthugtha don argóint féin, faoin gcaoi a mothaíonn an duine eile.

B'fhéidir go mbeadh na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

1. **Cad a tharla sa scéal nó sa dán seo?**
2. **Cérbh iad na príomhcharachtair?**
3. **Cén chaoi ar thosaigh an argóint?**
4. **Ar tharla eachtra chomhchosúil duitse riamh?**
5. **Inis dúinn cad a tharla?**
6. **Cén deireadh a bhí leis an argóint?**



2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 5

Rogha 2

Drámaíocht:	An chaoi le cairdeas a dhéanamh arís
Labhraimís:	Faoi chairdeas a dhéanamh arís

Drámaíocht: An chaoi le cairdeas a dhéanamh arís

Iarrtar ar na páistí machnamh ar fhadhb shamhailteach agus réiteach a thabhairt i bhfoirm gníomhartha. Sa chás seo, is í an fhadhb atá ann ná conas cairdeas a dhéanamh le cara arís i ndiaidh titim amach leis/léi. Mar shampla:

Nuair a chiceáil Dara liathróid nua Philib thar an mballa ard ar chúl na scoile, bhí Pilib ar buile. Bhí an balla mór suite timpeall ar bhláthanna duaise an Uasail Uí Mhainnín. Ní thugadh an tUasal Ó Mainnín aon liathróid ar ais go fiú nuair a d'iarradh na buachaillí air. Agus thugadh sé amach do pháistí a d'iarradh.

Dúirt Pilib le Dara: 'Is mór an t-amadán thú agus níl aon mhaith ionat ag imirt peile.' 'Níl tú féin thar mholadh beirte ach an oiread,' a d'fhreagair Dara. 'Ní rabhas ach ag cabhrú leat do scileanna a fheabhsú. Sin an uair dheireanach a imreoidh mé peil leatsa.'

D'imigh Pilib abhaile ag smaoineamh: 'Ní haon chara liom é Dara má cheapann sé gur peileadóir gan mhaith mé.' D'imigh Dara abhaile ag smaoineamh nach n-imreodh Pilib leis go deo arís. An oíche sin chuimhnigh an bheirt acu ar na hamanta maithe a chaith siad i dteannta a chéile. Bhí imní ar an mbeirt acu go mb'fhéidir go raibh cara maith caillte acu.

Tháinig an bheirt acu ar scoil an lá ina dhiaidh sin, an bheirt acu beagán gortaithe faoin méid a bhí ráite ag an duine eile ach ag súil go bhféadfaidís cairdeas a dhéanamh arís. Bhí eagla ar an mbeirt acu an chéad chéim a thógáil mar gheall ar na rudaí ar fad a dúradh an lá roimhe sin.

Piocann an múinteoir páistí chun páirteanna Dhara, Philib agus an Uasail Uí Mhainnín a léiriú. Bíonn an chuid eile den rang mar lucht féachana. Mura bhfuil taithí ag na páistí ar an drámaíocht mar mheán, beidh orthu an scéal a phlé go mion. Má tá taithí mhaith acu ar ghníomhaíochtaí drámaíochta beidh siad in ann cumadh leo. Déantar an gníomh uair amháin gan stop. Ansin déantar an dara huair é.

Le linn an dara huair stopann an múinteoir an ghníomhaíocht ag príomhphointí, m.sh.

Iarrann na buachaillí:

'An dtabharfaidh tú ár liathróid ar ais le do thoil?'

Freagraíonn an tUasal Ó Mainnín:

'Ní thabharfaidh ná é.'

Stopann an múinteoir iad agus deir:

'Cén fáth go ndeir an tUasal Ó Mainnín é sin? Cad tá á mhachnamh aige?'

Deir Pilib:

'Is mór an t-amadán thú agus níl aon mhaith ionat ag imirt peile.'

Stopann an múinteoir iad agus deir:

'Cén fáth go ndeir sé é sin? Cad tá á mhachnamh aige?'

2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 6

Ar an dul céanna, nuair a bhíonn Pilib agus Dara ag siúl abhaile ina n-aonar ón scoil, fiafraíonn an múinteoir:

'Cad a tharlóidh anois? Cén chaoi ar féidir le Pilib agus Dara cairdeas a dhéanamh arís?'

'Cad a stopfadh ag déanamh cairdis iad?/Cad a chabhródh leo cairdeas a dhéanamh?

Labhraimís: Faoi chairdeas a dhéanamh arís

Cuireann an múinteoir tús le plé ranga ar chairdeas a dhéanamh arís i ndiaidh 'titim amach'. Mar cheisteanna tosaigh bheadh:

1. **Cén chaoi a dtosaíonn argóintí de ghnáth?**
2. **Cad é an bealach is fearr chun iad a réiteach?**
3. **Cén chaoi a mothaíonn tú nuair a bhíonn tú ag argóint?**
4. **Cad iad na cineálacha rudaí a deir do chairde?**
5. **An dóigh leat go mbíonn siad dáiríre?**
6. **Cén chaoi a mothaíonn tú nuair is cairde sibh arís?**
7. **Cén chaoi a mothaíonn do chara, dar leat?**
8. **An drochrud nó dea-rud é argóint a bheith agat? Cén fáth?**
9. **An bhféadfaí roinnt argóintí a sheachaint? Cén chaoi?**
10. **Cad is brí le 'duine a mhaitheamh'?**
11. **An furasta duine a mhaitheamh?**

Cuireann an múinteoir na páistí ag machnamh go príobháideach ar 'thitim amach' phearsanta, ag iarraidh orthu machnamh a dhéanamh go príobháideach agus iad ina dtost:

- **An bhfuilim ag argóint le duine inniu nó an raibh argóint agam le duine le déanaí?**
- **An féidir liom smaoineamh ar bhealach ina bhféadfaimis cairdeas a dhéanamh arís?**
- **Cad a stopfadh sinn cairde a dhéanamh arís?**
- **Cén fáth nach ndéanfaidh mé cairdeas arís go tapa? Cad a dhéanfaidh mé?**

2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 7

Rogha 3

Cluiche:	Nasc Cairdis
Scríobhaimis:	Faoi chairde agus titim amach

Cluiche: Nasc Cairdis

Téann an múinteoir siar ar rialacha na grúpoibre, go háirithe ar an riail faoi 'gan aon chaitheamh anuas'. Ní mór gach duine a áireamh agus má fhágtar duine as an áireamh 'caitheamh anuas' is ea é sin.

Suíonn na páistí i gciorcal. Roghnaítear duine amháin chun tosú. Caochann sé/sí súil le duine eile ar cara é/í agus malartaíonn siad áiteanna. Caochann an dara páiste le duine éigin eile ar cara é/í agus malartaíonn siadsan áiteanna agus leanann an cluiche mar sin. Féadfaidh an múinteoir páirt a ghlacadh agus súl a chaochadh le páiste nár roghnaigh éinne. Ní féidir súl a chaochadh ach uair amháin le páiste.

Cuirtear an t-earra labhartha timpeall agus labhraíonn gach páiste ina (h)am féin, ag lua ainm a c(h)ara agus rud amháin faoin gcairdeas, m.sh.

... is ainm do mo chara.

Is cairde sinn mar ...

Scríobhaimis: Faoi chairde agus titim amach

Iarrann an múinteoir ar na páistí scríobh faoi am éigin a 'thit siad amach' le cara. B'fhéidir nár mhian leis na páistí a bpíosa scríbhneoireachta a léamh ná a thaispeáint d'éinne agus ba chóir a bheith tuisceanach do na cásanna sin. Chun cabhrú d'fhéadfaí leathanaigh shingile a chur timpeall. D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a scríobh ar an gclár dubh mar threoir do na páistí:

- **Conas a thosaigh an argóint?**
- **Cad dúirt tú? Cad a rinne tú?**
- **Cad dúirt agus cad a rinne an duine eile?**
- **Cad a tharla ar deireadh?**
- **Conas a réitíodh an argóint?**
- **Cén chaoi ar mhothaigh tú nuair a bhí sibh ag argóint?**
- **Cén chaoi ar mhothaigh nuair a bhí cairdeas déanta eadraibh arís?**

2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 8

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag déanamh cairdis arís

Ag scríobh filíochta: Argóintí agus Athchairdeas

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag déanamh cairdis arís

Tabhair gearradh cárta i gcruth duine do gach páiste. Iarr ar na páistí smaoineamh ar am go raibh troid acu le cara agus go ndearna siad cairdeas arís. Cén chaoi ar mhothaigh siad leis an troid? An raibh fearg nó brón orthu? Ar chaoin siad? Iarr orthu an figiúr a dhathú ag taispeáint conas a mhothaigh siad ag an am.

Ar an taobh eile den chárta iarr orthu a tharraingt conas a mhothaigh siad nuair a bhí cairdeas déanta acu arís. Iarr ar na páistí a saothar a thaispeáint dá chéile. Tá an rogha ag na páistí gan é a thaispeáint chomh maith. Más mian leo féadfaidh siad insint dá chéile faoin troid, faoin gcaoi ar mhothaigh siad dá bharr, faoin gcaoi a ndearna siad cairdeas arís agus faoin gcaoi ar mhothaigh siad ansin. Greamaigh na pictiúir, taobh sona suas, ar bhord taispeántais nó timpeall ar bhall an tseomra ranga i bhfoirm slabhra, ionas go mbíonn an chuma air go bhfuil na figiúir ag breith lámh ar a chéile. Tabhair teideal don taispeántas ar nós 'Togha na gCairde'.

Ag scríobh filíochta: Argóintí agus Athchairdeas

Iarr ar na páistí dán a scríobh faoi argóint agus/nó cairdeas á dhéanamh arís. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an leagan amach seo a leanas:

Troid

An chéad líne	-	focal amháin	-	**Troid**
An dara líne	-	dhá fhocal	-	**Ag screadaíl**
An tríú líne	-	trí fhocal	-	**Amuigh sa chlós**
An ceathrú líne	-	ceithre fhocal	-	**Éinne ag imirt liom**
An cúigiú líne	-	focal amháin	-	**Uaigneas**

Athchairdeas

An chéad líne	-	focal amháin	-	**Ciúnas**
An dara líne	-	dhá fhocal	-	**'Brón orm!'**
An tríú líne	-	trí fhocal	-	**'Déanfaimid cairdeas arís!'**
An ceathrú líne	-	ceithre fhocal	-	**'Ní raibh mé dáiríre!'**
An cúigiú líne	-	focal amháin	-	**'Ceart'**

Mar mhalairt, taispeáin do na páistí an chaoi le dán acrastaice a scríobh ag baint úsáide as litreacha focail mar ARGÓINT nó ATHCHAIRDEAS trí roinnt samplaí a dhéanamh ar an gclár dubh ar dtús. Úsáidtear gach litir den fhocal a roghnaítear chun focal, frása nó abairt a thosú ag insint don léitheoir faoin ábhar. Mar shampla:

ARGÓINT
'**A**r ais arís'
'**R**ónán ag caint'
'**G**earán, gearán, gearán'
'**Ó**, bhuel, faigh cara eile'
'**I**s fuath liom éisteacht leat'
'**N**í maith liom tusa ach an oiread'
Titim amach

2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 9

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí scrúdú a dhéanamh ar a tharlaíonn nuair a thiteann cairde amach le chéile. Glacann cairde ról tábhachtach i saol páiste. De réir mar a idirghníomhaíonn páistí le cairde agus a roinneann siad a dtaithí le chéile, leathnaíonn a dtuiscint ar an domhan thar an tuiscint atá acu bunaithe ar a dtaithí féin. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó dhaoine eile, tosaíonn páistí ag féachaint orthu féin mar a fhéachann daoine eile orthu. Agus deiseanna á soláthar do pháistí chun cabhrú leo nádúr an chairdis ina saol a thuiscint cabhraítear leo dáimh a bheith acu le daoine eile agus leagtar an bonn don tuiscint ar nádúr an phiarghrúpa de réir mar a théann siad in aois.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

- **Iarr ar do pháiste smaoineamh ar chara maith nó ar chairde maithe:**

  Cathain a bhuail sibh le chéile den chéad uair? Cad is cuimhin leat faoin gcéad uair a bhuail sibh le chéile?

  Cén chaoi a ndearna sibh cairdeas? Cé dúirt 'Dia duit' ar dtús? Cad faoi ar labhair sibh? Cad a rinne sibh?

  Cad a thaitin leat faoi do chara an chéad uair a bhuail sibh le chéile? Cén fáth gur éirigh cairdeas eadraibh, dar leat?

  Cad iad na cineálacha rudaí is maith libh a dhéanamh le chéile?

  An cuimhin leat an rud is greannmhaire/cineálta/iontasaí dá ndearna do chara riamh?

  An raibh aon eachtra agaibh le chéile riamh?

- **B'fhéidir go mbeadh do chara toilteanach labhairt faoi argóint a bhí aige/aici, nó atá ar siúl i gcónaí, lena c(h)ara:**

  An bhfuil argóint ar siúl idir tú féin agus duine éigin inniu nó an raibh argóint agat le duine le déanaí?

  Conas a thosaigh an argóint?

  Conas a mhothaigh tú nuair a bhí tú ag argóint?

  Conas a mhothaíonn do chara, dar leat?

  An féidir leat smaoineamh ar bhealach ina bhféadfadh sibh cairdeas a dhéanamh le chéile arís? Cad a stopfadh sibh cairdeas a dhéanamh arís?

  Cén fáth nach ndéanfaidh tú cairdeas arís go tapa? Cad a dhéanfaidh tú?

2. Sometimes friends fight/Ir:2. Sometimes friends fight/Ir 14/07/2009 11:10 Page 10

4.Keeping Safe/irish:4.Keeping Safe/irish 14/07/2009 11:14 Page 1

4 Sábháilteacht

4.Keeping Safe/irish:4.Keeping Safe/irish 14/07/2009 11:14 Page 2

Sábháilteacht

Aidhm: **Deiseanna a thabhairt do na páistí na daoine a aithint a n-áirítear sábháilteacht páistí ina bpost.**

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Cuairt:	Duine a n-áirítear sábháilteacht páistí ina p(h)ost
Forbairt Teanga:	Faoi dhaoine a chabhraíonn le daoine eile

Rogha 2

Plean Cúnaimh:	Cé, Cad, Cathain, Cén fáth?
Cinnteoireacht:	Daoine ar féidir leo cabhrú linn

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Daoine a chabhraíonn linn
Forbairt Teanga:	Daoine Aibítireacha
Siúlóid:	Cúnamh ó dhuine eile

Nóta ar Shábháilteacht Phearsanta

Beidh OCG ina chuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), mar a bheidh chomh maith oideachas sa chosaint ar mhí-úsáid ar pháistí, oideachas in úsáid/mí-úsáid substaintí, sa chothú agus i sláinteachas, srl. Tá ábhair ar fáil do scoileanna i gcuid mhaith de na réimsí seo agus is féidir iad a úsáid chun an obair in OSPS agus OCG a chomhlánú.

Cuirtear béim ar an tsábháilteacht phearsanta do pháistí go minic ag baile agus ar scoil i gcomhthéacs na gcontúirtí a bhaineann le trácht, uisce, tinte, leictreachas, srl. Tá sé tábhachtach nach bhfaigheann na páistí teachtaireachtaí nach bhfuil ag teacht le chéile, idir an baile agus an scoil nó idir chláir ar scoil.

4.Keeping Safe/irish:4.Keeping Safe/irish 14/07/2009 11:14 Page 3

Rogha 1

Cuairt: Duine a n-áirítear sábháilteacht páistí ina p(h)ost

Forbairt Teanga: Faoi dhaoine a chabhraíonn le daoine eile

Cuairt: Duine a n-áirítear sábháilteacht páistí ina p(h)ost

Is féidir cuairt ó dhuine a n-áirítear freagracht as sábháilteacht páistí ina p(h)ost a eagrú, m.sh. Garda, Oifigeach Idirchaidrimh Pobail, Maor Scoile, Maor Snámha. Soláthraíonn cuairteanna dá leithéidí an deis do na páistí daoine a aithint ar chóir dóibh cabhrú le páistí chun iad a choinneáil sábháilte mar gur cuid dá bpost é.

Tá na céimeanna chun ullmhú le haghaidh cuairteora le fáil faoi mhír 8 de Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Forbairt Teanga: Faoi dhaoine a chabhraíonn le daoine eile

Faigh amach ó na páistí ainmneacha roinnt carachtar ó rogha leabhair, cláir theilifíse nó scannáin. Iarr ar na páistí, i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear, tréithe na gcarachtar sin a aithint agus a aithint cé a chabhraíonn le daoine eile. Nuair a bhíonn an liosta críochnaithe tugann na páistí tuairisc ar a bhfuair siad amach agus treoraíonn an múinteoir an rang i bplé ar dhaoine a chabhraíonn le daoine eile.

Labhraimís faoi na daoine a chabhraíonn linn.

Cé hiad?

Cad a dhéanann siad?

Cad iad na focail a d'fhéadfaimis a úsáid chun cur síos orthu?

Bheadh an leabhar 'The Big Sheep' le *Dick King-Smith* nó an scannán a rinneadh de (Babe) oiriúnach mar ábhar léitheoireachta.

Sa scannán a rinneadh de 'Charlotte's Web' le *E.B. White* faightear an iliomad carachtar agus caidrimh.

Bheadh scéalta le *Roald Dahl*, mar shampla 'The Magic Finger', 'Fantastic Mr. Fox' nó 'James and the Giant Peach', oiriúnach chomh maith.

4.Keeping Safe/irish:4.Keeping Safe/irish 14/07/2009 11:14 Page 4

Pegba 2

Plean Cúnaimh:	Cé, Cad, Cathain, Cén fáth?
Cinnteoireacht:	Daoine ar féidir leo cabhrú linn

Plean Cúnaimh: Cé, Cad, Cathain, Cén fáth?

Is ceacht pearsanta príobháideach é seo. Tugtar bileog páipéir do gach páiste. Scríobhann na páistí Baile ar thaobh amháin agus Scoil ar an taobh eile. Iarrann an múinteoir ar an rang samplaí a thabhairt d'fhadhbanna laethúla a d'fhéadfadh a bheith ag páistí ar scoil. Ansin iarrann an múinteoir ar na páistí ceann de na fadhbanna a roghnú agus machnamh a dhéanamh uirthi go ciúin, m.sh.

bosca lóin a chailliúint;

maistíneacht sa chlós nó ar bhus na scoile;

obair bhaile gan déanamh;

bróga reatha Corpoideachais a dhearmad.

Spreagann an múinteoir na páistí na ceisteanna seo a leanas a chur orthu féin agus na freagraí a scríobh ar an taobh Scoile den leathanach:

Dá mbeadh an fhadhb seo agam

Cé dó a bhféadfainn í a insint?

Cathain a labhróinn leis an duine sin faoin bhfadhb?

Cad déarfainn?

Cén fáth gur phioc mé an duine sin?

Cén fáth go mbeinn ag súil go gcabhródh an duine sin liom?

Déantar ceacht comhchosúil chun a fháil amach cén chaoi a bhféadfadh páistí cúnamh a fháil ag baile chun fadhb a fhuascailt, ag baint úsáide as an b**Plean Cé, Cad, Cathain, Cén fáth.**

Cinnteoireacht: Daoine ar féidir leo cabhrú linn

Déanann an múinteoir babhta tobsmaointeoireachta leis na páiste faoi na daoine a n-iarrfaidís cúnamh orthu dá mbeadh fadhb acu. I measc na bpríomhcheisteanna bheadh:

Cé a d'fhéadfadh cabhrú leat ...

dá dtosódh tine i do theach?

... dá mbeadh deacracht agat sa linn snámha?

... dá mbrisfeá do chos?

... dá gcaillfí sa lárionad siopadóireachta thú?

4.Keeping Safe/irish:4.Keeping Safe/irish 14/07/2009 11:14 Page 5

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Rang a Trí Téama 4 Sábháilteacht

I ndiaidh liosta ainmneacha daoine a chabhraíonn linn a scríobh ar an gclár dubh, roinneann an múinteoir an rang ina ghrúpaí beaga, ag ceapadh rúnaí agus tuairisceora chun aiseolas a thabhairt. Tugtar ainm amháin ón liosta do gach grúpa agus iarrtar orthu saintreoracha a thabhairt ar an gcaoi le teagmháil a dhéanamh leis an duine seo in am an ghátair. Iarrtar orthu chomh maith cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun post an duine sin a éascú:

Grúpa 1 **An Dochtúir:**

Dá mbrisfeá do lámh cad a dhéanfá?

Ainmnigh rud amháin a d'fhéadfá a dhéanamh chun taisme a sheachaint.

Grúpa 2 **An Fear Dóiteáin:**

Dá dtiocfá ar thine i do chistin cad a dhéanfá?

Ainmnigh rud amháin a d'fhéadfá a dhéanamh chun tine a sheachaint.

Grúpa 3 **An Maor Snámha:**

Dá bhfaighfeá crampa sa linn snámha cad a dhéanfá?

Ainmnigh rud amháin a d'fhéadfá a dhéanamh chun sábháilteacht a chinntiú agus tú ag snámh.

Grúpa 4 **An Duine Slándála:**

Dá gcaillfí thú i lárionad siopadóireachta cad a dhéanfá?

Ainmnigh rud amháin a d'fhéadfá a dhéanamh a chabhródh le duine slándála.

I ndiaidh phlé ranga deich nóiméad, tugann na tuairisceoirí aiseolas don rang ar fad.

4.Keeping Safe/irish:4.Keeping Safe/irish 14/07/2009 11:14 Page 6

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne: Daoine a chabhraíonn linn

Forbairt Teanga: Daoine Aibítireacha

Siúlóid: Cúnamh ó dhuine eile

Gníomhaíocht Ealaíne: Daoine a chabhraíonn linn

Chuir rogha 1 agus 2 tús le plé ar dhaoine a bhféadfadh na páistí a bheith ag súil le cabhair uathu mar gur cuid dá bpost é sin. Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na daoine sin ar fad. Is féidir iad a léiriú agus a chur le chéile i bhfoirm leabhair.

Forbairt Teanga: Daoine Aibítireacha

Iarrtar focail ar na páistí a chuireann síos ar dhaoine ar bhealach dearfach. D'fhéadfaidís iad a chur in ord aibítire, m.sh.

aireach, an-chineálta
béasach
cneasta, cabhrach
deas, díograiseach
eolach, éifeachtach
fírinneach
gasta
ildánach
lách, láidir
mín, macánta

I ndiaidh dóibh a liosta ranga féin de thréithe dearfacha a aithint, d'fhéadfaidís:

iad a rangú ó na cinn is tábhachtaí go dtí na cinn nach bhfuil chomh tábhachtach sin,

cúig thréith a roghnú a gheobhaidís i nduine arb é an post atá aige/aici iad a choinneáil sábháilte;

na tréithe seo a chur in abairtí;

na tréithe seo a léiriú agus a chur i bhfoirm leabhair.

Siúlóid: Cúnamh ó dhuine eile

Bíonn na páistí ina bpéirí. A atá ar dhuine amháin agus B atá ar an duine eile. Dúnann A a s(h)úile fad a threoraíonn B é/í timpeall an tseomra. Níor chóir go n-osclódh A a s(h)úile ná go labhródh sé/sí. Fáisceann B lámh A uair amháin mar chomhartha chun stopadh má bhíonn rud éigin sa tslí. Ciallaíonn dhá fháisceadh go bhfuil an bealach réidh. I ndiaidh tamaillín athraíonn siad róil.

Chun críochnú, suíonn na páistí i gciorcal agus iarrann an múinteoir ar gach páiste a rá conas a mhothaigh sé agus duine ag cabhrú leis/léi.

4.Keeping Safe/irish:4.Keeping Safe/irish 14/07/2009 11:14 Page 7

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí na daoine a aithint a n-áirítear sábháilteacht páistí ina bpost. Cuirtear béim ar an tsábháilteacht phearsanta do pháistí go minic ag baile agus ar scoil i gcomhthéacs na gcontúirtí a bhaineann le trácht, uisce, tinte, leictreachas, srl.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

- **Labhair faoi na daoine a chabhraíonn le do pháiste.**

  Cé hiad? Cén fáth go mbeadh sé/sí ag súil go gcabhródh na daoine sin?

  Cad iad na focail a d'úsáidfeadh sé/sí chun cur síos orthu?

- **Cé chuige a rachadh do pháiste sna suímh seo a leanas? Cé air a n-iarrfadh sé/sí cúnamh? Cad déarfadh sé/sí leo?**

  Dá gcaillfí é/í sa lárionad siopadóireachta?

  Dá mbeadh sé/sí sa phictiúrlann, ag cluiche peile nó ag páirc siamsaíochta agus dá gcaillfí é/í sna sluaite?

  Dá mbeadh sé/sí ag imirt lasmuigh agus dá dtiocfadh duine fásta chuige/chuici i gcarr ag iarraidh treoracha chuig áit éigin?

  Dá mbeadh do pháiste sa pháirc agus dá n-iarrfadh duine fásta nach raibh aithne aige/aici air/uirthi cabhrú leis/léi madra a bhí ar iarraidh a fháil.

  Dá mbeadh pian ag do pháiste agus é/í ag dul ag an leithreas?

  Dá dtógfadh do pháiste aicearra abhaile ón scoil cé go raibh tú i ndiaidh a rá leis/léi go raibh sé contúirteach. Chuir cairde ina luí air/uirthi dul an bealach sin. Anois deir siad go n-inseoidh siad duitse (don tuismitheoir/chaomhnóir) mura rachaidh sé/sí abhaile an bealach sin gach lá.

- **Déan cleachtadh le do pháiste, trí chuid de na suímh thuas a chur i bhfoirm gníomhartha, cad a dhéanfadh sé/sí go díreach, cá rachadh sé/sí agus cad a dhéanfadh nó cad déarfadh sé/sí.**

- **B'fhéidir go bhféadfá é a shocrú go labhrófá féin agus do pháiste leis na daoine sin a mbeadh sé/sí ag súil go gcabhróidís in am an ghátair agus go bpléifeadh sibh an chaoi a ndéanfadh sé/sí teagmháil leo i d'éagmais. Déan seoltaí, uimhreacha gutháin, srl. a thaifeadadh de réir mar a oireann.**

4.Keeping Safe/irish:4.Keeping Safe/irish 14/07/2009 11:14 Page 8

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 1

5 Ag léiriú mothúchán

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 2

Ag léiriú mothúchán

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí mothúcháin a aithint agus foghlaim faoin gcaoi ar féidir iad a léiriú ar bhealach cuí.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Ciorcal Ranga:	Conas a mhothaíonn tú?
Plean Gníomhaíochta:	Ainmnigh, Taispeáin, Inis

Rogha 2

Forbairt Teanga:	Mothúcháin Aibítireacha
Ag scríobh filíochta	Cad é ...?

Rogha 3

Fuascailt Fadhbanna:	Bealaí ina léirímid conas a mhothaímid
Gníomhaíocht Scríofa:	Mothúcháin

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ag éisteacht le ceol:	Ceol le Mothúcháin
Gníomhaíocht Ealaíne:	Laethanta Sona

Nóta ar Mhothúcháin

Is cuid fhíorthábhachtach agus chasta dínn iad ár mothúcháin. Do chuid mhaith daoine, tá na mothúcháin a ghabhann leis an taitneamh a bhaineann siad as an saol, na hathruithe ina saol agus na hamanta struis agus scíthe, casta go maith. Is éard atá san fheasacht mhothúcháin go n-aithníonn tú do chuid mothúchán féin chomh maith le mothúcháin daoine eile. Nuair a ghlactar leo tuigtear normáltacht mhothúcháin an duine. Is éard atá i rialú mothúchán ná an cumas déileáil le mothúcháin phearsanta agus iad a rialú agus a bheith in ann iad a léiriú ar bhealaí cuí sóisialta a nglactar leo. Is mór an buntáiste d'fhorbairt shláintiúil an pháiste é nuair a fhoghlaimíonn sé/sí faoi mhothúcháin.

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 3

Rogha 1

Ciorcal Ranga:	Conas a mhothaíonn tú?
Plean Gníomhaíochta:	Ainmnigh, Taispeáin, Inis

Ciorcal Ranga: Conas a mhothaíonn tú?

Suíonn na páistí timpeall i gciorcal. Míníonn an múinteoir go bhfuil na páistí chun a mothúcháin a ghrádú don ghníomhaíocht ciorcail ranga seo, ar scála 1 go 10 de réir a leibhéal sonais.

Uimhirchód Mothúchán

Grádaíonn páiste atá an-sona go deo a m(h)othúcháin mar 10.
Grádaíonn páiste atá míshona a m(h)othúcháin go híseal, síos go 1.
Is féidir mothúcháin idir eatarthu seo a ghrádú dá réir sin ar an uimhirscála.

Fiafraíonn an múinteoir de gach páiste: **'Conas a mhothaíonn tú?'**
Freagraíonn gach páiste de réir an chóid: **'A seacht.'**

Nuair a bhíonn a c(h)uid ráite ag gach páiste tagraíonn an múinteoir do chuid de na freagraí agus iarrann ar na páistí a n-uimhreacha a dhíchódú:

'A Shíle, deir tú go bhfuil tú a naoi. Conas a mhothaíonn tú?'

'A Eoin, deir tú go bhfuil tú a cúig. Conas a mhothaíonn tú?'

'A Shinéad, deir tú go bhfuil tú a hocht. Conas a mhothaíonn tú?'

Plean Gníomhaíochta: Ainmnigh, Taispeáin, Inis

Míníonn an múinteoir do na páistí go bhfuil siad chun Plean Gníomhaíochta a dhéanamh amach le chéile chun déileáil lena mothúcháin. Beidh sé seo ina thrí chuid:

1. Ainmnigh **2. Taispeáin** **3. Inis**

1. Ainmningh an mothúchán

Iarrann an múinteoir ar na páistí babhta tobsmaointeoireachta a dhéanamh ar na mothúcháin ar fad ar féidir leo smaoineamh orthu. Taifeadtar iad sin ar an gclár dubh, i bhformáid tharraingteach éigin, m.sh. saigheada ag teacht amach as scamall le mothúchán ar bharr gach saighde.

Ansin léann an múinteoir na scéalta seo a leanas agus cuireann críoch le gach ceann acu trí iarraidh ar na páistí an mothúchán a bhraith siad a ainmniú:

Scéal Áine
Chuaigh mo dheirfiúr chuig an ospidéal an tseachtain seo caite. Nuair a d'imigh Mamaí isteach chun í a fheiceáil thug sí bosca ollmhór seacláidí agus bábóg nua iontach chuici. Ní dheachaigh Daidí ag obair agus shuigh taobh lena leaba an lá ar fad, ag léamh scéalta di. Bhí ... orm.

Iarrann an múinteoir ar an rang an focal atá ar iarraidh a iontráil agus soláthraíonn 'éad' mura luaitear é. D'fhéadfadh mothúcháin eile a bheith oiriúnach chomh maith. Iarrtar ar na páistí uimhir a thabhairt don mhothúchán seo ón gcód a úsáideadh sa réamhrá. Iarrtar orthu an focal

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 4

a aimsiú ar an gclár dubh chomh maith.

Scéal Eoin
Tá Eoin i Rang a Trí. Is breá leis an bpeil cé nach bhfuil sé rómhaith aici. Roghnaítear foireann dá aoisghrúpa ach níl seisean uirthi. Ní deir sé faic ag an am ach bíonn sé an-ghránna lena dheartháir óg ag baile. **Tá ... air.**

Iarrann an múinteoir ar an rang an focal atá ar iarraidh a iontráil agus soláthraíonn **'díomá'** mura luaitear é. D'fhéadfadh mothúcháin eile a bheith oiriúnach chomh maith. Iarrtar ar na páistí uimhir a thabhairt don mhothúchán seo ón gcód a úsáideadh sa réamhrá. Iarrtar orthu an focal a aimsiú ar an gclár dubh chomh maith.

Scéal Mháire
Tagann Máire abhaile i ndiaidh di a bheith amuigh ag súgradh. Tá a dearthár mór sa seomra suí lena chairde. Tá mála scoile Mháire ann agus caithfidh sí a hobair bhaile a dhéanamh. Is fuath léi dul isteach ann mar go bhfuil a fhios aici go dtosóidh siad ag magadh agus ag déanamh fonóide fúithi. **Tá ... uirthi.**

Iarrann an múinteoir ar an rang an focal atá ar iarraidh a iontráil agus soláthraíonn **'cúthaileacht'** mura luaitear é. D'fhéadfadh mothúcháin eile a bheith oiriúnach chomh maith. Iarrtar ar na páistí uimhir a thabhairt don mhothúchán seo ón gcód a úsáideadh sa réamhrá. Iarrtar orthu an focal a aimsiú ar an gclár dubh chomh maith.

Sin deireadh na chéad choda den Phlean Gníomhaíochta.

2. Taispeáin an mothúchán

Faigheann an múinteoir amach ó na páistí na bealaí éagsúla a thaispeánann daoine conas a mhothaíonn siad trí fhiafraí:

Conas a bheadh a fhios ag duine dá mbeadh ... (brón, áthas, fearg, srl.) ... ort?

Pléann an múinteoir agus na páistí agus mímeann an chaoi a léirítear mothúcháin.

Aghaidh - meangadh gáire, gáire, caoineadh, amharc, pus, stuaic, deargadh;

Corp - ard, díreach, sleabhac, cruiteach, suaimhneach, righin, muiníneach;

Gníomhaíochtaí - le gluaiseacht na lámh, na gcos, na nguaillí, an chinn, an taoibh uachtaraigh den chorp d'fhéadfaí a bheith socair, corraithe, suaimhneach, bagrach, suáilceach, in ísle brí, sceitimíneach, brónach, srl.

B'fhéidir go dtagródh an múinteoir do na scéalta agus go n-iarrfadh sé/sí ar pháistí mímeadh:

Go bhfuil Áine ag taispeáint go raibh éad uirthi;

Go bhfuil Eoin ag taispeáint go raibh díomá air;

Go bhfuil Máire ag taispeáint go raibh cúthaileacht uirthi.

Cluiche Dealbh

Iarrtar ar an rang ar fad cluiche Dealbh a imirt. Glaonn an múinteoir ainm mothúcháin amach. Spreagtar na páistí chun a n-aghaidheanna, a gcoirp agus a ngníomhaíochtaí a úsáid chun an mothúchán sin a léiriú. I ndiaidh cúpla soicind tugann an múinteoir an chomhartha chun 'stopadh' mar atá siad. Fanann na páistí gan chorraí a mhéad is féidir ag léiriú an mhothúcháin

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 5

trí dhreach aghaidhe agus coirp.

Plé ar mhothúcháin á léiriú

Críochnaíonn na páistí an Cluiche Dealbh agus suíonn timpeall i gciorcal. Fiafraíonn an múinteoir díobh:

An maith an rud é a thaispeáint i gcónaí conas a mhothaímid?

Spreagtar na páistí le samplaí mar:

Dá bhfeicfeá do chara sa séipéal an gcroithfeá lámh leis/léi? Cén fáth?

Dá mbeadh éad ort faoin mbabaí an mbainfeá liomóg as/aisti? Cén fáth?

Dá mbeifeá ag cóisir agus dá mbeadh na brioscáin phrátaí ar fad imithe sula bhfuair tú deis aon cheann a fháil an gcuirfeá stuaic ort féin?

Míníonn an múinteoir nach bhfuil sé cuí do chuid mothúchán a léiriú le dreacha aghaidhe ná coirp i gcónaí. Tugann sé seo go dtí an tríú cuid den Phlean Gníomhaíochta sinn, ina luaitear mothúcháin a lua, in áit iad a léiriú.

3. Inis faoin mothúchán

Míníonn an múinteoir do na páistí nach féidir a fhios a bheith agat i gcónaí conas a mhothaíonn duine trí fhéachaint air/uirthi amháin. Ag tagairt do na scéalta fiafraíonn an múinteoir:

Cé dó a bhféadfadh Áine (Eoin, Máire) insint go raibh '...' air/uirthi?

Ag tagairt dóibh féin, fiafraíonn an múinteoir de na páistí:

Cé dó a bhféadfá insint dá mbeadh fadhb agat agus dá mbeadh ... ort?

B'fhéidir go bhfuil póstaer de 'Dhaoine a chabhraíonn linn' réitithe agus ar taispeáint sa seomra ranga don téama deireanach. D'fhéadfaí aird na bpáistí a dhíriú air sin. D'fhéadfadh an cluiche seo a leanas teacht uaidh sin.

Cluiche Inste Mothúchán

Cuireann an múinteoir píosaí páipéir le 'mothúchán' scríofa ar gach ceann i mbosca. Piocann na páistí páipéar ansin, féachann siad ar an mothúchán scríofa agus úsáideann é ag rá:

Dá mbeadh ... orm d'inseoinn do ... é.

Nuair a bhíonn a c(h)uid ráite ag gach páiste téann an múinteoir siar ar an bplean gníomhaíochta:

1. **Ainmnigh an mothúchán.**
2. **Léirigh an mothúchán má oireann.**
3. **Labhair faoin mothúchán le duine a bhfuil muinín agat as/aisti.**

Críoch

Fiafraíonn an múinteoir de na páistí ina n-aonar conas a mhothaíonn siad. Má mhothaíonn siad níos fearr ná mar a mhothaigh siad i dtosach ardaíonn siad a lámha. Má mhothaíonn siad níos

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 6

fearr cuireann siad a lámha lena dtaobh. Más mar a chéile a mhothaíonn siad cuireann siad a lámha ar a nglúine.

Forbairt Teanga: Mothúcháin Aibítireacha

Ag scríobh filíochta: Cad é ...?

Forbairt Teanga: Mothúcháin Aibítireacha

Lorgaítear focail ó na páistí a chuireann síos ar mhothúcháin. Féadfaidh siad iad a chur in ord aibítire, m.sh.

áthas
bród
crosta, cantalach
díomá
eagla
fearg
gliondar
imní
sceitimíní
tuirse

I ndiaidh liosta ranga de mhothúcháin a aithint, d'fhéadfadh na páistí iad a liostáil de réir a chompordaí a bhraitheann siad faoi mhothúcháin áirithe thar mhothúcháin eile, scríobh síos an chaoi a léiríonn siad roinnt mothúchán ar bhealaí cuí agus míchuí. Liostáil mothúcháin éagsúla agus léirigh iad i bhfoirm leabhair. Cuir mothúcháin roghnaithe in abairtí, m.sh.

Mothaím mífhoighneach nuair ... (a bhíonn orm feitheamh go dtí go mbíonn mo sheal ann).

Is féidir a fhios a bheith agat go bhfuilim mífhoighneach mar ... (mar go mbuailim mo chos ar an urlár agus go ligim osna).

Ní maith liom nuair a mhothaím mar sin.

Is féidir liom mothú níos fearr ... (trí fhéachaint ar an duine arb é a sheal é dul ar aghaidh).

Is féidir liom taitneamh a bhaint as an spraoi a bhíonn acu ... (trí bheith ag súil le mo shealsa).

Ag scríobh filíochta: Cad é ...?

Ceistigh na páistí faoi bhealaí difriúla mothúcháin. Iarr orthu bealach mothúcháin a roghnú agus focail agus abairtí a thagann ina n-aigne a scríobh síos. Trí chuid díobh sin a roghnú, féadfaidh na páistí 'dánta focal' a chumadh. Mar shampla:

Áthas is ea ...	**Brón is ea ...**
aimsir bhreá	troid le duine a ghráim
spéir ghorm	gan éinne a bheith agam le súgradh leis/léi sa chlós
laethanta saoire	díomá
spórt is spraoi le cairde	madra caillte

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 7

fáilte abhaile agus barróg mhór gealltanas briste

Mar mhalairt, d'fhéadfadh na páistí oidis a scríobh le haghaidh bealaí mothúcháin. Má tá oidis scríofa ag na páistí cheana, beidh eolas acu ar théarmaí mar chomhábhair, taespúnóg, spúnóg bhoird, blúire, cumaisc, measc, corraigh, gread, téigh, leáigh, suanbhruith agus spréigh. Tosaigh na hOidis Mhothúchán le hoideas ranga a scríobh, mar shampla, ar an gclár dubh. Soláthraíonn na samplaí seo a leanas leagan amach agus taispeánfaidh sé do na páistí cad a theastaíonn.

Oideas don Bhrón

Comhábhair:
100g de scamaill dhubha
100g de smaointe dubha
100g de dheora goirte
Taespúnóg osnaí

Modh:
Cumaisc na scamaill agus na smaointe le chéile.
Cuir na deora goirte leis.
Cuir an taespúnóg osnaí leis.
Bácáil i seomra folamh.

Oideas don Mhífhoighne

Comhábhair:
100g d'fheitheamh le ham baile
100g d'fheitheamh le mo lá breithe
100g d'fheitheamh leis an Nollaig
Blúire anbhuaine

Modh:
Corraigh an feitheamh ar fad le chéile.
Cuir an blúire anbhuaine leis.
Déan é a chócaireáil go tapa.

B'fhéidir go mbeartódh an múinteoir, nó b'fhéidir go ligfí do na páistí roghnú, go scríobhfadh na páistí na hOidis Mhothúchán ina n-aonar nó i ngrúpaí. Is féidir iad a léiriú agus a chur le chéile i bhfoirm leabhair. D'fhéadfadh na páistí dán acrastaice a scríobh ar mhothúcháin chomh maith.



5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 8

Fuascailt Fadhbanna: Bealaí ina léirímid conas a mhothaímid

Gníomhaíocht Scríofa: Mothúcháin

Fuascailt Fadhbanna: Bealaí ina léirímid conas a mhothaímid

D'fhéadfaí iarraidh ar na páistí aon cheann de na suímh seo a leanas a mheas agus fuascailt a sholáthar i bhfoirm gníomhartha. Baineann na moltaí seo a leanas leis an gcuspóir agus is féidir cuid acu a dhéanamh i bhfoirm gníomhartha.

Sna suímh seo a leanas

Conas a bhraithfeá ...?

Cad a dhéanfá ...?

An mbeadh an suíomh níos fearr nó níos measa ...?

- **dá mbeadh páistí eile de shíor do do bhrú sa chlós?**
- **dá mbeadh an páiste láimh leat de shíor ag caint agus dá gceapfadh an múinteoir gur tusa a bhí ann?**
- **dá mbeadh an páiste láimh leat de shíor ag cóipeáil do chuid oibre, agus dá ndéarfadh an múinteoir go raibh obair an pháiste eile an-mhaith agus dá n-inseodh sé/sí gur chóir duitse a bheith níos slachtmhaire?**
- **dá mbeadh lá breithe do dhearthár ann agus go raibh an chuma air go raibh gach duine i ndiaidh dearmad a dhéanamh ortsa?**
- **dá mbeifeá ag siopadóireacht le d'athair agus go hobann go raibh ort dul chuid an leithreas?**
- **dá mbeifeá ar siúlóid agus dá mothófá go raibh duine éigin sa tóir ort?**
- **dá mbeifeá amuigh le do chairde, dá mbuailfeá le cara do Mhamaí agus dá gcaithfeadh sí leat mar dhuine an-óg ag tabhairt barróga láidre duit?**
- **dá dtiocfá abhaile agus dá gcloisfeá an nuacht bhrónach go raibh do Dhaideo i ndiaidh báis?**

Gníomhaíocht Scríofa: Mothúcháin

Iarr ar na páistí scríobh faoi amanta go raibh siad míshásta, trína chéile, go raibh éad, náire, fearg, uaigneas nó brón orthu:

Cén fáth gur mhothaigh tú mar sin?

Cad a rinne tú?

Cad dúirt tú?

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 9

Ar chuir aon rud feabhas ort?

Samplaí:

Náire

Nuair a dhéanaim botúin ar scoil, os comhair na ndaoine eile sa rang, bíonn náire orm. Nuair a bhíonn náire orm deargaíonn m'aghaidh. Ní bhím in ann smaoineamh ar rud le rá agus ansin méadaítear ar an náire a bhíonn orm. Nuair a labhraím faoi seo le mo chairde braithim níos fearr. Braitheann siad ar fad an tslí chéanna. Ní lú an meas a bhíonn acu orm mar gheall ar bhotúin a dhéanaim ar scoil. Ach bíonn náire orm mar sin féin, ach ní bhíonn sí chomh mór is a bhíodh sí.

Éad

Nuair a chuaigh mo dheirfiúr chuig an ospidéal, bhí éad orm mar gur uirthi sin a díríodh aird gach duine. Bhéic mé an-chuid agus dhún mé doirse de phlab. Nuair a labhair mé le mo Mhamaí faoi, bhraith mé níos fearr. Mhínigh sí dom gur mar a chéile an grá a bhí aici dúinn beirt. D'iarr sí orm smaoineamh faoin gcaoi a mbraitheann mo dheirfiúr. Bhí a fhios agam nár bhraith sí rómhaith agus thuig mé gurb amhlaidh a bheadh uaigneas uirthi agus í san ospidéal. Nuair a thug mé cuairt uirthi ina dhiaidh sin thug mé iasacht mo (rogha bréagáin, válcaire) di ionas nach mbeadh sí chomh huaigneach sin.

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 10

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 11

Ag éisteacht le ceol: Ceol le Mothúcháin

Gníomhaíocht Ealaíne: Laethanta Sona

Ag éisteacht le ceol: Ceol le Mothúcháin

Cuir píosa ceoil ar siúl a spreagann giúmar ar leith nó meascán mothúchán. D'fhéadfá píosa clasaiceach a roghnú. Soláthraíonn cnuasaigh chlasaiceacha ar chaiséad meascán maith. Mar mhalairt, d'fhéadfadh na páistí cuid de na caiséid nó dlúthdhioscaí ceoil is ansa leo a thabhairt isteach a bhféadfadh an múinteoir roghnú uathu.

Ina measc sin atá machnamhach agus a chothaíonn giúmar machnamhach tá:

'Pavane' Andante (An Dara Gluaiseacht) Gabriel Faure

Coinseartó Pianó Uimh. 21 'Elvira Madigan' Mozart

An Dara Gluaiseacht; Adagio, Concierto De Aranjuez Joaquin Rodrigo

Adagio in G Beag Tomaso Albinoni.

An Dara Gluaiseacht; Largo, Siansa Uimh. 9 in E Beag 'From The New World' Antonin Dvorák.

An Chéad Ghluaiseacht; Adagio-moderato, Coinséartó Dordveidhle, Edward Elgar.

Meditation; Thaïs, Jules Massenet.

Intermezzo, Cavalleria Rusticana, Pietro Mascagni.

Ansin tá na cinn sin atá níos bríomhaire agus beoga:

The Hallelujah Chorus, George Frideric Handel

Jupiter 'The Bringer of Jollity' Gustav Holst

'The Emperor Waltz' Johann Strauss II

Ode to Joy' Joy' ón gCeathrú Gluaiseacht, Siansa Uimh. 9 in D Beag, Ludwig von Beethoven

'O Fortuna', Carmina Burana, Carl Orff.

'Ride of the Valkyries', Richard Wagner.

Prélude, Carmen, Georges Bizet.

Chorus of the Hebrew Slaves, Nabucco, Giuseppe Verdi.

Waltz of The Flowers, The Nutcracker Suite, Peter Ilyich Tchaikovsky.

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Inniu táimid chun éisteacht le píosa ceoil dar teideal .....

5. Expressing Feelings/irish:5. Expressing Feelings/irish 14/07/2009 11:13 Page 12

le .....

Ligigí bhur scíth (sos)

Suígí síos go compordach (sos)

Cuirigí bhur gcosa sínte ar an urlár (sos)

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine (sos)

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile (sos)

(I gcogar nach mór) Éistigí ... éistigí ... (Cuir an píosa ceoil ar siúl)

Le do shúile dúnta i gcónaí éist leis an gceol ... féach do shamhlaíocht ... féach cad a chuireann an ceol i gcuimhne duit ... (sos)

Conas a bhraitheann tú?

Conas a bhraith an cumadóir, dar leat, nuair a scríobh sé/sí an píosa?

Cén fáth go ndeir tú é sin?

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

Ina dhiaidh féadfaidh na páistí insint duit faoin gcaoi ar mhothaigh siad agus pictiúir a tharraingt den mhéid a tháinig isteach ina n-intinn. Ní hann d'aon fhreagra ceart ná mícheart!

Gníomhaíocht Ealaíne: Laethanta Sona

Iarr ar na páistí pictiúr, nó sraith pictiúr, a tharraingt a chuireann síos ar ócáid nuair a bhí siad sona lena gcairde nó teaghlach. D'fhéadfaí béim a chur ar dhathanna láidre glé chun mothúcháin a léiriú. D'fhéadfaí bolgáin chainte a tharraingt ina bhféadfadh na páistí scríobh síos cad tá á rá ag daoine.

D'fhéadfaí na Mothúcháin Shona seo a phlé agus a chur ar taispeáint sa seomra ranga.

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 1

6 Ag ullmhú do Bheatha Nua

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 2

Téama 6

Ag ullmhú do Bheatha Nua

Aidhm: An deis a thabhairt do na páistí foghlaim faoin aire is gá do mháthair a thabhairt agus í ag feitheamh le breith babaí.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Cuairt:	Ó Thuismtheoir(í) agus Babaí
Labhraimís:	Faoi ullmhú do Bheatha Nua

Rogha 2

Ceacht Eolais:	Ag tabhairt aire don Bhabaí
Am Scéil:	'Mise atá ann!' le Clare Maloney

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Scríofa (1):	Litir Buíochais
Gníomhaíocht Scríofa (2):	Faoin gCuairteoir/gCeacht

Nóta ar Bheatha Nua

Is mó cleachtadh a fhaigheann páistí ar bheatha nua - an t-earrach, fás nua sa ghairdín, peataí nua ag baile nó peataí nua ar an bhfeirm, teacht babaí nua (deartháir nó deirfiúr, col ceathrair nó comharsa). Is rídheas an t-iontas a spreagtar iontu leis an tarlú is simplí de bheatha nua agus féadfaidh siad tuiscint nua a mhúscailt sna daoine fásta timpeall orthu go fiú ar phéacán glas san earrach. Trí mhúineadh do pháistí conas beatha nua agus an chaoi a dtarlaíonn sí a thuiscint, spreagann an múinteoir iad gan talamh slán a dhéanamh de na míorúiltí laethúla seo agus músclaíonn iontu meas agus luach ar bheatha nua.

Moltaí amháin atá sna modhanna múinteoireachta seo a leanas. B'fhéidir go mbeadh múinteoirí ní ba chompordaí ag múineadh na n-ábhar seo agus ní ba mhuiníní faoi cheisteanna a d'fhéadfadh na páistí a chur a fhreagairt dá ndéanfaidís roinnt léitheoireachta cúlra ar dtús. B'fhéidir go mbeadh straitéisí chun déileáil le ceisteanna na bpáistí i bpolasaí na scoile.

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 3

Rogha 1

Cuairt: Ó Thuismtheoir(í) agus Babaí

Labhraimís: Faoi ullmhú do Bheatha Nua

Cuairt: Ó Thuismtheoir(í) agus Babaí

Eagraigh cuairt ó thuismitheoir(í) agus babaí chuig an rang. Is é fócas an cheachta seo an aire is gá do mháthair a thabhairt sula saolaítear babaí di. Déantar machnamh ar ról na mball eile den teaghlach chomh maith. Soláthraíonn cuairt dá leithéid, nuair a ullmhaítear i gceart é, an deis do na páistí iontas beatha nua a thuiscint agus a cheiliúradh.

Tá céimeanna chun ullmhú do chuairteoir le fáil faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Labhraimís: Faoi ullmhú do Bheatha Nua

Má tá tú i ndiaidh an rogha a dhéanamh iarraidh ar thuismitheoir(í) agus babaí teacht ar cuairt, b'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

Cad is ainm don pháiste? Cén fáth gur tugadh an t-ainm sin ar an mbabaí?

Cén aois é/í an babaí?

Cén airde agus cén meáchan a bhí ag an mbabaí nuair a saolaíodh é/í?

Cén airde agus cén meáchan atá ag an mbabaí anois?

An bhfuil an babaí athraithe mórán ó saolaíodh é/í?

Is féidir na ceisteanna seo a chur ar an gcuairteoir nó a úsáid mar cheacht a leanann ón gCeacht Eolais i Rogha 2. Is moltaí don mhúinteoir na freagraí a thugtar.

Cá raibh an babaí sular saolaíodh é/í?
Taobh istigh dá M(h)amaí, ina broinn.

Cá fhad a bhí sé/sí taobh istigh dá M(h)amaí?
Isteach is amach le naoi mí.

Cén cineál bia a thugann tú don bhabaí nua?
Má bhíonn an chíoch á tabhairt ag an máthair don bhabaí b'fhéidir gur mhaith léi a mhíniú cén fáth go bhfuil bainne cíche an-mhaith go deo don bhabaí.

Cad a d'íosadh an babaí sular saolaíodh é/í?
Tugadh bia agus ocsaigin tríd an tsreang imleacáin, nó tiúb cothúcháin, ón máthair go corp an bhabaí. Thaistealaíodh an bia timpeall chorp an bhabaí agus ansin ar ais go corp na máthar. Ar an tslí ar ais thugtaí fuíollábhar ó chorp an bhabaí go corp na máthar.

Nuair a saolaíodh an babaí, ní raibh gá aige/aici leis an tsreang imleacáin nó tiúb cothúcháin seo a thuilleadh - cad a tharla di mar sin?
Chuir an banaltra snaidhm inti agus bhain den bhabaí í san ospidéal. Is éard a bhí fágtha ar an mbabaí ansin rud ar a dtugtar imleacán.

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 4

Cén aire speisialta a bhí le tabhairt ag an máthair di féin sular saolaíodh an babaí? Conas a thugadh sí aire di féin?
Sheachnaíodh sí ualaí troma a iompar agus a bheith ina seasamh ar feadh tréimhsí fada.

Cén aire speisialta a thug sí maidir leis an mbia a d'íosadh sí?
D'íosadh sí bia úr, mar shampla glasraí agus torthaí. Sheachnaíodh sí bia mar sheacláid agus brioscaí.

Cén cineál aire eile a thugadh sí di féin?
B'fhéidir gur sheachain sí ábhar míochaine nó alcól a thógáil mar go mb'fhéidir go dtaistealódh cuid de tríd an tsreang imleacáin nó tiúb cothúcháin agus go mbeadh drochthionchar aige ar an mbabaí.

Dá mba chaiteoir tobac í, b'fhéidir go mbeadh sí i ndiaidh an caitheamh a stopadh nó b'fhéidir go mbeadh sí i ndiaidh iarracht a dhéanamh fanacht amach ó sheomraí toiteacha. B'fhéidir go mbeadh sí i ndiaidh iarraidh ar bhaill eile den teaghlach gan caitheamh agus í timpeall orthu.

Cad a dhéanadh sí faoi aclaíocht réidh agus a scíth a ligean?

Conas a chabhraíodh an t-athair? Conas a chabhraíodh daoine eile sa teaghlach?

I ndiaidh naoi mí sa bhroinn, cén chaoi ar tháinig an babaí amach?
Tríd an bhfaighin, an oscailt óna bhfágann an babaí broinn na máthar.

D'fhéadfaí an cuairteoir a cheistiú:

Cad é an chéad rud a dúirt an mháthair nuair a chonaic sí an babaí nua?

Cad a rinne nó cad dúirt an t-athair? Cad a rinne nó cad dúirt daoine eile?

Cad a rinne an babaí?

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 5

Rogha 2

Ceacht Eolais:	Ag tabhairt aire don Bhabaí
Am Scéil:	'Mise atá ann!' le Clare Maloney

Ceacht Eolais: Ag tabhairt aire don Bhabaí

Ba chóir go mbeadh an t-eolas a thugtar sa cheacht seo simplí. Tá na ceannteidil ann mar threoir don mhúinteoir.

Cothú sa bhroinn agus feidhm na sreinge imleacáin
Sula saolaítear babaí caitheann sé/sí thart ar naoi mí i mbroinn a m(h)áthar. Faigheann an babaí bia óna m(h)áthair trí thiúb ar a dtugtar sreang imleacáin. San fhuil a thaistealaíonn tríd an tsreang iompraítear méideanna beaga bídeacha de bhia díleáite agus ocsaigin chuig corp an bhabaí. Taistealaíonn an fhuil timpeall chorp an bhabaí agus ansin ar ais chuig an máthair. Ar an tslí ar ais iompraíonn sí fuíollábhar ó chorp an bhabaí ar ais chuig corp a m(h)áthar. Nuair a shaolaítear an babaí ní bhíonn gá aige/aici leis an tsreang imleacáin a thuilleadh agus mar sin cuireann an banaltra snaidhm inti agus gearrann den bhabaí í san ospidéal. Ní ghortaíonn sé sin an babaí in aon chor. Leigheasann an colm a fhágtar ar an mbabaí go pras. An t-imleacán a thugtar air sin.

Dea-Chothú
Teastóidh ó mháthair atá ag súil le babaí aire mhaith a thabhairt dó/di. Nuair a itheann sí bia, ní hamháin go mbíonn sí á cothú féin ach bíonn sí ag cothú an bhabaí chomh maith. Is féidir le máthair atá ag súil le babaí cabhrú lena babaí fás go láidir agus go sláintiúil trí bhia sláintiúil a ithe. Ciallaíonn sé sin cuid mhaith cineálacha éagsúla bia úir a ithe mar fheoil, ábhar déiríochta, torthaí agus glasraí.

Ag tabhairt aire le hábhar míochaine, alcól agus timpeallachtaí toiteacha
Seachnaíonn máthair atá ag súil le babaí ábhar míochaine nó alcól a thógáil de ghnáth. Is é an chúis leis sin ná go bhféadfadh cuid den ábhar míochaine nó den alcól taisteal tríd an tsreang imleacáin chuig an mbabaí agus ní maith sin don bhabaí. Beartaíonn cuid mhaith máithreacha torracha gan tobac a chaitheamh agus seachnaíonn siad seomraí toiteacha. B'fhéidir go n-iarrfaidís ar bhaill eile den teaghlach a chaitheann tobac gan déanamh amhlaidh nuair a bhíonn siad timpeall.

Roinnt bealaí eile inar féidir le baill eile den teaghlach cabhrú
Ní mór do mháthair atá ag súil le babaí dóthain scíthe a ligean agus níos mó sosanna a thógáil agus í ag obair timpeall an tí. Is féidir le daoine eile sa teaghlach cabhrú tríd na meáchain throma a iompar, ar nós málaí siopadóireachta, a d'fhéadfadh pian sa droim a thabhairt. Is ábhar péine sa droim í an fholúsghlantóireacht agus leapacha a dhéanamh. Is tuirsiúla ná riamh a bheith i do sheasamh ar feadh tréimhse fada. Ní mór don mháthair atá ag súil le babaí obair an tí a roinnt le baill eile den teaghlach - obair mar leapacha a dhéanamh, an fholúsghlantóireacht, an iarnáil agus an níochán.

Taisteal/Obair
Is minic a ligfidh daoine ar bhusanna agus traenacha róphlódaithe do bhean thorrach a suíochán a ghlacadh mar go dtuigeann siad go bhfuil gá aici le scíth fad a bhíonn an jab speisialta seo den bhabaí a iompar aici sula mbíonn an babaí ullamh le saolú. Iompraíonn bean atá ag súil le babaí meáchan breise agus mar sin ní bhíonn a cothromaíocht chomh maith is a bhíodh sí. Ní gnách teacht ar bhean thorrach i mbun dréimire a dhreapadh ná i mbun rothaíochta.

Aclaíocht
Tá an aclaíocht tábhachtach. Tá an siúl agus an snámh an-mhaith go deo.

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 6

Coinní leis an dochtúir
Téann máthair atá ag súil le babaí chuig an dochtúir go minic. Meánn an banaltra í ag gach cuairt. Uaidh sin bíonn a fhios ag an máthair go bhfuil an babaí taobh istigh ag fás go seasta. Bíonn bealaí eile ann ina mbíonn a fhios ag an máthair faoin mbabaí. I ndiaidh cúig mhí sa bhroinn nó mar sin, bíonn an babaí mór go maith, agus nuair a bhogann sé/sí braitheann an mháthair é/í. B'fhéidir go ndéarfadh máthair go bhfuil sé mar fhéileacán ag cleitearnach nó iasc beag ag dul fiarlán laistigh di. Nuair a éiríonn an babaí níos mó agus níos láidre, braitheann an mháthair go bhfuil buille á thabhairt sna heasnaíocha di nuair a bhogann an babaí. Is tráth an-chorraitheach don mháthair é an chéad uair a tharlaíonn sé sin. Gach uair a tharlaíonn sé cuirtear míorúilt na beatha nua i gcuimhne don mháthair agus an babaí álainn ag fás laistigh di.

Bíonn an babaí ag foghlaim faoin m(h)áthair chomh maith. Ó shé mhí ar aghaidh, cloiseann an babaí bualtaí croí na máthar, a goile ag geonaíl agus an ceol ar maith léi éisteacht leis. Aithníonn an babaí guth na máthar chomh maith agus is ábhar suaimhneach don bhabaí an guth sin i ndiaidh an tsaolaithe. Saolaítear an babaí i ndiaidh naoi mí.

Am Scéil: 'Mise atá ann!' le Clare Maloney

Iarrann an scéal seo a leanas ar na páistí cuairt shamhailteach a thabhairt ar an 'Domhan Laistigh' den bhroinn. Léirítear sreabhacht na broinne agus an próiseas foirmithe atá ag tarlú ann leis na cleasa litríochta mar éagmais ceannlitreacha. Tugann blúirí beaga véarsaíochta struchtúr agus foirm bhreise do chorp an bhabaí atá i mbéal forbartha. Baineann an scéal úsáid as tuairim na 'prochóige' atá ar eolas coitianta ag cuid mhaith páistí ón súgradh mar áit shlán shábháilte. Ba chóir go n-inseofaí an scéal i nglór ciúin, go mall, ag léiriú síocháin agus ciúnas na broinne.

'Mise atá ann!' le Clare Maloney

Lá dá raibh broinn ann, i bhfad ón 'domhan mór lasmuigh', bhí
'domhan beag laistigh'; bhí an
'domhan beag laistigh' seo
chomh mín le síoda
chomh sona agus sásta
lán síochána is scíthe
lán grá is croí
codladh sámh suaimhneach
curtha i bhfolach go cúramach
ag snámh mar bholgóid
ag maireachtáil gan trioblóid ...

Ansin
'sa phrochóg! táim ann, táim ann
gan aon dul siar!'
a deir an ruidín beag le gáire
ó áit éigin eile
anois sa phrochóigín sa 'domhan beag laistigh'
socraíonn sé go séimh mar shúile tuirseacha babaí agus titeann
a chodladh, a chodladh

i ndiaidh roinnt ama sa bhroinn, creathanna beaga agus
creathán bídeach agus
hó hó, hé hé
tá radharc ag teacht chugam
mo chorp ag foirmiú
mo cheann ag foirmiú
an tús le 'mise'!

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 7

agus le linn am fada sin na broinne,
fásann an ceannín beag sin agus
an coirpín sin lena neart ar fad go dtí
i ndiaidh bhreis am broinne sleamhnaíonn an taibhreamh ina chodladh sámh
agus déanann sé meangadh gáire leis an aghaidh a fheiceann sé
tá aghaidh ag mo cheann
cluas; cluas - súil; súil
leicne; srón; béal; teanga
agus mo mheangadh gáire féin

hó hó, hé hé
níos cosúla le 'mise' ná riamh
agus le linn an ama sin sa bhroinn fásann mo chorp
lena neart ar fad go dtí go tobann ... léimeann sé;
léimeann ina chodladh agus faigheann rudaí amach ...
hó hó; hé hé
níos cosúla le 'mise' ná riamh

agus le linn am fada sin na broinne fásann mo cheann is mo chorp
agus mo lámha is cosa go dtí ...
nach bhfuil mórán spáis ann don fhás sa phrochóg, sa
'domhan beag laistigh' ... agus ina cheirtlín a bhíonn an rud beag seo
chomh teann le mála píobaire agus, bhuel, ag fás is ag fás i gcónaí
go dtí go dteastaíonn uaidh a chosa is a lámha is a mhéara a shíneadh;

teastaíonn uaidh dul amach; dul amach ag súgradh; teastaíonn uaidh ...
agus mar sin tá deireadh le ham fada sin na broinne; agus ag sá lena neart ar fad ...
hó hó; hé hé
táim amuigh; táim saor
tar agus féach
Mise do bhabaí nua

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 8

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Scríofa (1):	Litir Buíochais
Gníomhaíocht Scríofa (2):	Faoin gCuairteoir/gCeacht

Gníomhaíocht Scríofa (1): Litir Buíochais

Iarr ar na páistí litir buíochais a scríobh chuig an gcuairteoir. B'fhéidir go luafadh na páistí sa litir seo rud éigin a dúirt an cuairteoir leo nach raibh ar eolas acu cheana nó ar mheas siad é a bheith suimiúil. Uaidh sin, d'fhéadfaí an litir a úsáid chun dul siar ar ar foghlaimíodh sa cheacht.

Gníomhaíocht Scríofa (2): Faoin gCuairteoir/gCeacht

Mar ghníomhaíocht a leanann ón gCuairt nó ón gCeacht Eolais d'fhéadfá iarraidh ar na páistí scríobh faoin méid a d'fhoghlaim siad. D'fhéadfadh an múinteoir treoirlínte a thabhairt i bhfoirm ceisteanna (mar a dhéantar sa mhír Labhraimís den cheacht seo), nó abairtí gan chríochnú ar an gclár dubh, m.sh.

Cuairteoir Speisialta chuig an Seomra Ranga

Inniu, tháinig Babaí ... agus ... ar cuairt chuig ár seomra ranga. Tá Babaí ... ... seachtaine d'aois.

Sula saolaítear babaí caitheann sé/sí thart ar ... mí i ... a m(h)áthar.

Faigheann an babaí ... trí thiúb ar a dtugtar an tsreang imleacáin.

Nuair a shaolaítear an babaí, ní bhíonn gá aige/aici leis an tsreang imleacáin a thuilleadh agus ...

Leigheasann an colm a fhágtar ar an mbabaí go pras.

Tugtar ... air sin.

Beidh an mháthair ag iarraidh togha na haire a thabhairt don bhabaí.

Mar go bhfuil sí ag tabhairt beatha di féin agus don bhabaí araon, déanfaidh máthair atá ag súil le babaí iarracht ... a ithe.

B'fhéidir go n-iarrfadh sí ar dhaoine eile sa teaghlach ...

Déanfaidh sí iarracht dóthain scíthe a ligean agus a laghad oibre a dhéanamh timpeall an tí.

Is féidir le baill eile den teaghlach cabhrú trí ...

Tá an aclaíocht tábhachtach, go háirithe ...

Téann máthair atá ag súil le babaí ar cuairt chuig an dochtúir go rialta. Ag gach cuairt déanannn an dochtúir nó an banaltra ...

Uaidh sin bíonn a fhios ag an máthair ...

I ndiaidh naoi mí saolófar an babaí.

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 9

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná an deis a thabhairt do na páistí foghlaim faoin aire is gá do mháthair a thabhairt agus í ag feitheamh le breith babaí. Is mó cleachtadh a fhaigheann páistí ar bheatha nua - an t-earrach, fás nua sa ghairdín, peataí nua ag baile nó peataí nua ar an bhfeirm, teacht babaí nua (deartháir nó deirfiúr, col ceathrair nó comharsa).

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

▲ **Pléigh le do pháiste teacht babaí nua sa teaghlach:**

Cá raibh ... (ainm an bhabaí) **sular saolaíodh é/í?**

An bhfuil a fhios agat cá fhad a bhí ... laistigh de ... (ainm Mhamaí) **ina broinn?**

Cén cineál bia a thugtar do ...?

Cad a d'íosadh ... sular saolaíodh é/í? (Tugadh bia/cothú ón máthair chuig an mbabaí trí thiúb cothúcháin ar a dtugtar sreang imleacáin.)

Cad a tharlaíonn don tsreang imleacáin nuair a shaolaítear an babaí? (Cuireann na banaltraí snaidhm inti agus gearrann ag an ospidéal í. Is é a fhágtar ina áit rud ar a dtugtar imleacán.)

▲ **B'fhéidir go bhféadfá féin agus do pháiste cuairt a thabhairt agus 'agallamh' a chur ar dhuine atá ag súil le babaí nó ar dhuine a raibh babaí aici le déanaí:**

Cén aire ar leith is gá do bhabaí a thabhairt sula saolaítear babaí?

Cén aire ar leith a thugann sí maidir leis an mbia/deoch a thógann sí?

Cad a dhéanann sí faoi scíth agus aclaíocht?

Conas is féidir le daoine eile sa teaghlach cabhrú?

▲ **Ceist a chuirfidh formhór na bpáistí ná 'Cén chaoi ar tháinig an babaí amach as an Mamaí?' Is é an freagra simplí air sin ná 'Trí oscailt i gcorp na Mamaí ar a dtugtar an fhaighin'. Níl aon ghá le cur síos mion a thabhairt ar luí seoil agus an bhreith. B'fhéidir gur léadh nó nár léadh an dán leis seo agus b'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach é a léamh ag baile le do pháiste.**

Am Scéil: **'Mise atá ann!'** le **Clare Maloney**

Iarrann an scéal seo a leanas ar na páistí cuairt shamhailteach a thabhairt ar an 'Domhan Laistigh' den bhroinn. Léirítear sreabhacht na broinne agus an próiseas foirmithe atá ag tarlú ann leis na cleasa litríochta mar éagmais ceannlitreacha. Tugann blúirí beaga véarsaíochta struchtúr agus foirm bhreise do chorp an bhabaí atá i mbéal forbartha. Baineann an scéal úsáid as tuairim na 'prochóige' atá ar eolas coitianta ag cuid mhaith páistí ón súgradh mar áit shlán shábháilte. Ba chóir go n-inseofaí an scéal i nglór ciúin, go mall, ag léiriú síocháin agus ciúnas na broinne.

'Mise atá ann!' le **Clare Maloney**

Lá dá raibh broinn ann, i bhfad ón 'domhan mór lasmuigh', bhí
'domhan beag laistigh'; bhí an
'domhan beag laistigh' seo
chomh mín le síoda
chomh sona agus sásta
lán síochána is scíthe
lán grá is croí
codladh sámh suaimhneach
curtha i bhfolach go cúramach
ag snámh mar bholgóid
ag maireachtáil gan trioblóid ...

Ansin
'sa phrochóg! táim ann, táim ann
gan aon dul siar!'
a deir an ruidín beag le gáire
ó áit éigin eile
anois sa phrochóigín sa 'domhan beag laistigh'
socraíonn sé go séimh mar shúile tuirseacha babaí agus titeann
a chodladh, a chodladh

i ndiaidh roinnt ama sa bhroinn, creathanna beaga agus
creathán bídeach agus
hó hó, hé hé
tá radharc ag teacht chugam
mo chorp ag foirmiú
mo cheann ag foirmiú
an tús le 'mise'!
agus le linn am fada sin na broinne,
fásann an ceannín beag sin agus
an coirpín sin lena neart ar fad go dtí
i ndiaidh bhreis am broinne sleamhnaíonn an taibhreamh ina chodladh sámh
agus déanann sé meangadh gáire leis an aghaidh a fheiceann sé
tá aghaidh ag mo cheann
cluas; cluas - súil; súil
leicne; srón; béal; teanga
agus mo mheangadh gáire féin

hó hó, hé hé
níos cosúla le 'mise' ná riamh
agus le linn an ama sin sa bhroinn fásann mo chorp
lena neart ar fad go dtí go tobann ... léimeann sé;

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 11

léimeann ina chodladh agus faigheann rudaí amach ...
hó hó; hé hé
níos cosúla le 'mise' ná riamh

agus le linn am fada sin na broinne fásann mo cheann is mo chorp
agus mo lámha is cosa go dtí ...
nach bhfuil mórán spáis ann don fhás sa phrochóg, sa
'domhan beag laistigh' ... agus ina cheirtlín a bhíonn an rud beag seo
chomh teann le mála píobaire agus, bhuel, ag fás is ag fás i gcónaí
go dtí go dteastaíonn uaidh a chosa is a lámha is a mhéara a shíneadh;

teastaíonn uaidh dul amach; dul amach ag súgradh; teastaíonn uaidh ...
agus mar sin tá deireadh le ham fada sin na broinne; agus ag sá lena neart ar fad ...
hó hó; hé hé
táim amuigh; táim saor
tar agus féach
Mise do bhabaí nua

6.Preparing For New Life/irish:6.Preparing For New Life/irish 14/07/2009 11:12 Page 12

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 1

7 Ár gCéadfaí

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 2

Ár gCéadfaí

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoina mbaill chéadfacha agus a bhfeidhmeanna.

Má tá míchumas ar leith a bhaineann le ceann dá mbaill chéadfacha ag páiste, ní bheidh cuid de na gníomhaíochtaí seo oiriúnach. Beidh gá le tuiscint ón múinteoir i gcónaí. Áiríodh na céadfaí, mar ábhar, sna hábhair acmhainní do Ranga a hAon. Tugtar roinnt coincheapanna agus foclóra isteach a fhorbrófar sna ranganna arda. Ina measc sin tá cealla agus fás na gceall, agus tábhacht na hinchinne mar stiúrthóir an choirp agus a fheidhmeanna. Is bealach suimiúil iad na céadfaí, mar ábhar, do pháistí chun tús a chur le foghlaim faoi chorp an duine. Tá sé an-bhainteach le hábhar chomh maith maidir lena dtaithí.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Ceacht Eolais:	Ár gCéadfaí
Feicimis:	Cad tá foghlamtha againn

Rogha

Scrúdaímis:	Ag úsáid ár gCéadfaí
Labhraimís:	Faoin méid a rinneamar

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ag scríobh filíochta:	Ár gCéadfaí
Am Ciúin:	Ag úsáid ár gCéadfaí

Nóta ar an Teanga don Chorp

Tá an-chumhacht i dteanga agus nuair nach mbíonn na téarmaí bitheolaíochta don chorp ar eolas ag na páistí fágtar faoi mhíbhuntáiste iad. Chun an foclóir seo a thabhairt do na páistí, moltar go mbaineann an múinteoir úsáid as gnáth-tharluithe laethúla chun focail don chorp agus d'fheidhmeanna an choirp a mhúineadh, go nádúrtha agus gan aon róbhéim.

Sa leabhrán OCG do Thuismitheoirí, "Ag Dul Chun Cinn le Chéile", tugtar an réasúnachas seo a leanas maidir le húsáid na téarmaíochta cruinne le haghaidh pháirteanna an choirp:

Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn páistí an foclóir cuí chun gnéithe den saol a bhaineann le gnéasacht, fás agus athruithe fisiceacha a gcorp a phlé ionas go mbeidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh fúthu féin go muiníneach.

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Rang a Trí Téama 7 Ár gCéadfaí

Nuair a thosaíonn páistí ar scoil, níl sé neamhghnách - tá sé coitianta go maith dáiríre - go mbeadh ainm eile acu ar a mbaill ghiniúna. Ba chóir, áfach, úsáid na dtéarmaí cruinne do pháirteanna an choirp agus d'fheidhmeanna an choirp a spreagadh a luaithe is féidir, ionas go dtugtar stádas agus inghlacthacht do na téarmaí sin.

De réir mar a éiríonn páistí níos sine agus níos compordaí leis na focail seo, féadfaidh siad gnéithe dá bhfás agus dá bhforbairt a phlé le suaimhneas. Ina theannta sin, laghdaítear an seans go mbainfidh siad úsáid as teanga neamhoiriúnach nó gháirsiúil agus iad ag tagairt don chorp nó d'fheidhmeanna an choirp. (lgh. 17-18)

Ba chóir go mbeadh Polasaí OCG na Scoile soiléir maidir le ról an mhúinteora nuair a thagann deiseanna chun solais go neamhfhoirmiúil sa rang chun teanga a shoiléiriú. Sampla simplí de sin is ea go bhféadfadh páiste a bhfuil a m(h)áthair ag iompar a rá "Tá babaí ag mo Mhamaí ina bolg". B'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach a rá gurb éard a thugtar ar an áit speisialta i gcorp mná ina gcaitheann páiste naoi mí sula saolaítear é/í ná broinn.

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 4

Rogha 1

Ceacht Eolais:	Ár gCéadfaí
Feicimis:	Cad tá foghlamtha againn

Ceacht Eolais: Ár gCéadfaí

Eolas cúlra don mhúinteoir:

Is éard atá i gcealla an t-ábhar as a ndéantar gach rud atá beo;

Is éard atá i bhfíochán grúpa ceall comhchosúil le feidhm speisialta;

Is éard atá in orgán (ball) grúpa fíochán a oibríonn le chéile chun feidhm speisialta a chomhlíonadh.

Tá an ceacht seo i bhfoirm bhabhta tobsmaointeoireachta. B'fhéidir go mbeadh an leagan amach seo níos suimiúla do roinnt páistí ná an 'Ceacht Eolais' díreach. Ar an mbealach seo is féidir leis an múinteoir an t-eolas atá ag na múinteoirí cheana a fháil amach uathu agus aon mhíthuiscint a shoiléiriú. Seo a leanas roinnt moltaí:

An féidir leat sampla d'aon orgán sa chorp a thabhairt dom?

(An croí, na scamhóga, na duáin, an ae, srl.)

Míníonn an múinteoir gur as cineálacha éagsúla ceall a dhéantar na horgáin:

Is iad cealla na néaróg na teachtairí;

Is iad cealla na fola na comhraiceoirí a chosnaíonn an corp ar ghalar;

Is iad cealla na matán a éiríonn mór agus beag - ag at agus ag crapadh.

Tomhais cé mhéad cill atá i do chorp?

Tá na milliúin cill i do chorp. Nuair a éiríonn na cealla sin traochta agus nuair a fhaigheann siad bás tagann cinn nua ina n-áit.

An bhfuil a fhios agat cad iad na cúig orgán chéadfacha atá agat?

Is iad sin do shúile, do chluasa, do shrón, do theanga agus do chraiceann. Feiceann tú le do shúile, cloiseann tú le do chluasa, bolaíonn tú le do shrón, blaiseann tú le do theanga agus braitheann tú, go fisiceach, le do chraiceann. Ach, dáiríre, ní féidir leis na horgáin sin feidhmiú gan cúnamh ón inchinn. San inchinn tá na milliúin cill agus néaróg. Seolann na horgáin chéadfacha teachtaireachtaí ar bhealaí, ar a dtugtar néaróga, chuig an inchinn. Nuair a fhaigheann an inchinn na teachtaireachtaí sin insíonn sí don chorp an chaoi le freagairt. Taifeadann sí an t-eolas chomh maith i dtaisce chuimhne.

Cad is néaróg ann?

Is iad na néaróga teachtairí na choirp. Seolann teachtaireachtaí faoin méid a fheiceann na súile nó faoin méid a chloiseann na cluasa feadh bhealaí na néaróg chuig an inchinn.

Conas a oibríonn do shúile?

Téann solas isteach i do shúil, tríd an mac imrisc, agus feadh na néaróige (optaí) chuig an inchinn. Insíonn d'inchinn duit ansin cad tá á fheiceáil agat.

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 5

Conas a oibríonn do chluasa?

Cruthaíonn fuaimeanna tonnchreathanna nó fuaimthonnta. Cuireann siad tiompán na cluaise sa chluas ag tonnchreathadh. Seolann na tonnchreathanna sin feadh na néaróg chuig an inchinn. Insíonn d'inchinn duit cad tá á chloisteáil agat.

Conas a bholaíonn tú?

Tarraingítear aer isteach i do shrón nuair a análaíonn tú. Teagmhaíonn an t-aer do na néaróga (boltanacha). Tugann na néaróga an teachtaireacht chuig an inchinn. Insíonn d'inchinn duit cad tá á bholú agat.

Conas a bhlaiseann tú?

Ar do theanga tá cnapáin bheaga bhídeacha ar a dtugtar blaslóga. Seolann na blaslóga teachtaireachtaí chuig an inchinn. Insíonn an inchinn duit cad tá á bhlaiseadh agat. Seolann codanna difriúla den teanga teachtaireachtaí faoi bhlasanna difriúla. Taispeántar é sin i mBlas-Tástáil 2 sa chéad mhír eile. Taispeántar i mBlas-Tástáil 1 an chaoi a gcabhraíonn an boladh duit blaiseadh.

Conas a bhraitheann tú?

Seolann néaróga faoin gcraiceann teachtaireachtaí chuig an inchinn. Tá poist dhifriúla ag néaróga difriúla agus seolann siad teachtaireachtaí difriúla. Mar shampla, tá néaróga agat a insíonn duit má tá an craiceann te nó fuar nó i bpéin.

Cad as a ndéantar craiceann?

Is orgán céadfach é an craiceann atá déanta de chuid mhaith ciseal ceall. Is cealla marbha iad na cisil eachtracha. Scriostar iad sin nuair a níonn tú nó nuair a chuimlíonn tú do chraiceann. Bíonn cealla nua ag fás fúthu chun dul ina n-áit.

Feicimis: Cad tá foghlamtha againn

Roinneann an múinteoir an rang ina thrí ghrúpa: A = Matáin, B = Néaróga, C = An Inchinn.

Is iad lucht A fíochán na matán. Tá siad luaineach agus solúbtha, in ann éirí níos mó agus níos lú (at agus crapadh) an-tapa. Seasann siad don tsúil agus déanann na páistí ciorcal beag teann chun é sin a léiriú.

Is iad lucht B cealla na néaróg agus is iad na teachtairí iad. Seasann siad i scuaine ullamh chun comharthaí a chur ar aghaidh (teachtaireachtaí a thabhairt) agus nascann siad an tsúil leis an inchinn.

Seasann lucht C don mheall mór fíochán sin ar a dtugaimid an inchinn. Seasann na páistí seo i ngrúpa scaoilte, amach ón tsúil.

Cuireann an múinteoir pictiúr d'uachtar reoite os comhair na "súile". Feiceann an "tsúil" rud éigin suimiúil, atann na matáin agus éiríonn an ciorcal (mac imrisc) níos mó. Deir an "matán" is gaire don "tsúil" i gcogar leis an gcéad "néaróg" go 'bhfeicimid rud éigin suimiúil', agus cuireann sí ar aghaidh chuig an dara "néaróg", a chuireann ar aghaidh chuig an tríú "néaróg" agus mar sin de síos an líne, i stíl an chogair Shínigh. Insíonn an "néaróg" dheireanach don "inchinn" é agus deir an an "inchinn" rud éigin i gcogar mar fhreagra 'feiceann tú uachtar reoite mór groí'. Cuirtear an teachtaireacht sin ar ais síos an líne, ó "néaróg" go "néaróg", go dtí go sroicheann sí an "tsúil". Tuigeann an "tsúil" ansin cad a fheiceann sí.

Tarlaíonn sé seo ar fad i bhfad níos tapúla dáiríre ná mar a léireofar leis na páistí ach tugann an ceacht léargas do na páistí ar an gcaoi a n-oibríonn an tsúil. D'fhéadfadh ceacht comhchosúil maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an chluas a léiriú le trí ghrúpa mar a dhéantar thuas.

Chun clabhsúr a chur air, deir gach páiste i gCiorcal Ranga, 'Rud amháin a d'fhoghlaim mé is ea go ...'

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 6

Rogha 2

Scrúdaímis: Ag úsáid ár gCéadfaí

Labhraimís: Faoin méid a rinneamar

Scrúdaímis: Ag úsáid ár gCéadfaí

Trí bhabhta tobsmaointeoireachta a dhéanamh leis na páistí faigheann an múinteoir amach cad é an t-eolas atá acu ar na céadfaí agus cuireann sé/sí leis:

Tá cúig orgán chéadfacha againn:

Radharc:	**Conas a fheiceann tú?**	**Feicim le mo ...**
Éisteacht:	**Conas a chloiseann tú?**	**Cloisim le mo ...**
Boladh:	**Conas a bholaíonn tú?**	**Bolaím le mo ...**
Blas:	**Conas a bhlaiseann tú?**	**Blaisim le mo ...**
Teagmháil:	**Conas a theagmhaíonn tú?**	**Teagmhaím le mo ...**

B'fhéidir go ndéarfadh an múinteoir na habairtí seo a leanas, ag iarraidh ar na páistí an focal don spás a rá amach.

Is iad na horgáin ... (chéadfacha) **a insíonn dom faoin domhan timpeall orm.**

Seolann na horgáin chéadfacha teachtaireachtaí ar bhealaí, ar a dtugaimid ... (néaróga), **chuig an inchinn.**

Feicim nuair a théann solas isteach i mo shúile, trí oscailt bheag bhídeach ar a dtugtar ... (mac imrisc), **agus seolann siad ar na néaróga chuig an inchinn.**

Cloisim nuair a thonnchreathann tiompán na cluaise i mo ... (chluas) **de bharr torainn. Seolann na tonnchreathanna sin ar na néaróga chuig an ...** (inchinn)**.**

Bolaím nuair a theagmhaíonn an boladh a análaím do na néaróga i mo ... (shrón)**. Tugann siad an ...** (teachtaireacht) **chuig an inchinn.**

Blaisim nuair a sheolann na blaslóga ar mo ... (theanga) **teachtaireachtaí chuig an inchinn.**

Braithim nuair a sheolann na néaróga faoi mo ... (chraiceann) **teachtaireachtaí chuig an inchinn.**

Tugann na tástálacha a leanas deis do na páistí páirt ghníomhach a ghlacadh fad a fhoghlaimíonn siad faoina mbaill chéadfacha. Is féidir leis an múinteoir iad a dhéanamh leis an rang ar fad nó is féidir le grúpaí beaga páistí iad a dhéanamh le chéile. Don ghrúpobair, roinntear an rang ina ghrúpaí de cheathrar, cúigear nó seisear, le rúnaí agus tuairisceoir i ngach grúpa a cheapann an múinteoir nó a roghnaíonn baill an ghrúpa. Tugtar ceann de na tástálacha seo a leanas do gach grúpa agus tugtar sraith treoracha scríofa dóibh ar an gcaoi leis an tástáil a dhéanamh. Déanann an rúnaí nóta den toradh agus déanann an tuairisceoir cuntas ar an méid is gá a lua ag am an aiseolais. Is féidir cur leis na tástálacha le heolas ón mír roimhe seo.

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 7

Craiceann a Scrúdú - Tástáil Teagmhála

Léiríonn an tástáil seo an chaoi a bhfuil níos lú néarcheann ag limistéir áirithe den chraiceann ná mar atá ag limistéir eile. Oibríonn na páistí ina bpéirí. Iarr ar pháirtí amháin bior pinn luaidhe a bhrú go séimh ar bhos láimhe an duine eile. Iarr orthu é sin a dhéanamh arís, ag baint úsáide as bioranna dhá pheann luaidhe dhá cheintiméadar ó chéile. Tá sé tábhachtach go dteagmhaíonn an dá pheann luaidhe don chraiceann ag an am céanna. Déantar é sin arís, deich n-uaire ar fad, ag baint úsáide as peann luaidhe amháin uaireanta agus as dhá cheann uaireanta eile. Gach uair, déanann an páirtí eile iarracht a thomhas cé mhéad peann luaidhe atá in úsáid. Comhaireann an péire an líon uaireanta a bhíonn an tomhas ceart. Gheobhaidh siad amach go mbíonn an ceart acu de ghnáth.

Má dhéantar an tástáil seo arís ag baint úsáide as an gcraiceann ar chúl na láimhe beidh sé i bhfad níos deacra orthu tomhas ceart a dhéanamh maidir leis an líon bioranna pinn luaidhe atá in úsáid. Cén fáth go dtarlaíonn sé sin? Toisc go bhfuil níos lú néarcheann ag roinnt limistéar den chraiceann ná mar atá ag limistéir eile. Nuair a bhrúitear dhá phointe gar dá chéile ar an mbos, faigheann dhá néarcheann an teachtaireacht mar go bhfuil na néarchinn gar dá chéile agus braitear dhá phointe mar sin. Nuair a bhrúitear dhá phointe gar dá chéile ar chúl na láimhe, mar nach bhfuil an líon céanna néarcheann ann, b'fhéidir go seolfadh an dá phointe teachtaireacht chuig an néarcheann céanna agus go gceapfadh an inchinn nach bhfuil ach pointe amháin á bhrú.

Súile a Scrúdú - Tástáil Radhairc

Scrúdaigh súile do pháirtí nó bain úsáid as scáthán chun cruth agus dath do shúile féin a scrúdú. Cén dath atá ar do shúile? Tugtar an t-imreasc ar an gcuid dhaite den tsúil. Mac imrisc a thugtar ar an gcuid dhorcha láir den tsúil. Is éard atá sa chuid dhorcha láir den tsúil dáiríre ná oscailt bheag bhídeach a scaoileann solas isteach. Athraíonn méid na hoscailte nó an mhic imrisc. Taispeánann an chéad tástáil eile é sin.

Féach ar do chara sna súile i seomra lán solais. Déan nóta de mhéid na mac imrisc i súile do chara. Anois iarr ar do chara a s(h)úile a dhúnadh agus iad a chlúdach le lámh ar feadh nócha soicind. Nuair a osclaíonn sé/sí na súile arís, cad í an difríocht a thugann tú faoi deara sna mic imrisc? Cén fáth atá leis sin, dar leat?

Éisteacht a Scrúdú - Tástáil Éisteachta a hAon

Éist leis na fuaimeanna a chloiseann tú ón áit a bhfuil tú i do shuí nó téigh ar 'siúlóid éisteachta'. Is féidir an tsiúlóid sin a dhéanamh laistigh d'fhoirgneamh na scoile, laistigh d'fhaiche na scoile nó lasmuigh. Ba chóir go seiceálfadh an múinteoir an bealach roimh ré chun a aithint cad iad na cineálacha fuaimeanna ar chóir a bheith ag súil leo. Siúlann na páistí ina dtost agus scríobhann siad síos cad tá cloiste acu nuair a fhilleann siad ar an seomra ranga.

Éisteacht a Scrúdú - Tástáil Éisteachta a Dó

Cuirtear púicín ar pháiste toilteanach agus iarrtar air/uirthi suí ar chathaoir i lár seomra. Cuir roinnt páistí eile timpeall an tseomra. Ag déanamh sealaíochta ar a chéile, buaileann siad a mbosa uair amháin. Iarrtar ar an bpáiste sa lár pointeáil ar an áit óna bhfuil an fhuaim ag teacht, dar leis/léi. Coinnítear taifead den líon uaireanta a bhíonn an ceart ag an bpáiste. Ansin iarr ar an bpáiste cluas amháin a bhlocáil le lámh amháin. Déan an tástáil arís ansin. Déan an tástáil an tríú huair agus an chluas eile clúdaithe. Más gnáthchéadfa éisteachta atá ag an bpáiste gheobhaidh tú amach gur fearr a bhí sé/sí in ann a rá cén áit óna raibh an fhuaim ag teacht nuair a bhí sé/sí ag éisteacht lena dhá c(h)luas.

Tuigfidh múinteoirí go mbeidh deacracht ag páistí le lagú éisteachta leis an ngníomhaíocht seo.

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 8

Boladh a Scrúdú - Tástáil ar an mBoladh

Taispeánann an tástáil seo go dtuirsíonn an boladh go héasca. Cuir roinnt braonta de chumhrán ar phíosa olann chadáis. Bolaigh go domhain é. Lean ort ag bolú ar feadh cúpla nóiméad. Cad a tharlaíonn don bholadh? Cén chúis atá leis sin?

Blas a Scrúdú - Blas-Tástáil a hAon

Iarr ar na páistí a srónta a bhlocáil fad a bhlaiseann siad úll, cúcamar, soilire agus torthaí eile gan chraiceann den uigeacht chéanna agus déanann siad iarracht iad a aithint. Mínigh do na páistí gurb amhlaidh a bhímid ag bolú cuid mhaith den ábhar a measaimid go mbímid á bhlaiseadh. Sin an chúis go mbíonn blas chomh difriúil sin ar bhia nuair a bhíonn slaghdán orainn.

Blas a Scrúdú - Blas-Tástáil a Dó

Seolann codanna difriúla den teanga teachtaireachtaí chuig an inchinn faoi bhlasanna difriúla. Féadfaidh tú é sin a chruthú trí shiúcra a chur ar chodanna éagsúla den teanga. Tástáil cá bhfaigheann tú an blas siúcra is láidre. An bhfuil sé ar bharr, ar thaobh nó ar chúl na teanga. Déan an rud céanna le salann le haghaidh seirbhe agus líomóid le haghaidh géire. Déan léarscáil den teanga, ag marcáil na limistéar ina bhfaigheann tú an blas is láidre de gach blas ar leith. Ba chóir go bhfaighfeá amach gurb é an barr an áit is fearr don mhilse, an taobh is fearr don ghéire, agus cúl na teanga don tseirbhe agus na taobhanna agus an barr don ghoirte.

Teagmháil a Scrúdú - Braith-Tástáil a hAon

Roinntear an rang ina ghrúpaí, le ceannaire ar gach grúpa. Tugann an múinteoir mála mistéara do gach ceannaire grúpa. Iarrann an ceannaire ar gach páiste sa ghrúpa, i ndiaidh a chéile, púicín a chur air/uirthi féin, a lámh a chur sa mhála, ball a thógáil amach agus é a aithint trína mhothú. D'fhéadfadh torthaí, glasraí, ábhair (fabraic), clúdaigh/boscaí folmha, bréagáin a bheith sa bhosca.

Teagmháil a Scrúdú - Braith-Tástáil a Dó

Is é cuspóir an cheachta seo go n-aithníonn páistí le púicín orthu páistí eile trína n-aghaidh a mhothú. Is iad na rialacha atá ann gur gá ciúnas iomlán a bheith ann le linn na tástála agus go dtuigeann na páistí ar fad nach bhfuil le mothú ach an aghaidh agus an ceann.

Iarrtar ar chúigear nó seisear páistí, dá ndeoin féin, a gcomhdhaltaí a aithint. Caitheann gach duine acu púicín, ag seasamh amach ó chéile. Roinntear an chuid eile de na páistí sa ranga ina ngrúpaí. Deirtear le gach grúpa seasamh i scuaine os comhair duine amháin de na páistí le púicín. Cuireann an páiste le púicín a lámh le haghaidh agus le ceann gach páiste agus glaonn amach cé hé/hí an páiste sin, dar leis/léi. Ní labhraíonn aon duine ach déanann an múinteoir nóta de na tomhais chearta.

Labhraimís: Faoin méid a rinneamar

Nuair a bhíonn na páistí i ndiaidh a bheith ag obair i ngrúpaí iarrtar ar thuairisceoirí na ngrúpaí aiseolas a thabhairt ag baint úsáide as leagan amach cosúil leis an gceann seo a leanas:

Rinneamar tástáil ar ... (ainmnigh an chéadfa)

Rinneamar é sin trí ... (cur síos agus mínigh an tástáil)

Fuaireamar amach... (inis cad a cruthaíodh/fuarthas amach leis an tástáil)

D'fhéadfadh an múinteoir dul siar ar na tástálacha i gcoitinne, ag fiafraí:

Cé acu ab ea an tástáil ba spéisiúla, dar leat? Cén fáth?

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 9

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ag scríobh filíochta:	Ár gCéadfaí
Am Ciúin:	Ag úsáid ár gCéadfaí

Ag scríobh filíochta: Ár gCéadfaí

D'fhéadfadh am nó áit, duine/daoine nó ainmhithe ar féidir iad a aithint ar mhórán bealaí tríd na céadfaí a bheith mar théama don dán seo, m.sh.

Baile
Ospidéal
Cluiche Peile
Bricfeasta
Cois Farraige
Laethanta Báistí
Sneachta
Laethanta Saoire
Babaithe Nua
Séasúr na Bliana

Tóg na hábhair a bhfreagraíonn na páistí dóibh nó lig dóibh a n-ábhar féin a roghnú. I gcás cuid díobh seo, iarr orthu babhta tobsmaointeoireachta a dhéanamh ar na rudaí a d'fheicfidís, a chloisfidís, a bhlaisfidís, a bholfaidís agus a bhraithfidís i ngach cás.

Tabhair roinnt abairtí gan chríochnú mar atá thíos do na páistí. Scríobh síos na tuairimí is coitianta i measc na bpáistí idir lúibíní, má oireann.

Roghnaíonn na páistí na focail a theastaíonn uathu chun a ndán féin a chríochnú. Rogha níos fusa a bheadh ann ná an dán a scríobh mar dhán ranga.

Baile: **Feicim ... (Daidí ina raonchulaith/mo dheartháir codlatach ag méanfach)**

Cloisim ... (corcáin agus potaí/an clog aláraim ag bualadh)

Bolaím ... (borgaire agus sceallóga/an bricfeasta á dhéanamh)

Blasaim ... (salann agus fínéagar/im ar thósta)

Braithim ... (na sceallóga te/teolaí laistigh)

Uaidh sin d'fhéadfaí an cineál seo dáin teacht:

Baile

Feicim Daidí ina raonchulaith
Mo dheartháir codlatach ag méanfach
Cloisim corcáin agus potaí
Buaileann an clog aláraim
Bolaím borgaire agus sceallóga
Bricfeasta ullamh
Blasaim salann agus fínéagar
Im ar thósta
Braithim na sceallóga te
Teolaí laistigh

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 10

Am Ciúin: Ag úsáid ár gCéadfaí

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth (sos)

Suígí síos go compordach (sos)

Cuirigí bhur gcosa sínte ar an urlár (sos)

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine (sos)

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile (sos)

(I gcogar nach mór) Éistigí ... éistigí ...

Inniu, táimid chun ligean orainn go bhfuilimid ag dul chun na trá, inár samhlaíocht ... Lá gnóthach atá ann ag an trá ...

Féach timpeall ort ... agus féach cad a fheiceann tú ... Cad a fheiceann tú? ... an trá ... an-chuid daoine ... aon rud eile?

Cad iad na dathanna a fheiceann tú? ... an fharraige ghlas ... na tonnta bána ...

Éist ... Cad iad na fuaimeanna a chloiseann tú? ... fuaimeanna arda ... faoileáin ... na tonnta ag bualadh in aghaidh an chladaigh ... fuaimeanna boga ... daoine i bhfad uait ... ag gáire ... ag béicíl ... ag baint taitnimh as an saol ...

Cad iad na fuaimeanna atá cóngarach? ... Cad iad na fuaimeanna atá i bhfad uait? ...

An bhfuil bolaithe speisialta ann? ... feamainn ... boladh éisc ... lóis ghréine?

Má tá tú cois farraige beidh tú in ann an fharraige a bholú agus an salann a bhlaiseadh ar do bheola...

Braithfidh tú teas na gréine agus uaireanta braithfidh tú leoithne úr ghaoithe ar do chraiceann agus do chuid gruaige ...

Cén fáth nach dtéann tú ag lapadaíl beagán? ... bain díot do bhróga agus stocaí ... braith an gaineamh idir méara do chos ... Ó! ... tá an t-uisce sin go haoibhinn.

Nuair a bhíonn deireadh leis an lapadaíl agat, triomaigh do chosa, cuir do bhróga ort arís agus ullmhaigh tú féin chun filleadh ar an seomra ranga ... (sos)

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 11

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoina mbaill chéadfacha agus a bhfeidhmeanna. Nascann sé leis an téama Mo Chorp ina dtugtar eolas agus an teanga do dhaoine óga a bhaineann leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an corp. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn páistí an foclóir cuí chun na gnéithe den saol a bhaineann le gnéasacht, fás suas agus athruithe fisiceacha a gcorp a thuiscint ionas gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh go muiníneach fúthu féin.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat. Toisc go dtarlaíonn suímh go nádúrtha sa teach, b'fhéidir go bhféadfá cuid de na tástálacha a bhainean leis na céadfaí a dhéanamh, m.sh. Blas-Tástálacha ag am caite bia.

▲ **Iarr ar do pháiste insint duit cad a d'fhoghlaim sé/sí ar scoil faoi na cúig céadfaí. Bailigh pictiúir ó nuachtáin agus irisí ag taispeáint daoine ag úsáid a gcéadfaí, m.sh.**

Radharc/Súile: ag léamh leabhair nó ag féachaint ar radharc álainn
Éisteacht/Cluasa: ag éisteacht le duine éigin nó ag caitheamh cluasáin
Boladh/Srón: ag bolú bláthanna, cumhráin nó bia
Blas/Teanga: ag líreacán uachtar reoite nó ag ithe úill
Teagmháil/Craiceann: ag croitheadh láimhe, ag breith barróige, nó ag breith ar oráiste

▲ **Le chéile, d'fhéadfadh sibh triail a bhaint as cuid de na tástálacha seo a leanas:**

Scrúdaigh na Cluasa - Tástáil Éisteachta
Agus sibh in bhur suí le chéile sa teach éistigí leis na fuaimeanna a chloiseann sibh. Ainmnigh na fuaimeanna sin agus aithin na cinn sin atá laistigh agus na cinn sin atá ag teacht ón taobh amuigh. Má shuíonn tú lasmuigh déan idirdhealú idir na fuaimeanna a chloiseann tú atá gar agus na cinn sin atá i bhfad uait. D'fhéadfaí breis idirdhealaithe a dhéanamh idir fuaimeanna atá bog/garbh, ard/ciúin, séimh/díoscánach, ceolmhar/carsánach, pléisiúrtha/gránna, ó ainmhí/ó dhuine, nádúrtha (ceol na n-éan)/meicniúil (an trácht).

Scrúdaigh an Teanga - Blas-Tástáil
Seolann codanna difriúla den teanga teachtaireachtaí chuig an inchinn faoi bhlasanna difriúla. Is féidir leat é sin a chruthú trí shiúcra, salann, tae (seo tástáil don tseirbhe) agus líomóid (chun géire a thástáil) a chur ar chodanna difriúla de do theanga. Tástáil cá bhfaigheann tú an blas siúcra is láidre. An bhfuil sé ar bharr, ar thaobh nó ar chúl na teanga? Déan amhlaidh leis an salann, tae agus líomóid. Déan léarscáil den teanga, ag marcáil na limistéar ina bhfaigheann tú an blas is láidre de bhia ar leith. Ba chóir go bhfaighfeá amach gurb é an barr an áit is fearr don mhilse, an taobh is fearr don ghéire, agus cúl na teanga don tseirbhe agus na taobhanna agus an barr don ghoirte.

Scrúdaigh na Súile - Tástáil Radhairc
Agus sibh in bhur suí le chéile i seomra lán solais, iarr ar do pháiste féachaint ort sna súile. Cén dath atá orthu? (Tugtar an t-imreasc ar an gcuid dhaite den tsúil. Mac imrisc a thugtar ar an gcuid dhorcha láir den tsúil. Is éard atá sa chuid dhorcha láir den tsúil dáiríre ná oscailt bheag bhídeach a scaoileann solas isteach.) Iarr ar do pháiste ceann a thógáil de mhéid na mac imrisc. Dún do shúile agus clúdaigh le do lámha iad ar feadh nócha soicind. Oscail iad agus iarr ar do pháiste féachaint ort sna súile arís. Cén difríocht a thugann sé/sí faoi deara? Cén fáth go bhfuil na mic imrisc i bhfad níos mó anois.

7.Our Senses/irish:7.Our Senses/irish 14/07/2009 11:14 Page 12

8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 1

8 Athraím de réir mar a fhásaim



8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 2

Athraím de réir mar a fhásaim

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do pháistí na hathruithe fisiceacha, síceolaíochta agus sóisialta a tharlaíonn dóibh le linn a n-óige a thuiscint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Bileog Saothair 1:	Athraím de réir mar a fhásaim.
Bileog Saothair 2:	An fás agus an t-athrú atá déanta agam

Rogha 2

Ceacht Eolais:	Ag fás suas
Gníomhaíocht Ealaíne:	Montáis Aoiseanna

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ciorcal Ranga:	Céimeanna Aoise
Ag scríobh filíochta:	Nuair a bheidh mé i mo dhuine fásta

Nóta ar an bhFás

Feiceann páistí réimse athruithe saoil de réir mar a fhásann siad. De réir mar a tharlaíonn athruithe go fisiceach, go sóisialta agus go síceolaíoch, foghlaimíonn páistí conas titim isteach leis na hathruithe sóisialta agus cultúrtha timpeall orthu. Nuair a dhírítear ar na hathruithe seo cuirtear forbairt an fhéineolais agus an fhéinmheasa i bpáistí chun cinn. Tá sé tábhachtach go dtuigeann na páistí gur gnáthrud é difríochtaí a bheith i bpatrúin an fháis i ngach duine.

8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 3

Pacha 1

Bileog Saothair 1: Athraím de réir mar a fhásaim.

Bileog Saothair 2: An fás agus an t-athrú atá déanta agam

Bileog Saothair 1: Athraím de réir mar a fhásaim

Beidh na páistí i ndiaidh an bhileog saothair i dtéama 3 a chomhlánú dhá uair i rith na bliana. Nuair a chríochnaítear an tríú cuid agus an chuid dheireanach den bhileog saothair féadfaidh na páistí féachaint ar na trí cholún don bhliain. Feicfidh siad an chaoi a bhfuil siad i ndiaidh fáis agus féadfaidh siad anailís a dhéanamh ar a ráta fáis thar an mbliain ar fad, m.sh. 'ó dheireadh an chéad téarma go deireadh an dara téarma d'fhás mé 1cm ach uaidh sin táim i ndiaidh 2cm breise a fhás.'

Déanann na páistí a gcairt fáis a chur i gcomparáid le chéile ina bpéirí. Tá sé tábhachtach go dtreiseoidh an múinteoir go bhfásann gach duine ag ráta éagsúil agus gur gnáthrud é sin. B'fhéidir go mbeadh roinnt páistí ann nár fhás in aon chor. Buaileann fás obann páistí eile. Tá an dá chineál fáis sin normálta agus tá an dá cheann acu chomh speisialta agus chomh huathúil do na páistí aonair.

Bileog Saothair 2: An fás agus an t-athrú atá déanta agam

Leis an rang ar fad, pléann an múinteoir fás i réimsí eile a bhfuil taithí ag na páistí orthu cheana agus nach bhfuil chomh soiléir leis an bhfás fisiceach. I ngach ceann de na réimsí fáis seo a leanas féadfaidh an múinteoir babhta tobsmaointeoireachta a thosú agus an méid a chuireann na páistí leis a thaifeadadh. Comhlánaítear an bhileog saothair i ndiaidh an phlé.

Forbairt Scileanna:
Cad é a bhfuil tú go maith aige anois nach raibh tú go maith aige anuraidh?
(peil, sacar, cispheil, snámh, reathaíocht)

Forbairt Meabhrach:
Cad tá tú in ann a dhéanamh ar scoil anois a bhí dian ort a dhéanamh roimhe?
(cruacheisteanna Mata, léamhthuiscint)

Athruithe Mothúchánacha:
Cén difríocht atá idir an chaoi a dtaispeáinteá do chuid mothúchán sna blianta agus tú i do bhabaí agus an chaoi a dtaispeánann tú anois iad?
(labhairt in áit caoineadh, fiafraí in áit screadaíl)

Forbairt Chognaíoch:
An bhfuil níos mó eolais agat ar aon rud i mbliana? Cad é an rud sin?
(stair, tíreolaíocht, an timpeallacht)

Caidreamh:
Conas a réitíonn tú le daoine anois?
(tuisceanach, cabhrach, freagrach, flaithiúil)

Ina bpéirí, cuireann na páistí a mbileog Fás agus Athrú i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. Iarrtar ar na páistí insint dá chéile cé acu bileog saothair arb fhusa dóibh í a chomhlánú. Ba chóir dóibh cúiseanna a thabhairt lena bhfreagraí.

8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 4

Bileog Saothair 2: An fás agus an t-athrú atá déanta agam

M'ainm .....

An chaoi a bhfuil fás agus athrú tagtha orm	Nuair a bhí mé i mo bhabaí	Nuair a bhí mé ag tosú ar scoil	Nuair a bhí mé ag tosú i rang a 3
Mo Chorp			
Cad a bhí mé in ann a dhéanamh			
Rudaí a thuig mé			
An chaoi a léirínn mo mhothúcháin			
An chaoi a ndéarainn le daoine nár aontaigh mé leo			
Na daoine a raibh gean agam orthu			
An chaoi a gcabhraínn ag baile			

8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 5

Rogha 2

Ceacht Eolais: Ag fás suas

Gníomhaíocht Ealaíne: Montáis Aoiseanna

Ceacht Eolais: Ag fás suas

Réamhrá

D'fhéadfadh an múinteoir iarraidh ar na páistí grianghraif díobh féin mar bhabaithe agus roinnt éadaí agus bróg óna luathóige a thabhairt isteach, má tá siad ar fáil. D'fhéadfaí grianghraf gach páiste a chur ar taispeáint in ord cróineolaíoch. D'fhéadfaí na héadaí a chur in airde agus na páistí a cheistiú: "Cén fáth nach bhfuil ... in ann iad a chaitheamh a thuilleadh?"

B'fhéidir go bhféachfadh páistí ar shraith pictiúr chomh maith a thaispeánann buachaillí agus cailíní ag céimeanna éagsúla: babaí, páiste ceithre bliana d'aois, páiste ocht mbliana d'aois, páiste dhá bhliain déag d'aois agus déagóir sé bliana déag d'aois. D'fhéadfadh na páistí a méid, a n-airde agus cruth a gcinn, a muiníl agus a mboilg a chur i gcomparáid le chéile.

Téann sé seo ar aghaidh chuig plé ar na gnéithe éagsúla den athrú agus den fhás inar féidir leis an múinteoir an t-eolas atá ag na páistí cheana a fháil amach agus cur leis nuair is gá.

Gluaiseacht

An bhfuil ainmhí an-óg feicthe agat riamh? Cén cineál ainmhí a bhí ann? Cén aois a bhí sé/sí? Cad a bhí á dhéanamh aige/aici? Conas a ghluais sé/sí? Conas a d'ith sé/sí? An bhfuil babaí an-óg feicthe agat riamh? Cén aois a bhí sé/sí? Cad a bhí á dhéanamh aige/aici? Conas a ghluais sé/sí? Conas a d'ith sé/sí?

I gcomparáid le hainmhithe fásaimid an-mhall go deo. Is féidir le formhór na sineach eile seasamh agus rith laistigh de thamall gearr ón uair a shaolaítear iad. Thóg sé thart ar bhliain ortsa a bheith in ann seasamh agus roinnt céimeanna a thógáil. Tomhais cén chúis atá leis sin? Saolaítear formhór na n-ainmhithe san fhiántas. Áit chontúirteach é sin. Ar an taobh eile ba shlán sábháilte an áit inar saolaíodh tusa. Dá bharr sin, bhí an t-am agat foghlaim agus forbairt go sábháilte agus go sláintiúil. An bhfuil a fhios agat cén aois a bhí tú nuair a d'fhoghlaim tú an chaoi le siúl? Cathain a d'fhoghlaim tú an chaoi le tú féin a chothú

Fás agus Cruth

Ó ghrianghraif, feiceann tú an chaoi a bhfuil tú i ndiaidh fáis ón uair a saolaíodh tú. Ní tharla sé sin thar oíche agus ní fhacamar ag tarlú é. Tugaimid faoi deara ar bhealaí eile é. Cad iad na bealaí sin?

Ní oireann éadaí agus bróga a thuilleadh. Féadfaidh tú síneadh chun rudaí a aimsiú nach raibh ar do chumas a aimsiú roimhe. Ach ní hé go bhfásann tú níos mó amháin. Athraíonn do chruth chomh maith. Mura n-athródh, d'fhásfá níos mó ach ní athródh cruth do choirp. An samhlófá cén chuma a bheadh ort ansin?

Bíonn ceann babaí an-mhór i gcomparáid leis an gcorp, níos mó ná mar atá do cheann i gcomparáid le do chorp anois. Thart ar thrian mhéid an choirp ina iomláine a bhíonn i gceann babaí. Cad é coibhneas do chinn le do chorp anois?

Cailleann babaithe a gcruinne. Éiríonn siad níos faide. An féidir leat smaoineamh ar bhealaí eile ina n-athraíonn siad?

8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 6

Rátaí Fáis

Tagann an fás is tapúla orainn mar bhabaithe. Sa chéad bhliain méadaíonn méid babaí faoi thrí. Dá dtarlódh sé sin gach bliain, bheadh meáchan fir nó mná ag babaí faoin tráth go raibh sé/sí trí bliana. Nach méanar dúinn mar sin nach bhfásaimid chomh tapa sin arís. Fásann páistí go seasmhach go háirithe tríd na blianta seacht agus naoi agus níos tapúla arís nuair a thosaíonn siad na déaga.

Éiríonn páistí áirithe níos airde nuair atá siad óg go maith. B'fhéidir gurbh iad ba airde sa rang nuair a thosaigh siad ar scoil i dtosach. B'fhéidir go mbeadh páistí eile i ndiaidh teacht suas leo roinnt blianta níos faide anonn agus b'fhéidir go mbeidís níos airde ná iad anois. B'fhéidir go mbeadh síneadh le déanamh ag roinnt páistí fós.

Airde

Ar thug tú faoi deara go bhfuil airde éagsúil ag páistí cé go bhfuil an aois chéanna acu? Fásaimid ar fad go difriúil. Ag deich mbliana d'aois beidh cuid mhaith cailíní níos mó ná buachaillí. Ansin, mar dhéagóirí, fásann cuid mhaith buachaillí níos tapúla, tagann siad suas leis agus gabhann thar na cailíní ó thaobh airde de. Braitheann an airde a bhíonn agat ar na ceimiceáin a ghluaiseann timpeall do choirp. Hormóin a thugtar orthu sin. Sroicheann an hormón fáis gach cill i do chorp. Sin a chuireann na cealla ag fás, ionas gur féidir le do chorp fás.

Má tá tuismitheoirí arda agat is dócha go mbeidh tú féin ard chomh maith. Fásfaidh tú ar bhealaí eile chomh maith. Fásfaidh tú i d'fhear fásta nó i do bhean fhásta. Ansin idir na blianta ocht mbliana déag agus cúig bliana is fiche stopann an fás, ach ní stopann fás na gceall. Tagann cealla nua in áit seancheall. Fásann an ghruaig agus ingne na méar. Féadfaidh tú éirí níos troime má itheann tú níos mó bia ná mar a theastaíonn ó do chorp. Féadfaidh traenáil agus aclaíocht do mhatáin a fhorbairt. Beidh gá agat leis an mbia, aclaíocht agus codladh ceart chun fás i gceart.

Bia agus Aclaíocht

Cad é an bia 'ceart'? Cén cineál aclaíochta a dhéanann tú? Cé mhéad codlata a theastaíonn uait?

Gníomhaíocht Ealaíne: Montáis Aoiseanna

Iarr ar na páistí pictiúir de dhaoine ag aoiseanna difriúla ó irisí agus nuachtáin a thabhairt isteach. Roinn an rang ina ghrúpaí de chúigear nó seisear. Iarr ar gach grúpa montáis a dhéanamh ag léiriú aoisghrúpa difriúil Babaithe, Páistí, Déagóirí, Aosaigh, Saoránaigh Shinsearacha. Leis an mbealach a léirítear na haoisghrúpaí éagsúla sna meáin, agus sna gníomhaíochtaí a bhíonn á ndéanamh acu, sholáthrófaí roinnt ábhair phlé. Cuir montáis chuimsitheach le chéile in ord cróineolaíoch agus cuir ar taispeáint í leis na ceannteidil chuí, m.sh.

Babaithe **Páistí** **Déagóirí** **Aosaigh** **Saoránaigh Shinsearacha**

8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 7

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ciorcal Ranga: Céimeanna Aoise

Ag scríobh filíochta: Nuair a bheidh mé i mo dhuine fásta

Ciorcal Ranga: Céimeanna Aoise

Eagraítear na páistí de réir threoirlínte an Chiorcail Ranga faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair. Tugann an múinteoir ceann de na próifílí aoise seo a leanas do gach páiste, de réir uainíochta:

1. Babaí **2. Páiste i Rang a Trí** **3. Duine Fásta**

Cuireann an múinteoir ceist agus freagraíonn gach páiste ina (h)aonar, ag tabhairt a p(h)róifíle aoise agus ag freagairt na ceiste go cuí:

Múinteoir: **Conas a chaitheann tú do chuid ama?**

Babaí 1: **Is babaí mé. Is maith liom an-chuid codlata a dhéanamh.**

Páiste 1: **Is páiste i Rang a Trí mé. Téim ar scoil gach lá.**

Duine Fásta 1: **Is duine fásta mé. Labhraím le daoine fásta eile.**

Múinteoir: **Dá dtabharfainn bronntanas duit cad a dhéanfá?**

Babaí 2: **Is babaí mé. Stróicfinn an páipéar beartán agus chuirfinn i mo bhéal é.**

Páiste 2: **Is páiste i Rang a Trí mé. Thabharfainn ar scoil é agus thaispeánfainn do mo chairde é.**

Duine Fásta 2: **Is duine fásta mé. Ghabhfainn buíochas leat agus d'fhiafróinn díot an bhféadfainn é a oscailt láithreach?**

Leanann an múinteoir timpeall an chiorcail ag cur ceisteanna mar:

Má tá áthas ort conas a léiríonn tú é?

Má tá brón ort conas a léiríonn tú é?

Cad is maith leat a ithe?

Cad is maith leat a ól?

Cad a dhéanfá dá ndéanfadh duine meangadh gáire leat?

Conas a bhraitheann tú faoin aois atá agat faoi láthair?

Cad a chuireann ag gáire go hard thú?

8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 8

Ag scríobh filíochta: Nuair a bheidh mé i mo dhuine fásta

Iarr ar na páistí dán a scríobh faoi bheith fásta suas. Beidh sé riachtanach dea-ullmhúchán a dhéanamh don cheacht seo. Is féidir na dánta a léiriú agus a chur ar taispeáint.

Nuair a bheidh mé i mo dhuine fásta ba mhaith liom ...



8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 9

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do pháistí na hathruithe fisiceacha, síceolaíochta agus sóisialta a tharlaíonn dóibh le linn a n-óige a thuiscint. Tá sé tábhachtach go dtuigeann na páistí gur gnáthrud é difríochtaí a bheith i bpatrúin an fháis i ngach duine. Feiceann páistí réimse athruithe sa saol de réir mar a fhásann siad.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

- **Ar scoil, b'fhéidir go mbeadh do pháiste ag críochnú cairt taifead pearsanta ar an bhFás agus Athrú. Má iarrtar roinnt eolais ort d'fhéadfá úsáid a bhaint as an deis sin chun fás agus forbairt do pháiste a phlé. Labhair leis/léi faoin uair a bhí sé/sí a) ina b(h)abaí, b) ag tosú ar scoil, c) ag tosú i Rang a Trí, agus pléigh rudaí a bhí sé/sí in ann a dhéanamh, an chaoi a ndéanfadh sé/sí smaointe agus mothúcháin a léiriú, daoine a raibh sé/sí gar dóibh agus an chaoi a gcuirfeadh sé/sí le saol an teaghlaigh.**

- **Labhair le do pháiste faoi d'fhás agus d'fhorbairt féin. Spreag do pháiste tú a cheistiú. In éineacht, liostálaigí na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir do scéalsa agus a scéalsan:**

  Nuair a bhí mé i mo bhabaí (ón méid a dúirt daoine eile leat):
  Páiste: Bhí mo chuid gruaige ... (fionn agus catach)
  Tuismitheoir/Caomhnóir: Bhí mo chuid gruaige ... (fionn agus díreach)
  Páiste: Ba bhreá liom ... (snámh ar mo lámha agus glúine)
  Tuismitheoir/Caomhnóir: Ba bhreá liom ... (rolláil timpeall is timpeall) srl.

  Nuair a bhí mé ag tosú ar scoil:
  Páiste: Bhí mé in ann ... (rothar a rothaíocht)
  Tuismitheoir/Caomhnóir: Bhí mé in ann ... (rothaíocht chomh maith)
  Páiste: Ba é mo rogha bréagáin ná ...
  Tuismitheoir/Caomhnóir: Ba é mo rogha bréagáin ná ... srl.

  Nuair a thosaigh mé Rang a Trí:
  Páiste: Bhí mo ... (scríbhneoireacht?) go maith ach ní raibh mo ...
  Tuismitheoir/Caomhnóir: Bhí mo ... go maith ach ní raibh mo ...
  Páiste: Thaitin sé liom ... a imirt.
  Tuismitheoir/Caomhnóir: Thaitin sé liom ... a imirt.

- **In éineacht le chéile, d'fhéadfá féin is do pháiste pictiúir a ghearradh ó nuachtáin agus irisí a thaispeánann daoine d'aoiseanna éagsúla ag déanamh gníomhaíochtaí a bhaineann lena n-aois: babaí ag snámh ar an talamh, páistí i gclós súgartha, déagóirí ag ceolchoirm nó ag imirt spóirt, daoine fásta ag cruinniú, ag obair nó ag siopadóireacht. D'fhéadfadh na pictiúir seo a bheith úsáideach don Ghníomhaíocht Ealaíne, Montáis Aoiseanna, atá á déanamh ar scoil. D'fhéadfá do mhontáis féin a dhéanamh chomh maith ag baile trí ghearradh timpeall ar na pictiúir agus iad a ghreamú ar leathanach, agus iad a chur in ord.**

8.As I Grow I Change/irish:8.As I Grow I Change/irish 14/07/2009 11:13 Page 10

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 1

9 Ag déanamh cinntí

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 2

Téama 9

Ag déanamh cinntí

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí cinntí a dhéanamh agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar chinntí agus roghanna pearsanta a phlé.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Cinntí Pearsanta:	Roghanna agus Cinntí Sláintiúla
Grúp-Chinntí:	Cinntí, Cúiseanna, Torthaí

Rogha 2

Grúp-Chinnteoireacht:	Comhthuairimí
Labhraimís:	Faoin gcaoi ar chinneamar

Rogha 3

Grúp-Chinnteoireacht:	Ag dul ag siopadóireacht
Labhraimís:	Faoi chinntí siopadóireachta agus a n-iarmhairtí

Gníomhaíochtaí a Leanann

Aincheist Cinnteoireachta:	Cad a dhéanfaidh mé?
Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag dearadh póstaera

Nóta ar Chinntí a dhéanamh

Agus lántaitneamh á bhaint as an saol ní mór fadhbanna a fhuascailt agus cinntí is roghanna a dhéanamh. Is féidir teacht ar phróisis dá leithéidí mar dhuine aonair nó mar ghrúpa. Agus iarracht á déanamh fadhbanna páistí a fhuascailt nó a ndeacrachtaí a réiteach dóibh, cothaítear an meon iontu gur féidir le duine éigin eile an fhadhb a "réiteach" agus nach bhfuil an cumas acu féin na fadhbanna is simplí fiú a fhuascailt gan cúnamh ó dhuine fásta.

Is féidir an próiseas cinnteoireachta sna hábhair seo a mhúineadh do rang nó do dhuine aonair a bheidh in ann, le cleachtadh, cinntí céillí a oireann dá n-aois a dhéanamh go neamhspleách le tuiscint ar na hiarmhairtí. Áirítear ansin mianta pearsanta, luachanna morálta, eolas ar an rud atá ceart, bacainní sóisialta, piarthionchar agus tionchar na meán.

Aithníonn Curaclam agus Treoirlínte an OCG do Rang a Trí agus a Ceathair an straitéis shimplí cinnteoireachta seo a leanas:

aithin na tosca tábhachtacha agus na ceisteanna morálta faoin bhfadhb
meas na suímh fhéideartha agus iarmhairtí
meáigh na buntáistí agus na míbhuntáistí
cuir an cinneadh i ngníomh
machnaigh siar ar an rogha nó cinneadh (lch. 33)

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 3

Rogha 1

Cinntí Pearsanta:	Roghanna agus Cinntí Sláintiúla
Grúp-Chinntí:	Cinntí, Cúiseanna, Torthaí

Cinntí Pearsanta: Roghanna agus Cinntí Sláintiúla

A.

Tugtar an bhileog saothair leis seo, Cinntí Pearsanta ar Roghanna Sláintiúla, do gach páiste. Léann an múinteoir amach go hard í agus míníonn do na páistí cad tá le déanamh. Ar dtús cuireann na páistí tic sa chéad cholún nó sa dara colún chun na roghanna a dhéanfaidís a thabhairt le fios agus ansin cuireann siad na cúig chinneadh is tábhachtaí a chur in ord tábhachta ó 1 go 5 sa tríú colún.

Ina bpéirí, cuireann na páistí a bhfreagraí i gcomparáid le chéile agus labhraíonn siad ar an bhfáth go n-aontaíonn siad nó go n-easaontaíonn siad leis na ráitis. Ansin iarrann an múinteoir ar an rang ar fad a dtuairmí ar na ráitis a thabhairt, in éineacht le cúiseanna lena bhfreagraí. D'fhéadfaí freagairt an ranga a thaifeadadh ar bharrachairt nó i ríomhbhunachar sonraí.

B.

Glaonn an múinteoir roinnt aincheisteanna pearsanta amach chun go ndéanfaidh na páistí machnamh orthu, go príobháideach.

Cad a dhéanfá:

dá bhfaighfeá dhá phunt sa chlós?

dá mbuafá comórtas ach go raibh tú níos sine ná an aois iontrála?

dá mbeadh an múinteoir as láthair ón rang?

Déanann na páistí cinntí aonair faoi na haincheisteanna seo agus ansin pléann siad i ngrúpaí triúir iad. Nuair a bhíonn deireadh acu leis an bplé iarrann an múinteoir ar an rang moltaí a thabhairt ar gach aincheist, ag cur na gceisteanna seo a leanas:

Cad a d'fhéadfá a dhéanamh?

Cad é an rud ceart le déanamh?

Cén fáth go mbeadh sé deacair an rud ceart a dhéanamh?

Cad é an rud mícheart le déanamh?

Cén fáth go mbeadh sé deacair an rud mícheart a dhéanamh?

Cé acu ab fhusa a dhéanamh, an rud ceart nó an rud mícheart? Cén fáth?

Cad a d'fhéadfadh tarlú dá gcinnfí ar an rud ceart a dhéanamh?

Cad a d'fhéadfadh tarlú dá gcinnfí ar an rud mícheart a dhéanamh?

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 4

Cinntí Pearsanta ar Roghanna Sláintiúla

Ráiteas	An rud a mheasaim		
Moltar	**Aontaím**	**Ní aontaím**	**An chaoi a ghrádaím na roghanna a n-aontaím leo de réir tábhachta**
go nglanfaí do chuid fiacla			
go gcaithfeá tobac			
nach n-ólfá uisce			
nach gcaithfeá tobac			
nach dtógfá ábhar míochaine duine eile			
nach gcaillfeá béilí			
go ndéanfá codladh maith gach oíche			
nach ndéanfá aon aclaíocht			
go n-íosfá bia sailleach			
go rithfeá ar an mbóthar gan féachaint			
go gclúdófá do chraiceann faoin ngrian			
go gclúdófá do bhéal nuair a dhéanann tú casacht			
go ndéanfá aclaíocht go minic			
go n-íosfá bia úr			

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 5

Grúp-Chinntí: Cinntí, Cúiseanna, Torthaí

Cuireann an chuid seo den cheacht béim ar an ngrúpchinnteoireacht. Ag an aois seo baineann na páistí taitneamh as obair a dhéanamh i ngrúpaí. Tríd an ngrúpobair foghlaimíonn na páistí an chaoi le caidreamh le páistí eile. Foghlaimíonn siad comhoibriú, éisteacht agus freagairt. Ar dtús, déantar na tascanna a struchtúrú go cúramach ionas nach mbíonn ach cúpla cinneadh simplí le déanamh. Tá na céimeanna don ghrúpchinnteoireacht le fáil faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Roinntear an rang ina ghrúpaí de cheathrar nó seisear. Tugtar tasc do gach grúpa. Déantar cinntí aonair ar dtús, ansin roinntear iad agus aontaítear orthu i bpéirí agus ar deireadh roinntear iad agus aontaítear orthu i ngrúpaí de cheathrar nó seisear. I ngach tasc, ní mór na cúiseanna le cinntí a mhíniú agus na hiarmhairtí féideartha a thuar. D'fhéadfaí ceisteanna treoraithe mar seo a leanas a úsáid:

Cad a dhéanfá dá ...? (dá dtiocfadh páiste nua chuig an rang?)

Cén fáth go ndéanfá é sin?

Cad a tharlódh ansin?

Cúiseanna agus Torthaí

Is próiseas tábhachtach é próiseas na grúpchinnteoireachta. Tá sé tábhachtach go bpléann an rang na torthaí agus an próiseas inar thángthas orthu. Iarrtar ar na páistí féachaint ar a leathanach agus a mbuntuairimí, na tuairimí ó bheith ag obair i bpéirí agus na grúpthuairimí a mheas. Iarrann an múinteoir ar na páistí smaoineamh gan focal a rá faoi bheith ag obair leo féin, le páirtí agus i ngrúpa:

Cad iad na cinntí a rinne tú agus tú i d'aonar?

Cad iad na cúiseanna gur tháinig tú ar na cinntí sin?

Ar cheap tú go mbeadh iarmhairtí ar na cinntí sin? Cad iad?

Ar athraigh na cinntí sin nuair a d'oibrigh tú le do pháirtí?

Cén fáth gur athraigh tú d'intinn?

Conas a d'athródh sé sin na hiarmhairtí?

Nasc sibh le dhá phéire eile. An raibh aon tuairim chomhchosúil agaibh?

An ndearna tú athruithe breise i do chinntí? Cén fáth?

An mbeadh na hiarmhairtí mar an gcéanna nó difriúil leis na cinntí a rinneadh roimhe i d'aonar nó i bpéirí?

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 6

Rogha 2

Grúp-Chinnteoireacht: Comhthuairimí

Labhraimís: Faoin gcaoi ar chinneamar

Grúp-Chinnteoireacht: Comhthuairimí

Pléann an múinteoir leis na páistí na cinntí a dhéanann siad gach lá ón uair a dhúisíonn siad go dtí go dtéann siad a luí. Tá roinnt cinntí bunaithe ar:

Cinntí Pearsanta - cén gránach bricfeasta le hithe, cén cara le tabhairt abhaile;

Cinntí Eile - cinneann tuismitheoirí ar am luí, cinneann an múinteoir ar obair bhaile;

Grúp-Chinntí - cluiche foirne le himirt, an chaoi le hócáidí teaghlaigh a cheiliúradh, srl.

Míníonn an múinteoir go gcleachtfaidh an rang cinntí a dhéanamh i ngrúpaí inniu. Tugtar ceann de na tascanna seo a leanas do gach grúpa. Téitear siar ar na Rialacha le haghaidh Grúp-Phlé faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair. Ní mór do gach grúpa trí thuairim a thabhairt do gach ceann díobh seo a leanas:

Grúpa 1
Féirín do bhabaí nua
Bealaí le bheith i do chara maith
Bealaí le hargóint a réiteach

Grúpa 2
Rudaí ar fiú argóint fúthu
Rudaí nach fiú argóint fúthu
Féiríní nach féidir le hairgead a cheannach

Grúpa 3
Féiríní do Theaghlach
Rialacha teaghlaigh
Cineálacha daoine ar féidir muinín a bheith againn astu

Grúpa 4
Radhairc is ansa
Fuaimeanna is ansa
Laethanta saoire is ansa

Grúpa 5
Rudaí a theastaíonn ó gach teaghlach
Rudaí a chuireann áthas orainn
Rudaí a chuireann brón orainn

Grúpa 6
Bealaí chun aire a thabhairt do mháthair atá ag súil le babaí
Bealaí chun aire a thabhairt do bhabaí sula saolaítear é/í
Bealaí chun aire a thabhairt do bhabaí i ndiaidh dó/di a bheith saolaithe

Nuair a bhíonn deireadh leis an tasc, tugann tuairisceoir gach grúpa aiseolas ar na cinntí ar thángthas orthu. Má tá na páistí chun meas a bheith acu ar an ngíomhaíocht seo, tá sé tábhachtach go bhfeiceann siad toradh a saothair, mar sin cuir na cinntí ar thángthas orthu ar taispeáint. Soláthraítear an deis sin sa ghníomhaíocht ealaíne ag deireadh an cheachta seo.

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 7

Labhraimís: Faoin gcaoi ar chinneamar

Machnamh Pearsanta

Iarrann an múinteoir ar na páistí machnamh a dhéanamh go príobháideach agus go ciúin ar na ceisteanna seo a leanas dóibh féin:

Ar bhain mé taitneamh as obair a dhéanamh sa ghrúpa?

Cén tuairim(í) a chuir mise isteach?

Ar éist daoine liom?

Ar mheas mé gur glacadh go maith le mo chuid tuairimí?

Ar bhraith gur cheap duine éigin nach raibh mo chuid tuairimí go maith?

Ar éist mé le gach duine?

Cad é an rud ab éasca faoi chinntí a dhéanamh ar ár dtuairimí?

Cad é an rud ba dheacra faoi chinntí a dhéanamh ar ár dtuairimí?

An raibh mé sásta leis na cinntí deiridh?

Grúp-Mhachnamh

Iarrann an múinteoir ar na páistí, ina ngrúpaí, an próiseas cinnteoireachta a phlé mar a tharla sé ina ngrúpaí:

Ar labhair gach duine uair amháin?

Cé a dúirt an chuid is mó?

Ar nochtadh duine éigin mar cheannaire?

An raibh bhur dtuairimí an-éagsúil nó an raibh siad mórán mar an gcéanna?

Cad ar ar aontaigh sibh i dtosach?

Cad ar nár aontaigh sibh?

An raibh sé éasca nó deacair bhur n-easaontas a réiteach?

An raibh sé éasca/deacair ar an rúnaí na tuairimí a thaifeadadh?

An raibh sé éasca/deacair ar an tuairisceoir an t-aiseolas a thabhairt?

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 8

Rogha 3

Grúp-Chinnteoireacht: Ag dul ag siopadóireacht

Labhraimís: Faoi chinntí siopadóireachta agus a n-iarmhairtí

Grúp-Chinnteoireacht: Ag dul ag siopadóireacht

Roinneann an múinteoir an rang ina ghrúpaí de chúigear nó seisear. Dá mbeadh €10 ag gach grúpa le caitheamh ar bhia do chóisir cad a cheannóidís? Tugtar an Praghasliosta céanna d'earraí le ceannach do gach grúpa. Is féidir níos mó ná ceann amháin de gach earra a cheannach. Ar an bPraghasliosta d'fhéadfaí torthaí, seacláid, deochanna boga, brioscáin phrátaí, brioscaí, poparbhar, srl. a áireamh.

D'fhéadfaí dul siar ar na rialacha don Ghrúp-Chinnteoireacht sula gcinneann gach grúpa ar an gcaoi leis an deich bpunt a chaitheamh. Scríobhtar cinntí deiridh gach grúpa ar chairteacha agus cuirtear ar taispeáint iad.

Iarrann an múinteoir ar an rang féachaint ar an liosta ceannachán agus labhairt ar na hábhair seo a leanas:

Cad iad na hearraí a cheannaigh gach grúpa?

An ann d'aon earra nár cheannaigh aon ghrúpa?

Ar cheannaigh aon dá ghrúpa nó níos mó na rudaí ceannanna céanna sna méideanna céanna?

Labhraimís: Faoi chinntí siopadóireachta agus a n-iarmhairtí

Iarrann an múinteoir ar na páistí smaoineamh ina n-aonar ar chinntí a ngrúpa féin:

Cad a roghnaíomar? Cén fáth gur roghnaíomar na hearraí sin?

An raibh cead cainte ag gach duine? Ar áiríodh mo chuid tuairimí?

Ar chuala mé tuairimí daoine eile?

An raibh ár roghanna cosúil/éagsúil le roghanna grúpaí eile?

Ag cuimhneamh ar iarmhairtí a gcinntí, ceistítear na páistí:

An mbeadh do Mhamaí/Dhaidí sásta le do chinntí?

Cad iad na buntáistí le ... a cheannach?

An bhfuil aon mhíbhuntáiste ann? Má tá, cad é/iad?

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 9

Gníomhaíochtaí a Leanann

Aincheist Cinnteoireachta: Cad a dhéanfaidh mé?

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag dearadh póstaera

Aincheist Cinnteoireachta: Cad a dhéanfaidh mé?

Cuireann an múinteoir fadhb faoi bhráid an ranga, atá le fuascailt ag gach páiste ina (h)aonar:

Tá tú ag na siopaí (an lárionad siopadóireachta) agus buaileann tú le cairde scoile leat. Seo daoine a bhfuil meas agat orthu agus ba bhreá leat aithne níos fearr a chur orthu. Bíonn an-am á chaitheamh agat leo nuair a fheiceann tú go bhfuil sé ceathrú chun a naoi istoíche. Tá tú in ainm is a bheith ag baile ar a naoi a chlog.

Iarrann an múinteoir ar na páistí anois plé a dhéanamh mar rang:

Cad a d'fhéadfá a dhéanamh? Freagraí: D'fhéadfainn ... nó d'fhéadfainn ...

Cad é an rud ceart le déanamh? Cad é an rud mícheart le déanamh?

Cad iad na buntáistí a bhaineann le fanacht le do chairde?

Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le fanacht le do chairde?

Iarrann an múinteoir ar gach páiste anois cinneadh príobháideach a dhéanamh agus an méid seo a leanas a rá leis/léi féin:

Táim i ndiaidh cinneadh ar ...

agus machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí ag rá:

Má chinnim ar ..., is iad na hiarmhairtí a bheidh ann ná ...

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag dearadh póstaera

Má rinneadh Rogha 1, Cinntí Pearsanta, iarr ar na páistí póstaer a dhearadh a thaispeánann na cúig earra a roghnaigh siad mar na Roghanna agus Cinntí Sláintiúla níos tábhachtaí. Féadfaidh siad obair a dhéanamh ina n-aonar nó ina bpéirí.

Mo Chúig Rogha agus Chinneadh Shláintiúla is Tábhachtaí

1. Bia úr a ithe
2. Mo chuid fiacla a ní
3. Codladh maith na hoíche a fháil
4. Mo chraiceann a chlúdach faoin ngrian
5. Aclaíocht a dhéanamh go minic

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 10

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí cinntí a dhéanamh agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar chinntí agus roghanna pearsanta a phlé. Áirítear ansin mianta pearsanta, luachanna morálta, eolas ar an rud atá ceart, bacainní sóisialta, piarthionchar agus tionchar na meán. Agus lántaitneamh á bhaint as an saol ní mór fadhbanna a fhuascailt agus cinntí is roghanna a dhéanamh. Is féidir teacht ar phróisis dá leithéidí mar dhuine aonair nó mar ghrúpa. Agus iarracht á déanamh fadhbanna páistí a fhuascailt nó a ndeacrachtaí a réiteach dóibh, cothaítear an meon iontu gur féidir le duine éigin eile an fhadhb a "réiteach" agus nach bhfuil an cumas acu féin na fadhbanna is simplí fiú a fhuascailt gan cúnamh ó dhuine fásta.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

▲ **Féach na cinntí a mbíonn tionchar acu ort féin, ar do pháiste agus ar do theaghlach. Dear póstaer atá le crochadh sa chistin a bheidh mar chuimhne ar dhea-chleachtas. Samplaí amháin atá sa mhéid seo a leanas:**

Cúig bhealach chun argóintí a réiteach

Éistigí le chéile

Labhraígí go socair

Úsáidigí teanga mheasúil

Smaoinigí ar an argóint le dearcadh an duine eile

Roinnigí dearcaí a n-aontaíonn sibh orthu

Cúig bhealach chun caidreamh a fhorbairt sa teaghlach

Bíodh spórt agus spraoi agaibh le chéile

Roinnigí obair an tí

Labhraígí faoi bhur bhfadhbanna

Labhraígí faoi bhur ndea-nuacht

Bíodh grá agaibh dá chéile

▲ **Labhair le do pháiste faoi iarmhairtí cinntí. Cad a tharlódh:**

Dá mbéicfeá ar ... mar gur athraigh sé/sí an cainéal teilifíse?

Dá ndéanfá cinneadh gan d'éide scoile a chaitheamh ar scoil cé go bhfuil sé riachtanach?

Dá rachfá go teach ... i ndiaidh scoile gan insint dom?

Dá n-éireofá go moch agus dá gcuirfeá iontas orm tríd an mbricfeasta a ullmhú?

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 11

Rang a Trí: **Imeascadh Curaclaim**

Gaeilge

Ábhar	Téama OCG	Lch
Forbairt Teanga		
Fúinn féin agus faoi dhaoine eile	Tallanna Speisialta	19
Cairdeas a dhéanamh arís	Troideann cairde uaireanta.	32
Teaghlaigh	Mo Theaghlach	43
Daoine a chabhraíonn le daoine eile	Sábháilteacht	51
Daoine Aibítireacha	Sábháilteacht	54
Ainmnigh, Taispeáin, Inis	Ag léiriú mothúchán	59
Mothúcháin Aibítireacha	Ag léiriú mothúchán	62
Ag ullmhú do Bheatha Nua	Ag ullmhú do Bheatha Nua	71
Cad tá foghlamtha againn	Ár gCéadfaí	85
An méid a rinneamar	Ár gCéadfaí	88
Céimeanna Aoise	Athraím de réir mar a fhásaim	99
An chaoi ar chinneamar	Ag déanamh cinntí	109
Cinntí Siopadóireachta agus a nIarmhairtí	Ag déanamh cinntí	110
Ciorcal Ranga		
Conas a mhothaíonn tú?	Ag léiriú mothúchán	59
Céimeanna Aoise	Athraím de réir mar a fhásaim	99
Plé/Cinnteoireacht		
Teaghlaigh le chéile	Mo Theaghlach	39
Daoine ar féidir leo cabhrú linn	Sábháilteacht	52
Bealaí ina léirímid conas a mhothaímid	Ag léiriú mothúchán	64
Roghanna agus Cinntí Sláintiúla	Ag déanamh cinntí	105
Cinntí, Cúiseanna, Torthaí	Ag déanamh cinntí	107
Comhthuairimí	Ag déanamh cinntí	108
Ag dul ag siopadóireacht	Ag déanamh cinntí	110
Cad a dhéanfaidh mé?	Ag déanamh cinntí	111
Scéal		
Tástáil Litrithe Eoin	Tallanna Speisialta	19
Nuair a thiteann cairde amach le chéile	Troideann cairde uaireanta.	30
Cé, Cad, Cathain, Cén fáth?	Sábháilteacht	52
'Mise atá ann!' le Clare Maloney	Ag ullmhú do Bheatha Nua	74
Ag scríobh filíochta		
Argóintí agus Athchairdeas	Troideann cairde uaireanta.	34
Dán Acrastaice faoi Bhaill Teaghlaigh	Mo Theaghlach	45
Cad é ...	Ag léiriú mothúchán	62
Ár gCéadfaí	Ár gCéadfaí	89
Nuair a bheidh mé i mo dhuine fásta	Athraím de réir mar a fhásaim	100
Ag scríobh		
Bláthanna agus Torthaí	Tallanna Speisialta	20
Cad a fuair mé amach	Tallanna Speisialta	24
Cairde agus titim amach	Troideann cairde uaireanta.	33
Oideas do Theaghlach	Mo Theaghlach	44
Mothúcháin	Ag léiriú mothúchán	64
Litir Buíochais	Ag ullmhú do Bheatha Nua	76
An Cuairteoir/An Ceacht	Ag ullmhú do Bheatha Nua	76
Bileog Saothair		
Athraím de réir mar a fhásaim	Athraím de réir mar a fhásaim	95
An Fás agus an tAthrú atá tagtha orm	Athraím de réir mar a fhásaim	96

9.Making Decisions/irish:9.Making Decisions/irish 14/07/2009 11:13 Page 12

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Rang a Trí Innéacs

Ábhar	Téama OCG	Lch
Mata		
Athraím de réir mar a fhásaim	Mo Theaghlach	46
Eolas Imshaoil		
Cuairteanna		
Ball Teaghlaigh	Mo Theaghlach	40
Duine a n-áirítear sábháilteacht páistí ina p(h)ost	Sábháilteacht	51
Tuismitheoir(í) agus Babaí	Ag ullmhú do Bheatha Nua	71
Tástálacha		
Ag úsáid ár gCéadfaí	Ár gCéadfaí	86
Ceacht Eolais		
Ag tabhairt aire don Bhabaí	Ag ullmhú do Bheatha Nua	73
Ár gCéadfaí	Ár gCéadfaí	84
Ag fás suas	Athraím de réir mar a fhásaim	97
Siúlóid		
Cúnamh ó dhuine eile	Sábháilteacht	54
Ceol		
Ceol le mothú	Ag léiriú mothúchán	66
Drámaíocht		
Rólghlacadh		
An chaoi le cairdeas a dhéanamh arís	Troideann cairde uaireanta.	31
Cluiche		
Cé Mise?	Tallanna Speisialta	20
Mol agus mol	Tallanna Speisialta	21
Ag cur aithne orm	Tallanna Speisialta	23
Nasc Cairdis	Troideann cairde uaireanta.	33
Cad tá foghlamtha againn	Ár gCéadfaí	85
Am Ciúin		
Ag úsáid ár gCéadfaí	Ár gCéadfaí	90
Ealaín		
Ag díriú ar éachtanna	Tallanna Speisialta	21
Mo Thallanna	Tallanna Speisialta	23
Amlíne Cairdis	Troideann cairde uaireanta.	29
Ag déanamh cairdis arís	Troideann cairde uaireanta.	34
Réalt-Theaghlach	Mo Theaghlach	39
Amlíne Teaghlaigh	Mo Theaghlach	40
Daoine a chabhraíonn linn	Sábháilteacht	54
Laethanta Sona	Ag léiriú mothúchán	67
Montáis Aoiseanna	Athraím de réir mar a fhásaim	98
Ag dearadh póstaera	Ag déanamh cinntí	111

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 1

Rang a Ceathair

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 2

Clár Ábhair

Rang a Ceathair

Uimhir	Téama	Lch
1.	Mé féin agus daoine eile	117
2.	Maistíneacht	127
3.	Mo Theaghlach	137
4.	Cúiseanna le Rialacha	147
5.	Mothúcháin	155
6.	Iontas Beatha Nua	169
7.	Bí glan - bí sláintiúil	183
8.	Fás agus Athrú	195
9.	Ag fuascailt fadhbanna	200

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 3

1 Mé féin agus daoine eile

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 4

Téama 1

Mé féin agus daoine eile

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí scileanna a fhorbairt agus tábhacht na hidirghníomhaíochta le daoine eile a thuiscint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Ceacht Comhoibrithe:	Beirt le crián
Ceacht Comhoibrithe:	Ag obair i d'aonar agus ag obair le chéile

Rogha 2

Drámaíocht:	Obair foirne
Gníomhaíocht Comhoibrithe:	Grúp-Snaidhm

Rogha 3

Grúp-Dhearadh Gúna:	Gúna Damhsa Páipéir
Grúp-Chinnteoireacht:	Oileán Tréigthe

Gníomhaíochtaí a Leanann

Scéal:	Faoi obair a dhéanamh le chéile
Gníomhaíocht Corpoideachais:	Sáigh agus tarraing
Cluiche:	Spotaí

Nóta ar Fhéinmheas

Is éard atá i bhféinmheas an meas a bhíonn agat ort féin. Is fearr an seans a bhíonn ag páistí le hardmheas orthu féin caidreamh tuisceanach a fhorbairt agus is lú an seans a bhíonn ann go mbainfidh daoine úsáid astu. Ba éifeachtaí a chuirfí clár atá ceaptha chun féinmheas daltaí a fhorbairt i bhfeidhm i gcomhthéacs chur chuige na scoile ina hiomláine. Féadfaidh timpeallacht dhearfach seomra ranga fás san ardmheas a chothú.

Éilíonn páistí le lagmheas an iomarca orthu féin agus b'fhéidir nach bhfuil siad in ann iad féin a mheas i gceart. Méadaíonn an dá thréith seo an seans nach n-éireoidh leo. Treisítear lagmheas an pháiste air/uirthi féin leis an mothú neamhfhiúntais a ghabhann leis an teip. Má thugtar am ar leith i dtús seachtaine, lae nó ceachta chun insint do pháistí cad é a mbeifear ag súil uathu, gheofar amach gur fiú go mór é agus go mbíonn dea-thoradh ar an am a chaitear. Faightear réidh leis an éiginnteacht trí spriocanna a mhíniú go beacht. Cuireann an tsiúráil seo an dalta ar a s(h)uaimhneas.

Le hathbhreithniú gairid rialta forbraítear sna páistí an cumas dul chun cinn a mheas go réadúil. De réir mar a dhéantar straitéisí dá leithéid arís is arís eile, iompaíonn siad ina gcuid nádúrtha den lá scoile. Is féidir tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh chun tacaíocht do na gníomhaíochtaí féinfheabhsaithe, agus treisiú na ngníomhaíochtaí sin, sa seomra ranga a sholáthar.

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 5

Rogha 1

Ceacht Comhoibrithe:	Beirt le crián
Ceacht Comhoibrithe:	Ag obair i d'aonar agus ag obair le chéile

Ceacht Comhoibrithe: Beirt le crián

Don cheacht seo, cuirtear na páistí ina bpéirí, le crián amháin agus bileog amháin páipéir ag gach péire. Iarrann an múinteoir ar na páistí breith ar an gcrián le chéile agus rud éigin a tharraingt, gan labhairt. Ní mór dóibh smaointe a chéile a leanúint trí chumarsáid neamhlabhartha. Nuair a bhíonn deireadh leis an tasc iarrann an múinteoir orthu plé le chéile:

An raibh sé deacair gan labhairt? Ar roinn sibh an crián agus an páipéar go cothrom?

Cérbh é/í an ceannaire? An aontaíonn sibh beirt air sin?

Conas a bhraith an bheirt agaibh agus sibh ag tarraingt? (ar tinneall/suaimhneach)

An raibh cur in aghaidh nó fórsa ann? (Ar bhris an crián nó ar stróic an páipéar?)

An raibh a fhios agat cad a bhí á tharraingt agaibh? Má bhí a fhios, conas?

Ar thosaigh sibh le smaoineamh amháin agus ansin ar athraigh sibh bhur n-aigne? Má d'athraigh, cén fáth?

Cad tá foghlamtha agat ón gceacht faoi obair a dhéanamh le chéile?

Ceacht Comhoibrithe: Ag obair i d'aonar agus ag obair le chéile

Tasc 1. **Tabhair tasc, mar a mholtar in A, B nó C thíos, do gach páiste atá le comhlánú ina (h)aonar laistigh de thréimhse áirithe ama.** Mar mhalairt, d'fhéadfadh baint a bheith ag an tasc le rud éigin atá á mhúineadh sa rang i réimse ábhair eile.

A. **Iarr ar gach páiste dán a scríobh faoi/fúithi féin ag baint úsáide as an leagan amach seo a leanas: Fúmsa!**

An chéad líne	-	focal amháin	-	**Mise**
An dara líne	-	dhá fhocal	-	**Duine Iontach!**
An tríú líne	-	trí fhocal	-	**Go leor fúmsa!**
An ceathrú líne	-	dhá fhocal	-	**Nach dóigh**
An cúigiú líne	-	focal amháin	-	**Leat?**

I measc ábhar eile d'fhéadfaí an teaghlach, baill an teaghlaigh, mothúcháin, cairde agus ag fás suas a áireamh.

nó

B. Iarr ar gach páiste dán acrastaice a scríobh ar cheann de na téamaí sin, m.sh.

Mamaí

Mórchuid le déanamh ag Mamaí
Ach fós bíonn am aici dom i gcónaí
Mise atá lán áidh go mbíonn sí
Ag tabhairt aire dom gach lá
Í sona agus an-speisialta, sin mo Mhamaí

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 6

nó

C. **Iarr ar na páistí cúig mholadh a scríobh do cheann amháin díobh seo a leanas:**

Teaghlach Sona
Seomra Ranga Sona
Scoil Shona
Cairdeas Maith
Bheith Sláintiúil

Tasc 2. **Faigheann gach páiste páirtí agus comhlánaíonn gach péire tasc, cosúil le Tasc 1, sa tréimhse chéanna ama.**

Fiafraigh de na páistí conas a bhí sé agus iad ag obair leo féin i gcomparáid le bheith ag obair le cara. B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

Conas a bhí sé agus tú ag obair i d'aonar?

Conas a bhí sé agus tú ag obair le duine éigin eile?

Conas a bhí sé difriúil?

An raibh an jab níos deacra nó níos fusa dá bharr? Cén fáth?

Bhí ... (sonraigh tréimhse ama) chun an chéad tasc a dhéanamh.

Cá fhad a tugadh duit chun an dara tasc a dhéanamh? B'fhéidir go mbraitheann na páistí go n-imíonn an t-am níos tapúla nuair a bhíonn siad ag obair le cara.

Cé acu ab fhearr leat? Cén fáth? (Cabhraítear leis na páistí a thuiscint go bhfuil a rogha inghlactha. Cé go bhfuil sé tábhachtach a bheith in ann obair a dhéanamh mar bhall de ghrúpa/d'fhoireann, tá amanta ann nuair a theastaíonn nó nuair is fearr obair a dhéanamh i d'aonar.)

D'fhéadfaí cleachtas an ghrúp-chomhoibrithe a fhorbairt níos mó sa rang corpoideachais trí chleachtadh a dhéanamh i ngníomhaíochtaí duine aonair ar dtús, ar aghaidh ansin go hobair i bpéirí agus ag críochnú le grúpobair. D'fhéadfadh ceacht simplí mar seo a leanas é sin a léiriú:

(i) Bíonn liathróid ag gach páiste a phreabann sé/sí ar an talamh/urlár ar feadh nóiméid;

(ii) Ina bpéirí, caitheann na páistí an liathróid chuig a chéile;

(iii) Déantar grúpa de thrí phéire agus caitheann siad an liathróid go randamach chuig a chéile.

B'fhéidir go bpléifeadh na páistí cé acu is fearr leo agus cad a mhilleann an ghrúpobair.

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 7

Rogha 2

Drámaíocht: Obair foirne

Gníomhaíocht Comhoibrithe: Grúp-Snaidhm

Drámaíocht: Obair foirne

Bheadh an tasc seo deacair do pháistí nach raibh an t-eolas ceart acu roimh an tasc. B'fhéidir go ndéanfaí roinnt oibre ullmhúcháin trí chur chuige traschuraclaim.

Roinntear an rang ina ghrúpaí de chúigear páistí. Tugtar tasc do gach grúpa le críochnú. Iarrtar ar gach duine den ghrúpa páirt a ghlacadh ann. Cleachtar na tascanna ar feadh cúig nóiméad agus ansin cuirtear faoi bhráid an ranga iad, san ord ceart, le gach duine ag lua a róil agus ag mímeadh na gníomhaíochta a théann leis. Seo a leanas roinnt tascanna agus gníomhaíochtaí molta:

Grúpa 1	**Monarcha Troscáin**	**Leaba a dhéanamh**
Grúpa 2	**Láithreán Tógála**	**Teach a thógáil**
Grúpa 3	**Cistin**	**Toirtín úll a dhéanamh**
Grúpa 4	**Gairdín**	**Bláthanna a chur**
Grúpa 5	**Garáiste**	**Carr a ghlanadh**

B'fhéidir go dtosódh **Grúpa 1** le córas agus ansin go leanfaidís ar aghaidh go hindibhidiúil:

Gach duine: Oibrímid ar fad i Monarcha Troscáin agus tá leaba á déanamh againn.

1. Tá an fráma á dhéanamh agamsa agus seo an chaoi a ngearraim an t-adhmad chun é a dhéanamh.
2. Tá an bonn á dhéanamh agamsa agus seo an chaoi a dtairneálaim na faid adhmaid don fhráma.
3. Tá mise ag tomhas an chúir chun an tocht a ghearradh amach.
4. Tá mise ag gearradh an ábhair chun an tocht a chlúdach.
5. Tá mise ag fuáil an ábhair chun clúdach an tochta a dhéanamh.

Sa chaoi chéanna luann na páistí i ngach grúpa a n-ionad oibre agus deir gach páiste cad tá sé/sí a dhéanamh fad a dhéantar na gníomhaíochtaí a mhímeadh. Nuair a bhíonn a ndrámaíocht déanta ag gach grúpa suíonn na páistí i gciorcal. Cuireann an múinteoir tús le comhrá ar an méid atá siad i ndiaidh a dhéanamh:

An raibh sé éasca an drámaíocht faoin ionad oibre a chumadh? Cén fáth?

Eadraibhse, sa ghrúpa, an raibh an t-eolas riachtanach ar fad agaibh?

Cad a tharla mura raibh a fhios agaibh cad a bhí le déanamh?

Conas a bhraith tú sa ghrúpa?

Cad a tharla sna grúpaí ina raibh cuid mhaith argóna ar siúl?

Cad a tharla sna grúpaí inar labhair agus chabhraigh na daoine le chéile?

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 8

Cad is gá do ghrúpa a dhéanamh má tá rath le bheith air?

Cad tá foghlamtha agat faoi chomhoibriú ón gceacht seo?

Gníomhaíocht Comhoibrithe: Grúp-Snaidhm

Chun clabhsúr a chur ar an gceacht seo, roinneann an múinteoir an rang ina thrí ghrúpa chothroma. Déanann gach grúpa ciorcal leis na páistí ag féachaint isteach. Nascann na páistí lámha le chéile thar an gciorcal ach ní leis na páistí ar gach taobh díobh. Ag comhartha an mhúinteora athraítear gach greim láimhe gan an dá lámh a scaoileadh ag an am céanna, agus ag seachaint na bpáistí ar gach taobh fós. B'fhéidir go mbeadh roinnt páistí ag díriú isteach agus roinnt eile ag díriú amach dá bharr seo. Is é cuspóir an cheachta seo go dtuigfidh na páistí gurb é an comhoibriú a chothaíonn an rath.

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 9

Rogha 3

Grúp-Dhearadh Gúna: Gúna Damhsa Páipéir

Grúp-Chinnteoireacht: Oileán Tréigthe

Grúp-Dhearadh Gúna: Gúna Damhsa Páipéir

Roinneann an múinteoir an rang ina ghrúpaí de chúigear nó seisear páistí. Insíonn sé/sí scéal ar gá do gach grúpa réiteach a fháil air - **Teastaíonn ó Shíle dul chuig an damhsa. Níl aon ghúna aici agus ní thagann aon símháthair baiste chuici chun ceann a thabhairt di.**

Fágtar nuachtáin agus téip chumhdaigh os comhair gach grúpa. Tugtar cúig nóiméad déag dóibh gúna damhsa a dhéanamh do Shíle. Nuair a bhíonn an t-am istigh ceistíonn an múinteoir:

Ar ghlac gach duine páirt chothrom sa ghníomhaíocht?

An raibh sé indéanta/dodhéanta an tasc a chríochnú? Cén fáth?

Cad í an fhadhb ba mhó a nochtadh?

Cad a dhéanfadh sibh go difriúil an chéad uair eile?

Cad tá foghlamtha agaibh ón gceacht seo?

Grúp-Chinnteoireacht: Oileán Tréigthe

Cruthaigh an suíomh trí iarraidh ar na páistí a shamhlú go bhfuil siad ina gcónaí ar oileán tréigthe, áit nach bhfuil aon duine eile. Abair leo:

'Inniu, ba mhaith liom go gcinnfeá ar thrí rud ba mhaith leat agus ar thrí rud nár mhaith leat faoi bheith i do chónaí i d'aonar ar oileán tréigthe.'

Lean na treoracha don Ghrúp-Chinnteoireacht faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair, ag obair ó dhearcadh an duine aonair ar dtús, ansin go hobair i bpéirí agus ansin go tuairimí a chomhroinnt i ngrúpaí beaga.

Déan deimhin de go dtuigeann na páistí nach iad buntáistí agus míbhuntáistí an tsaoil ar oileán tréigthe atá ag teastáil ach na buntáistí is míbhuntáistí a bhaineann le bheith i do chónaí i d'aonar.

Má bhíonn rath ar an ngníomhaíocht b'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na grúpaí a mhíniú má sháraíonn na buntáistí na míbhuntáistí agus *vice versa*.

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 10

Gníomhaíochtaí a Leanann

Scéal:	Faoi obair a dhéanamh le chéile
Gníomhaíocht Corpoideachais:	Sáigh agus tarraing
Cluiche:	Spotaí

Scéal: Faoi obair a dhéanamh le chéile

Trí éisteacht le scéal, nó scéal a léamh, faigheann na páistí taithí ar an saol go hionadach.

Charlotte's Web le *E.B. White* agus **The Sheep Pig** le *Dick King Smith*, foilsithe ag *Puffin*.

Insíonn na scéalta sin torthaí sona an chomhoibrithe idir chairde.

D'fhéadfadh cuid de na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach:

Cad faoi a raibh an scéal seo?

Cérbh iad na príomhcharachtair?

Cén fhadhb a bhí le sárú?

Conas a d'oibrigh na carachtair le chéile chun an fhadhb a fhuascailt?

Cad a tharlódh mura n-oibreodh na carachtair le chéile?

An raibh fadhbanna agat riamh ar chabhraigh do theaghlach nó do chairde leat iad a fhuascailt?

Ar mhaith leat insint dúinn cad a tharla?

Gníomhaíocht Corpoideachais: Sáigh agus Tarraing

Roinneann an múinteoir an rang ina phéirí. Ag féachaint ar a chéile, beireann gach leathphéire ar lámh dheas a chéile (i bhfoirm chroitheadh láimhe). Is é an tasc atá ann do gach duine iarracht a dhéanamh na lámha nasctha a chur ar a c(h)román clé. Glaonn an múinteoir go bhfuil 'an t-am istigh' i ndiaidh nóiméid agus iarrann ar na páistí seasamh agus freagairt go ciúin:

Cé mhéad uair a chuir tú na lámha ar do chromán féin? Cén chaoi ar éirigh leat é sin a dhéanamh?

Má d'éirigh leat scór ard a aimsiú conas a bhraith tú? Má fuair tú scór íseal conas a bhraith tú?

An bhféadfá é a dhéanamh difriúil?

Tugtar nóiméad do na páistí chun an ceacht a dhéanamh ag comhoibriú agus ceistítear iad:

An raibh do scór níos airde nó níos ísle an uair seo? Conas a d'éirigh leat é sin a dhéanamh?

Cluiche: Spotaí

Tá cúig nó sé shraith spotaí daite, m.sh. gorm, dearg, buí, uaine, bán, oráiste. Greamaíonn sé/sí spota de dhroim gach páiste, gan an dath a thaispeáint don pháiste. Ina dtost, ní mór don rang dul isteach i ngrúpaí, grúpaí an datha chéanna. Féadfaidh na páistí comharthaí neamhlabhartha a thabhairt dá chéile, m.sh. pointeáil, sméideadh, srl. Nuair a bhíonn na grúpaí déanta fiafraítear de na páistí conas a mhothaigh siad nuair a fuair siad cabhair ó dhaoine eile.

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 11

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí scileanna a fhorbairt agus tábhacht na hidirghníomhaíochta le daoine eile a thuiscint. Bíonn tionchar ag féinmheas an pháiste ar an idirghníomhaíocht chairdiúil a bhíonn aige/aici le daoine eile. Is éard atá i bhféinmheas an meas a bhíonn agat ort féin. Is fearr an seans a bhíonn ag páistí le hardmheas orthu féin caidreamh tuisceanach a fhorbairt agus is lú an seans a bhíonn ann go mbainfidh daoine úsáid astu.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat. B'fhéidir go mbeadh cuid acu seo clúdaithe ar scoil cheana ach beidh fócas níos pearsanta acu anseo agus b'fhéidir gur fearr a bhainfidh siad le hábhar nuair a oibríonn sibh le chéile ag baile.

B'fhéidir gur mhaith leat féin agus le do pháiste dán acrastaice a chumadh faoi chara do pháiste, ag lua na caoi a réitíonn siad le chéile. Is éard atá i ndán acrastaice dán a bhaineann úsáid as céadlitreacha focail chun gach líne a thosú:

Nóra	**Seán**
Nach bhfuil an t-ádh liomsa	**S**in mo pháirtí
Ó, is í mo dhlúthchara í	**E**isean atá greannmhar
Ríméadach le chéile	**Á**thas orainn le chéile
Am againn dá chéile i gcónaí	**N**í thitimid amach le chéile choíche

In éineacht le do pháiste, gearr amach focail (nó litreacha chun focail a dhéanamh) i bhfoirm cló mhóir ó nuachtáin agus greamaigh iad ar bhileog mhór páipéir chun póstaer a dhéanamh ar 'Caidreamh le Daoine':

Tuisceanach Measúil Áthasach Cineálta Flaithiúil
Ionraic Cainteach Cairdiúil Smaointeach

Labhair le do pháiste faoi scileanna cumarsáide atá riachtanach don idirghníomhaíocht phearsanta i ngnáthimeachtaí laethúla éagsúla. Cleachtaigí le chéile, tríd an méid a d'fhéadfadh do pháiste a rá agus a dhéanamh sna suímh seo a leanas a chur i bhfoirm gníomhartha.

An guthán a fhreagairt ag baile

Airgead a chur i dtaisce i gcuntas Oifig an Phoist

Ticéid réamhchurtha in áirithint a bhailiú ag an bPictiúrlann

Dlúthdhiosca nó caiséad a cheannach le Dearbhán Bronntanais

Leabhair a thabhairt ar ais chuig an Leabharlann i ndiaidh an dáta dhlite

Iógart a thabhairt ar ais chuig an ollmhargadh mar go raibh sé i ndiaidh an 'spriocdháta díola' nuair a ceannaíodh é.

1.Myself and Others/irish:1.Myself and Others/irish 14/07/2009 10:28 Page 12

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 1

2 Maistíneacht

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 2

Téama 2

Maistíneacht

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoi mhaistíneacht, an fáth go dtarlaíonn sí agus bealaí chun déileáil léi.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Cás-Staidéir:	Maistíneacht
Fuascailt Ghníomhach Fadhbanna:	Cad í an fhuascailt?

Rogha 2

Scéal:	Faoi Mhaistíneacht
Plé:	Cad is maistíneacht ann?

Rogha 3

Cás-Staidéir:	Maistíneacht a thuiscint
Fuascailt Fadhbanna:	An dá dhearcadh

Gníomhaíochtaí a Leanann

Machnamh Príobháideach:	Eachtra Maistíneachta
Grúp-Chinnteoireacht:	An Fhuascailt

Nóta ar Chairdeas

Glacann cairde ról tábhachtach i saol páiste. De réir mar a idirghníomhaíonn páistí le cairde agus a roinneann siad a dtaithí le chéile, leathnaíonn a dtuiscint ar an domhan thar an tuiscint atá acu bunaithe ar a dtaithí féin. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó dhaoine eile, tosaíonn páistí ag féachaint orthu féin mar a fhéachann daoine eile orthu. Agus deiseanna á soláthar do pháistí chun cabhrú leo nádúr an chairdis ina saol a thuiscint cabhraítear leo dáimh a bheith acu le daoine eile agus leagtar an bonn don tuiscint ar nádúr an phiarghrúpa de réir mar a théann siad in aois.

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 3

Rogha 1

Cás-Staidéir:	Maistíneacht
Fuascailt Ghníomhach Fadhbanna:	Cad í an fhuascailt?

Cás-Staidéir: Maistíneacht

Is éard atá i maistíneacht ionsaí leanúnach béil, síceolaíochta nó fisiceach a dhéanann duine aonair nó grúpaí ar dhaoine eile. Ní féidir, dáiríre, cur síos ar eachtraí aonair iompair ionsaithigh, nár chóir a chosaint, mar mhaistíneacht. Nuair a bhíonn an t-iompar córasach agus leanúnach, áfach, maistíneacht atá ann. Sa cheacht seo pléifear sainmhíniú ar an 'maistíneacht' agus ar an gcineál duine a dhéanann a leithéid seo d'iompar.

Maistíneacht a aithint
Léann an múinteoir cuid de na cásanna seo a leanas amach agus iarrann ar na páistí na heachtraí maistíneachta a aithint:

1. Tá Séan i ndiaidh airgead bus Eoin a thógáil agus bhí ar Eoin siúl abhaile gach lá an tseachtain seo. Tugann Eoin an t-airgead do Shéan mar go ndeir Séan leis mura ndéanfaidh sé amhlaidh go gcuirfidh sé an gasra ina dhiaidh sa chlós.
An maistíneacht í sin? Cén fáth?

2. Thit airgead bus Pheadair óna phóca ar an urlár inné. Ní raibh a fhios ag Mícheál cé leis é ach thóg sé é ar aon nós agus chaith sé ar mhilseáin é.
An maistíneacht í sin? Cén fáth?

3. Ón uair a bhí siad i rang na Naíonán Sóisearach tá Nóirín ag tabhairt ainmneacha gránna ar Aisling. Tá a fhios ag Nóirín go gcuireann sé sin isteach ar Aisling. Tá a fhios aici go gcuireann sé ag caoineadh í. . **An maistíneacht í sin? Cén fáth?**

4. Fuair Lorcán bróga nua. Dúirt Gearóid nach raibh an lipéad (branda) ceart orthu.
An maistíneacht í sin? Cén fáth?

5. Bíonn Eilís de shíor ag rá nach bhfuil éadaí Threasa san fhaisean.
An maistíneacht í sin? Cén fáth?

6. Is cairde maithe iad Tomás agus Colmán. Bhí siad ag imirt sa chlós. De thaisme, bhain Tomás tuisle as Colmán agus gearradh glúin Cholmáin go dona.
An maistíneacht í sin? Cén fáth?

7. Bhí cairde maithe, Brian agus Pádraig, ag súgradh sa chlós. Bhí siad ag ligean orthu go raibh siad ar an gclár teilifíse is ansa leo. Rug Brian ar Phádraig agus chaith ar an talamh é. Ghortaigh Pádraig a ghualainn. Nuair a labhair an múinteoir le Brian faoi dúirt sé nach raibh siad ach 'ag súgradh'. **An maistíneacht í sin? Cén fáth?**

8. Dlúthchairde a bhíodh i Sorcha agus Sinéad ach níor thug Sorcha cuireadh do Shinéad teacht chuig a cóisir. Nuair a bhí breithlá Shinéad ag teacht chuaigh sí timpeall an ranga ag tabhairt cuirí amach. Nuair a tháinig sí go Sorcha dúirt sí: 'Níl cuireadh á fháil agatsa'. **An maistíneacht í sin? Cén fáth?**

9. Tá Fionnuala go maith ag gach rud, nach mór, sa rang. Tá sí an-mhaith ag an Mata. Gach maidin d'iarradh Clár ar Fhionnuala a cóipleabhar Mata a thaispeáint di agus chóipeáladh sí an obair bhaile. Cheap Fionnuala go raibh sé sin mícheart agus mar sin stop sí den chóipleabhar a thaispeáint do Chlár. Dá bharr sin, d'fháisc Clár lámh Fhionnuala taobh thiar dá droim. Ní thaispeánfadh Fionnuala an cóipleabhar, áfach. Anois tá Clár i ndiaidh a rá leis an gcuid eile den rang gan labhairt le Fionnuala. Tá bréaga inste aici faoi Fhionnuala chomh maith. Fanann sí ag geata na scoile lena cairde ag déanamh cinnte nach siúlann éinne abhaile léi.
An maistíneacht í sin? Cén fáth?

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 4

Fuascailt Ghníomhach Fadhbanna: Cad í an fhuascailt?

B'fhéidir go mbeadh sé cabhrach don mhúinteoir na tréithe seo a leanas sa mhaistíneacht a mheas, ábhar a tógadh ó na Treoirlínte in aghaidh na Maistíneachta i mBunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna.

> "Glactar go ginearálta go leis gur iompar foghlamtha í an mhaistíneacht. Bíonn an luí sna maistíní go dtaispeánann siad iompar ionsaitheach in éineacht le leibhéal íseal féinsmachta. Ní bhíonn aon doilíos orthu: is minic a chuireann siad ina luí orthu féin go bhfuil an chóireáil a thugtar tuillte ag an íospartach. Is féidir leis na daoine a bhíonn ag maistíneacht a bheith ag lorg airde; is minic go dtosaíonn siad amach chun dul i bhfeidhm ar lucht féachana agus gur maith leo an fhreagairt a chothaítear lena n-iompar. Bíonn an luí ann nach mbíonn cumas tuisceana acu. Ní heol dóibh nó is cuma leo faoi mhothúcháin an íospartaigh. Baineann maistíní eile taitneamh as pian a chur ar dhaoine. Is fiú nóta a dhéanamh de go mbíonn easpa muiníne agus féinmheas íseal ag cuid mhaith maistíní. Níl sé neamhghnách a fháil amach go ndéantar maistíneacht ar na páistí a bhíonn i mbun maistíneachta iad féin. Bíonn an luí ann go gcuirtear olc orthu go furasta agus go gcuireann siad olc ar dhaoine eile go minic." (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1993, lch. 6)

Roinneann an múinteoir an rang ina ghrúpaí beaga agus tugann ceann de na cás-staidéir do gach grúpa chun machnamh ar fhuascailt. Is féidir dhá cheist a thabhairt chun a modh smaointeoireachta a threorú:

Cén fáth go n-iompraíonn ... (maistín) **é/í féin mar sin?**

Cén chaoi a bhféadfaí cabhrú leis/léi, é/í a threorú/thabhairt chun tuisceana ar impleachtaí an iompair sin?

Cad ba chóir do ... (íospartach) **a dhéanamh?**

Conas a d'fhéadfaí cabhrú leis/léi é sin a dhéanamh?

Is féidir an próiseas fuascailte faidhbe seo a leanas a úsáid:

(i) Smaoinigh go príobháideach agus cinn ar fhuascailt.

(ii) I bpéirí, pléigí bhur bhfuascailtí agus cinn ar fhuascailt chomhaontaithe.

(iii) Roinneann dhá nó trí phéire le chéile a bhfuascailtí agus pléann na ceisteanna a ardaítear.

Tagraíonn an múinteoir don ghrúpobair díreach críochnaithe agus lorgaíonn aiseolas ar na fuascailtí ar gach scéal.

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 5

Rogha 2

Scéal:	Faoi Mhaistíneacht
Plé:	Cad is maistíneacht ann?

Scéal: Faoi Mhaistíneacht

Bealach amháin chun deiseanna a thabhairt do pháistí an mhaistíneacht a phlé ná trí scéal nó dán a léamh fúithi. Is féidir le páistí an scéal a léamh iad féin nó d'fhéadfadh an múinteoir é a léamh dóibh sa rang. Trí scéal dá leithéid a léamh féadfaidh an páiste féachaint ar an maistíneacht ó áit shábháilte. Ionannaíonn na páistí leis na carachtair i leabhar nó dán. Is féidir an mothú gur 'tharla sé sin domsa chomh maith' a bheith ina ábhar féinmhuiníneach. Tá sé tábhachtach do pháistí go bhfeicfidh siad na fuascailtí malartacha ar fhadhbanna agus iarmhairtí na gníomhaíochta.

Moltaí le haghaidh Scéalta

Déileálann na leabhair seo a leanas, arb é Puffin a d'fhoilsigh iad ar fad, le maistíneacht. Mar mhalairt, b'fhéidir go mbeadh scéalta oiriúnacha eile ar eolas ag an múinteoir nó b'fhéidir go mbeadh na páistí in ann leabhair atá léite acu faoin ábhar seo a mholadh. Más féidir, faigh ar iasacht iad do leabharlann an ranga. Spreag na páistí plé a dhéanamh ar a bhfuil léite acu.

Lady Daisy le *Dick King-Smith*
Leabhar greannmhar ar bhuachaill agus a bhabóg.

The Eighteenth Emergency le *Betsy Byars*
Seasann 'Luch' an fód in aghaidh an mhaistín agus is aici a bhíonn an lá.

The Bully le *Jan Needle*
Tá an-chuid cairde ag Áine. Níl ag Síomón. Deir Áine gur maistín é Síomón. Ach cé atá ag déanamh na maistíneachta dáiríre?

D'fhéadfadh cuid de na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach:

Cérbh é/í an maistín sa scéal seo?

Cé air a raibh sé/sí ag maistíneacht?

Cad iad na cineálacha rudaí a rinne an maistín?

Cén fáth gur maistíneacht í sin? (Ar lean sí ar aghaidh ar feadh tamaill fhada? Ar ghoill sí ar an íospartach? Ar ghortaigh sí a c(h)orp? An raibh daoine eile páirteach?)

I do thuairim féin, cad é an rud ba mheasa a rinne an maistín?

Cad a rinne an t-íospartach i dtosach?

Cad a dhéanfása?

Cén fáth go ndearna an maistín an méid a rinne sé/sí?

Cén cineál duine a bhí sa mhaistín?

Cad a tharla ag deireadh an scéil?

Féadfar dul ar aghaidh le plé níos ginearálta ar an maistíneacht.

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 6

Plé: Cad is maistíneacht ann?

Is éard atá i maistíneacht ionsaí leanúnach béil, síceolaíochta nó fisiceach a dhéanann duine aonair nó grúpaí ar dhaoine eile. Fiafraigh de na páistí cé mhéad uair a chaithfí ainmneacha a thabhairt orthu sula dtabharfaidís maistíneacht air. Cé mhéad uair a chaithfí iad a ghortú go fisiceach sula dtabharfaidís maistíneacht air? An gcuirfidís suas leis na 'hainmneacha' níos mó ná an gortú fisiceach?

Cén cineál duine é/í maistín?

Cén fáth go mbíonn iompar mar sin aige/aici?

Ar imríodh maistíneacht ortsa riamh? Cad a tharla?

Tugtar deis do na páistí smaoineamh siar ar am nuair a d'imir siad maistíneacht ar dhuine, b'fhéidir. Cuireann an múinteoir na ceisteanna, ar nós na gceisteanna seo a leanas, agus smaoiníonn na páistí agus freagraíonn dóibh féin:

Anois ós rud é go dtuigeann tú cad is maistíneacht ann, b'fhéidir go bhfiafrófá díot féin ar imir tú maistíneacht ar éinne riamh?

Smaoinigh ar an méid a tharla. Inis duit cén fáth ar iompair tú tú féin mar sin, dar leat.

Conas a dhéileálfá le suíomh comhchosúil sa todhchaí?

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 7

Rogha 3

Cás-Staidéir:	Maistíneacht a thuiscint
Fuascailt Fadhbanna:	An dá dhearcadh

Cás-Staidéir: Maistíneacht a thuiscint

Roinneann an múinteoir an rang ina ghrúpaí de thriúr agus tugann cnámhscéal maistíneachta do gach grúpa chun machnamh a dhéanamh air. Faigheann gach grúpa trí chárta fillte agus piocann gach páiste ceann chun róil sa ghrúpa a aithint. Bunaithe ar na cártaí a phioctar, léifidh páiste amháin an cnámhscéal agus labhróidh an bheirt eile don mhaistín agus don íospartach faoi seach, ag míniú cén fáth go n-iompraíonn sé/sí é/í féin mar sin agus cén chaoi a mothaíonn sé/sí.

1 A Tá Séan i ndiaidh airgead bus Eoin a thógáil agus bhí ar Eoin siúl abhaile gach lá an tseachtain seo. Tugann Eoin an t-airgead do Shéan mar go ndeir Séan leis mura ndéanfaidh sé amhlaidh go gcuirfidh sé an gasra ina dhiaidh sa chlós.

1 B **Is dóigh liom go dtógann Séan airgead Eoin mar ...** **Braitheann sé ...**

1 C **Is dóigh liom go dtugann Eoin a chuid airgid do Shéan mar ...** **Braitheann sé ...**

2 A Ón uair a bhí siad i rang na Naíonán Sóisearach tá Nóirín ag tabhairt ainmneacha gránna ar Aisling. Tá a fhios ag Nóirín go gcuireann sé sin isteach ar Aisling. Tá a fhios aici go gcuireann sé ag caoineadh í..

2 B **Is dóigh liom go dtugann Nóirín ainmneacha ar Aisling mar ...** **Braitheann sí ...**

2 C **Is dóigh liom go gcaoineann Aisling mar ...** **Braitheann sí ...**

3 A Bíonn Eilís de shíor ag rá nach bhfuil éadaí Threasa san fhaisean. Le déanaí, dúirt sí nach raibh aon 'lipéad (branda)' ar a bróga nua reatha. Nuair a dhéanann Eilís magadh fúithi, claonann Treasa a ceann agus imíonn léi.

3 B **Is dóigh liom go ndéanann Eilís magadh faoi Threasa mar ...** **Braitheann sí ...**

3 C **Is dóigh liom go ngoilltear go mór ar Threasa mar ...** **Braitheann sí ...**

4 A D'iarradh Clár ar Fhionnuala a cóipleabhar Mata a thaispeáint di agus chóipeáladh sí an obair bhaile. Cheap Fionnuala go raibh sé sin mícheart agus mar sin stop sí den chóipleabhar a thaispeáint do Chlár. Dá bharr sin, d'fháisc Clár lámh Fhionnuala taobh thiar dá droim. Ní thaispeánfadh Fionnuala an cóipleabhar, áfach. Anois tá Clár i ndiaidh a rá leis an gcuid eile den rang gan labhairt le Fionnuala. Tá bréaga inste aici faoi Fhionnuala chomh maith. Fanann sí ag geata na scoile lena cairde ag déanamh cinnte nach siúlann éinne abhaile léi.

4 B **Is dóigh liom go n-imríonn Clár maistíneacht ar Fhionnuala mar ...** **Braitheann sí ...**

4 C **Is dóigh liom go bhfuil Fionnuala gortaithe mar ...** **Braitheann sí ...**

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 8

Fuascailt Fadhbanna: An dá dhearcadh

I ndiaidh éisteacht leis an dá dhearcadh, pléann gach grúpa an fhadhb ina suíomh féin agus déanann iarracht teacht ar fhuascailt. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith mar threoir dóibh, **, ó dhearcadh an íospartaigh ar dtús agus ansin ó dhearcadh an mhaistín.** Féadfaidh an múinteoir beartú ar an ngnás a dhéanamh le grúpa amháin, m.sh.

Tá Séan i ndiaidh airgead bus Eoin a thógáil agus bhí ar Eoin siúl abhaile gach lá an tseachtain seo. Tugann Eoin an t-airgead do Shéan mar go ndeir Séan leis mura ndéanfaidh sé amhlaidh go gcuirfidh sé an gasra ina dhiaidh sa chlós.

Ó dhearcadh Sheáin:

Cad í an fhadhb?	(b'fhéidir nach bhfaigheann sé aon airgead póca)
Conas a mhothaíonn sé faoi?	(ar buile agus doicheallach)
Cad is féidir leis a dhéanamh?	(labhairt lena thuismitheoirí faoi)
Cén fáth go bhféadfadh sé a bheith deacair é sin a dhéanamh?	(d'iarr sé uair amháin agus dhiúltaigh siad dó)
Cén duine/rud a d'fhéadfadh cabhrú leis?	(deartháir mór nó deirfiúr mhór)
Cad é an rud ab fhearr a dhéanamh?	(éirí as an maistíneacht agus airgead a lorg ag baile)

Ó dhearcadh Eoin:

Cad í an fhadhb?	(tógann Séan a airgead bus)
Conas a mhothaíonn sé faoi?	(tá eagla air roimh Shéan agus bíonn imní air faoin siúl abhaile)
Cad is féidir leis a dhéanamh?	(é a insint dá thuismitheoirí)
Cén fáth go bhféadfadh sé a bheith deacair é sin a dhéanamh?	(mar go ndúradh leis gan siúl abhaile choíche)
Cén duine/rud a d'fhéadfadh cabhrú leis?	(múinteoir nó cara)
Cad é an rud ab fhearr a dhéanamh?	(insint dá thuismitheoirí cé go bhfuil riail teaghlaigh briste aige)

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 9

Gníomhaíochtaí a Leanann

Machnamh Príobháideach: Eachtra Maistíneachta

Grúp-Chinnteoireacht: An Fhuascailt

Machnamh Príobháideach: Eachtra Maistíneachta

Iarr ar na páistí smaoineamh ar eachtra maistíneachta a raibh páirt acu inti. B'fhéidir gurbh iad an t-íospartach, an maistín nó an lucht féachana iad. Ba chóir go bhfreagrófaí na ceisteanna seo a leanas ina scéal:

Conas a thosaigh an mhaistíneacht? Cad a tharla?

Conas a mhothaigh an duine atá ag insint an scéil?

Conas a mhothaigh na daoine eile, dar leis/léi?

Cad a tharla ar deireadh?

Cad é an chaoi ab fhearr a dhéileálfaí leis an suíomh sin, dar leat?

Grúp-Chinnteoireacht: An Fhuascailt

Iarr ar **gach páiste** dhá riail a scríobh síos a laghdódh an mhaistíneacht sa rang nó ar scoil, dar leis/léi.

Ina b**péirí** cuireann na páistí a liostaí i gcomparáid le chéile agus aontaíonn siad ar na trí riail is úsáidí.

I n**grúpaí** de cheathrar, aontaíonn na páistí ar na cúig riail is úsáidí.

2.The Bully/irish:2.The Bully/irish 14/07/2009 11:02 Page 10

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoi mhaistíneacht, an fáth go dtarlaíonn sí agus bealaí chun déileáil léi. Is éard atá i maistíneacht ionsaí leanúnach béil, síceolaíochta nó fisiceach a dhéanann duine aonair nó grúpaí ar dhaoine eile. Má thuigtear na fáthanna go ndéanann páistí áirithe maistíneacht ar pháistí eile cabhraítear leis na híospartaigh an maistín a fheiceáil óna d(h)earcadh féin. B'fhéidir go bhfeicfeadh páistí a imríonn maistíneacht ar dhaoine nach bhfuil fuascailt na faidhbe in iompar dá leithéid. Le tuismitheoirí agus múinteoirí ag obair i dteannta a chéile is féidir tacaíocht agus treorú a thabhairt do pháistí maidir le maistíneacht a thuairisciú. Ní thuigtear eachtraí troma maistíneachta leanúnaí uaireanta mar gur féidir an iliomad rudaí a bheith i gceist ag páistí nuair a deir siad maistíneacht.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

I gcás gach ceann de na suímh seo thíos, ceistigh do pháiste:

An maistíneacht í sin? Cén fáth go ndeir tú é sin?

Más maistíneacht í cad is gá a dhéanamh fúithi? Conas?

Mura maistíneacht í cad tá ann? An bhfuil sé sin ceart go leor nó inghlactha?

1. **Fuair Lorcán bróga nua. Dúirt Gearóid nach raibh an lipéad (branda) ceart orthu.**
2. **Dlúthchairde a bhíodh i Sorcha agus Sinéad tráth. Nuair a bhí breithlá Shinéad ag druidim chuaigh sí timpeall an ranga ag tabhairt cuirí amach. Nuair a tháinig sí go Sorcha dúirt sí: 'Níl cuireadh á fháil agatsa'.**
3. **Bhí cairde maithe, Brian agus Pádraig, ag súgradh sa chlós. Bhí siad ag ligean orthu go raibh siad ar an gclár teilifíse is ansa leo. Rug Brian ar Phádraig agus chaith ar an talamh é. Ghortaigh Pádraig a ghualainn. Nuair a labhair an múinteoir le Brian faoi dúirt sé nach raibh siad ach 'ag súgradh'.**

Labhair le do pháiste faoin maistíneacht ag úsáid ceisteanna mar seo a leanas:

Cén cineál duine é/í maistín?

Cén fáth go mbíonn iompar mar sin aige/aici?

Ar imríodh maistíneacht ortsa riamh? Cad a tharla?

Anois ós rud é go dtuigeann tú cad is maistíneacht ann, an dóigh leat gur imir tú maistíneacht ar dhaoine eile riamh?

Cad a tharla? Cén fáth gur iompair tú tú féin mar sin, dar leat?

B'fhéidir go ndéanfadh do pháiste machnamh ar mhaistíneacht ó dhearcadh an íospartaigh agus an mhaistín araon:

Conas a mhothaíonn sé nuair a imrítear maistíneacht ort?

Cén chaoi a mbeadh tionchar ag maistíneacht ar scoil ar mhothúcháin pháiste faoin scoil.

Conas a mhothaíonn duine a imríonn maistíneacht ar dhaoine eile, dar leat?

Cad a cheapfadh nó cad a mhothódh maistín faoin scoil?

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 1

3 Mo Theaghlach

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 2

Mo Theaghlach

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí an chaoi a réitíonn baill teaghlaigh le chéile a thuiscint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Gníomhaíocht Ealaíne:	Réalt-Theaghlach
Grúp-Phlé:	Teaghlaigh le chéile

Rogha 2

Cuairt:	Ó Bhall Teaghlaigh
Gníomhaíocht Ealaíne:	Amlíne Teaghlaigh

Rogha 3

Labhraimís:	Faoi Theaghlaigh
Gníomhaíocht Scríofa:	Oideas do Theaghlach

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ag scríobh filíochta:	Dán Acrastaice faoi Bhaill Teaghlaigh
Ullmhúchán:	Athraím de réir mar a fhásaim

Nóta ar Theaghlaigh

Glacann caidreamh ról tábhachtach i saol páistí. Cabhraíonn sé le páistí tuiscint níos fearr ar a saol a fhorbairt. Is i suíomh an teaghlaigh de ghnáth a gheobhaidh na páistí an chéad taithí agus an taithí is tábhachtaí dóibh ar ghaolta. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó bhaill an teaghlaigh, foghlaimíonn páistí conas measúnú réalaíoch ar a gcumais agus a dteorainní a fhorbairt. Nuair a thugtar gníomhaíochtaí do pháistí atá ceaptha chun iad a chur ag smaoineamh ar a gcaidreamh le daoine eile cabhraítear leo iad féin agus an comhthéacs sóisialta ina maireann siad a thuiscint.

Ba chóir patrúin dhifriúla teaghlach a chur san áireamh agus ceacht á ullmhú ar an teaghlach. Beidh ar an múinteoir ranga tuiscint do dhéanamh éagsúil theaghlaigh na bpáistí a thaispeáint, lena n-áirítear na páistí uchtaithe nó altrama. B'fhéidir go mbeadh gá le comhairliúchán le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le noirm chultúir agus creideamh reiligiúnach.

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 3

Rogha 1

Gníomhaíocht Ealaíne:	Réalt-Theaghlach
Grúp-Phlé:	Teaghlaigh le chéile

Gníomhaíocht Ealaíne: Réalt-Theaghlach

Ullmhúchán mar Obair Bhaile

Iarrtar ar na páistí roinnt obair bhaile a dhéanamh chun ullmhú don Ghníomhaíocht Ealaíne seo. Scríobhann siad liosta de chéadainmneacha na ndaoine ina dteaghlach, ag tosú leis an máthair, an athair, deartháireacha agus deirfiúracha. Ansin scríobhann siad ainmneacha a seanaithreacha. Ina dhiaidh sin ar an liosta cuirtear deartháireacha agus deirfiúracha na máthar agus an athar. B'fhéidir go mbeadh cabhair ag teastáil ó na páistí ag baile leis seo.

Gníomhaíocht Ealaíne

Beidh gá ag gach páiste le teimpléad réalta atá mór a dhóthain le haghaidh dhá fhocal. Is féidir leis an múinteoir na teimpléid seo a sholáthar agus is féidir iad a thabhairt ar ais nuair a bhíonn úsáid bainte astu. Rianaíonn gach páiste réalta ar pháipéar buí tógála agus gearrann amach í - bíonn ceann aige/aici do gach ball den teaghlach chomh maith. Scríobhann gach páiste a (h)ainm ar réalta, maisíonn í le hábhar glioscarnaí agus greamaíonn de lár leathanaigh ghoirm í.

Tugtar réalta lena (h)ainm uirthi, agus an gaolfhocal máthair, athair, deartháir nó deirfiúr, do gach ball den ghartheaghlach. Greamaítear iad sin timpeall ar réalta an pháiste agus nasctar iad le línte díreacha (ag baint úsáide as rialóir. Ar an dul céanna, ainmnítear agus greamaítear seanaithreacha, seanmháithreacha, aintíní agus uncailí ar an leathanach timpeall ar an máthair agus athair agus nasctar iad le línte rialóra.

Ina bpéirí, féachann na páistí ar a leathanaigh, labhraíonn siad faoi bhaill a dteaghlaigh agus pléann siad an gaol leo. Is féidir na leathanaigh a thabhairt abhaile le haghaidh tuilleadh plé agus iad a chur ar taispeáint.

Grúp-Phlé: Teaghlaigh le chéile

I ndiaidh na gníomhaíochta ealaíne agus an phlé i bpéirí fúithi, cuireann an múinteoir an rang ina ghrúpaí de 4-6 páistí. Leantar na treoirlínte le haghaidh grúpoibre faoi mhír 3 de Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair. Ainmníonn an múinteoir rúnaí agus tuairisceoir le haghaidh gach grúpa agus tugann ábhar plé dóibh, le gach páiste sa ghrúpa á spreagadh chun cur leis an bplé:

Grúpa 1	An chaoi a mbíonn spórt agus spraoi ag teaghlaigh le chéile
Grúpa 2	Eachtraí Teaghlaigh
Grúpa 3	Ócáidí Ceiliúrtha Teaghlaigh
Grúpa 4	An chaoi le dul ar thóir cúnaimh ag baile má bhíonn fadhb agat
Grúpa 5	An chaoi a gcomhoibríonn teaghlaigh le hobair an tí

Siúlann an múinteoir timpeall, éisteann leis na comhráite, glacann páirt iontu le moladh má oireann, cuireann i gcuimhne do na rúnaithe nótaí a thógáil agus do na tuairisceoirí a bheith réidh chun aiseolas a thabhairt, coinníonn súil ar an am agus deir nuair is ceart deireadh a chur leis an bplé. Bailíonn an rang timpeall i gciorcal arís agus iarrtar ar gach tuairisceoir an dá phointe is tábhachtaí a rinneadh ina g(h)rúpa a thabhairt. Nuair a bhíonn a c(h)uid ráite ag gach tuairisceoir, b'fhéidir go mbeadh am ann chun éisteacht le pointe amháin eile ó gach grúpa. Cuirtear deireadh leis an seisiún le gach páiste ag tógáil earra i ndiaidh a chéile agus ag rá: 'Rud amháin a thaitníonn liom faoi mo theaghlach is ea ...'

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 4

Rogha 2

Cuairt: Ó Bhall Teaghlaigh

Gníomhaíocht Ealaíne: Amlíne Teaghlaigh

Cuairt: Ó Bhall Teaghlaigh

Míníonn an múinteoir go mbeidh cuairteoir ag teacht chuig an seomra ranga chun labhairt leis na páistí faoin gcaoi a dtaispeánann baill an teaghlaigh dá chéile, i bhfocail agus ar bhealaí eile, go bhfuil cion acu ar a chéile. D'fhéadfadh gur bhall aosta de theaghlach an cuairteoir: tuismitheoir, seanathair, seanmháthair, aintín nó uncail nó deartháir nó deirfiúr ó rang sinsearach. Tá na céimeanna le haghaidh cuairteora chuig an seomra ranga le fáil faoi mhír 8 de Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Gníomhaíocht Ealaíne: Amlíne Teaghlaigh

Taispeáin do na páistí an chaoi le hamlíne a tharraingt. Tarraing líne fad an chláir dhuibh. Scríobh an bhliain/na blianta a saolaíodh iad ag taobh amháin, an bhliain reatha ina lár agus cúig bliana romhainn ag an taobh eile. Marcáil na blianta idir eatarthu.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar a dteaghlaigh. Cuimhnigh go bhféadfadh cuid de na páistí a bheith altramaithe nó uchtaithe. B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

Ní bheidh cuimhne agat ar an lá a tháinig tú isteach mar bhall den teaghlach ach fiafraigh díobh sin a bhí ag baile ag an am:

Conas a chuala na daoine eile sa teaghlach faoi do theacht?

Cad dúradh le do theaghlach fút?

Conas a mhothaigh siad? Cad dúirt siad? Cad a rinne siad?

Conas a cheiliúir siad an dea-nuacht?

▲ **Marcáil an lá iontach seo ar d'amlíne teaghlaigh trí phictiúr a tharraingt ag an bpointe ceart.**

Bíonn an-sceitimíní go deo ann i dteaghlach nuair a thagann babaí nua ar an saol.

An cuimhin leat am nuair a tharla sé sin i do theaghlach?

Conas a chuala tú an dea-nuacht? Cé a d'inis an dea-nuacht duit? Ar inis tú d'éinne eile í?

Cad dúirt tú leo? Cad a rinne siad? Conas a cheiliúir sibh í?

An cuimhin leat an chéad uair a chonaic tú an babaí nua?

▲ **Marcáil teacht an bhabaí nua ar d'amlíne teaghlaigh.**

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 5

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Cén chaoi a labhraíonn daoine le babaithe? Cad deir siad leo?

An labhraíonn daoine ag baile mar sin leat? Cén fáth?

Cad deir siad leat ina áit sin? Cé acu ab fhearr leat? Cén fáth?

Cé eile a chónaigh i do theach nuair a saolaíodh thú?

Cad iad na cineálacha rudaí a deir daoine le lapadáin?

Cén chaoi a bhfuil sé sin difriúil leis an mbealach a labhraíonn daoine leatsa?

An cuimhin leat nuair a thosaigh tú ar scoil? Cé a thug ann thú an chéad lá?

Conas a mhothaigh tú? Cad dúirt/a rinne tú? Cad dúirt daoine leat?

▲ **Marcáil an chéad lá agat ar scoil ar an amlíne teaghlaigh.**

Cad iad na cineálacha rudaí is maith leat a dhéanamh le do theaghlach?

An cuimhin leat an rud is greannmhaire riamh a tharla ag baile?

Cad a tharla? Conas a mhothaigh na daoine ag baile?

Cad dúirt siad agus cad a rinne siad? Ar cheap duine éigin go raibh sé greannmhar?

Cad fútsa? Conas a mhothaigh tusa? Cad dúirt agus a rinne tusa?

▲ **Marcáil an eachtra ghreannmhar ar an amlíne teaghlaigh.**

Cad é an rud ba bhrónaí dar tharla ag baile riamh?

Conas a mhothaigh tú? Cad dúirt/a rinne na daoine eile ag baile?

▲ **Ar mhaith leat an t-am brónach sin a mharcáil ar an amlíne teaghlaigh?**

An raibh eachtra le do theaghlach riamh agat? Cad a tharla?

Cad dúirt agus a rinne na daoine eile i do theaghlach?

An bhfuil aon am speisialta eile ann a d'fhéadfadh dul ar an amlíne teaghlaigh?

Cad a tharla? Conas a mhothaigh daoine? Cad dúirt agus a rinne siad?

Cén chaoi a mbeidh tú i gceann cúig bliana? Cén chaoi a mbeidh do theaghlach?

Cuimhnigh go mbeidh gach duine cúig bliana níos sine, mar sin beidh aon bhabaí atá ag baile anois ag freastal ar an mbunscoil ansin agus beidh tusa ag freastal ar an meánscoil.

▲ **Taispeáin ar an amlíne teaghlaigh cathain a bheith tú ag tosú sa mheánscoil.**

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 6

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Rang a Trí Téama 3 Mo Theaghlach

Conas a bhraithfidh tú, dar leat, agus tú ag tosú sa mheánscoil?

I gcomparáid leis an mbunscoil, cén chaoi a mbeidh sí cosúil/éagsúil?

Cén chaoi ar mhaith leat go gcaithfeadh daoine leat agus tú i do dhéagóir?

Cad a bheidh athraithe?

An dtaitneoidh sé sin níos mó leat? Cén fáth?

Tarraing pictiúr den chaoi a mbeidh tú féin agus do theaghlach ansin?

Is féidir leis na páistí a gcuimhní a chur ag na pointí cuí den amlíne agus is féidir teidil shimplí a chur leis na pictiúir sin ag míniú cad tá ag tarlú iontu. Is féidir an amlíne a chur ar taispeáint agus a phlé.

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 7

Rogha 3

Labhraimís:	Faoi Theaghlaigh
Gníomhaíocht Scríofa:	Oideas do Theaghlach

Labhraimís: Faoi Theaghlaigh

Is féidir an t-ábhar seo a thabhairt isteach ag baint úsáide as pictiúr de bhabaí i suíomh teaghlaigh. B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

An bhfuil babaí i do theach?

An dtuigeann an babaí sin cad a bhíonn á rá agat? B'fhéidir nach dtuigfeadh babaithe na focail a úsáideann tú ach tuigeann siad an bealach a ndeir tú rudaí.

Conas a bhíonn a fhios agat má tá áthas/brón ar bhabaí? Cad deir/a dhéanann babaí?

Cén chuma a bhíonn ort nuair a bhíonn áthas/brón ort? Cad deir/a dhéanann tú?

Cén chuma a bhíonn ar dhaoine i do theaghlach nuair a bhíonn áthas/brón orthu? Cad deir/a dhéanann siad?

Nuair a bhraitheann tú crosta ag baile an labhraíonn tú os ard/go ciúin?

An féidir leat a thaispeáint do dhuine ag baile go bhfuil tú crosta gan labhairt leis/léi?

Má bhíonn fearg ort le duine, cad a dhéanann tú?

Cad iad na cineálacha rudaí a dhéanann tú a chuireann isteach ar do dheartháireacha agus do dheirfiúracha?

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat go bhfuil tú i ndiaidh olc a chur orthu? Cad deir siad?

Conas is féidir leat a aithint go bhfuil do thuismitheoirí crosta leat?

Cad a bheadh déanta agat?

Cad a d'fhéadfá a dhéanamh chun feabhas a chur ar chúrsaí?

Nuair a bhíonn Mamaí nó Daidí gnóthach ag déanamh obair an tí, an am maith é sin chun cúnamh a iarraidh orthu le d'obair bhaile? Cad é an t-am ceart chuige sin?

Cad é an t-am ceart chun labhairt faoi fhadhb atá ag cur isteach ort? Am luí? Agus sibh ag obair le chéile? Ag am béilte? Agus sibh ag féachaint ar an teilifís nó ar siúlóid? Cén fáth?

Ní deir daoine conas a mhothaíonn siad uaireanta ach tá bealaí eile ann chun a fhios a bheith agat conas a mhothaíonn siad? Tugann daoine teachtaireachtaí do dhaoine eile gan focail a úsáid uaireanta.

Cad iad na teachtaireachtaí is féidir leat a thabhairt do dhuine ag baile ag baint úsáide as dreach d'aghaidhe, so shúl, do lámh, suíomh do choirp, m.sh. ag tabhairt do dhroma do dhuine.

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 8

Gníomhaíocht Scríofa: Oideas do Theaghlach

Pléigh téarmaí oidis leis na páistí mar chomhábhair, taespúnóg, spúnóg bhoird, blúire, cumaisc, measc, corraigh, gread, téigh, leáigh, suanbhruith agus spréigh. Iarr orthu oidis do bhaill a dteaghlaigh a scríobh. Spreag iad chun díriú ar an rud dearfach, go háirithe i gcás deartháireacha agus deirfiúracha. Bíonn an luí ag páistí uaireanta aird a tharraingt ar easnaimh a siblíní. Tosaigh le dán ranga a scríobh ar an gclár dubh. Soláthraíonn na samplaí seo a leanas leagan amach agus taispeánfaidh siad do na páistí cad a theastaíonn.

Oideas do Mhamaí

Comhábhair:
200g d'fhoighne
100g de chúram
Blastán
Taespúnóg de bharróga

Modh a dhéanta:
Gread an fhoighne agus an cúram le chéile.
Fuin ina thaos bog é.
Cuir an blastán agus na barróga leis.
Bácáil go maith i lár an teaghlaigh.

Oideas do Mhamó

Comhábhair:
200g de ghrá
100g d'am
Blastán
Taespúnóg de ghháirí

Modh a dhéanta:
Báigh an grá in am.
Blaistigh le scéalta ón tseanaimsir.
Cuir taespúnóg de ghháirí leis.
Bácáil le cúram i gcroí an teaghlaigh.

Oideas do Dhaidí

Comhábhair:
200g de ghrá
100g de chúnamh
Blúire dea-ghiúmair
Blastán

Modh a dhéanta:
Corraigh an dea-ghiúmar agus an cúnamh go pras.
Cuir blúire grá leis agus blaistigh le dea-amanta.
Cuir barr gáire air.
Bácáil go maith i lár an teaghlaigh.

Iarr ar na páistí roinnt oideas a scríobh do bhaill a dteaghlaigh. Is féidir iad sin a roinnt sa rang, a léiriú agus a chur le chéile i bhfoirm leabhair.

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 3

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ag scríobh filíochta: Dán Acrastaice faoi Bhaill Teaghlaigh

Ullmhúchán: Athraím de réir mar a fhásaim

Ag scríobh filíochta: Dán Acrastaice faoi Bhaill Teaghlaigh

Iarr ar na páistí dán acrastaice a scríobh ag baint úsáide as ainmneacha na ndaoine ina dteaghlaigh. Tá dánta acrastaice i ndiaidh a bheith cheana ann sna hábhair seo. Is dánta iad ina n-úsáidtear gach litir den fhocal a roghnaítear chun focal, frása nó abairt a thosú. Tugann an ghníomhaíocht seo leagan amach agus teorannú isteach. Ní mór do na páistí machnamh a dhéanamh go cúramach faoi na focail a úsáidfidh siad. Is minic a bhíonn smaointe agus focail níos suimiúla mar thoradh air sin.

Téigh siar ar leagan amach an dáin acrastaice trí dhán a chumadh ar an gclár dubh leis an rang. B'fhéidir go léireodh na samplaí seo a leanas cad a theastóidh:

MAMAÍ

Meall mór oibre ag Mamaí
Ach bíonn am aici dom i gcónaí.
Máistreás an tí
A thugann aire agus cúnamh dom
Í óg ina croí.

DAIDÍ

Daidí ina shuí go moch gach maidin
Agus é gealgháireach i gcónaí.
Is é a chabhraíonn liom leis an obair bhaile.
Déanann sé obair an tí chomh maith.
Is breá liom é.

Is féidir an dán acrastaice a léiriú agus a chur ar taispeáint nó a chur le chéile i bhfoirm leabhair.

Ullmhúchán: Athraím de réir mar a fhásaim - Miosúir Phearsanta

Comhlánaíonn na páistí an bhileog saothair seo a leanas ag trí chéim éagsúla le linn na bliana. Is féidir é a dhéanamh mar ghníomhaíocht Mata sa rang leis na páistí ag obair ina bpéirí chun cabhrú le chéile miosúir chearta dá chéile a thógáil agus na miosúir a thaifeadadh. Beidh na miosúir sin mar chuid de Théama 8, Athraím de réir mar a fhásaim.

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 10

Ullmhúchán: **Athraím de réir mar a fhásaim - Miosúir Phearsanta**

Ainm			
	Deireadh an chéad téarma	**Deireadh an dara téarma**	**Deireadh an tríú téarma**
Airde			
Coim			
Cliabhrach			
Fad na gCos			
Fad na Lámh			
Réise na Lámh			
Méid na Lámh			
Méid na gCos			

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 11

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí an chaoi a réitíonn baill teaghlaigh le chéile a thuiscint. Glacann caidreamh an teaghlaigh ról tábhachtach i saol páistí. Cabhraíonn saol an teaghlaigh le páistí tuiscint níos fearr ar a ndomhan féin a fhorbairt agus ullmhaíonn sé iad réiteach le daoine sa domhan mór lasmuigh den bhaile. Is féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí gníomhaíochtaí a sholáthar do pháistí atá ceaptha chun cabhrú leo smaoineamh faoina gcaidreamh le daoine eile, ag baile agus lasmuigh de.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

- **Labhair faoi na daoine i do theach agus faoin gcaoi a réitíonn sibh mar theaghlach. An bhféadfá rud amháin a ainmniú a dhéanann gach duine sa teach**

  a) chun cabhrú linn a bheith sona?
  b) chun bia a sholáthar/ullmhú don teaghlach?
  c) chun aire a thabhairt do na héadaí don teaghlach?
  d) chun obair an tí a roinnt?
  e) chun ócáidí ceiliúrtha a eagrú/chun go mbeadh laethanta breithe speisialta?
  f) chun cabhrú linn fadhbanna a réiteach?

- **Mar ghníomhaíocht a leanfadh uaidh sin thuas, b'fhéidir go n-eagrófá cruinniú teaghlaigh chun labhairt ar shaol an teaghlaigh, chun éisteacht le tuairimí gach duine agus chun pleananna a dhéanamh le haghaidh níos mó cúraim, roinnte, spraoi agus cumarsáide.**

- **Ag an gcruinniú teaghlaigh, nó le baill aonair den teaghlach, d'fhéadfadh do pháiste atá i Rang a Trí, atá ag dul tríd an leathanach seo Naisc idir Baile is Scoil leat, an méid a deirtear a thaifeadadh agus an t-eolas sin a úsáid chun Cairt Teaghlaigh a dhearadh.**

- **Is éard a d'fhéadfadh a bheith sa Chairt Teaghlaigh cur síos ar pholasaí an teaghlaigh ar ghnéithe de shaol do theaghlaigh:**

  Inár mbaile taispeánaimid go bhfuil meas againn ar a chéile ...

  Taispeánaimid cion ar a chéile trí ...

  Éistímid le chéile nuair ...

  Labhraímid le chéile ...

  Cabhraímid le chéile trí ...

  Bíonn spórt is spraoi againn le chéile nuair ...

  Roinnimid obair an tí de réir an uainchláir don tsiopadóireacht, cócaireacht, glanadh deannaigh, folúsghlanadh, níochán, srl.

- **D'fhéadfadh baill an teaghlaigh Uainchlár Teaghlaigh le haghaidh Obair an Tí, atá le triail agus le hathbhreithniú i ndiaidh tréimhse teoranta, a dhéanamh amach agus comhaontú air.**

3.My Family/irish:3.My Family/irish 14/07/2009 11:12 Page 12

4.Reasons For Rules/irish:4.Reasons For Rules/irish 14/07/2009 10:29 Page 1

4 Cúiseanna le Rialacha

4.Reasons For Rules/irish:4.Reasons For Rules/irish 14/07/2009 10:29 Page 2

Cúiseanna le Rialacha

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí a aithint gur ann do chúiseanna leis na rialacha, agus iarmhairtí a mbriste a thuiscint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Plé Ranga:	Cearta, Freagrachtaí agus Rialacha
Grúp-Chinnteoireacht:	Ag déanamh rialacha agus iarmhairtí a mbriste

Rogha 2

Agallamh:	Nuair a bhí tú ar comhaois liomsa
Labhraimís:	Faoi na cúiseanna le rialacha

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag déanamh póstaera
Díospóireacht:	Pointí á ndéanamh
Cluiche Ciorcail Ranga:	Caochadh Marfach

Nóta ar Shábháilteacht Phearsanta

Beidh OCG ina chuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), mar a bheidh chomh maith oideachas sa chosaint ar mhí-úsáid ar pháistí, oideachas in úsáid/mí-úsáid substaintí, sa chothú agus i sláinteachas, srl. Tá ábhair ar fáil do scoileanna i gcuid mhaith de na réimsí seo agus is féidir iad a úsáid chun an obair in OSPS agus OCG a chomhlánú.

Cuirtear béim ar an tsábháilteacht phearsanta do pháistí go minic ag baile agus ar scoil i gcomhthéacs na gcontúirtí a bhaineann le trácht, uisce, tinte, leictreachas, srl. Tá sé tábhachtach nach bhfaigheann na páistí teachtaireachtaí nach bhfuil ag teacht le chéile, idir an baile agus an scoil nó idir chláir ar scoil.

4.Reasons For Rules/irish:4.Reasons For Rules/irish 14/07/2009 10:29 Page 3

Rogha 1

Plé Ranga:	Cearta, Freagrachtaí agus Rialacha
Grúp-Chinnteoireacht:	Ag déanamh rialacha agus iarmhairtí a mbriste

Plé Ranga: Cearta, Freagrachtaí agus Rialacha

Tarraingíonn an múinteoir líne síos i lár an chláir dhuibh agus cuireann na ceannteidil **Cearta** ar thaobh amháin agus **Freagrachtaí** ar an taobh eile. Ceistíonn sé/sí na páistí:

Cad iad na cearta atá agat sa rang?
Taifeadtar freagraí na bpáistí faoin teideal **Cearta** ar an gclár dubh: (cearta chun foghlama, spórt a bheith acu, obair scoile a dhéanamh, lón a ithe, srl)

Cad a choscann (stopann) tú do chearta a bhaint amach sa rang?
(nuair nach dtugtar aird, nuair nach ndéantar obair bhaile, nuair nach lorgaítear cabhair, páistí ag 'pleidhcíocht')

Do gach ceart tá freagracht chomhfhreagrach.

Cad iad na freagrachtaí atá ort maidir le do chearta a bhaint amach sa rang?
Taifeadtar freagraí na bpáistí faoin teideal **Freagrachtaí** ar an gclár dubh: (éisteacht, labhairt, léamh, scríobh, roinnt, insint, fiafraí, srl)

Leis an gcineál ceisteanna comhchosúla d'fhéadfá a fháil amach ó na páistí faoi chearta i réimsí eile de shaol an pháiste, m.sh.

Cad iad na cearta atá agat ag am lóin? (lón a ithe)

Cad a choscann (stopann) thú do cheart lón a ithe a bhaint amach? (daoine eile ag lorg cuid de)

Cad iad na freagrachtaí atá agat sa réimse seo? (Má iarrann daoine eile lón ort mar go bhfuil dearmad déanta acu ar a lón féin is rud maith é do lón a roinnt leo agus eagraíonn an múinteoir é sin de ghnáth. Má tá siad á iarraidh mar gur maith leo an méid atá agat, ní chaithfidh tú é a thabhairt. Tá freagracht ort insint don mhúinteoir faoi sin.)

Cad iad na cearta atá agat sa chlós (súgradh/imirt)

Cad a choscann tú do chearta súgartha/imeartha a bhaint amach? (daoine eile atá rógharbh agus a mhilleann an cluiche)

Cad iad na freagrachtaí atá agat sa réimse seo? (Má tá daoine eile ag milleadh do chluiche sa chlós tá freagracht ort rialacha an chlóis maidir le súgradh/imirt go cóir a chur i gcuimhne dóibh. Mura n-éiríonn leis sin ba chóir duit insint don duine atá ag déanamh maoirseachta sa chlós faoi.)

Cad iad na cearta atá agat ag am baile? (an baile a shroicheadh go slán)

Cad a choscann tú do chearta a bhaint amach? (Má bhíonn daoine eile ag rith i do dhiaidh.)

Cad iad na freagrachtaí atá agat sa réimse seo? (Má bhíonn daoine eile ag rith i do dhiaidh ar an tslí abhaile tá freagracht ort insint do do thuismitheoirí faoi.)

Míníonn an múinteoir go n-éascaíonn na Rialacha an bealach dúinn cuimhneamh ar ár g**Cearta** agus ar ár bh**Freagrachtaí.**

4.Reasons For Rules/irish:4.Reasons For Rules/irish 14/07/2009 10:29 Page 4

Grúp-Chinnteoireacht: Ag déanamh rialacha agus iarmhairtí a mbriste

Roinntear an rang ina ghrúpaí agus tugtar réimse den scoil, nó de shaol na scoile, do gach grúpa ar gá do na páistí aontú ar shraith trí riail dó, m.sh.

Grúpa 1 **Rialacha an tSeomra Ranga**

Grúpa 2 **Rialacha an Chlóis Imeartha**

Grúpa 3 **Rialacha Am Lóin**

Grúpa 4 **Rialacha faoin Obair Bhaile**

Grúpa 5 **Rialacha faoin Éide Scoile**

Grúpa 6 **Rialacha ar Thuras Scoile**

Tá na céimeanna don ghrúpchinnteoireacht le fáil faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair. Nuair atá an t-am istigh agus aird tugtha ar phróiseas na grúpchinnteoireachta, iarrann an múinteoir ar thuairisceoirí na ngrúpaí aiseolas a thabhairt don rang. Féadfaidh páistí ó ghrúpaí eile ceist a chur le haghaidh eolais nó soiléirithe. Féadfaidh an múinteoir nodanna a thabhairt trí cheisteanna mar 'Cad a tharlódh dá ...?' a chur. B'fhéidir go n-iarrfadh sé/sí ar na páistí a bheith níos sainiúla má tá an riail ródhoiléir.

Iarmhairtí Bhriseadh na Rialacha

Téann an múinteoir siar ar thábhacht na rialacha i leith ár gcearta a chosaint agus ár bhfreagrachtaí a chur i gcuimhne dúinn.

Má tá Cairt Rialacha sa seomra ranga cheana b'fhéidir go ndéanfadh an múinteoir tagairt di agus go n-iarrfadh sé/sí ar na páistí riail amháin a phiocadh amach agus a rá cad iad na hiarmhairtí a bheadh ann mura ndéanfaí de réir na rialach sin, m.sh.

> **Mura mbeadh <u>meas againn ar a chéile</u> cad a tharlódh?**
> (b'fhéidir go ndéanfadh páistí gáire faoi bhotúin agus go ngortófaí páistí dá dheasca)

B'fhéidir go bhféachfadh an múinteoir agus na páistí ar Chód Iompair na Scoile agus go bhfaighidís na cearta agus freagrachtaí a threisítear le gach riail, m.sh.

Riail	**Siúil go ciúin sna pasáistí.**
Cearta	**Sábháilteacht na bpáistí**
	Dea-thimpeallacht an tseomra ranga
Freagrachtaí	**Bheith cúramach agus cúirtéiseach agus tú ag siúl sna pasáistí, ag cuimhneamh ar na páistí atá ag obair sna seomraí ranga taobh leat.**

4.Reasons For Rules/irish:4.Reasons For Rules/irish 14/07/2009 10:29 Page 5

Rogha 2

Agallamh:	Nuair a bhí tú ar comhaois liomsa
Labhraimís:	Faoi na cúiseanna le rialacha

Agallamh: Nuair a bhí tú ar comhaois liomsa

D'fhéadfadh tuismitheoir, seanathair/seanmháthair nó múinteoir a bheith mar agallaí. Labhair leis an gcuairteoir faoi chuspóirí an cheachta.

Is é príomhchuspóir na gníomhaíochta seo go bhfoghlaimeoidh na páistí faoin gcaoi a rabhthas ag súil go mbeadh iompar páiste san am atá caite agus cuireann siad é sin i gcomparáid leis an iompar inniu. Tá na céimeanna chun ullmhú do chuairteoir le fáil faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

Cá raibh cónaí ort nuair a bhí tú ar comhaois linne?

An raibh deartháireacha agus deirfiúracha agat? Cár sheas tusa sa teaghlach?

Cén chaoi a raibh an saol difriúil an uair sin?

Conas a bhí do bhaile? Cén chaoi a raibh sé difriúil le bailte inniu?

Cén chaoi a raibh obair an tí difriúil?

Cén cineál éadaí a chaiteá?

Cad a dhéantá i do shaoram?

Cad iad na rialacha a bhíodh agaibh ag baile?

Cad iad na cúiseanna a bhíodh leis na rialacha sin?

Cad a tharlaíodh dá mbrisfeá na rialacha sin?

Cén chaoi a mbíodh sé ar scoil?

Cén chaoi a raibh sí difriúil le scoileanna an lae inniu?

Cad iad na cineálacha rudaí a d'fhoghlaim tú ar scoil?

An mbíodh éide scoile agat?

Cad iad na rialacha a bhíodh ann an uair sin? Cad a tharlaíodh dá mbrisfeá na rialacha?

Cén chúis a bhí leis na rialacha sin?

An saol níos fearr a bhíodh ann? Cén fáth?

Labhraimís: Faoi na cúiseanna le rialacha

Faigh cóip de Chód Iompair na scoile nó faigh amach ó na páistí cad iad na rialacha atá ann sa scoil faoi cheannteidil éagsúla. Fiafraigh díobh cén chúis atá le gach riail, dar leo. Mar mhalairt, pléigh leis na páistí na rialacha a dhéanfaidís dá mbeidís mar phríomhoide, an réasúnú laistiar de na rialacha sin agus na hiarmhairtí dearfacha nó diúltacha a bheadh ann dá gcomhlíonfaí na rialacha sin.

4.Reasons For Rules/irish:4.Reasons For Rules/irish 14/07/2009 10:29 Page 6

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag déanamh póstaera
Díospóireacht:	Pointí á ndéanamh
Cluiche Ciorcail Ranga:	Caochadh Marfach

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag déanamh póstaera

Iarr ar na páistí póstaer a dhearadh a liostálann cúig riail don bhaile, don seomra ranga nó don scoil a chabhraíonn le daoine obair a dhéanamh le chéile. Cuir ar taispeáint sa seomra ranga agus ar scoil iad de réir mar a oireann.

Díospóireacht: Pointí á ndéanamh

Toisc gurb é seo an chéad uair go bhfuil díospóireacht á mholadh sna hábhair seo coinnítear an leagan amach simplí:

1. Cinn ar rún. D'fhéadfadh gurb é an pointe atá le plé ná nach bhfuil gá le rialacha i gcoitinne, nó le rialacha áirithe sa scoil. B'fhéidir go roghnódh an múinteoir díriú ar riail nach dtugtar aird uirthi sa rang go minic.

2. Roinn an rang ina dhá ghrúpa. Ní mór do ghrúpa amháin argóintí a fháil a thacaíonn leis an rún agus ní mór don ghrúpa eile easaontú leis. Mínigh do na páistí go mb'fhéidir go mbeidís ag tacú le hargóint nach n-aontaíonn siad léi in aon chor, ach gurb é sin ceann de na fíorscileanna díospóireachta.

3. Tarraing líne síos lár an chláir dhuibh. Scríobh ráiteas simplí ar gach taobh den líne chun aird na bpáistí a choinneáil ar an rud atá le plé acu, m.sh.

I bhfabhar	I gcoinne
Aontaím leis an rún. Is dóigh liom gur rud maith é rialacha a bheith ann.	**Ní aontaím leis an rún. Is dóigh liom nach bhfuil gá le rialacha.**

4. Caitheann an rang ina iomláine tamall gearr ag glaoch a bpointí amach. Scríobhann an múinteoir iad sin síos ar an gclár dubh. Scríobhtar gach tuairim síos faoin ráiteas cuí.

5. Tugtar trí nó ceithre nóiméad do na páistí na trí phointe is áitithí, dar leo, dár n-argóint féin a scríobh síos.

6. Iarrtar ar na páistí dul i ngrúpaí de cheathrar. Cuireann siad a bpointí le chéile.

7. Mínigh do na páistí go ndéanann gach grúpa dhá nó trí phointe shoiléire agus déanann siad iarracht gan an méid atá ráite cheana a rá arís. Ní mór don chéad chainteoir na baill eile den fhoireann a chur in aithne agus an t-ábhar díospóireachta a lua chomh maith. Ní mór don chainteoir deireanach coimriú a thabhairt ar a bhfuil ráite. Cabhraigh leis an rang é sin a ullmhú.

8. Beidh thart ar ocht nó naoi ngrúpa ullmhaithe anois. Toisc gur luath-thosú é seo don díospóireacht, b'fhéidir go n-iarrfaí ar na cainteoirí is díograisí labhairt.

Ag an gcéim luath seo, d'fhéadfaí foirne a mholadh díreach mar gheall ar na pointí a rinne siad agus an chaoi ar chuir siad i láthair iad.

4.Reasons For Rules/irish:4.Reasons For Rules/irish 14/07/2009 10:29 Page 7

Cluiche Ciorcail Ranga: Caochadh Marfach

Ar bhealach deas, treisíonn an cluiche seo an gá le rialacha agus iarmhairtí a mbriste. Cuireann sé béim chomh maith ar an ngá le muinín, go ndéanaimid de réir rialacha i gcónaí, ní hamháin nuair atáthar ag faire orainn agus go dtuigimid go bhféadfaí breith orainn á mbriseadh.

Seasann na páistí i gciorcal lena súile dúnta, ag díriú isteach lena lámha laistiar dá ndroim. Sánn an múinteoir duine amháin go bog ar an lámh. Sin an Caochadóir agus níl a fhios ag aon duine eile cé hé/hí. Osclaíonn na páistí a súile ansin agus insíonn an múinteoir na rialacha dóibh.

1. **Siúlann gach duine timpeall ina t(h)ost (an Caochadóir chomh maith atá anaithnid don rang), gan teagmháil súl a sheachaint.**

2. **Má chaochann an Caochadóir súil leat, comhaireann tú go ciúin go dtí a deich agus titeann tú dall ar an urlár. Feicfidh daoine eile é sin agus measfaidh siad go bhfuil a fhios acu cé a 'chaoch' thú.**

3. **Má cheapann aon duine agaibh go bhfuil a fhios agaibh cé hé/hí an Caochadóir, cuir do lámh in airde agus abair 'Is dóigh liom gurb é/í ... an Caochadóir'.**

4. **Má thomhaiseann tú i gceart, tá an chuid sin den chluiche thart agus is féidir é a dhéanamh arís. Má thomhaiseann tú go mícheart, tá tú amuigh ón gcluiche.**

Nuair a imrítear an cluiche seo, b'fhéidir nach gcloífeadh roinnt páistí leis na rialacha. Ligeann siad orthu gurb iad an Caochadóir iad agus caochann siad súil le páistí eile. Ní bhíonn rath ar chluiche mar sin agus soláthraíonn sé deis don mhúinteoir na rialacha a threisiú agus iarmhairtí a mbriste a phlé.

4.Reasons For Rules/irish:4.Reasons For Rules/irish 14/07/2009 10:29 Page 8

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí a aithint gur ann do chúiseanna leis na rialacha, agus iarmhairtí a mbriste a thuiscint. Déantar cuid mhaith rialacha ag baile agus ar scoil ar mhaithe le sábháilteacht na bpáistí. Tá sé tábhachtach go mínítear na rialacha sin do na páistí agus go mbíonn deis acu ceisteanna a chur fúthu. Is dóichí go ngéillfidh páistí do rialacha a bhfuil brí agus ábhar ag baint leo dóibh. Is bealach cumhachtach é chun an géilleadh sin a uasmhéadú na páistí a áireamh i bplé faoi na rialacha, agus sa dréachtadh rialacha agus cód cleachtais ag baile agus ar scoil.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

Labhair le do pháiste faoi na rialacha i do theach:

Cad iad na rialacha is tábhachtaí inár dteach?

Cé a rinne na rialacha sin agus cad iad na cúiseanna atá leo?

An ann d'aon riail ar mhaith leat í a athrú? Cén fáth?

An ann d'aon riail nua ba mhaith leat a dhéanamh? Cén fáth?

Iarr ar do pháiste tú a chur faoi agallamh faoi na rialacha a raibh ort cloí leo nuair a bhí tú ag fás suas. Le chéile b'fhéidir go gcinnfeadh sibh ar réimsí atá le plé:

Rialacha baile - obair tí, am luí, am súgartha/imeartha, cuairteoirí;

Rialacha scoile - poncúlacht, éide, obair bhaile, am súgartha/imeartha;

Rialacha an Stáit - sábháilteacht ar bhóithre, cúram daoine, cúram maoine.

Déan comparáidí idir rialacha scoile agus rialacha baile. Cén fáth gur gá:

d'éide a chaitheamh ar scoil / do chuid éadaí a athrú i ndiaidh scoile?

bheith in am don scoil / teacht abhaile ag am ar leith?

do sheomra ranga a choinneáil néata / do sheomra codlata a choinneáil néata?

d'obair scoile a dhéanamh / dualgais áirithe a dhéanamh ag baile?

gan guma coganta a ithe ar scoil / gan bróga salacha a chaitheamh laistigh ag baile?

meas a bheith agat ar dhaoine eile / meas a bheith agat ar do theaghlach?

Labhair le do pháiste faoin spórt is ansa leis/léi:

Cad iad príomhrialacha ...?

Cad iad na cúiseanna le gach ceann de na rialacha sin?

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 1

5 Mothúcháin

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 2

Mothúcháin

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí mothúcháin a thuiscint agus foghlaim conas déileáil leo, go háirithe leo sin a mbíonn sé deacair orthu iad a láimhseáil.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Scéal:	Scéal Pheadair agus Scéal Shinéad
Forbairt Teanga:	Frithchiallaigh agus Comhchiallaigh

Rogha 2

Réamhrá:	Mothúcháin
Am Scéil:	Fadhb Phádraigín

Rogha 3

Grúp-Chinnteoireacht:	Bealaí Bisithe
Ag freagairt don cheol:	Ceol i bhFocail

Gníomhaíochtaí a Leanann

Moltaí le haghaidh Scéalta:	Faoi Mhothúcháin
Rólghlacadh (1):	Ag cabhrú le Pádraigín
Rólghlacadh (2):	Mothúcháin Laethúla

Nóta ar Mhothúcháin

Is cuid fhíorthábhachtach de thaithí páistí iad na mothúcháin. Tá na mothúcháin a ghabhann leis an taitneamh a bhaineann siad as an saol, na hathruithe ina saol agus na hamanta struis agus scíthe, casta go maith. Chun an cumas a fhorbairt maidir leis na mothúcháin sin a léiriú ar bhealaí oiriúnacha, ní mór a bheith ar an eolas fúthu, iad a aithint, a admháil agus glacadh leo agus a bheith in ann iad a léiriú agus a rialú.

Is éard atá san fheasacht mhothúcháin go n-aithníonn tú do chuid mothúchán féin chomh maith le mothúcháin daoine eile. Nuair a ghlactar leo tuigtear normáltacht mhothúcháin an duine. Is éard atá i rialú mothúchán ná an cumas déileáil le mothúcháin phearsanta agus iad a rialú agus a bheith in ann iad a léiriú ar bhealaí cuí sóisialta a nglactar leo. Is mór an buntáiste d'fhorbairt shláintiúil an pháiste é nuair a fhoghlaimíonn sé/sí faoi mhothúcháin.

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 3

Rogha 1

Scéal: Scéal Pheadair agus Scéal Shinéad

Forbairt Teanga: Frithchiallaigh agus Comhchiallaigh

Scéal: Scéal Pheadair agus Scéal Shinéad

Insíonn an múinteoir na scéalta seo a leanas do na páistí..

Scéal Pheadair

Nuair a buadh orainn sa chluiche bhí mé ar buile. Ghread mé liom agus racht feirge orm. Rinne cuid de na daoine eile gáire fúm agus dúirt mo Dhaidí nach raibh sé chomh bródúil asam in aon chor. Nuair a d'imigh an racht díom bhí náire an domhain orm. Déanfaidh mé iarracht an chéad uair eile cuimhneamh ar an méid a dúirt mo Dhaidí liom: 'Níl ann ach cluiche!'

Scéal Shinéad

Bhí an-bhrón orm nuair a cailleadh mo Mhamó. Chaoin mé gach uair a smaoinigh mé uirthi. B'shin bliain ó shin. Labhair mé le mo Mhamaí fúithi. Tugadh an bróiste ab ansa le Mamó dá cuid dom. Is cuimhin liom go gcaitheadh sí é ag ócáidí speisialta. Chaith sí é ag bainis m'aintín. Ba mise an cailín coimhdeachta an lá sin. Chabhraigh Mamó liom mo chuid gruaige a réiteach. Bhí an-lá againn an lá céanna. Nuair a chuimhním uirthi anois is cuimhin liom na hamanta sona agus ní thagann brón orm. Cabhraíonn sé nuair a chuimhníonn tú ar na hamanta maithe i gcónaí.

Míníonn an múinteoir nach dtarlaíonn mothúcháin, gur freagairt nádúrtha ar shuímh éagsúla iad. Bíonn fáth ann i gcónaí leis an gcaoi a mothaímid cé nach gá go mbeadh a fhios againn cad é uaireanta. Ní bhíonn mothúcháin mícheart agus ní hann do bhealach ceart nó mícheart chun freagairt dóibh ach an oiread. Tagann mothúcháin nach maith linn orainn go léir ó am go ham. Féadfaimid roghnú cén chaoi a bhfreagraímid do na mothúcháin sin. Ní mór dúinn cuimhneamh go mbíonn tionchar ag ár mothúcháin agus ag an gcaoi a bhfreagraímid dóibh ar dhaoine eile. Ag cuimheamh air sin, má fhreagraímid ar bhealach cuí b'fhéidir gurb ea go mbeimis níos sona ionainn féin. Má fhreagraímid ar bhealach míchuí b'fhéidir gurb ea go mothóimis níos míshona ná riamh.

Sampla de sin is ea Scéal Pheadair thuas.

Cén fáth go raibh fearg ar Pheadar? An raibh sé sin mícheart?

Cén fhreagairt a roghnaigh sé?

Ar fhreagair sé go cuí?

Cad iad na hiarmhairtí/torthaí a bhí leis sin?

Dá mbeadh sé i ndiaidh freagairt ar bhealach eile cad a dhéanfadh sé/cad déarfadh sé?

Cad iad na hiarmhairtí a bheadh ann ansin?

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 4

Forbairt Teanga: Frithchiallaigh agus Comhchiallaigh

Bíonn roinnt cártaí ag an múinteoir le focal amháin le haghaidh mothúcháin ar gach ceann. Dáiltear ar na páistí iad, ina bpéirí, agus ní mór dóibh an mhalairt mothúcháin a fháil, mar shampla:

muiníneach	**eaglach**
suaimhneach	**neirbhíseach, imníoch**
cróga	**scanraithe**
eaglach	**neamheaglach**
suaimhneach, réchúiseach, sámh, síochánta	**feargach, ar buile, foréigneach**
sásta	**míshásta**
gealgháireach, aerach, gliondrach	**brónach, gruama, tromchroíoch**
súgach, sona	**brónach, dubhach, uaigneach**
neamhchotúil	**cotúil, náireach**
foighneach	**mífhoighneach, sáraithe**
leithleach	**mórchroíoch, fial, flaithiúil**
éadmhar	**móraigeanta**

Faigheann an múinteoir aiseolas ó chuid de na páistí. Bailítear na cártaí agus athdháiltear iad. I ndiaidh liosta mothúchán a aithint, b'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach don mhúinteoir:

Cad a chuireann neirbhís ort? Cad a chuireann ar do shuaimhneas thú?

Cad a chuireann eagla ort? Cad a thugann uchtach arís duit?

Cad a chuireann fearg ort? Cad a chuireann ar do shuaimhneas arís thú?

An mbíonn díomá ort choíche? Cad a chuireann biseach ort?

An mbíonn tú domheanmnach choíche? Cad a thugann uchtach duit ansin?

Nuair a bhíonn uaigneas ort, cad a chuireann biseach ort?

An bhfuil aon rud náireach i ndiaidh tarlú duit riamh? Cad a bhain an náire sin díot?

An raibh éad ort riamh? Cad a bhain an t-éad díot?

Nuair a bhíonn brón ort, cad a chuireann áthas ort arís?

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 5

Rogha 2

Réamhrá:	Mothúcháin
Am Scéil:	Fadhb Phádraigín

Réamhrá: Mothúcháin

Labhraíonn an múinteoir leis na páistí faoi mhothúcháin a bhíonn orthu nach maith leo:

Conas a bhraithfeá:

dá n-imreodh duine éigin maistíneacht ort?

dá ndúiseofá sa dorchadas?

dá mbeadh deacrachtaí agat sa linn snámha?

dá gcloisfeá go raibh timpiste ag duine a bhfuil grá agat dó/di?

mura ligfeadh páistí eile sa rang duit imirt leo ina gcluiche?

B'fhéidir go dtagródh an múinteoir do Rialacha an Ranga agus go n-imrítear tionchar ar dhaoine eile nuair a bhristear iad.

Uaidh sin insíonn an múinteoir scéal faoi pháiste a fhágtar ina haonar:

Am Scéil: Fadhb Phádraigín

Tá Pádraigín i Rang a Ceathair. Tá sé de nós aici aghaidheanna aisteacha a chur uirthi féin nuair a bhíonn sí ina suí, ag léamh sa rang. Déanann daoine magadh fúithi laistiar dá droim agus déanann aithris ar a haghaidh strainceach. Tarraingíonn roinnt páistí pictiúir di agus cuireann timpeall an ranga iad nuair a bhíonn an múinteoir gnóthach le páistí eile. Ní imríonn aon duine léi agus ní maith leis na páistí nuair a iarrann an múinteoir orthu obair a dhéanamh léi. Ní thuigeann éinne go bhfuil iarracht á déanamh ag Pádraigín díriú ar a leabhar. Tá spéaclaí mór tiubha aici ar chóir di iad a chaitheamh gach lá ach fágann sí ina mála iad. Sa scoil ina mbíodh sí ghlaoití 'an chailleach cheathairshúileach' uirthi agus ní theastaíonn uaithi go dtarlóidh an rud céanna sa scoil seo.

Ceistíonn an múinteoir na páistí:

Conas a bhraitheann tú i ndiaidh duit an scéal a chloisteáil?

Conas a bhraitheann Pádraigín, meas tú?

An dóigh leat go dtuigeann Pádraigín cad deir na páistí eile fúithi? Cén fáth?

Conas a bheadh a fhios agat go raibh daoine ag caint fút laistiar de do dhroim?

Cén fáth go ndéanadh an rang gáire faoi Phádraigín? Cén fáth go bhfágaidís amach í?

Cad a dhéanfá dá dtabharfá faoi deara go raibh duine éigin á f(h)ágáil amach?

Cad a d'fhéadfadh Pádraigín a dhéanamh chun cabhrú léi féin?

Cad a d'fhéadfadh na páistí eile sa rang a dhéanamh?

Cé hiad na cineálacha daoine a 'bpioctar orthu'?
(daoine atá difriúil, le míchumas, bocht, taistealaithe, daoine nua, beaga, arda, caola,

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 6

ramhra, srl)

Pioc rang lena mbainfeadh Pádraigín.

Cad a d'fhéadfá a dhéanamh chun cabhrú le Pádraigín? (imirt léi?)

Cén fáth go bhféadfadh sé sin a bheith deacair? (b'fhéidir go bhfágfá tú féin amach)

An féidir leat smaoineamh ar rud éigin níos fusa? (meangadh gáire a dhéanamh léi, 'Dia duit' a rá, fiafraí di an bhfaca sí ... ar an teilifís nó conas a d'éirigh léi sa tástáil litrithe)

Cad eile a d'fhéadfá a dhéanamh? (má dhéanann daoine eile magadh fúithi nó má tharraingíonn siad pictiúr di, gan gáire a dhéanamh nó má tá daoine eile ag gearán, gan faic a rá)

Ar bhraith tú fágtha amach nó i d'aonar riamh?

Treisíonn an múinteoir gurb amhlaidh a bhraitheann gach duine, nach mór, fágtha amach nó ina (h)aonar ó am go ham agus b'fhéidir go gcuirfeadh sí féin tús le ciorcal ranga trí shampla dá c(h)uid féin a thabhairt:

'Bhraith mise fágtha amach / i m'aonar nuair ...'



5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 7

Grúp-Chinnteoireacht: Bealaí Bisithe

Ag freagairt don cheol: Ceol i bhFocail

Grúp-Chinnteoireacht: Bealaí Bisithe

1. Mar rang, roghnaíonn na páistí mothúchán amháin ón liosta seo a leanas:

   neirbhíseach
   feargach
   díomách
   brónach
   uaigneach
   náireach
   éadmhar

2. Iarrtar ar gach páiste abairt a scríobh ag lua dhá shuíomh ina mbraitheann sé/sí an mothúchán sin, m.sh.

   Braithim neirbhíseach nuair a chloisim toirneach agus nuair a théim chuig teach a bhfuil madraí crosta ann.

3. Roghnaíonn an rang mothúchán eile ón liosta agus scríobhann gach páiste síos dhá shuíomh ina mbraitheann sé/sí an mothúchán sin. Leantar de sin go dtí nach mbíonn aon rud fágtha ar an liosta.

4. Téann na páistí i bpéirí agus cuireann siad a liostaí i gcomparáid le chéile. Aontaíonn siad ar na trí shuíomh is coitianta ina mbraithfidís gach mothúchán.

5. I ngrúpaí de cheathrar ansin, aontaíonn na páistí ar na cúig shuíomh is coitianta do gach mothúchán.

6. Iarrtar ar gach páiste dhá rud a scríobh síos a d'fhéadfaidís a dhéanamh a chuirfeadh biseach/suaimhneas orthu arís i ngach suíomh.

7. Ina bpéirí cuireann siad a liostaí i gcomparáid le chéile agus aontaíonn ar na trí thuairim is praiticiúla.

8. I ngrúpaí de cheathrar, aontaíonn na páistí ar na cúig bhealach is fearr chun biseach/suaimhneas a chur orthu.

9. Tugtar mothúchán amháin ó gach liosta do gach grúpa de cheathrar. Bunaithe ar thorthaí an phróisis thuas, dearann an grúpa póstaer chun foinse an mhothúcháin agus an straitéis/fhuascailt chun déileáil leis a léiriú, m.sh.

Neirbhíseach

Má éiríonn tú neirbhíseach le madraí crosta, iarr ar an úinéir glaoch orthu.

Má éiríonn tú neirbhíseach le damháin alla, smaoinigh a neamhdhíobhálaí atá siad.

Má éiríonn tú neirbhíseach sa dorchadas nuair a théann tú a luí, iarr go bhfágfaí solas ar siúl.

Má éiríonn tú neirbhíseach faoin obair bhaile a bheith mícheart, iarr ar dhuine éigin í a sheiceáil.

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 8

Má éiríonn tú neirbhíseach faoi mhaistíneacht inis do dhuine éigin a bhfuil muinín agat as/aisti faoi, duine éigin ar féidir leis/léi cabhrú leat.

Ag freagairt don cheol: Ceol i bhFocail

Cuir píosa ceoil ar siúl a spreagann giúmar ar leith nó meascán mothúchán. D'fhéadfá píosa clasaiceach a roghnú. Soláthraíonn cnuasaigh chlasaiceacha ar chaiséad meascán maith. Mar mhalairt, d'fhéadfadh na páistí cuid de na caiséid nó dlúthdhioscaí ceoil is ansa leo a thabhairt isteach a bhféadfadh an múinteoir roghnú uathu.

Ina measc sin atá machnamhach agus a chothaíonn giúmar machnamhach tá:

'Pavane' Andante (An Dara Gluaiseacht) *Gabriel Faure*

Coinseartó Pianó Uimh. 2 'Elvira Madigaan' *Mozart*

An Dara Gluaiseacht; Adagio, Concierto De Aranjuez *Joaquin Rodrigo*

Adagio in G Beag *Tomaso Albinoni.*

An Dara Gluaiseacht; Largo, Siansa Uimh. 9 in E Beag 'From The New World' *Antonin Dvorak.*

An Chéad Ghluaiseacht; Adagio-moderato, Coinséartó Dordveidhle, *Edward Elgar.*

Meditation; Thais, *Jules Massenet.*

Intermezzo, Cavalleria Rusticana, *Pietro Mascagni.*

Ansin tá na cinn sin atá níos bríomhaire agus beoga:

The Hallelujah Chorus, *George Frederick Handel*

Jupiter 'The Bringer of Jollity' *Gustav Holst*

'The Emperor Waltz' *Johann Strauss II*

'Ode to Joy' ón gCeathrú Gluaiseacht, Siansa Uimh. 9 in D Beag, *Ludwig von Beethoven*

'O Fortuna', Carmina Burana, *Carl Orff.*

'Ride of the Valkyries', *Richard Wagner.*

Prélude, Carmen, *Georges Bizet.*

Chorus of the Hebrew Slaves, Nabucco, *Giuseppe Verdi.*

Waltz of The Flowers, The Nutcracker Suite, *Peter Ilyich Tchaikovsky.*

Seinn píosaí ceoil a bheadh in imeartas le chéile do na páistí.

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 9

Inniu táimid chun éisteacht le píosa ceoil dar teideal ..... leis an gcumadóir .....

Ligigí bhur scíth (sos)

Suígí síos go compordach (sos)

Cuirigí bhur gcosa sínte ar an urlár (sos)

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine (sos)

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile (sos)

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Le do shúile dúnta i gcónaí éist leis an gceol ... féach do shamhlaíocht ... féach cad a chuireann an ceol i gcuimhne duit ... cad iad na mothúcháin atá sa cheol? Conas a mhothaíonn tú?

Cuir an píosa ceoil ar siúl.

Oscail do shúile anois agus S-Í-N tú fein!

Insíonn na páistí duit faoin gcaoi ar mhothaigh siad agus iad ag éisteacht leis an gceol agus tarraingíonn siad pictiúir den mhéid a shamhlaigh siad. Ní hann d'aon fhreagra ceart ná mícheart!

Pléigh leis na páistí ina dhiaidh conas a mhothaigh siad agus iad ag éisteacht leis na píosaí éagsúla ceoil agus iarr orthu scríobh faoina bpictiúir.

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 10

taí a Leanann

Moltaí le haghaidh Scéalta:	Faoi Mhothúcháin
Rólghlacadh (1):	Ag cabhrú le Pádraigín
Rólghlacadh (2):	Mothúcháin Laethúla

Moltaí le haghaidh Scéalta: Faoi Mhothúcháin

Soláthraítear deiseanna do na páistí an chaoi le déileáil le mothúcháin, a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo araon, a fhoghlaim trí scéalta nó dánta ábhartha a léamh. Is féidir le páistí an scéal a léamh iad féin nó d'fhéadfadh an múinteoir é a léamh dóibh sa rang. Trí scéal oiriúnach a léamh féadfaidh an páiste taithí a fháil ar mhothúcháin go hionadach.

Ionannaíonn na páistí leis na carachtair éagsúla i leabhar nó dán. Is féidir an mothú gur 'tharla sé sin do dhuine éigin eile chomh maith' a bheith ina ábhar féinmhuiníneach. Tá sé tábhachtach do pháistí go bhfeicfidh siad na fuascailtí malartacha ar fhadhbanna agus iarmhairtí a ngníomhaíochta.

Déileálann na leabhair seo a leanas le mothúcháin. Mar mhalairt, b'fhéidir go mbeadh scéalta oiriúnacha eile ar eolas ag an múinteoir nó b'fhéidir go mbeadh na páistí in ann leabhair atá léite acu faoin ábhar seo a mholadh. Iarr orthu iad a thabhairt isteach do leabharlann an ranga. Spreag na páistí plé a dhéanamh ar a bhfuil léite acu.

Charlotte's Web le *E.B. White, foilsithe ag Puffin*
Scéal taitneamhach faoin gcaoi a sábhálann damhán alla cliste muc ó bhaol. Soláthraíonn an scéal seo réamhfhéachaint chaoin ar ábhar an chaillteanais.

Leila le *Sue Alexandra, leabhar pictiúrtha a d'fhoilsigh Hamish Hamilton*
Nuair a chailltear deartháir Leila, ní cheadaíonn a hathair, de bharr a bhróin, go luafaí ainm a mhic arís. Ach caithfidh Leila labhairt ar a deartháir agus cuimhneamh air. Ar deireadh, feiceann a hathair go bhfuil an ceart aici.

Different Dragons le *Jean Little, foilsithe ag Puffin*
Agus Ben ar cuairt deireadh seachtaine ar a Aintín Rós, tagann sé chun réitigh le cuid dá ábhair eagla.

B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach don mhúinteoir:

Cé faoi a bhfuil an scéal seo? Cad a tharlaíonn sa scéal?

Conas a mhothaigh na príomhcharachtair dá bharr sin? Conas a mhothaigh tú i ndiaidh duit an scéal a léamh?

Ar tharla aon rud mar sin duitse riamh? Conas a mhothaigh tú?

Cad a chabhraigh leat teacht chugat féin arís?

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 11

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 12

Rólghlacadh (1): Ag cabhrú le Pádraigín

B'fhéidir go mbeadh Rogha 2 roghnaithe ag an múinteoir, agus sa chás sin beidh eolas ag na páistí ar fhadhb Phádraigín:

Tá Pádraigín i Rang a Ceathair. Tá sé de nós aici aghaidheanna aisteacha a chur uirthi féin nuair a bhíonn sí ina suí, ag léamh sa rang. Déanann daoine magadh fúithi laistiar dá droim agus déanann aithris ar a haghaidh strainceach. Tarraingíonn roinnt páistí pictiúir di agus cuireann timpeall an ranga iad nuair a bhíonn an múinteoir gnóthach le páistí eile. Ní imríonn aon duine léi agus ní maith leis na páistí nuair a iarrann an múinteoir orthu obair a dhéanamh léi. Ní thuigeann éinne go bhfuil iarracht á déanamh ag Pádraigín díriú ar a leabhar. Tá spéaclaí mór tiubha aici ar chóir di iad a chaitheamh gach lá ach fágann sí ina mála iad. Sa scoil ina mbíodh sí ghlaoití 'an chailleach cheathairshúileach' uirthi agus ní theastaíonn uaithi go dtarlóidh an rud céanna sa scoil seo.

Is éard atá sa Rólghlacadh na páistí ag déanamh iarrachta cairdeas a dhéanamh le Pádraigín le freagraí éagsúla uaithi. Iarrann an múinteoir ar roinnt daoine toilteanacha na Cártaí Cnámhscéalta a roghnú agus an méid a léann siad ar an gcárta a chur i bhfoirm gníomhartha. Féadfaidh an múinteoir an ghníomhaíocht a stopadh ag pointí éagsúla chun ceisteanna a chur faoin bhfáth a bhfuil rud éigin ag tarlú. Is ábhar foghlama do na páistí é sin.

Cnámhscéal 1: Iarrann páiste ar Phádraigín imirt léi agus aontaíonn sí. Imíonn siad leo go sásta.

Cnámhscéal 2: Fiafraíonn páiste de Phádraigín cé mhéad ubh Cásca a fuair sí agus freagraíonn sí le: 'Tabhair aire do do ghnó féin'.

Cén fáth go ndúirt sí é sin? (amhras/eagla uirthi go ndéanfar gáire fúithi, níor labhair éinne léi mar sin cheana)

Cnámhscéal 3: Fiafraíonn páiste de Phádraigín: 'An bhfaca tú ... ar an teilifís aréir?' agus freagraíonn sí le 'Chonaic'. Deir an páiste: 'Bhí sé iontach, nach raibh?' agus arís focal amháin a bhíonn sa fhreagra 'Bhí'. Sin deireadh an chomhrá.

Conas a mhothaíonn an chéad pháiste? (feargach, nach bhfuil meas air/uirthi)

An bhféadfadh mothú difriúil a bheith air/uirthi? (cróga, fial, bródúil as/aisti féin)

Conas a mhothaíonn Pádraigín? (mearbhlach, eagla uirthi muinín a thabhairt, b'fhéidir gur fearr a bheidh sí in ann freagairt má thriaileann duine éigin eile arís)

Cluiche: Chun atmaisféar an ranga a éadromú féadfaidh na páiste **'Cat agus Luch'** a imirt.

Roinneann an múinteoir an rang ina dhá leath, na Cait agus na Lucha, le páiste amháin fágtha. Suíonn na Lucha siar ar fad ina gcathaoireacha, i gciorcal, ag díriú isteach. Seasann na cait laistiar dóibh lena lámha laistiar dá ndroim. Ní féidir leis an gCat lámh/barr méire a chur/bhualadh ar ghualainn na Luiche os a chomhair ach amháin má tá an Luch ag iarraidh éalú. Is éard atá sa pháiste fágtha ná Cat gan Luch - tá cathaoir fholamh os a chomhair. Caochann an Cat súil le Luch chun í a thabhairt chun a chathaoireach ach féadfaidh an Cat laistiar dó breith uirthi. Nuair a éiríonn le Luch éalú tá cead ag a Cat súil a chaochadh le Luch eile.

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 13

Rólghl Mothúcháin Laethúla

Roinntear an rang ina sé ghrúpa agus tugtar cnámhscéal le cur i bhfoirm gníomhartha do gach grúpa. Moltaí amháin atá sa mhéid seo a leanas:

1. **Tá Máire deich mbliana d'aois inniu. Tá gach duine i ndiaidh dearmad a dhéanamh ar a breithlá.**

2. **Cairde maithe a bhí in Áine agus Sinéad ach le déanaí níl Sinéad ag glaoch a thuilleadh agus tá sí cairdiúil le Brídín.**

3. **Tá cúig phunt d'airgead turais in easnamh ó tharraiceán an mhúinteora agus deir duine éigin gur tusa a thóg é.**

4. **Tá Seán i Rang a Ceathair. Bíonn an buachaill in aice leis ag caint de shíor ach cuireann an múinteoir an milleán ar Sheán.**

5. **D'inis cara Éamoin bréaga don rang faoi.**

6. **Thug Bairbre a deirfiúr óg, Síle, chuig an mbaile mór léi ach anois tá sí ar iarraidh ar shráid ghnóthach.**

Bíonn deich nóiméad ag na páistí an dráma a ullmhú nó an scéal a scríobh. Ní mór dóibh na nithe seo a leanas a thaispeáint:

Conas a mhothaíonn an príomhcharachtar;

Cad ba chúis leis an mothúchán sin;

Conas a fhreagraíonn sé/sí;

Iarmhairtí na freagartha;

Cé air a mbíonn an tionchar.

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 14

5.Feelings and Emotions/irish:5.Feelings and Emotions/irish 14/07/2009 10:30 Page 15

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí mothúcháin a thuiscint agus foghlaim conas déileáil leo, go háirithe leo sin a mbíonn sé deacair orthu iad a láimhseáil. Is cuid fhíorthábhachtach de thaithí páistí iad na mothúcháin. Is éard atá san fheasacht mhothúcháin go n-aithníonn tú do chuid mothúchán féin chomh maith le mothúcháin daoine eile. Is éard atá i rialú mothúchán ná an cumas déileáil le mothúcháin phearsanta agus iad a rialú agus a bheith in ann iad a léiriú ar bhealaí cuí sóisialta a nglactar leo. Is mór an buntáiste d'fhorbairt shláintiúil an pháiste é nuair a fhoghlaimíonn sé/sí faoi mhothúcháin.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

Iarr ar do pháiste smaoineamh ar an iliomad suíomh féideartha agus ar an gcaoi a mothódh sé/sí iontu. D'fhéadfadh sí seo a bheith mar threoircheist: 'Conas a mhothófá agus cad a dhéanfá ...'

dá bhfaighfeá bronntanas rothair nua gan choinne?

mura nglaofadh do chairde ort agus iad ag dul amach ag súgradh?

dá gcaillfí Mamó/Daideo?

dá leagfadh carr do pheata madra?

dá ndéarfadh an múinteoir go raibh d'obair bhaile an-mhaith go deo?

dá mbeimis ag imeacht ar saoire teaghlaigh?

dá gcaillfeá smacht ort féin agus dá mbéicfeá le ...?

mura gceapfá go raibh do bhróga reatha nua 'faiseanta'?

dá múchfaí na soilse le linn stoirme?

dá ndéanfá dearmad ar d'obair bhaile a dhéanamh agus dá lorgódh an múinteoir í?

D'fhéadfá do pháiste a cheistiú:

Cad a chuireann neirbhís ort? Cad a chuireann ar do shuaimhneas thú?

Cad a chuireann eagla ort? Cad a thugann uchtach arís duit?

Cad a chuireann fearg ort? Cad a chuireann ar do shuaimhneas arís thú?

An mbíonn díomá ort choíche? Cad a chuireann biseach ort?

An mbíonn tú domheanmnach choíche? Cad a thugann uchtach duit ansin?

Nuair a bhíonn uaigneas ort, cad a chuireann biseach ort?

An raibh éad ort riamh? Cad a bhain an t-éad díot?

Nuair a bhíonn brón ort, cad a chuireann áthas ort arís?

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 1

6 Iontas Beatha Nua

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 2

Iontas Beatha Nua

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí ord na gcéimeanna forbartha den bhabaí daonna ó ghiniúint go breith a aithint agus a fhoghlaim.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Ceacht Eolais:	Duine éigin speisialta
Ord Gníomhaíochta:	Amlíne Beatha Nua

Rogha 2

Cuairt:	Ó thuismitheoir(í) agus babaí
Gníomhaíocht Scríofa (1):	Faoin gCeacht/gCuairteoir

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Scríofa (2):	Dialann Babaí Nua

Nóta ar Bheatha Nua

Is mó cleachtadh a fhaigheann páistí ar bheatha nua - an t-earrach, fás nua sa ghairdín, peataí nua ag baile nó peataí nua ar an bhfeirm, teacht babaí nua (deartháir nó deirfiúr, col ceathrair nó comharsa). Is rídheas an t-iontas a spreagtar iontu leis an tarlú is simplí de bheatha nua agus féadfaidh siad tuiscint nua a mhúscailt sna daoine fásta timpeall orthu go fiú ar phéacán glas san earrach. Trí mhúineadh do pháistí conas beatha nua agus an chaoi a dtarlaíonn sí a thuiscint, spreagann an múinteoir iad gan talamh slán a dhéanamh de na míorúiltí laethúla seo agus músclaíonn iontu meas agus luach ar bheatha nua.

Moltaí amháin atá sna modhanna múinteoireachta seo a leanas. B'fhéidir go mbeadh múinteoirí ní ba chompordaí ag múineadh na n-ábhar seo agus ní ba mhuiníní faoi cheisteanna a d'fhéadfadh na páistí a chur a fhreagairt dá ndéanfaidís roinnt léitheoireachta cúlra ar dtús. B'fhéidir go mbeadh straitéisí chun déileáil le ceisteanna na bpáistí i bpolasaí na scoile.

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 3

Rogha 1

Ceacht Eolais: Duine éigin speisialta

Ord Gníomhaíochta: Amlíne Beatha Nua

Ceacht Eolais: Duine éigin speisialta

Ba chóir go mbeadh an t-eolas a thugtar anseo simplí. B'fhéidir go mbeadh an téacs seo a leanas úsáideach:

An bhfuil nead éin feicthe agat an-ghar duit riamh? Cad as a ndéantar é? (Féar, tuigí, srl.) **Cad a dhéanann an mháthair chun go mbeadh an nead compordach do na héiníní beaga nuair a thagann siad as na huibheacha?** (Líonann sí le féar, duilleoga agus caonach í.)

Sular saolaíodh tusa chaith tú thart ar naoi mí go compordach i mbroinn do mháthar. D'ullmhaigh an bhroinn líneáil bhog chun go mbeifeá compordach. Rinne sí an méid sin trí éirí níos boige agus níos tibhe. Coinníodh sábháilte agus teolaí thú leis an líneáil sin. Bhí naoi mí ag teastáil chun go bhfásfá go hiomlán agus chun a bheith láidir do dhóthain chun maireachtáil lasmuigh den bhroinn. Is gnách go gcaitheann babaí naoi mí sa bhroinn.

I dtosach báire ba ubh thoirchithe chruinn thú a bhí beag bídeach, chomh beag le lánstad ar leathanach dáiríre. Níor thóg sé ach ceithre seachtaine chun athrú go mór, ní raibh tú cruinn mar ubh a thuilleadh ach bhí tú mar each uisce. Bhí do chroí i ndiaidh tosú ag bualadh. Bhí tú beag bídeach i gcónaí - 2mm ar fhad amháin. An féidir leat a thaispeáint cé chomh beag atá sé sin ar do rialóir?

Le linn an ama sin ba í an bhroinn do bhaile. Cuireadh gach rud a theastaigh uait don bheatha agus don chompard ar fáil duit ann. Bhí nasc idir tú féin agus do Mhamaí trí thiúb ar a dtugtar sreang imleacáin. B'fhéidir gur fhoghlaim tú faoin tsreang imleacáin seo anuraidh. Tríd an tsreang fuair tú an bia a theastaigh uait chun fás. D'fhill an bia nach raibh gá agat leis ar ais chuig do Mhamaí.

Mar sin, mar thús, bhí beatha chiúin agus shíochánta agat ag snámh thart i sac lán leachta. Bhí an leacht sin ag an teocht chéanna i gcónaí ionas go mbíteá te do dhóthain i gcónaí agus go gcosnaítí ar bhuilí obanna thú. Slán teolaí a bhí tú agus tú i mbun an ghnó ríthábhachtaigh den fhás. Ag sé seachtaine bhí tú chomh mór le leathphónaire bácáilte. D'fhéadfaí tú a chur ar bhonn e1.

Ag ocht seachtaine bhí tú chomh mór le hionga ordóige duine fhásta, chomh mór le bonn e2. Bhí do lámha agus do chosa i ndiaidh tosú ag fás cheana féin agus bhí tú i ndiaidh tosú ag gluaiseacht timpeall. Chiceáilteá go séimh. Ach toisc go raibh tú chomh beag sin níor mhothaigh do mháthair ag gluaiseacht timpeall thú. Bhí cuma babaí ag teacht anois ort.

Nuair a bhí tú trí mhí d'aois, agus an dochtúir nó banaltra ag baint úsáide as saintrealamh d'fhéadfadh sé/sí a rá leat ar bhuachaill nó ar chailín thú? Cé go raibh do shúile dúnta fós, bhogtá do chosa agus lámha timpeall, ag síneadh agus ag ciceáil, ag fáisceadh méar na gcos, ag déanamh dorn, ag cur púice agus aghaidheanna ort féin. Bhíteá ag déanamh do chuid aclaíochta agus chabhraigh sé sin le do mhatáin éirí láidir.

Ag ceithre mhí bhí tú thart ar 16cm ar fhad agus d'fhéadfaí tú a chur isteach i gcupán tae. An féidir leat 16cm a aimsiú ar an rialóir? Cé go raibh tú chomh beag sin bhí gach rud ort déanta go hiomlán. Bhí na píosaí tábhachtacha ar fad de do chorp i ndiaidh fás. Bhí méarlorga agat fiú. Ní raibh le déanamh anois agat ach fás, éirí níos mó agus níos láidre.

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 4

Ag cúig mhí d'fhéadfaí tú a chur i mbos lámh duine fhásta. Bhí tú thart ar 25cm ar fhad. Bhraitheadh do mháthair anois thú agus tú ag gluaiseacht agus b'fhéidir go ndéarfadh sí leat go raibh sé cosúil le hiasc ag déanamh fiarláin laistigh di.

Nuair a bhí tú sé mhí istigh d'fhéadfá croí do mháthar ag bualadh a chloisteáil, in éineacht le guthanna, ceol agus fuaimeanna eile. Conas a chaiteá an lá? Bhuel, chaiteá cuid den lá i do dhúiseacht agus an chuid eile i do chodladh. Bhíteá gnóthach ag tástáil do chuid frithluailí. Chomh maith le bheith ag ciceáil, bhíteá ag fáisceadh méara do lámh agus do chos. Chleachtá an súrac chomh maith. Aimsíonn roinnt babaithe a n-ordóga agus is maith leo iad a shúrac sula saolaítear iad fiú.

Faoin tráth seo, bhí taithí mhaith ag do mháthair ar an ngluaiseacht agus síneadh a bhí ar siúl agat. Leis an gciceáil ar fad a bhí á déanamh agat, ba mhinic a cheap sí gur ag traenáil le liathróid peile a bhí tú!

Agus lá do bhreithe ag druidim, bhí tú éirithe chomh mór sin nach raibh mórán spáis agat gluaiseacht timpeall. Chleachtá análú ansin. Ní raibh aon aer sa bhroinn, ach leacht amháin. Shlogtá siar an leacht uaireanta agus chuireadh sé sin fial ort. B'fhéidir gur bhraith do mháthair ag brúchtadh thú agus gurbh ait léi cad a bhí ar siúl agat. Bhí tú ag éirí níos iomláine gach lá - d'fhás do chroí agus do scamhóga agus do ghoile go dtí go raibh siad foirfe.

I ndiaidh naoi mí bhí tú ullamh le saolú. Agus fáilte á cur romhat sa domhan nua bhí tú ullamh chun tabhairt faoi eachtra iontach eile.

Ord Gníomhaíochta: Amlíne Beatha Nua

Is féidir an t-ábhar seo a úsáid ar mhórán bealaí. Tá deich bpictiúr, deich n-amchárta agus deich gcárta eolais a fhreagraíonn dóibh ann.

1. D'fhéadfadh an múinteoir dul tríd na pictiúir de réir oird leis na páistí, agus na cártaí pictiúrtha, amchártaí agus cártaí eolais cuí a mheaitseáil, ag insint dóibh faoi gach pictiúr.

2. D'fhéadfadh an múinteoir fiafraí de na páistí cad é an t-ord ceart pictiúr, dar leo. Nuair a chruthaítear é sin d'fhéadfadh sé/sí iarraidh orthu an scála ama a thomhas ag baint úsáide as na hamchártaí. Ar deireadh, léann an múinteoir gach cárta eolais amach de réir oird ag insint do na páistí faoi gach céim den fhorbairt.

3. D'fhéadfadh an múinteoir fiafraí de na páistí cad é an t-ord ceart pictiúr, dar leo. Nuair a chruthaítear é sin d'fhéadfadh sé/sí iarraidh orthu an scála ama a thomhas ag baint úsáide as na hamchártaí. Ar deireadh, léann an múinteoir gach cárta eolais amach de réir oird agus d'fhéadfadh na páistí cinneadh cén cárta atá oiriúnach do gach céim forbartha.

4. Ag baint úsáide as fótachóipeanna den ábhar seo, d'fhéadfadh grúpaí na pictiúir a chur in ord agus iad a mheaitseáil leis na hamchártaí agus na cártaí eolais.

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 5

An Chéad Lá

Mí Amháin

Dhá Mhí

Trí Mhí

Ceithre Mhí

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 6

Cúig Mhí

Sé Mhí

Seacht Mí

Ocht Mí

Naoi Mí

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 7



An Chéad Lá



An Chéad Mhí



An Dara Mí

An Tríú Mí

An Ceathrú Mí

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 8

An Cúigiú Mí

An Séú Mí

An Seachtú Mí

An Octhú Mí

An Naoú Mí

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 9

I dtosach báire is ubh thoirchithe chruinn an babaí, chomh beag le lánstad ar leathanach. Iolraíonn na cealla agus fásann agus athraíonn an ubh. Caitheann babaí a naoi mí i mbroinn a m(h)áthar sula saolaítear é/í. Naoi mí a theastaíonn ón mbabaí chun fás go hiomlán agus a bheith láidir a d(h)óthain chun maireachtáil lasmuigh den bhroinn. Is áit shábháilte agus chompordach í an bhroinn don bhabaí.

An Chéad Lá

Tá athruithe móra i ndiaidh tarlú sa bhabaí. Le linn na míosa seo caite tá an babaí i ndiaidh socrú síos sa bhroinn. Tá an bhroinn i ndiaidh líneáil bhog agus thiubh ullmhú chun go mbeidh an babaí sábháilte agus compordach. Cé go bhfuil sé/sí beag bídeach i gcónaí, 2mm amháin, níl an babaí cruinn mar ubh a thuilleadh. Ina áit sin tá cuma each uisce beag air/uirthi. Tosaíonn croí an bhabaí ag bualadh ar an 24 nó 25 lá.

Mí Amháin

Tá an babaí chomh mór le bonn €2 anois agus tá sé/sí ag fás go pras. Tá lámha agus cosa an pháiste i ndiaidh tosú ag fás agus tosaíonn an babaí ag gluaiseacht timpeall. Ní féidir leis an máthair na gluaiseachtaí sin a mhothú mar go bhfuil an babaí chomh bídeach sin. Tá cuma babaí ag teacht anois ar an mbabaí.

Dhá Mhí

Cé nach bhfuil an babaí ach 8mm ar fhad, is féidir a dhéanamh amach anois an buachaill nó cailín atá ann. Tá súile an bhabaí dúnta. Bogann an babaí na cosa agus lámha araon, ag sineadh agus ag ciceáil. Trí aclaíocht mar sin a dhéanamh, cabhraítear chun na matáin i gcorp an bhabaí a láidriú.

Trí Mhí

Tá an babaí 16cm ar fhad agus bheadh sé/sí beag a d(h)óthain le cur isteach i gcupa tae. Cé go bhfuil an babaí an-bheag i gcónaí, tá na codanna tábhachtacha ar fad i ndiaidh fáis. Bíonn ingne ag babaí den aois seo fiú. Níl le déanamh anois acu ach éirí mór agus láidir a ndóthain chun maireachtáil taobh amuigh den bhroinn.

Ceithre Mhí

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 10

Ag cúig mhí, tá an babaí 25cm ar fhad agus d'fhéadfaí é/í a chur i mbos duine fhásta. Braitheann an mháthair an babaí ag gluaiseacht faoin tráth seo. Deir roinnt máithreacha go bhfuil sé cosúil le hiasc ag déanamh fiarláin laistigh díobh.

Cúig Mhí

Faoi shé mhí is féidir leat cloisteáil. I measc na bhfuaimeanna a chloiseann babaí tá croí a m(h)áthar ag bualadh, guthanna agus ceol. Caitheann an babaí roinnt ama ina d(h)úiseacht agus an chuid eile ansin ina c(h)odladh. Chomh maith le bheith ag ciceáil, déanann an babaí méara na lámh agus na gcos a fháisceadh. Cleachtann an babaí an súrac chomh maith. Aimsíonn roinnt babaithe a n-ordóga agus is maith leo iad a shúrac sula saolaítear iad fiú.

Sé Mhí

Éiríonn an babaí níos iomláine gach lá. Dá saolófaí an babaí ag an gcéim seo bheadh gá aige/aici le sainchúram. Ní mór dá c(h)roí, dá scamhóga agus dá g(h)oile fás agus forbairt níos mó.

Seacht Mí

Is lú an spás atá ag an mbabaí chun gluaiseacht timpeall. Caitheann sé/sí roinnt ama ina d(h)úiseacht agus an chuid eile ina c(h)odladh. Cleachtann an babaí análú. Forbraíonn croí, scamhóga agus goile an bhabaí go dtí go mbíonn siad foirfe agus ullamh le haghaidh úsáide sa domhan lasmuigh den bhroinn.

Ocht Mí

I ndiaidh naoi mí tá an babaí ullamh le saolú. Tá sé/sí láidir a d(h)óthain chun an sábháilteacht na broinne a fhágáil. Beidh gá aige/aici le grá agus cúram a m(h)áthar agus na mball eile den teaghlach.

Naoi Mí

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 11

Cuairt:	Ó thuismitheoir(í) agus babaí
Gníomhaíocht Scríofa (1):	Faoin gCeacht/gCuairteoir

Cuairt: Ó thuismitheoir(í) agus babaí

Is é fócas an cheachta seo forbairt an bhabaí dhaonna ó ghiniúint go breith. Socraigh cuairt ó thuismitheoir(í) agus babaí. Tabhair eolas roimh ré don tuismitheoir /do na tuismitheoirí maidir le cuspóir an cheachta. Tá sé tábhachtach go mbeadh an cuairteoir compordach leis an ábhar.

Tá na céimeanna chun ullmhú do chuairteoir le fáil faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Gníomhaíocht Scríofa (1): Faoin gCeacht/gCuairteoir

Mar cheacht a leanann ón gcuairt nó ón gceacht eolais d'fhéadfá iarraidh ar na páistí scríobh faoin méid a d'fhoghlaim siad faoi gach céim d'fhorbairt an bhabaí, ó mhí go mí, faoi cheannteidil mar mhéid, cruth agus cumas. B'fhéidir go ndéanfaí léaráidí den obair seo. D'fhéadfadh an múinteoir treoirlínte a thabhairt i bhfoirm ceisteanna, nó abairtí gan chríochnú a scríobh ar an gclár dubh, m.sh.

Cuairteoir Speisialta ar an Seomra Ranga

Tháinig Babaí ... agus ... ar cuairt chuig ár seomra ranga inniu. Tá Babaí ... ... seachtaine d'aois.

Sula saolaítear babaí caitheann sé/sí thart ar ... mí i ... a m(h)áthar.

Faigheann an babaí ... trí thiúb ar a dtugtar sreang imleacáin.

Ar dtús bíonn cuma ... ar bhabaí.

Bíonn an babaí chomh beag le ...

I ndiaidh míosa bíonn cuma ... ar bhabaí.

Ag dhá mhí bíonn an babaí chomh mór le ...

Bíonn cuma ... ar an mbabaí.

Féadfaidh an babaí ... anois.

Nuair a bhíonn an babaí trí mhí d'aois, tá sé/sí in ann ...

Ag ceithre mhí tá an babaí ...

Ag cúig mhí is féidir leis an mbabaí ...

Nuair a bhíonn an babaí sé mhí sa bhroinn, is féidir leis/léi ...

De réir mar a bhítear ag druidim le lá breithe an bhabaí ...

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 12

I ndiaidh naoi mí bíonn an babaí ullamh le saolú.

taí a Leanann

Gníomhaíocht Scríofa (2): Dialann Babaí Nua

Gníomhaíocht Scríofa (2): Dialann Babaí Nua

Iarr ar na páistí dialann babaí atá ag feitheamh le saolú a scríobh. D'fhéadfaí an obair seo a dhéanamh i bhfoirm léaráidí. Bheadh na cártaí eolais agus na léaráidí a úsáideadh ní ba luaithe sa cheacht úsáideach. B'fhéidir go bhfreagrófaí ceann nó dhó de na ceisteanna seo a leanas le gach iontráil sa dialann:

Cén chuma atá ar an mbabaí? Cén chomh mór is atá an babaí? Cad is féidir leis an mbabaí a dhéanamh?

An Chéad Lá **Tá cuma ... orm.** **Tá mé chomh mór le ... Is féidir liom ...**

I ndiaidh míosa

Dhá mhí

Ceithre mhí

Cúig mhí

Sé mhí

Seacht mí

Ocht mí

Naoi mí **Hurá, is é lá mo bhreithe inniu é!**

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 13

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí ord na gcéimeanna forbartha den bhabaí daonna ó ghiniúint go breith a aithint agus a fhoghlaim. Trí mhúineadh do pháistí conas beatha nua agus an chaoi a dtarlaíonn sí a thuiscint, spreagann an múinteoir iad gan talamh slán a dhéanamh de na míorúiltí laethúla seo agus músclaíonn iontu meas agus luach ar bheatha nua.

Molann an an leathanach seo Naisc idir Baile is Sooil go n-inseofaí scéal fhás an bhabaí sa bhroinn sula saolaítear iad do pháistí. B'fhéidir gur mhaith leat é a dhéanamh níos pearsanta, ag insint scéal a f(h)orbartha féin do do pháiste, pé acu a D(h)aidí, Mamaí nó Caomhnóir thú. Moltar go léann tú duit féin ar dtús é agus é a chur i láthair i d'fhocail féin, chomh nádúrtha agus is féidir. Is dócha go mbeidh an-chuid ceisteanna ag do bhabaí le cur ort faoi/fúithi féin i ndiaidh dó/di an scéal a chloisteáil.

An bhfuil nead éin feicthe agat an-ghar duit riamh? Cad as a ndéantar é? (Féar, tuigí, srl.) **.) Cad a dhéanann an mháthair chun go mbeadh an nead compordach do na héiníní beaga nuair a thagann siad as na huibheacha?** (Líonann sí le féar, duilleoga agus caonach í.)

Sular saolaíodh tusa chaith tú thart ar naoi mí go compordach i mbroinn do mháthar (i mo bhroinn). D'ullmhaigh an bhroinn líneáil bhog chun go mbeifeá compordach. Rinne sí an méid sin trí éirí níos boige agus níos tibhe. Coinníodh sábháilte agus teolaí thú leis an líneáil sin.

Bhí naoi mí ag teastáil chun go bhfásfá go hiomlán agus chun a bheith láidir do dhóthain chun maireachtáil lasmuigh den bhroinn. Is gnách go gcaitheann babaí naoi mí sa bhroinn.

Le linn an ama sin ba í an bhroinn do bhaile. Cuireadh gach rud a theastaigh uait don bheatha agus don chompard ar fáil duit ann. Bhí nasc idir tú féin agus do Mhamaí trí thiúb ar a dtugtar sreang imleacáin. Tríd an tsreang fuair tú an bia a theastaigh uait chun fás. D'fhill an bia nach raibh gá agat leis ar ais chuig do Mhamaí (chugamsa).

Ag ocht seachtaine bhí tú chomh mór le hionga ordóige duine fhásta, chomh mór le bonn 20p. Bhí do lámha agus do chosa i ndiaidh tosú ag fás cheana féin agus bhí tú i ndiaidh tosú ag gluaiseacht timpeall. Chiceáilteá go séimh. Ach toisc go raibh tú chomh beag sin níor mhothaigh do mháthair (mé) ag gluaiseacht timpeall thú. Bhí cuma babaí ag teacht anois ort. Cé go raibh do shúile dúnta fós, bhogtá do chosa agus lámha timpeall, ag síneadh agus ag ciceáil, ag fáisceadh méar na gcos, ag déanamh dorn, ag cur púice agus aghaidheanna ort féin. Bhíteá ag déanamh do chuid aclaíochta agus chabhraigh sé sin le do mhatáin éirí láidir.

Agus lá do bhreithe ag druidim, bhí tú éirithe chomh mór sin nach raibh mórán spáis agat gluaiseacht timpeall. Chleachtá análú ansin. Ní raibh aon aer sa bhroinn, ach leacht amháin. Shlogtá siar an leacht uaireanta agus chuireadh sé sin fial ort. B'fhéidir gur bhraith do mháthair (Bhraith mé) ag brúchtadh thú agus gurbh ait léi (b'ait liom) cad a bhí ar siúl agat.

I ndiaidh naoi mí bhí tú ullamh le saolú. Agus fáilte á cur romhat sa domhan nua bhí tú ullamh chun tabhairt faoi eachtra iontach eile.

6.The Wonder of New Life/irish:6.The Wonder of New Life/irish 14/07/2009 10:31 Page 14

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 1

7 Bí glan - bí sláintiúil

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 2

Bí glan - bí sláintiúil

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoi thábhacht sláinteachais phearsanta mhaith.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Grúp-Obair:	Bí glan - bí sláintiúil
Gníomhaíocht Ealaíne (1):	Ag déanamh póstaera

Rogha 2

Mím:	Cosaint an Choirp
Labhraimís:	Faoi Ionfhabhtú agus an Corp

Gníomhaíochtaí a Leanann

Eacnamaíocht Bhaile:	Oideas don Dea-Shláinte
Gníomhaíocht Ealaíne (2):	Scéal Míl Ghoile

Nóta ar an Teanga don Chorp

Tá an-chumhacht i dteanga agus nuair nach mbíonn na téarmaí bitheolaíochta don chorp ar eolas ag na páistí fágtar faoi mhíbhuntáiste iad. Chun an foclóir seo a thabhairt do na páistí, moltar go mbaineann an múinteoir úsáid as gnáth-tharluithe laethúla chun focail don chorp agus d'fheidhmeanna an choirp a mhúineadh, go nádúrtha agus gan aon róbhéim. Tá an t-ábhar seo a leanas ceaptha chun an iliomad deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí chun téarmaíocht do chodanna an choirp a thabhairt isteach i gcomhthéacs cleachtais sláinteachais, breoiteachta, gortaithe, snámha, srl.

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 3

Rogha 1

Grúp-Obair:	Bí glan - bí sláintiúil
Gníomhaíocht Ealaíne (1):	Ag déanamh póstaera

Grúp-Obair: Bí glan - bí sláintiúil

Cluiche Oscailte:
Tugann an múinteoir an t-ábhar 'bí glan agus sláintiúil' isteach le cluiche. Tá paca cártaí aige/aici le ceithre cinn de gach pictiúr seo a leanas - **cosa, lámha, fiacla, gruaig, srón, cluasa, an corp ina iomláine agus éadaí.** (Áirítear sna hábhair seo sraith pictiúr a d'fhéadfaí a fhótachóipeáil ar chárta agus a ghearradh.)

Suaitheann an múinteoir na cártaí agus roinneann iad, ag tabhairt ceann amháin do gach páiste, nó féadfaidh na páistí féin ceann a phiocadh ón bpaca. Nuair atá pictiúr ag gach páiste ní mór dó/di dul timpeall agus an triúr páistí eile leis an gcárta céanna a aimsiú. Anois tá grúpaí de cheathrar ann, agus pictiúr ag gach grúpa d'ábhar obair a ngrúpa. Is é tasc gach grúpa ná:

Smaoineamh ar chúig bhealach chun aire a thabhairt do do ... (cosa, lámha, fiacla, gruaig, srón, cluasa, an corp ina iomláine agus éadaí).

I ndiaidh cúig nóiméad lorgaíonn an múinteoir aiseolas. Féadfaidh na páistí an t-ord ina n-éistfidh siad leis na grúpaí a roghnú. Agus gach grúpa ag tabhairt a gcomhairle, féadfaidh an múinteoir nó na páistí cur isteach le Cén Fáth? agus Cé Chomh Minic? Déanann an ceacht seo iarracht eolas a fháil amach ó agus a chraobhscaoileadh trí ábhar machnaimh na bpáistí féin ach b'fhéidir go mbeadh gá le comhairle fhorlíontach ón múinteoir i gcásanna áirithe, m.sh. d'fhadhbanna mar shail chnis nó míolta.

Conas aire a thabhairt do:

Cosa
1. Nigh agus triomaigh do chosa go maith gach lá, go háirithe idir méara na gcos.
2. Athraigh do stocaí gach lá.
3. Gearr nó líomh d'ingne chun iad a choinneáil gearr mar go mbeireann ingne fada ar shalachar agus scaipeann geirmeacha.
4. Gearr d'ingne i líne dhíreach trasna chun ingne i bhfeoil a sheachaint.
5. Ná caith bróga atá róbheag duit mar go bhféadfaidís méara na gcos a chrampáil agus dochar a dhéanamh dóibh.

Gruaig
1. Scuab do chuid gruaige gach lá chun go mbeidh sí néata, lonrach agus go bhfaighfear réidh le cealla marbha.
2. Nigh go rialta í - uair sa tseachtain ar a laghad ach níos minice má tá sí úscach nó olúil.
3. Sruthlaigh an seampú ar fad ó do chuid gruaige ionas nach bhfágfar cuma ghreamaitheach agus neamhlonrach uirthi.
4. Coinnigh slacht ar do chuid gruaige agus má tá sí rófhada ceangail taobh thiar í agus tú ag léamh nó ag scríobh chun í a choinneáil amach ó na súile.
5. Faigh cóireáil phras don tsail chnis, míolta nó aon fhadhb eile gruaige.

Tagann **Sail Chnis** ó chealla marbha an chraicinn ar an bplait agus ní salachar is cúis léi. Is féidir seampú ar leithe a cheannach chun déileáil leis an bhfadhb seo. Cabhraítear chun fáil réidh léi chomh maith tríd an ngruaig a scuabadh go minic mar go scuabann an scuab na cealla marbha amach. Baineann sail chnis le gnáthshláinte an duine agus is easpa san aiste bia is cúis léi uaireanta.

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 4

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Ní ó shalachar a thagann **Míolta** mar gur breá leo ceanna breátha glana gruaige. D'fhéadfadh éinne iad a fháil. Díolann an poitigéir lóis ar leith agus seampú agus má úsáidtear iad sin maraítear na míolta. Tá sé riachtanach chomh maith cíor gruaige fíneálta a cheannach chun na míolta marbha agus na sneácha (uibheacha) a bhaint amach.

Fiacla

1. Nigh do chuid fiacla go rialta, dhá uair sa lá ar a laghad agus i ndiaidh béilte más féidir.
2. Úsáid scuab mhaith fiacla mar go gcothaítear drandail shláintiúla leis an scuabadh.
3. Seachain an iomarca bia mhilis a ithe mar go n-ionsaíonn an siúcra na fiacla.
4. Téigh go dtí an fiaclóir go minic.
5. Ná cogain cnónna nó milseáin chrua mar go bhféadfá fiacail a bhriseadh.

Aimsiú Plaice

Míníonn an múinteoir gur baictéir a bhíonn sa bhéal i gcónaí a chothaíonn an phlaic agus go neartaíonn sí de réir a chéile ar na fiacla. Ní féidir í a fheiceáil i gcónaí ach tá taibléid scaoilte ar fáil ón bpoitigéir a shoilsíonn an phlaic nuair a chognaítear iad. D'fhéadfadh na páistí iarraidh ar a dtuismitheoirí cuid de na taibléid sin a fháil chun iad a úsáid ag baile.

Lámha

1. Nigh do lámha go rialta, go háirithe roimh dhul ag ithe, i ndiaidh dul ag an leithreas, i ndiaidh a bheith ag súgradh le peataí, i ndiaidh garraíodóireachta, i ndiaidh a bheith ag an mbosca bruscair, srl.
2. Coinnigh ingne do mhéar gearr mar go mbailíonn salachar faoi ingne fada.
3. Coinnigh na hingne glan, ag úsáid scuab ingne nó líomhán ingne.
4. Nigh agus clúdaigh gearrthacha agus roistí chun geirmeacha a chosc ag teacht isteach don chorp.
5. Caith lámhainní garraíodóireachta agus tú ag baint fiailí chun do lámha a chosaint ar dhealga agus geirmeacha.

Éadaí

1. Athraigh do stocaí agus fobhríste gach lá.
2. Athraigh d'éide scoile i ndiaidh scoile i gcónaí agus croch suas í chun í a choinneáil glan.
3. Cuir éadaí salacha sa chiseán níocháin chun obair an tí a éascú.
4. Croch suas do chuid éadaí nuair a bhaineann tú díot iad chun nach gcuirfear filltíní iontu.

Srón

1. Glan do shrón nuair a bhailíonn múcas chun aon sileadh a sheachaint.
2. Caith an ciarsúr páipéir amach chun scaipeadh na mbaictéar a chosc.
3. Nigh ciarsúir úsáidte a luaithe is féidir.
4. Clúdaigh aon chasacht nó sraoth mar go scaiptear galair leo.
5. Ná pioc do shrón choíche mar gur féidir geirmeacha a scaipeadh.

Cluasa

1. Nigh do chluasa le huisce chun iad a choinneáil glan.
2. Triomaigh go maith iad chun gríos nó deirge a chosc.
3. Ná cuir aon rud i do shúile mar go bhféadfá tiompán na cluaise a pholladh. Tá seanrá ann: 'Ná cuirtear i do chluas aon ní atá níos lú ná d'uillinn.'
4. Triomaigh do chluasa go maith i ndiaidh duit a bheith ag snámh chun nach bhfágfar báite iad.
5. Faigh cóiríocht ar phian sa chluas mar go bhféadfadh ionfhabhtú cluaise a bheith agat.

An Corp ina Iomláine

1. Nigh do chorp i gcith nó i bhfolcadh, go laethúil más féidir ach dhá uair sa tseachtain ar a laghad.
2. Caith éadaí éadroma in aimsir the chun go mbeidh tú fionnuar agus friseáilte.
3. Caith éadaí teolaí in aimsir fhuar chun go mbeidh tú breá te.

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 5

4. Seachain aon ghortú do do cheann, géaga nó orgáin. Bí sábháilte i gcónaí.
5. Ith bia, torthaí agus glasraí úra chun go mbeidh tú sláintiúil.
6. Déan aclaíocht go rialta.

Geall Pearsanta Príobháideach
Míníonn an múinteoir ós rud é go bhfuil na páistí i Rang a Ceathair anois go bhfuil freagracht orthu aire a thabhairt dá sláinteachas pearsanta féin agus a sláinte a choinneáil. Chun na críche sin, iarrtar ar na páistí geall príobháideach a dheánamh dóibh féin, gan é a insint d'aon duine eile, maidir leis an réimse den sláinteachas pearsanta a d'fhéadfaí a fheabhsú.

Go ciúin, deir na páistí an abairt seo a leanas ina n-aigne, á críochnú gan dabht:

'Rud amháin a dhéanfaidh mé níos fearr don tseachtain seo chugainn is ea

.....'

Iarrtar ar na páistí geallúint dóibh féin nach mbrisfidh siad an geall. Cuireann an múinteoir an geall i gcuimhne dóibh i rith na seachtaine.

Gníomhaíocht Ealaíne (1): Ag déanamh póstaera

Déanann gach grúpa póstaer ag taispeáint an réimse ar leith a phléigh siad - **cosa, lámha, fiacla, gruaig, srón, cluasa, an corp ina iomláine nó éadaí, m.sh.,**

Póstaer Cos: D'fhéadfaí cosa duine thoilteanaigh a úsáid mar theimpléid agus scríobhtar tuairimí ar chúram na gcos orthu.

Póstaer Lámh: D'fhéadfaí lámha páiste a tharraingt agus tuairimí ar chúram na lámh a scríobh ar gach méar.

Cuirtear gach póstaer ar taispeáint faoin teideal **Bí glan - bí sláintiúil.**

Chun clabhsúr a chur ar an gceacht, iarrann an múinteoir ar na páistí a súile a dhúnadh agus na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt ina n-aigne:

An raibh an ceacht seo áisiúil duit?

Má bhí, coinnigh do shúile dúnta agus déan meangadh gáire.

Mura raibh, coinnigh do shúile dúnta agus cuir grainc ort féin.

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 6



7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 7

Rogha 2

Mím:	Cosaint an Choirp
Labhraimís:	Faoi Ionfhabhtú agus an Corp

Mím: Cosaint an Choirp

Cuirtear na páistí i ngrúpaí - **an corp, geirmeacha, antashubstaintí agus cealla itheacháin. Mímeann siad an chaoi a gcosnaíonn an córas imdhíonachta an corp.**

Seasann páistí 'an choirp' agus déanann cruth coirp. Suíonn 'na hantashubstaintí' agus téann **téann 'na cealla itheacháin' ar a nglúine,** laistigh de chruth an choirp.

1. **Téann na geirmeacha isteach sa chorp.**
(Téann na páistí 'geirmeacha' isteach i gcruth an choirp.)

2. **Déanann an corp ceimiceáin speisialta ar a dtugtar antashubstaintí.**
(Seasann 'na hantashubstaintí' suas agus casann timpeall san áit a bhfuil siad.)

3. **Greamaíonn na hantashubstaintí do na geirmeacha.**
(Síneann 'na hantashubstaintí' atá ag casadh a lámha/méara amach agus cuireann ar chinn na 'ngeirmeacha' iad.)

4. **Timpeallaíonn cill itheacháin an gheirm.**
(Seasann 'cill itheacháin' agus cuireann an lámha go scaoilte timpeall na 'geirme'.)

5. **Slogann an chill itheacháin an gheirm.**
(Déanann 'an gheirm' ceirtlín de/di féin agus cromann síos in aice leis 'an gcill itheacháin'.)

6. **Maraítear an gheirm.**
(Sleamhnaíonn 'an gheirm' amach ón gcorp.)

Labhraimís: Faoi Ionfhabhtú agus an Corp

B'fhéidir go mbeadh cuid den eolas seo a leanas úsáideach don mhúinteoir. Tá na ceannteidil ann mar threoir don mhúinteoir amháin. Tugtar miocróib nó geimreacha nó míolta chomh maith ar bhactéir agus víris.

Bactéir: An raibh míol goile agat riamh? Cad a tharla duit? Conas a bhraith tú?

Baictéir is cúis le míol goile. Ní féidir baictéir a fheiceáil ach amháin trí mhicreascóp. Cineál eile baictéar a mhaireann i mbéal duine is cúis le meath fiacla agus drandail thinne.

Bíonn baictéir san aer, san ithir sa ghairdín agus in uisce. Maireann siad i do bholg, do shrón, do bhéal, ar do chraiceann agus i do chuid gruaige.

Tá roinnt baictéar úsáideach. Cabhraíonn baictéir ar leith le cáis agus iógart a dhéanamh agus chun an t-ábhar cumhachtach míochaine 'peinicillin' a dhéanamh.

Is cúis galar agus ionfhabhtuithe, mar niúmóine, scornacha tinne, neascóidí agus goiríní, iad na baictéir uaireanta.

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 8

Víris: **An raibh deilgneach ort riamh? Cad a tharla duit? Conas a bhraith tú? Cad a tharla do do chraiceann?**

Víreas is cúis leis an deilgneach. I measc galar eile ar víris an chúis leo tá an gnáthshlaghdán, fliú, leicneach agus bruitíneach.

Ní féidir le víris maireachtáil leo féin. Maireann siad laistigh de chealla beo amháin. Is lú na víris ná na baictéir.

Conas a scaiptear baictéir agus víris?

Tríd an aer:
Is féidir le baictéir taisteal tríd an aer. Féadfaidh sraoth na milliúin micrób bídeach a sheoladh tríd an aer.

Le teagmháil coirp:
Seoltar verrucae ó dhuine go duine sa tslí sin.

I mbia:
Faightear baictéir go minic i mbia cócaráilte nó i mbia amh. Má chócaráiltear bia go maith maraítear an chuid is mó de na baictéir dhochracha.

Le hainmhithe agus feithidí:
Iompraíonn peataí, francaigh agus cuileanna baictéir.

Trí uisce:
Is fadhb í seo i dtíortha an Tríú Domhan nuair is gá do chuid mhaith daoine úsáid a bhaint as uisce díreach ó thobar nó abhainn. Ní scagtar an t-uisce mar a dhéantar anseo.

Cad a dhéanann an corp?

Troideann do chorp víris agus baictéir agus cosnaíonn thú ar na galair a iompraíonn siad. Tá an iliomad cineálacha éagsúla ceall i do chorp. Cealla fola bána atá i gcuid acu. Tugtar timpeall do choirp iad san fhuil. Tagann siad suas le geirmeacha ionracha agus ionsaíonn is scriosann iad.

Maraíonn cineál eile cille geirmeacha trí theacht timpeall orthu agus iad a ithe. Déanann do chorp ceimiceáin speisialta ar a dtugtar antashubstaintí. Taistealaíonn siad timpeall do choirp sa chóras fola. Nuair a theagmhaíonn antashubstaint do gheirm greamaíonn sí di agus slogann í.

Conas is féidir an corp a chosaint?

Tagann roinnt galar ort, mar bhruitíneach ar víris is cúis leo, uair amháin i do shaol. An chéad uair a thagann an bhruitíneach ort déanann do chorp antashubstaintí chun tú a chosaint orthu. A luaithe a thagann biseach ort, cuimhníonn do chorp ar an gcaoi a ndearna sé na hantashubstaintí sin. Má thagann an víreas arís, déanann do chorp na hantashubstaintí don víreas sin ionas go scriostar go pras é i ngan fhios duit féin fiú. Ar an drochuair, athraíonn na víris is cúis le slaghdáin agus fliúnna de shíor agus mar sin ní aithníonn do chorp iad agus ní mór dó tosú ón tús chun antashubstaintí a dhéanamh chun iad a scriosadh.

Vacsaíniú

Is instealladh speisialta é vacsaín. Nuair a thugtar vacsaín duit instealltar i do chorp braon beag den víreas is cúis leis an ngalar. Déanann do chorp antashubstaintí ansin chun na galair a throid. B'fhéidir go bhfuair tú instealltaí mar sin nuair a bhí tú ní ba óige ionas nach bhfaighfeá galair ionfhabhtaíocha mar leicneach nó bruitíneach. Dá dtolgfá an bhruitíneach, bheadh a fhios ag do chorp go raibh sí ort, agus bheadh a fhios aige conas na hantashubstaintí a dhéanamh chun an víreas a mharú sula mbeadh a fhios agat féin go raibh an víreas agat. Nuair a thugtar vacsaín in aghaidh galair duit bíonn tú díonta ar an ngalar sin.

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 9

Conas is féidir leat scaipeadh galar a chosc?

Lámha:
Tá sé tábhachtach do lámha a ní, ag úsáid uisce agus gallúnaí, i ndiaidh dul ag an leithreas.

Nigh do lámha i ndiaidh duit a bheith ag súgradh le peataí.

Nigh do lámha i ndiaidh duit an trádaire bruscair a fholmhú.

Cuileanna/Bia:
Scaipeann cuileanna galair. Clúdaigh bia i gcónaí.

Torthaí/Glasraí:
Glan torthaí agus glasraí sula n-itheann tú iad.

Gearrthacha/Roistí:
Téann geirmeacha isteach sa chorp trí ghearrthacha agus roistí. Clúdaigh i gcónaí iad.

Casacht/Sraothanna:
Scaiptear galair le casacht agus le sraothanna. Clúdaigh do bhéal nuair a bhíonn tú ag casacht agus úsáid ciarsúr nuair a ligeann tú sraoth.

Peataí:
Scaipeann peataí galair. Ná lig dóibh d'aghaigh a leadhbadh. Ná coinnigh babhlaí bia agus dí na bpeataí leis na hárais tí.

Gníomhaíochtaí a Leanann

Eacnamaíocht Bhaile:	Oideas don Dea-Shláinte
Gníomhaíocht Ealaíne (2):	Scéal Míl Ghoile

Eacnamaíocht Bhaile: Oideas don Dea-Shláinte

Spreag na páistí lónta sláintiúla a thabhairt isteach. Chun iad a ghríosadh chuige sin agus chun tuairimí praiticiúla a thabhairt dóibh, d'fhéadfaí lón speisialta don bhosca lóin a thriail sa seomra ranga le linn 'rang cócaireachta'. Seo a leanas roinnt samplaí:

Manglam Torthaí Úra

Cuireann an rang liosta torthaí le chéile - úlla, oráistí, bananaí, mandairíní, caora fíniúna, cíbhí, srl. Iarrtar ar gach páiste toradh amháin a thabhairt ar scoil. Ainmníonn na páistí na torthaí a thabharfaidh siad isteach agus cuirtear tic le hainm an toraidh, ag cinntiú go dtabharfar éagsúlacht torthaí isteach. Cuir i gcuimhne do na páistí a lámha a ní sula dtugann siad faoin tasc seo. I ngrúpaí, díslíonn na páistí na torthaí. D'fhéadfaí síoróip a dhéanamh le siúcra agus uisce nó d'fhéadfaí uisce mianrach glan nó líomanáid bhán a úsáid. D'fhéadfadh na páistí an lón speisialta torthaí atá déanta acu a shampláil.

Sailéid

Le roinnt pleanála d'fhéadfaí sailéid a dhéanamh ar scoil chomh maith. I measc na sailéad clúiteach a d'fhéadfaí a dhéanamh tá Sailéad Waldorf (úlla, soilire agus gallchnónna) nó Cálslá (cabáiste bán, oinniún agus cairéid) nó d'fhéadfadh na páistí a sailéad féin a chumadh. Mar mhalairt, d'fhéadfadh na páistí líontaí sláintiúla ceapairí a phleanáil.

D'fhéadfaí Comhaireamh Laethúil Torthaí a dhéanamh nuair a chomhaireann agus a thaifeadann na páistí na cineálacha torthaí agus líon gach toraidh a itear ag am lóin sa seomra ranga, ar feadh seachtaine.

Gníomhaíocht Ealaíne (2): Scéal Míl Ghoile

Ag baint úsáide as leagan amach dréachtchláir, iarr ar na páistí cartún a tharraingt ag cur síos ar scéal míl ghoile. B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach mar phointe tosaigh:

Cén chuma atá ar an míol goile? Cad as ar tháinig sé?

Cé a rug ar an míol? Conas a rug siad air? Cad a tharla ansin?

Conas a throid an corp an t-ionfhabhtú? Cad a tharla ar deireadh?

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 11

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoi thábhacht sláinteachais phearsanta mhaith. B'fhéidir go soláthródh sé seo deis chomh maith don mhúinteoir agus do thuismitheoirí araon an téarmaíocht chruinn a úsáid do bhaill an choirp. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn páistí an téarmaíocht chuí chun gnéithe den saol a phlé a bhaineann le gnéasacht, fás agus athruithe fisiceacha a gcorp ionas gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh go muiníneach fúthu féin.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

Labhair le do pháiste faoi bhealaí inar féidir leis/léi a bheith sláintiúil maidir le:

An bia a itheann sé/sí - níos mó torthaí agus glasraí, níos lú siúcra agus saille;
An aclaíocht a dhéanann sé/sí - níos mó siúil, rothaíochta agus méid measartha ama ag féachaint ar an teilifís;
Dea-chleachtas sláinteachtais - aire a thabhairt don chraiceann, ingne, fiacla, gruaig, srl.

B'fhéidir gur mhaith leat dul siar ar an eolas a tugadh sa rang faoi Bhaictéir agus Víris:

Scaiptear Baictéir agus Víris sna bealaí seo a leanas:

Tríd an aer - is féidir le baictéir taisteal tríd an aer. Féadfaidh sraoth na milliúin micrób bídeach a sheoladh tríd an aer.

Le teagmháil coirp - seoltar verrucae ó dhuine go duine sa tslí sin.

I mbia - faightear baictéir go minic i mbia cócaráilte nó i mbia amh. Má chócaráiltear bia go maith maraítear an chuid is mó de na baictéir dhochracha.

Le hainmhithe agus feithidí - iompraíonn peataí, francaigh agus cuileanna baictéir.

Trí uisce - is fadhb í seo i dtíortha an Tríú Domhan nuair is gá do chuid mhaith daoine úsáid a bhaint as uisce díreach ó thobar nó abhainn. Ní scagtar an t-uisce mar a dhéantar anseo.

B'fhéidir go labhrófá le do pháiste faoi vacsaíní agus bearta eile chun scaipeadh galar a chosc:

Is instealladh speisialta é vacsaín. Nuair a thugtar vacsaín duit instealltar i do chorp braon beag den víreas is cúis leis an ngalar. Déanann do chorp antashubstaintí ansin chun na galair a throid. Bíonn tú vacsaínithe in aghaidh ...

Scaipeann peataí galair. Ná lig dóibh d'aghaigh a leadhbadh. Tabhair babhla ar leith dóibh chun dul ag ithe. Nigh do lámha i ndiaidh duit a bheith ag súgradh leo agus i ndiaidh trádairí bruscair a fholmhú.

Téann geirmeacha isteach sa chorp trí ghearrthacha agus roistí. Clúdaigh i gcónaí iad. Scaiptear galair le casacht agus le sraothanna. Clúdaigh do bhéal nuair a bhíonn tú ag casacht agus úsáid ciarsúr nuair a ligeann tú sraoth.

Tá sé tábhachtach do lámha a ní, ag úsáid uisce agus gallúnaí, i ndiaidh dul ag an leithreas. Scaipeann cuileanna galair. Clúdaigh bia i gcónaí. Clúdaigh bia i gcónaí.

7.Being Clean, 2 /irish:7.Being Clean, 2 /irish 14/07/2009 11:02 Page 12

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 1

8 Fás agus Athrú

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 2

Fás agus Athrú

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí na hathruithe a tharlaíonn sna fireannaigh agus baineannaigh araon le linn an fháis go haosacht a thuiscint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Ceacht Eolais:	Ag Fás Suas
Bileog Saothair (1):	Ag Fás agus ag Athrú

Rogha 2

Cluiche Oscailte:	Ar nós gur ...
Staidéar ar na Meáin:	Ag Fás agus ag Athrú

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Scéal faoin bhFás Suas
Bileog Saothair (2):	Liosta Athruithe
Dráma Teilifíse:	Seó an Mhochóirí

Nóta ar an bhFás

Feiceann páistí réimse athruithe saoil de réir mar a fhásann siad. De réir mar a tharlaíonn athruithe go fisiceach, go sóisialta agus go síceolaíoch, foghlaimíonn páistí conas titim isteach leis na hathruithe sóisialta agus cultúrtha timpeall orthu. Nuair a dhírítear ar na hathruithe seo cuirtear forbairt an fhéineolais agus an fhéinmheasa i bpáistí chun cinn.

Nóta don mhúinteoir ar chur chuige do mhúineadh faoin míostrú do pháistí Rang a Ceathair.

Sna hábhair a leanas tá míniú an-simplí ar an míostrú.

Sula múintear é sin, ní mór do na páistí a aithint agus a thuiscint fad a bhíonn an bhroinn ag ullmhú chun glacadh le hubh thoirchthe, go dteastaíonn cineálacha eile ullmhachta don toircheas mar aibíocht mhothúchán agus síceolaíochta.

Soláthraíonn na hábhair seo deiseanna chun foghlaim faoin aire is gá a thabhairt do mháthair thorrach agus dá babaí, faoi na hullmhúcháin a dhéanann máthair thorrach agus a teaghlach, faoi fhreagrachtaí na dtuismitheoirí agus an mhórtheaghlaigh agus an duine beag seo ag fás.

Go hidéalach, ba chóir go gcuirfí ábhar an mhíostraithe i láthair na bpáistí nuair atá deis tugtha dóibh foghlaim faoi iontas an choirp dhaonna agus faoin gcaoi a n-oibríonn sé. D'fhéadfadh an múinteoir tosú trí am a chur i leataobh gach seachtain chun labhairt faoi chorp an duine. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh an t-eolas sin gníomhaíocht-bhunaithe agus ba chóir go mbeadh

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 3

cuid mhaith ábhar amhairc ann. D'fhéadfaí sraith leabhar Usborne a úsáid.

B'fhéidir go dtosódh an múinteoir le sraith tástálacha ar na cúig céadfaí mar a dhéantar sna hábhair do Rang a Trí faoi Rogha 2 i dTéama 7. Mar shampla, d'fhéadfadh na páistí freagairt na súile d'athruithe sa soilsiú agus bianna á n-aithint leis an mblas amháin a scrúdú.

I measc ábhar eile a d'fhéadfaí a áireamh tá an néarchóras agus an córas díleach. Is réamhcheacht idéalach é an córas díleach, ag rianú pasáiste an bhia tríd an gcorp, le haghaidh ceachtanna mar gur féidir, leis an gcur chuige ceart, fáil réidh leis an náire. Faoin tráth go dtugtar an míostrú isteach, bíonn na páistí compordach agus iad ag caint ar chorp an duine.



8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 4

Ceacht Eolais:	Ag Fás Suas
Bileog Saothair (1):	Ag Fás agus ag Athrú

Ceacht Eolais: Ag Fás Suas

Ba chóir go mbeadh an t-eolas a thugtar sa cheacht seo simplí agus oiriúnach do leibhéal forbartha na bpáistí. B'fhéidir go dtabharfadh an t-ábhar seo a leanas treoir éigin don mhúinteoir. Tá na ceannteidil ann mar threoir don mhúinteoir in áit iad a úsáid leis an rang.

D'fhéadfaí an ceacht féin a mhúineadh thar roinnt seisiún. Is éard atá i gcuid den eolas ná dul siar ar ábhair Rang a Trí agus rachfar tríd níos mine arís sna ranganna sinsearacha.

Réamhrá
Tá tú mar chuid de dhomhan an nádúir. Tá an chaoi a bhfásann agus a n-athraíonn rudaí i ndomhan an nádúir feicthe agat. Tá an chaoi a dtagann cuid mhaith athruithe ar shíol sula ndéantar bláth de feicthe agat. An cuimhin leat na hathruithe a thagann ar uibheacha féileacáin agus iad ag iompú ina bhféileacáin? An cuimhin leat na hathruithe a tharlaíonn sna naoi mí a thógann sé ar ubh thoirchithe iompú ina babaí ullamh le saolú?

A luaithe a shaolaítear sinn fásaimid an-mhall go deo, i gcomparáid le domhan an dúlra. Is féidir le formhór na mamach seasamh agus rith laistigh de chúpla nóiméad ón uair a shaolaítear iad. Thóg sé bliain ortsa, ar a laghad. Mar gheall air sin, bhí am agat foghlaim agus forbairt go slán agus go sábháilte. Ó ghrianghraif, feiceann tú an chaoi ar fhás ó bhí tú i do bhabaí. Níor tharla sé sin thar oíche agus ní fhacamar ag tarlú é.

Is tapúla an fás a thagann orainn agus sinn inár mbabaithe ná aon uair eile inár saol. Méadaíonn babaí faoi thrí sa chéad bhliain. Dá dtarlódh sé sin gach bliain, faoin tráth go mbeadh an babaí trí bliana d'aois bheadh sé/sí chomh mór le haosach lánfhásta.

Braitheann a airde a fhásann tú ar cheimiceáin den chuid is mó a ghluaiseann timpeall an choirp. Hormóin a thugtar orthu sin. Tá hormóin ar nós teachtaireachtaí ón inchinn. Sroicheann an hormón fáis gach cill i do chorp. Sin é is cúis le fás na gceall, ionas gur féidir le do chorp fás.

Buachaill go fear agus cailín go bean
Fásann daoine óga ar bhealaí eile chomh maith. Fásann siad ina bhfir is ina mná. Hormóin is cúis leis na hathruithe sin sa chorp chomh maith. Ag aois ar leith taistealaíonn hormón speisialta timpeall an choirp. Cuireann an hormón speisialta sin tús leis na hathruithe a iompaíonn buachaill ina fhear agus cailín ina bean.

Tosaíonn an t-athrú sna cailíní níos túisce ná an t-athrú sna buachaillí de ghnáth. Tarlaíonn an chuid is mó de na hathruithe tábhachtacha sna cailíní idir na blianta 9 agus 18, agus sna buachaillí idir na blianta 11 agus 18. Tarlaíonn borradh fáis i mbuachaillí de ghnáth ó aois a 12 agus faoin tráth go mbíonn siad 14 bíonn siad níos airde agus níos troime ná na cailíní. Ar thug tú é sin faoi deara riamh? Féadfaidh grúpa buachaillí agus cailíní a bheith ar comhaois ach bíonn airde dhifriúil acu. Tagann fás ar bhealach difriúil orainn ar fad. Ag deich mbliana d'aois bíonn cuid mhaith cailíní níos airde ná buachaillí den aois chéanna. Ach is tapúla a fhásann na buachaillí mar dhéagóirí agus tagann cuid mhaith acu suas le agus gabhann thar na cailíní ó thaobh airde de.

Athruithe Crutha
Chomh maith le héirí níos airde, tarlaíonn athruithe eile chomh maith. Athraíonn cruth an choirp mar shampla. Mura ndéanfadh sé é sin is amhlaidh a bheadh sé níos mó ach go mbeadh an cruth céanna air is a bhí nuair a thosaigh sé/sí amach mar bhabaí. An samhlófá an chuma a

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 5

bheadh ar a leithéid?

Éiríonn cromáin an chailín níos mó. Tomhais cén chúis atá leis sin. Éiríonn cromáin an chailín níos mó mar go mb'fhéidir go mbeadh sí ina máthair nuair a bhíonn sí fásta agus is amhlaidh atá an nádúr á réiteach dó sin. Ní mór do na cromáin a bheith níos mó chun an bhroinn agus an babaí atá i mbéal fáis sa bhean a iompar. Aibíonn cíocha an chailín. Arís eile, tá an nádúr á réiteach don mháithreachas. Is féidir le máthair a babaí a chothú leis na cíocha.

Athraíonn cruth an bhuachalla. Éiríonn a chorp níos matánaí agus níos láidre. Leathnaíonn a ghuaillí. Fásann péineas an bhuachalla chomh maith. Bíonn sé ag iompú ina fhear.

Míostrú
Tosaíonn an cailín ag míostrú agus deirtear go bhfuil 'an fhuil mhíosta' uirthi. Seo bealach eile a ullmhaíonn an nádúr do bhabaí. Taistealaíonn ubh síos tiúb chuig an mbroinn gach mí. An cuimhin leat gur chualamar faoin gcaoi a n-ullmhaíonn an bhroinn líneáil speisialta, i gcás go mbíonn babaí ann? Déanann an bhroinn é sin gach mí. Nuair nach ann d'aon bhabaí, díscaoileann an líneáil, meascann le beagán fola agus fágann an corp tríd an bhfaighin. Maireann an fhuil mhíosta thart ar thrí go cúig lá agus ní mór do chailín súitín sláintíoch (tuáille sláintíochta) a chaitheamh chun a cuid éadaí a chosaint fad a bhíonn an fhuil mhíosta uirthi. Féadfaidh an míostrú tosú aon am idir 9 agus 18 mbliana. Is gnách go mbíonn an fhuil mhíosta neamhrialta le linn na chéad bhlianta.

Athruithe sa Ghuth
Athraíonn guth cailín agus bíonn sé níos cosúla le guth mná. Íslíonn guth buachalla. Bíonn sé níos cosúla le fear.

Athruithe i bPatrúin Chairdis
Músclaítear sna buachaillí spéis i gcailíní agus músclaítear sna cailíní spéis i mbuachaillí. Bíonn níos mó cosúlachtaí idir na suimeanna a bhíonn acu. Bunaigh 'comhdhéanamh inscní' a ngrúpa cairdis leis na páistí. Is dóichí go nochtfar patrún gurb iad 'cairde an ghnéis chéanna' a bhíonn ag an gcuid is mó de na páistí den aois seo. Fiafraigh de na páistí cén fáth atá leis sin, dar leo. Cén fáth go n-athródh sé sin, dar leo?

Athruithe i nGiúmar
De réir mar a fhásann agus a athraíonn buachaillí agus cailíní, b'fhéidir go bhfaighidís amach go n-athraíonn a ngiúmar go pras. B'fhéidir go mbeidís an-sona ag am amháin agus b'fhéidir go mbeadh uaigneas agus brón orthu an chéad nóiméad eile. An hormón speisialta atá ag taisteal timpeall an choirp is cúis le cuid de sin. B'fhéidir go n-athródh a mothúcháin chomh maith. Sin toisc go bhfuil na daoine óga ag fás suas. Ní dhéanfadh sé cúis dá bhfásfadh an corp agus dá mbeadh intinn agus mothúcháin pháiste ag an duine i gcónaí. Tá na hathruithe seo corraitheach ach is féidir mearbhall a chur ar dhaoine leo uaireanta.

Gruaig an Choirp
Tosaíonn an ghruaig ag fás ar aghaidheanna buachaillí gan dabht. Ar deireadh beidh orthu bearradh mura dteastaíonn uathu féasóg a fhás. Fásann gruaig ar chliabhrach agus cosa buachaillí chomh maith. Fásann gruaig ascaille ar bhuachaillí agus cailíní araon. Fásann gruaig chomh maith timpeall ar phéineas buachalla agus faighin cailín. Tugtar na limistéir phúbasacha ar na háiteanna sin agus tugtar caithir ar an ngruaig iontu.

Athruithe sa Chraiceann
Éiríonn an craiceann níos olúla sna buachaillí agus cailíní araon. Cuireann siad níos mó allais chomh maith. Mar go mbíonn an craiceann níos olúla agus go gcuireann an corp níos mó allais ní mór cuimhneamh ar do chorp a ní go maith gach lá. (B'fhéidir gur mhaith leis an múinteoir labhairt níos mine ar shláinteachas pearsanta le linn caithreachais. Déileáltar leis an ábhar seo níos iomláine i Rang a Cúig.) Le linn na tréimhse tábhachtaí seo beidh gá agat leis an mbia, aclaíocht agus codladh ceart chun fás i gceart. Seo iad cuid de na hathruithe a tharlaíonn duit nuair a bhíonn tú ag fás suas. Tá siad ar fad mar chuid de phlean iontach chun tú a iompú i d'fhear nó i do bhean.

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 6

Bileog Saothair (1): Ag Fás agus ag Athrú

Déileálann an bhileog saothair seo a leanas leis an iliomad athruithe a tharlaíonn agus sinn ag fás agus ag athrú. D'fhéadfadh an múinteoir í seo a phlé leis na páistí agus iarraidh orthu í a chomhlánú ina n-aonar nó i ngrúpaí.

Ainm: ..... Ag Fás agus ag Athrú

Nuair a bhí mé i mo bhabaí

Nuair a bhíodh ocras orm .....

.....

Nuair a bhíodh áthas orm .....

.....

Nuair a bhíodh uaigneas orm .....

.....

Nuair a theastaíodh uaim súgradh.....

.....

Nuair a theastaíodh milseáin uaim.....

.....

Nuair a bhínn breoite .....

.....

Bhí cuma ..... orm

.....

Anois agus mé i Rang a Ceathair

Nuair a bhíonn ocras orm .....

.....

Nuair a bhíonn áthas orm.....

.....

Nuair a bhíonn uaigneas orm.....

.....

Nuair a theastaíonn uaim súgradh .....

.....

Nuair a theastaíonn milseáin uaim ....

.....

Nuair a bhím breoite .....

.....

Tá cuma ..... orm

.....

Fiafraigh de na páistí conas a bheidh siad nuair a bheidh siad ina ndéagóirí.

An bhfuil siad ag súil le bheith ina ndéagóirí? Cén fáth?

Cad a bheidh siad fásta suas, dar leo?

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 7

An bhfuil siad ag súil le bheith fásta suas? Cén fáth?

Cluiche Oscailte: Ar nós gur ...

Staidéar ar na Meáin: Ag Fás agus ag Athrú

Cluiche Oscailte: Ar nós gur ...

Glaonn an múinteoir catagóir aoisghrúpa amach agus iarrann ar na páistí freagairt ar nós daoine den aois sin, ag athrú catagóirí agus gníomhaíochtaí le comhartha a thugtar, m.sh.

Gluais (Seas, Ith, Gáir, Ól, Caoin) ar nós ...

(babaí, páiste, déagóir, duine fásta nó saoránach sinsearach)

Ag pointí áirithe féadfaidh an múinteoir an ghníomhaíocht a 'stopadh' agus ceist ábhartha a chur, m.sh.

Ar bhabaí:	**Cén fáth go bhfuil tú ag caoineadh?**	**Tá mo bhuidéal uaim.**
Ar pháiste:	**Cá bhfuil tú ag dul?**	**Táim ag dul ar scoil.**
Ar dhéagóir:	**Cad leis an bhfuil tú ag éisteacht?**	**Táim ag éisteacht le popcheol.**
Ar dhuine fásta:	**Cad tá á dhéanamh agat?**	**Táim ag cócaireáil béile.**
Ar shaoránach sinsearach:	**Cén fáth go bhfuil tú i do sheasamh ansin?**	**Tá mo scíth á ligean agam.**

Suíonn na páistí i gciorcal agus tosaíonn an múinteoir comhrá ar mheonta agus dearcaí maidir le haoisghrúpaí difriúla. Déantar na páistí a lipéadú mar chatagóir amháin agus iarrtar orthu rud éigin a rá faoi chatagóir eile, m.sh.

A Sheáin, is saoránach sinsearach tusa. Cad a cheapann tú faoi dhaoine óga? Cén fáth go ndeir tú é sin?

A Mháire, is duine fásta tusa. Cad a cheapann tú faoi bhabaithe? Cén fáth go ndeir tú é sin?

A Thomáis, is babaí tusa. Cad a cheapann tú faoi dhaoine fásta? Cén fáth go ndeir tú é sin?

A Mharcuis, is páiste tusa. Cad a cheapann tú faoi dhéagóirí? Cén fáth go ndeir tú é sin?

Iarrtar ar na páistí a mheas ó na freagraí an bhfuil tuairimí seasta ag aoisghrúpa amháin ar aoisghrúpa eile.

Díreoidh an chéad cheacht eile ar an gcaoi a léiríonn na meáin na haoisghrúpaí agus an chaoi a bhféachann na léitheoirí/an lucht féachana orthu.

Staidéar ar na Meáin: Ag Fás agus ag Athrú

Déanann an múinteoir agus na páistí babhta tobsmaointeoireachta ar chláir cháiliúla teilifíse a bhfuil carachtair acu ón iliomad aoisghrúpaí. Cuirtear liosta le chéile óna roghnaítear dhá nó trí chlár oiriúnacha mar ábhair phlé. Cuireann an múinteoir ceannteidil aoisghrúpaí ar an gclár dubh agus ainmnítear na carachtair theilifíse agus cuirtear sna catagóirí cuí iad:

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Rang a Ceathair **Téama 8** **Fás agus Athrú**

Babaithe **Páistí** **Déagóirí** **Daoine Fásta** **Saoránaigh Shinsearacha**

Pléitear na carachtair i ngach catagóir ina n-aonar agus ansin cuirtear i gcomparáid le chéile iad:

Cén cineál duine é/í ...?

An gcabhraíonn sé/sí le daoine eile?

Cá bhfuil cónaí air/uirthi?

Cé a chónaíonn in éineacht leis/léi?

Cén chuma atá ar an teach acu?

Cén sórt éadaí a chaitheann sé/sí?

Cén stíl gruaige atá aige/aici?

Cad a dhéanann sé/sí gach lá?

Cén sórt cairde atá aige/aici?

Cá n-itheann sé/sí?

Cad a itheann sé/sí de ghnáth?

Cén chaoi a bhfuil sé/sí difriúil/éagsúil leis na ... (babaithe, páistí, srl) eile ar an liosta?

I ndiaidh gach catagóir a phlé go hindibhidiúil, is féidir iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le figiúir an ghnáthshaoil:

An ndéanann babaithe ... (roghnaigh gnéithe de shaol babaí) **de ghnáth?**

An ndéanann páistí (déagóirí, daoine fásta nó saoránaigh shinsearacha) ... (roghnaigh gnéithe de léiriúcháin teilifíse)) **de ghnáth?**

Dáiríre, cad é an t-athrú is mó:

a) ó bheith i do bhabaí agus ó bheith i do pháiste?

b) ó bheith i do pháiste agus ó bheith i do dhéagóir?

c) ó bheith i do dhéagóir agus ó bheith i do dhuine fásta?

d) ó bheith i do dhuine fásta agus ó bheith i do shaoránach sinsearach?

Luann an múinteoir go bhfuil áilleacht ag baint le gach aois agus gach aoisghrúpa agus cabhraíonn sé/sí leis na páistí timthriall an tsaoil a thuiscint.

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 9

taí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Scéal faoin bhFás Suas
Bileog Saothair (2):	Liosta Athruithe
Dráma Teilifíse:	Seó an Mhochóirí

Gníomhaíocht Ealaíne: Scéal faoin bhFás Suas

Ag baint úsáide as leagan amach dréachtchláir, iarr ar na páistí cartún a tharraingt ag taispeáint duine, iad féin b'fhéidir, ag fás suas. B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach mar phointe tosaigh:

Cén cineál duine a bhí ionat nuair a bhí tú i do bhabaí, i do lapadán agus ag tosú ar scoil?

Cén cineál duine anois thú?

Cén cineál duine a bheidh ionat nuair a bheidh tú i do dhéagóir, i do dhuine fásta nó i do shaoránach sinsearach?

Cén chaoi a n-athróidh tú agus tú ag aibiú, dar leat?

Bileog Saothair (2): Liosta Athruithe

Ag Fás Suas

Athraíonn ár gcoirp de réir mar a fhásaimid. Is féidir linn cuid de na hathruithe a fheiceáil. Tarlaíonn roinnt athruithe taobh istigh den chorp agus tarlaíonn roinnt eile ar an taobh amuigh. Déan liosta de na hathruithe sin.

Athruithe a tharlaíonn taobh istigh den chorp ...

Athruithe a tharlaíonn taobh amuigh den chorp ...

Athruithe a tharlaíonn san intinn ...

Dráma Teilifíse: Seó an Mhochóirí

Bíonn painéal daoine ann i Seó an Mhochóirí, duine amháin ag seasamh do gach aoisghrúpa. Roghnaíonn/Ainmníonn an múinteoir agus/nó an rang páistí don phainéal. Is seó idirghníomhach agus rannpháirteach é seo agus mar sin bíonn an lucht féachana (an rang) mar chuid den ghníomhaíocht. Páiste amháin a bhíonn mar phríomhagallóir. Fiafraítear de gach ball den phainéal cén fáth go bhfuil sé/sí sa nuacht agus míníonn sé/sí, m.sh.

Is saoránach sinsearach mé agus tá mo chéadú breithlá á cheiliúradh agam.

Is babaí mé agus táim díreach i ndiaidh mo chéad chéimeanna a shiúl.

Is duine fásta mé agus táim ag dul ag pósadh an mhí seo chugainn.

Is déagóir mé agus táim ag tosú san iar-bhunscoil.

Is páiste mé agus táim ag foghlaim an phianó.

Cuireann an t-agallóir agus an lucht féachana cuid mhaith ceisteanna agus ba chóir go léireodh

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 10

na freagraí, de réir gach grúpa, an fás agus an fhorbairt a tharlaíonn le linn ár saoil.

Moltar an leathanach Naisc idir baile is scoil seo a sheoladh abhaile sula déantar an cheacht sa seomra ranga.

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí na hathruithe a tharlaíonn sna fireannaigh agus baineannaigh araon le linn an fháis go haosacht a thuiscint. Feiceann páistí réimse athruithe saoil de réir mar a fhásann siad. De réir mar a tharlaíonn athruithe go fisiceach, go sóisialta agus go síceolaíoch, foghlaimíonn páistí conas titim isteach leis na hathruithe sóisialta agus cultúrtha timpeall orthu. Nuair a dhírítear ar na hathruithe seo cuirtear forbairt an fhéineolais agus an fhéinmheasa i bpáistí chun cinn. Tugtar an t-eolas seo a leanas ionas go mbeidh tú ar an eolas faoi ábhar an cheachta ranga agus b'fhéidir gur mhian leat eolas a ullmhú nó dul siar air le do pháiste.

Sna hábhair a leanas tá míniú an-simplí ar an míostrú. Sula múinteoir é sin, ní mór do na páistí a aithint agus a thuiscint fad a bhíonn an bhroinn ag ullmhú chun glacadh le hubh thoirchthe, go dteastaíonn cineálacha eile ullmhachta don toircheas mar aibíocht mhothúchán agus síceolaíochta.

Go hidéalach, ba chóir go gcuirfí ábhar an mhíostraithe i láthair an pháiste nuair atá deis tugtha dó/di foghlaim faoi iontas an choirp dhaonna agus faoin gcaoi a n-oibríonn sé. D'fhéadfá tosú le sraith tástálacha ar na cúig céadfaí. Mar shampla, d'fhéadfadh an páiste freagairt na súile d'athruithe sa soilsiú agus bianna a aithint leis an mblas amháin. I measc ábhar eile a d'fhéadfaí a áireamh tá an néarchóras agus an córas díleách. Is réamhcheacht idéalach é an córas díleách, ag rianú pasáiste an bhia tríd an gcorp, le haghaidh ceachtanna mar gur féidir, leis an gcur chuige ceart, fáil réidh leis an náire. Faoin tráth go dtugtar an míostrú isteach, bíonn na páistí compordach agus iad ag caint ar chorp an duine.

Réamhrá
Tá tú mar chuid de dhomhan an nádúir. Tá an chaoi a bhfásann agus a n-athraíonn rudaí i ndomhan an nádúir feicthe agat. Tá an chaoi a dtagann cuid mhaith athruithe ar shíol sula ndéantar bláth de feicthe agat. An cuimhin leat na hathruithe a thagann ar uibheacha féileacáin agus iad ag iompú ina bhféileacáin? An cuimhin leat na hathruithe a tharlaíonn sna naoi mí a thógann sé ar ubh thoirchithe iompú ina babaí ullamh le saolú?

A luaithe a shaolaítear sinn fásaimid an-mhall go deo, i gcomparáid le domhan an dúlra. Is féidir le formhór na mamach seasamh agus rith laistigh de chúpla nóiméad ón uair a shaolaítear iad. Thóg sé bliain ortsa, ar a laghad. Mar gheall air sin, bhí am agat foghlaim agus forbairt go slán agus go sábháilte. Ó ghrianghraif, feiceann tú an chaoi ar fhás ó bhí tú i do bhabaí. Níor tharla sé sin thar oíche agus ní fhacamar ag tarlú é. Is tapúla an fás a thagann orainn agus sinn inár mbabaithe ná aon uair eile inár saol. Méadaíonn babaí faoi thrí sa chéad bhliain. Dá dtarlódh sé sin gach bliain, faoin tráth go mbeadh an babaí trí bliana d'aois bheadh sé/sí chomh mór le haosach lánfhásta.

Braitheann a airde a fhásann tú ar cheimiceáin den chuid is mó a ghluaiseann timpeall an choirp. Hormóin a thugtar orthu sin. Tá hormóin ar nós teachtaireachtaí ón inchinn. Sroicheann an hormón fáis gach cill i do chorp. Sin é is cúis le fás na gceall, ionas gur féidir le do chorp fás. Fásann tú ar bhealaí eile chomh maith. Fásfaidh tú i d'fhear nó i do bhean. Hormóin is cúis leis na hathruithe sin i do chorp chomh maith. Ag aois ar leith taistealaíonn hormón speisialta timpeall do choirp. Cuireann an hormón speisialta sin tús leis na hathruithe a iompaíonn buachaill ina fhear agus cailín ina bean.

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 11

Tosaíonn an t-athrú sna cailíní níos túisce ná an t-athrú sna buachaillí de ghnáth. Tarlaíonn an chuid is mó de na hathruithe tábhachtacha sna cailíní idir na blianta 9 agus 18. Tarlaíonn an chuid is mó de na hathruithe tábhachtacha sna buachaillí nuair atá siad thart ar aon bhliain déag d'aois agus faoin tráth go mbíonn siad ceithrea bliana déag d'aois bíonn siad níos airde agus níos troime ná na cailíní. Ar thug tú é sin faoi deara riamh? Féadfaidh grúpa buachaillí agus cailíní a bheith ar comhaois ach bíonn airde dhifriúil acu. Tagann fás ar bhealach difriúil orainn ar fad. Ag deich mbliana d'aois bíonn cuid mhaith cailíní níos airde ná buachaillí den aois chéanna. Ach is tapúla a fhásann na buachaillí mar dhéagóirí agus tagann cuid mhaith acu suas le agus gabhann thar na cailíní ó thaobh airde de.

Athruithe Crutha
Chomh maith le héirí níos airde, tarlaíonn athruithe eile chomh maith. Athraíonn cruth an choirp mar shampla. Mura ndéanfadh sé é sin is amhlaidh a bheadh sé níos mó ach go mbeadh an cruth céanna air is a bhí nuair a thosaigh sé/sí amach mar bhabaí. An samhlófá an chuma a bheadh ar a leithéid?
Éiríonn cromáin an chailín níos mó. Tomhais cén chúis atá leis sin. Éiríonn cromáin an chailín níos mó mar go mb'fhéidir go mbeadh sí ina máthair nuair a bhíonn sí fásta agus is amhlaidh atá an nádúr á réiteach dó sin. Ní mór do na cromáin a bheith níos mó chun an bhroinn agus an babaí atá i mbéal fáis sa bhean a iompar. Aibíonn cíocha an chailín. Arís eile, tá an nádúr á réiteach don mháithreachas. Is féidir le máthair a babaí a chothú leis na cíocha. Athraíonn cruth an bhuachalla. Éiríonn a chorp níos matánaí agus níos láidre. Leathnaíonn a ghuaillí. Fásann péineas an bhuachalla chomh maith. Bíonn sé ag iompú ina fhear.

Míostrú
Tosaíonn an cailín ag míostrú agus deirtear go bhfuil 'an fhuil mhíosta' uirthi. Seo bealach eile a ullmhaíonn an nádúr do bhabaí. Taistealaíonn ubh síos tiúb chuig an mbroinn gach mí. An cuimhin leat gur chualamar faoin gcaoi a n-ullmhaíonn an bhroinn líneáil speisialta, i gcás go mbíonn babaí ann? Déanann an bhroinn é sin gach mí. Nuair nach ann d'aon bhabaí, díscaoileann an líneáil agus fágann an corp tríd an bhfaighin. Measctar an líneáil le beagán fola agus an ubh.

Athruithe sa Ghuth
Athraíonn guth cailín agus bíonn sé níos cosúla le guth mná. Íslíonn guth buachalla. Bíonn sé níos cosúla le fear.

Athruithe i bPatrúin Chairdis
Músclaítear sna buachaillí spéis i gcailíní agus músclaítear sna cailíní spéis i mbuachaillí. Bíonn níos mó cosúlachtaí idir na suimeanna a bhíonn acu.

Athruithe i nGiúmar
De réir mar a fhásann agus a athraíonn buachaillí agus cailíní, b'fhéidir go bhfaighidís amach go n-athraíonn a ngiúmar go pras. B'fhéidir go mbeidís an-sona ag am amháin agus b'fhéidir go mbeadh uaigneas agus brón orthu an chéad nóiméad eile. An hormón speisialta atá ag taisteal timpeall an choirp is cúis le cuid de sin. B'fhéidir go n-athródh do mhothúcháin chomh maith. Sin toisc go bhfuil tú ag fás suas. Ní dhéanfadh sé cúis dá bhfásfadh do chorp agus dá mbeadh intinn agus mothúcháin pháiste agat i gcónaí. Tá na hathruithe seo corraitheach ach is féidir mearbhall a chur ort leo uaireanta.

Gruaig an Choirp
Tosaíonn an ghruaig ag fás ar aghaidheanna buachaillí gan dabht. Ar deireadh beidh orthu bearradh mura dteastaíonn uathu féasóg a fhás. Fásann gruaig ar chliabhrach agus cosa buachaillí chomh maith. Fásann gruaig ascaille ar bhuachaillí agus cailíní araon. Fásann gruaig chomh maith timpeall ar phéineas buachalla agus faighin cailín. Tugtar caithir ar an ngruaig sin.

Athruithe sa Chraiceann
Éiríonn an craiceann níos olúla sna buachaillí agus cailíní. Cuireann siad níos mó allais chomh maith. Mar go mbíonn an craiceann níos olúla agus go gcuireann an corp níos mó allais ní mór cuimhneamh ar do chorp ar fad a ní go maith gach lá.

8.Changing &Growing/irish:8.Changing &Growing/irish 14/07/2009 11:02 Page 12

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 1

9 Ag fuascailt fadhbanna

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 2

Téama 9

Ag fuascailt fadhbanna

Aidhm: Deiseanna a thabhairt do na páistí plé a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir fadhbanna a fhuascailt.

Rogha 1

Cluiche Boird:	Fuascail an Fhadhb
Labhraimís:	Faoi bhealaí chun fadhbanna a fhuascailt

Rogha 2

Grúp-Fhuascailt Fadhbanna:	Suímh á bhfuascailt
Grúp-Mhachnamh:	Próiseas agus Toradh

Rogha 3

Cás-Staidéar:	Fadhb Cháit
Plean Gníomhaíochta:	Cad tá foghlamtha againn

Gníomhaíochtaí a Leanann

Pleanáil Chun Cinn:	Don Todhchaí
Cluiche:	Píosaí ar Iarraidh

Nóta ar Fhuascailt Fadhbanna

Agus lántaitneamh á bhaint as an saol ní mór fadhbanna a fhuascailt agus cinntí is roghanna a dhéanamh. Is féidir teacht ar phróisis dá leithéidí mar dhuine aonair nó mar ghrúpa. Agus iarracht á déanamh fadhbanna páistí a fhuascailt nó a ndeacrachtaí a réiteach dóibh, cothaítear an meon iontu gur féidir le duine éigin eile an fhadhb a "réiteach" agus nach bhfuil an cumas acu féin na fadhbanna is simplí fiú a fhuascailt gan cúnamh ó dhuine fásta. Is féidir an próiseas fuascailte fadhbanna sna hábhair seo a mhúineadh do rang nó do dhuine aonair a bheidh in ann, le cleachtadh, cinntí céillí a oireann dá n-aois a dhéanamh go neamhspleách le tuiscint ar na hiarmhairtí.

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 3

Rogha 1

Cluiche Boird:	Fuascail an Fhadhb
Labhraimís:	Faoi bhealaí chun fadhbanna a fhuascailt

Cluiche Boird: Fuascail an Fhadhb

Don Chluiche Boird seo ní mór go mbeadh Cosán na Faidhbe ag an múinteoir (d'fhéadfaí an bhileog leis seo a fhótachóipeáil), in éineacht leis na Cártaí Faidhbe (tá na fadhbanna leis seo le fótachóipeáil agus le gearradh suas) agus dísle. Bíonn ceathrar imreoirí agus réiteoir amháin i ngach cluiche.

Caitheann na páistí an dísle agus leanann orthu mar a dhéantar i Nathracha agus Dréimirí. Má stopann siad ar Fhadhb ní mór dóibh cárta a phiocadh, éisteacht leis an bhFadhb a léann an réiteoir amach agus an Fhuascailt A, B nó C a roghnú. Scórálann siad agus gluaiseann siad dá réir. Is é an buaiteoir an chéad pháiste a shroicheann an Baile. Mar mhalairt, bíonn teorainn ama ann agus is é an buaiteoir an páiste is faide chun cinn nuair a thugtar an chomhartha go bhfuil 'an t-am istigh'.

1. An Fhadhb

Tá Sorcha agus Sinéad i Rang a Ceathair. Pé áit a dtéann Sinéad téann Sorcha. Ba chuma le Sinéad faoi sin cheana nuair ba dhlúthchairde iad. Anois bíonn siad ag argóint de shíor. Cóipeálann Sorcha Sinéad. Cóipeálann sí stíl ghruaige Shinéad chomh maith fiú. Gach rud a deir Sinéad, aontaíonn Sorcha leis. Tá Sinéad ag éirí bréan de sin. Fuair Sinéad geansaí nua uaine le déanaí. An lá ina dhiaidh sin, bhí an geansaí céanna ar Shorcha. Tagann éad ar Shorcha má labhraíonn Sinéad le haon duine eile.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A.	**D'fhéadfadh Sinéad labhairt le Sorcha faoin gcaoi a mothaíonn sí.**	**Scór +2**
B.	**D'fhéadfadh sí neamhaird a thabhairt ar Shorcha.**	**Scór -1**
C.	**D'fhéadfadh sí gasra a chur i ndiaidh Shorcha**	**Scór -3**

2. An Fhadhb

Tá buachaill nua sa rang. Seosamh is ainm dó. Tá an chuma air go bhfuil sé cúthail agus an-chiúin. Tá an múinteoir i ndiaidh iarraidh ar Chathal an áit a thaispeáint do Sheosamh, a thaispeáint dó cá bhfuil gach rud, agus cabhrú leis cairde nua a dhéanamh agus socrú síos. Tá sé sin dian ar Chathal. Is beag atá le rá ag Seosamh dó féin. Tá sé sin tugtha faoi deara ag na buachaillí eile chomh maith. Tá gasra amháin i ndiaidh tosú ag piocadh air agus ag tabhairt ainmneacha air. Tá a fhios ag Seosamh gur iarr an múinteoir air aire a thabhairt don bhuachaill nua seo ach tá eagla air roimh an ngasra sin.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A.	**D'fhéadfadh Cathal gasra a chur le chéile.**	**Scór -3**
B.	**D'fhéadfadh sé insint don mhúinteoir faoi.**	**Scór +2**
C.	**D'fhéadfadh sé a cheangal le Seosamh a bhriseadh.**	**Scór -1**

3. An Fhadhb

Lís atá ar dheirfiúr mhór Eibhlín. Tá grá mór ag Eibhlín di. Ba chairde maithe iad uair agus d'imrídís le chéile cuid mhaith. Ach tá Lís ag freastal ar iar-bhunscoil anois. Bíonn obair bhaile agus cleachtadh córach aici agus tá cairde nua aici agus is annamh a fheiceann Lís í. Thosaigh Eibhlín ag léamh dialann Lís chun a fháil amach cad a bhíonn á dhéanamh aici. Tá a fhios ag Eibhlín gur ábhar príobháideach de chuid Líse í an dialann ach níl aon bhealach eile ar eolas aici chun a fháil amach cad tá á smaoineamh agus á dhéanamh ag Lís.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A.	**D'fhéadfadh Eibhlín labhairt lena máthair/hathair.**	**Scór +2**
B.	**D'fhéadfadh sí labhairt le Lís.**	**Scór +2**
C.	**D'fhéadfadh sí leanúint uirthi ag léamh na dialainne.**	**Scór -2**

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 4

4. An Fhadhb

Tá Clár i ndiaidh iarraidh ar Shionainn teacht chuig a cóisir lae bhreithe. Tá iontas ar Shionainn. Is minic a phiocfadh Clár uirthi agus a thabharfadh Sionainn ainmneacha uirthi. Tá Clár i ndiaidh a rá le Sionainn gur cóisir bhréagéide í. Ach ní hea - tá Clár ag iarraidh óinseach a dhéanamh de Shionainn. Samhlaigh conas a mhothódh Sionainn ag teacht chuig an gcóisir gléasta i mbréagéide éigin agus na cailíní eile ina n-éadaí gnáthchóisire roimpi. Tá a fhios ag na cailíní eile faoin gcleas. Ba mhaith le cuid acu Sionainn a chur ar an eolas faoi ach tá eagla orthu roimh Chlár.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A. D'fhéadfadh na cailíní labhairt le Clár. Scór +1
B. D'fhéadfaidís neamhaird a thabhairt ar an bhfadhb. Scór -2
C. D'fhéadfaidís labhairt le Sionainn. Scór +2

5. An Fhadhb

Cónaíonn Mamó Sheáin leis. Tá sí an-séimh agus cinéalta ach tá sí sean agus déanann sí dearmad ar rudaí. Ceapann sí gur páiste í agus gurb í máthair Sheáin a máthair féin uaireanta. Tá eagla ar Sheán iarraidh ar chairde ranga leis teacht ar cuairt ar eagla go ndéanfaidís magadh faoina Mhamó. Is ait leis na buachaillí eile cén fáth nach n-iarrann Seán orthu teacht ar cuairt choíche. Ceapann siad nach bhfuil sé róchairdiúil.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A. D'fhéadfadh Seán a rá leis na páistí imeacht leo agus gan a bheith ag cur isteach air. Scór -1
B. D'fhéadfadh sé insint dóibh agus iarraidh ar chúpla dlúthchara teacht ar cuairt. Scór +2
C. D'fhéadfadh sé insint dá mháthair nó dá athair. Scór +3

6. An Fhadhb

Is é Síomón an duine is sine ag baile. Tá an-chuid deartháireacha agus deirfiúracha aige. Bíonn go leor torainn ann ag baile. Is páiste aonair a dhlúthchara ar scoil. Marcus atá air. Is áit chiúin é an baile do Mharcus. Tá eagla ar an mbeirt acu iarraidh ar an duine eile teacht ar cuairt mar nach bhfuil a fhios acu cad a cheapfaidh an duine eile faoina bhaile féin. Is ait leis an mbeirt acu cén fáth nach bhfuil an duine eile i ndiaidh iarraidh air teacht ar cuairt.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A. D'fhéadfadh Síomón tabhairt amach dá dheartháireacha/dheirfiúracha óga. Scór -3
B. D'fhéadfadh sé labhairt lena athair/mháthair. Scór +3
C. D'fhéadfadh sé iarraidh ar Mharcus teacht agus an scéal a mhíniú dó. Scór +2

7. An Fhadhb

Is cairde maithe iad Deirdre agus Dara. Tá an chuma ar Dhara go bhfuil sí curtha amach faoi rud éigin. Níl a fhios ag Deirdre cad tá cearr.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A. D'fhéadfadh Deirdre agus Dara níos mó ama a chaitheamh le chéile. Scór +1
B. D'fhéadfadh Deirdre labhairt le Dara. Scór +2
C. D'fhéadfadh Deirdre neamhaird a thabhairt ar staid Dhara. Scór -2

8. An Fhadhb

Tá Caoimhín i ndiaidh a fháil amach go bhfuil Lorcán ag insint scéalta bréige faoi dá gcairde ar scoil.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A. D'fhéadfadh Caoimhín insint don mhúinteoir. Scór +2
B. D'fhéadfadh sé neamhaird a thabhairt ar Lorcán agus a scéalta. Scór -2
C. D'fhéadfadh sé labhairt le Lorcán. Scór +2

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 5

9. An Fhadhb

Tá Proinsias ina sheasamh i scuaine ag feitheamh go bhfreastalófar air. Brúnn duine fásta thairis agus tosaíonn an cúntóir siopa ag freastal ar an duine fásta ar dtús.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A. Ba chóir go ndéarfadh Proinsias: 'Gabh mo leithscéal, bhí mise anseo ar dtús'. Scór +3
B. D'fhéadfadh sé strainc a chur air féin leis an duine fásta. Scór -3
C. D'fhéadfadh sé neamhaird a thabhairt ar an méid atá ag tarlú. Scór 0

10. An Fhadhb

Tá Lís curtha amach ó fuair sí amach go mbíonn a deirfiúr bheag, Áine, ag tógáil a cuid éadaí ar iasacht. Thóg sí a seaicéad agus nuair a thug sí ar ais é bhí sé stróicthe.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A. D'fhéadfadh Lís labhairt le hÁine. Scór +3
B. D'fhéadfadh sí rud éigin de chuid Áine a thógáil. Scór -3
C. D'fhéadfadh Lís glas a fháil dá cófra. Scór +1

11. An Fhadhb

Téann Fionnuala ag siopadóireacht lena máthair chun roinnt éadaí a cheannach di féin, ach tá an chuma air gurb í a máthair atá ag iarraidh na cinntí ar fad a dhéanamh maidir leis na héadaí ba chóir a cheannach.

Cad is cóir a dhéanamh, dar leat?

A. D'fhéadfadh Fionnuala aontú le cinneadh a máthar. Scór 0
B. D'fhéadfadh sí púic a chur uirthi féin agus gan labhairt in aon chor. Scór -2
C. D'fhéadfadh sí comhréiteach a lorg. Scór +3

Labhraimís: Faoi bhealaí chun fadhbanna a fhuascailt

Nuair a bhíonn deireadh leis an gCluiche Boird, suíonn na páistí i gciorcal agus labhraíonn siad faoi na fadhbanna ar tháinig siad orthu agus na fuascailtí a roghnaíodh. Is féidir freagraí éagsúla a anailísiú. Tugann an múinteoir le fios go mbíonn fadhbanna ag gach duine ó am go ham. Bíonn tionchar ag an bhfreagairt, chun an fhadhb a fhuascailt, ar an toradh, maith olc a bhíonn sé. Iarrann an múinteoir ar an páistí, ina nduine is ina nduine, a rá cad a d'fhoghlaim siad ón gcluiche faoi bhealaí chun fadhbanna a fhuascailt. D'fhéadfaí roinnt fuascailtí a liostáil agus a chur ar chairt, m.sh.

Chun fadhb a fhuascailt ...

Labhair leis an duine lena mbaineann sé.

Éist leis an duine eile.

Ceistigh le haghaidh tuilleadh eolais.

Mínigh do dhearcadh.

Inis do dhuine éigin a bhfuil muinín agat as/aisti.

Iarr cúnamh ar dhuine éigin a bhfuil muinín agat as/aisti.

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 6

Fuascail an Fhadhb



9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 7

Rogha 2

Grúp-Fhuascailt Fadhbanna:	Suímh á bhfuascailt
Grúp-Mhachnamh:	Próiseas agus Toradh

Grúp-Fhuascailt Fadhbanna: Suímh á bhfuascailt

Is cnámhscéalta fadhbanna molta iad seo a leanas. B'fhéidir gur mhian leis an múinteoir cinn eile a cheapadh, bunaithe ar shuímh ábhartha bhailebhunaithe nó scoilbhunaithe. Tugtar cnámhscéal difriúil do gach grúpa seisir. Iarrtar ar na páistí teacht ar fhuascailt don fhadhb, iarmhairtí féideartha na fuascailte sin a mheas agus smaoineamh faoin rud a dhéanfaidís féin i ndálaí comhchosúla. D'fhéadfadh a leithéidí seo a bheith mar cheisteanna tosaigh:

Cad í an fhadhb anseo? Cad a cheapann tú fúithi?

Cad í cúis na faidhbe? Cé atá á ghortú? Cé atá thíos léi?

Conas a d'fhéadfaí an fhadhb seo a fhuascailt, dar leat?

An mbeadh sé sin ceart le déanamh? Cén fáth?

Cad a tharlódh ansin? An mbeadh deireadh leis an bhfadhb ansin?

An mbeadh gach duine sásta? An mbeadh an fhadhb fuascailte?

Ar tharla a leithéid seo riamh duit? Cad a rinne tú?

Dá dtarlódh sé sin duitse, cad a dhéanfá?

Cuirtear síos ar phróiseas grúpchinnteoireachta faoi Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair, agus d'fhéadfaí é sin a úsáid anseo. I ngach grúpa, oibríonn na páistí ina n-aonar ar dtús, ag cinneadh ar an gcaoi a ndéileálfaidís leis an suíomh. Ansin déantar trí phéire sa ghrúpa agus déanann an bheirt pháistí i ngach péire a gcinntí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. Nuair a bhíonn sé sin déanta, tagann na trí phéire le chéile agus oibríonn siad mar ghrúpa seisir, ag roinnt a dtuairimí chun teacht ar an bhfuascailt fhéideartha is fearr.

Na Cnámhscéalta do na Grúpaí Cinnteoireachta

1.
Tá Sorcha agus Sinéad i Rang a Ceathair. Pé áit a dtéann Sinéad téann Sorcha. Ba chuma le Sinéad faoi sin cheana nuair ba dhlúthchairde iad. Anois bíonn siad ag argóint de shíor. Cóipeálann Sorcha Sinéad. Cóipeálann sí stíl ghruaige Shinéad chomh maith fiú. Gach rud a deir Sinéad, aontaíonn Sorcha leis. Tá Sinéad ag éirí bréan de sin. Fuair Sinéad geansaí nua uaine le déanaí. An lá ina dhiaidh sin, bhí an geansaí céanna ar Shorcha. Tagann éad ar Shorcha má labhraíonn Sinéad le haon duine eile.

2.
Tá buachaill nua sa rang. Seosamh is ainm dó. Tá an chuma air go bhfuil sé cúthail agus an-chiúin. Tá an múinteoir i ndiaidh iarraidh ar Chathal an áit a thaispeáint do Sheosamh, a thaispeáint dó cá bhfuil gach rud, agus cabhrú leis cairde nua a dhéanamh agus socrú síos. Tá sé sin dian ar Chathal. Is beag atá le rá ag Seosamh dó féin. Tá sé sin tugtha faoi deara ag na buachaillí eile chomh maith. Tá gasra amháin i ndiaidh tosú ag piocadh air agus ag tabhairt ainmneacha air. Tá a fhios ag Seosamh gur iarr an múinteoir air aire a thabhairt don bhuachaill nua seo ach tá eagla air roimh an ngasra sin.

3.
Lís atá ar dheirfiúr mhór Eibhlín. Tá grá mór ag Eibhlín di. Ba chairde maithe iad uair agus d'imrídís le chéile cuid mhaith. Ach tá Lís ag freastal ar iar-bhunscoil anois. Bíonn obair bhaile agus cleachtadh córach aici agus tá cairde nua aici agus is annamh a fheiceann Lís í. Thosaigh Eibhlín ag léamh dialann Lís chun a fháil amach cad a bhíonn á dhéanamh aici. Tá a fhios ag

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 8

Eibhlín gur ábhar príobháideach de chuid Líse í an dialann ach níl aon bhealach eile ar eolas aici chun a fháil amach cad tá á smaoineamh agus á dhéanamh ag Lís..

4.
Tá Clár i ndiaidh iarraidh ar Shionainn teacht chuig a cóisir lae bhreithe. Tá iontas ar Shionainn. Is minic a phiocfadh Clár uirthi agus a thabharfadh Sionainn ainmneacha uirthi. Tá Clár i ndiaidh a rá le Sionainn gur cóisir bhréagéide í. Ach ní hea - tá Clár ag iarraidh óinseach a dhéanamh de Shionainn. Samhlaigh conas a mhothódh Sionainn ag teacht chuig an gcóisir gléasta i mbréagéide éigin agus na cailíní eile ina n-éadaí gnáthchóisire roimpi. Tá a fhios ag na cailíní eile faoin gcleas. Ba mhaith le cuid acu Sionainn a chur ar an eolas faoi ach tá eagla orthu roimh Chlár.

5.
Cónaíonn Mamó Sheáin leis. Tá sí an-séimh agus cinéalta ach tá sí sean agus déanann sí dearmad ar rudaí. Ceapann sí gur páiste í agus gurb í máthair Sheáin a máthair féin uaireanta. Tá eagla ar Sheán iarraidh ar chairde ranga leis teacht ar cuairt ar eagla go ndéanfaidís magadh faoina Mhamó. Is ait leis na buachaillí eile cén fáth nach n-iarrann Seán orthu teacht ar cuairt choíche. Ceapann siad nach bhfuil sé róchairdiúil.

6.
Is é Síomón an duine is sine ag baile. Tá an-chuid deartháireacha agus deirfiúracha aige. Bíonn go leor torainn ann ag baile. Is páiste aonair a dhlúthchara ar scoil. Marcus atá air. Is áit chiúin é an baile do Mharcus. Tá eagla ar an mbeirt acu iarraidh ar an duine eile teacht ar cuairt mar nach bhfuil a fhios acu cad a cheapfaidh an duine eile faoina bhaile féin. Is ait leis an mbeirt acu cén fáth nach bhfuil an duine eile i ndiaidh iarraidh air teacht ar cuairt.

7.
Is cairde maithe iad Deirdre agus Dara. Tá an chuma ar Dhara go bhfuil sí curtha amach faoi rud éigin. Níl a fhios ag Deirdre cad tá cearr.

8.
Tá Caoimhín i ndiaidh a fháil amach go bhfuil Lorcán ag insint scéalta bréige faoi dá gcairde ar scoil.

9.
Tá Proinsias ina sheasamh i scuaine ag feitheamh go bhfreastalófar air. Brúnn duine fásta thairis agus tosaíonn an cúntóir siopa ag freastal ar an duine fásta ar dtús.

10.
Tá Lís curtha amach ó fuair sí amach go mbíonn a deirfiúr bheag, Áine, ag tógáil a cuid éadaí ar iasacht. Thóg sí a seaicéad agus nuair a thug sí ar ais é bhí sé stróicthe.

11.
Téann Fionnuala ag siopadóireacht lena máthair chun roinnt éadaí a cheannach di féin, ach tá an chuma air gurb í a máthair atá ag iarraidh na cinntí ar fad a dhéanamh maidir leis na héadaí ba chóir a cheannach.

Grúp-Mhachnamh: Próiseas agus Toradh

Ag tagairt don obair atá déanta ag na páistí, déanann siad machnamh ar phróiseas na cinnteoireachta ar an gcaoi le déileáil leis na cnámhscéalta/suímh éagsúla. Is próiseas tábhachtach é **próiseas** próiseas na grúpchinnteoireachta agus **an chaoi** a dtagtar ar chinntí. Tá sé tábhachtach go bpléann an rang na fuascailtí agus an próiseas ina dtagtar orthu. Cabhraíonn na ceisteanna **Cé? Cad? Cén fáth? Conas?** leis an machnamh sin.

Ba chóir go léireodh **toradh** na grúpchinnteoireachta, an rud a gcinneann an grúpa air, comhaontú i measc bhaill an ghrúpa. Déantar anailís ar ghrúpchinnteoireacht i gcomhthéacs:

(i) freagracht chun roghanna cearta a dhéanamh;
(ii) riachtanais na ndaoine atá páirteach;
(iii) torthaí féideartha na bhfuascailtí molta.

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 9

Rogha 3

Cás-Staidéar:	Fadhb Cháit
Plean Gníomhaíochta:	Cad tá Foghlamtha againn

Cás-Staidéar: Fadhb Cháit

Treoraíonn an múinteoir an rang trí phróiseas fuascailte fadhbanna ag baint úsáide as cás-staidéar ar leith. Déantar an t-ábhar seo a leanas i bhfoirm drámaíochta le triúr páistí mar Cháit, Mamaí agus an babaí.

Tá Cáit ag déanamh iarrachta rud tábhachtach a insint dá máthair.
Tá máthair Cháit tuirseach agus tá deartháir beag Cháit ag baint aire a máthar di.
Tá an chuma air nach bhfuil sí ag éisteacht.

Tugann an múinteoir ceisteanna ginearálta réamheolais chun na páistí a chur ag smaoineamh:

Conas a mhothaíonn Cáit anois, dar leat?

Cén chaoi a bhféadfadh sí déileáil leis an suíomh go difriúil?

Cad a dhéanfása?

Cad is féidir le Cáit a dhéanamh anois?

Cad déarfadh sí lena Mamaí nuair a labhródh sí léi?

Cad a tharlódh ansin? An réiteodh sé sin an fhadhb?

B'fhéidir go molfadh an múinteoir agus na páistí

Gur chóir do Cháit stopadh, déanamh go réidh agus smaoineamh sula ndéanann sí aon rud.

Conas a d'fhéadfadh sí déanamh go réidh?

Comhaireamh go deich, sos a thógáil, iarracht a dhéanamh dearcadh a Mamaí a thuiscint, srl.

Cad a dhéanfadh Cáit ansin?

B'fhéidir go míneodh sí an fhadhb di féin, féachaint conas a mhothaíonn sí féin fúithi, mar shampla:

Smaoiníonn Cáit

Táim ag iarraidh rud éigin atá tábhachtach, dar liom, a insint do mo Mhamaí.

Níl sí ag éisteacht mar go bhfuil gá ag mo dheartháir óg le haire.

Tá díomá agus imní orm.

Ba chóir go gcinnfeadh Cáit cé leis an fhadhb:

Is í m'fhadhbsa í mar mura n-inseoidh mé do Mhamaí í ...

D'fhéadfadh gurbh í fadhb mo Mhamaí í mar mura gcloisfidh sí í ...

Ní hí fadhb mo dhearthár óig í. Tá sé ró-óg leis an bhfadhb a thuiscint.

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Rang a Ceathair Téama 9 Ag fuascailt fadhbanna

Ba chóir go n-aithneodh Cáit an fhíorchúis leis an bhfadhb, ag lua na faidhbe:

Tá nuacht thábhachtach agam do Mhamaí.

B'fhéidir nach é seo an t-am ceart chun í a insint di.

Tá tuirse uirthi agus tá aire ag teastáil ó mo dhearthár.

Ba chóir go smaoineodh Cáit faoin bhfadhb agus gach taobh den cheist a scrúdú, ag cuimhneamh ar na fíricí cuí. B'fhéidir go mbeadh gá leis na fíricí sin a bhunú. B'fhéidir go bhfiafródh sí di féin:

An nuacht an-tábhachtach í seo?

Cad a tharlódh mura n-inseoinn do Mhamaí anois í?

An mbeadh am éigin eile ní ba oiriúnaí chun í a insint di?

Cad a tharlódh mura n-inseoinn di in aon chor í?

Ba chóir go smaoineodh Cáit ar an-chuid fuascailtí:

D'fhéadfainn éirí as iarracht a dhéanamh insint di faoi agus dearmad a dhéanamh air.

D'fhéadfainn éirí as iarracht a dhéanamh insint di faoi ach go mbeinn curtha amach faoi.

B'fhéidir go bhféadfainn aird mo Mhamaí a tharraingt trí phúic a chur orm féin, caoineadh nó béicíl?

D'fhéadfainn labhairt le cara scoile faoi in áit mo mháthar.

D'fhéadfainn feitheamh le ham níos fearr chun labhairt léi mar go dtuigim cén fáth nár éist sí liom roimhe seo.

Ba chóir go smaoineodh Cáit ar iarmhairtí agus impleachtaí gach rogha:

Dá n-éireoinn as iarracht a dhéanamh insint do Mhamaí faoi, ní chloisfeadh sí mo nuacht agus ní bheadh sí in ann comhairle a thabhairt dom, cabhrú liom, srl.

Dá n-éireoinn as iarracht a dhéanamh insint di ach go mbeinn curtha amach faoi, ní chloisfeadh Mamaí an nuacht agus bheinn an-churtha amach.

Dá bhféadfainn aird Mhamaí a tharraingt trí phúic a chur orm féin, caoineadh nó béicíl, b'fhéidir nach bhféadfainn an teachtaireacht a thabhairt i gceart. Chuirfinn isteach orm féin, ar Mhamaí agus ar mo dhearthár beag. Bheadh drochshampla á thabhairt agam do mo dhearthár beag.

Dá labhróinn le cara scoile faoi in áit mo mháthar, b'fhéidir go bhfaighinn comhairle dhifriúil nach bhfaighinn ó dhuine fásta.

Dá bhfanfainn le ham níos fearr chun labhairt léi mar go dtuigim an fáth nár éist sí liom roimhe. Chloisfeadh Mamaí mo nuacht agus bheadh am aici comhairle cheart a thabhairt. Ach b'fhéidir go dtarlódh an fhadhb chéanna arís.

Dá bhféadfainn teacht ar am níos fearr chun labhairt le Mamaí agus insint di chomh maith faoin gcaoi ar mhothaigh mé nuair nár éist sí roimhe, bheinn in ann insint di faoin nuacht agus is fearr a thuigfeadh sí mé. B'fhéidir go bhféadfaimis cinneadh ar am maith gach lá chun teacht suas le nuacht a chéile. B'fhéidir nach dtiocfadh an fhadhb chun solais arís ansin.

Ba chóir go ndéanfadh Cáit cinneadh ar bhonn gach rud a bhfuil sí i ndiaidh machnamh air.

Is féidir le Cáit dul ar aghaidh ansin agus an plean is fearr a thriail.

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 11

Plean Gníomhaíochta: Cad tá foghlamtha againn

Ar bhonn an Chás-Staidéir ar Fhadhb Cháit, faigh amach ó na páistí faoi na céimeanna is féidir a thógáil agus tú ag fuascailt fadhbanna, m.sh.

1. **Stop, déan go réidh agus smaoinigh sula ndéanann tú aon rud.**
2. **Luaigh an fhadhb agus an chaoi a mothaíonn tú fúithi.**
3. **Cinn cé leis an fhadhb.**
4. **Aithin fíorchúis na faidhbe.**
5. **Smaoinigh faoin bhfadhb. Scrúdaigh gach taobh den cheist ag cuimhneamh ar na fíricí ábhartha. B'fhéidir go mbeadh gá leis na fíricí sin a bhunú.**
6. **Smaoinigh ar an-chuid fuascailtí.**
7. **Smaoinigh chun cinn ar iarmhairtí agus impleachtaí gach rogha.**
8. **Déan cinneadh ar bhonn a bhfuil tú i ndiaidh smaoineamh faoi.**
9. **Ar aghaidh leat agus triail an plean is fearr.**

Spreag na páistí a dteanga féin a úsáid agus iad ag foirmiú na dtreoirlínte seo don fhuascailt fadhbanna. Taispeáin na céimeanna sin ar chairt nó ar phóstaer

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 12

Gníomhaíochtaí a Leanann

Pleanáil Chun Cinn:	Don Todhchaí
Cluiche:	Píosaí ar Iarraidh

Pleanáil Chun Cinn: Don Todhchaí

Tugann an múinteoir páirtí do gach páiste go randamach nó de réir cairde.

I ngach péire, tugann an chéad pháiste fadhb le fuascailt tríd an dara páiste a cheistiú: 'cad a dhéanfá dá ...?'

Freagraíonn an dara páiste, ag tabhairt straitéisí fuascailte fadhbanna a gcuirtear síos orthu i gceachtanna roimhe seo.

Malartaítear na róil ansin agus tugann an dara páiste an fhadhb le fuascailt agus freagraíonn an chéad pháiste.

Bailíonn an rang le chéile arís agus iarrtar orthu, i ndiaidh a chéile, a rá:

Ón gceacht seo d'fhoghlaim mé ...

Cluiche: Píosaí ar Iarraidh

Is féidir na léaráidí de chiorcail leis seo a fhótachóipeáil ar chárta, a ghearradh suas, a mheascadh agus a chur i gcúig chlúdach litreach, a mhéad uaireanta is gá chun sraith clúdach litreacha do gach grúpa cúigir sa rang a dhéanamh.

Roinntear an rang ina ghrúpaí de chúigear páistí. Faigheann gach páiste clúdach litreach le píosaí ciorcal. Iarrtar ar gach páiste ciorcal iomlán a dhéanamh. Ní théann na píosaí sa chlúdach litreach le chéile mar chiorcal iomlán. Laistigh de gach grúpa tá na píosaí ar fad ag na páistí chun cúig chiorcal iomlána a dhéanamh.

Oibríonn na páistí ina dtost. Chun a bhfadhb a fhuascailt agus na ciorcail iomlána a dhéanamh, ní mór do na páistí a bheith toilteanach na píosaí nach bhfuil gá acu leo a thabhairt suas agus iad a chur i lár an bhoird chun go mbeidh na páistí eile in ann iad a thógáil agus a úsáid. Tógann na páistí píosaí uathu sin sa chiorcal agus mura n-oireann siad cuireann siad ar ais iad. Bíonn an tasc críochnaithe nuair a bhíonn ciorcal déanta ag gach páiste sa ghrúpa.

Tugtar teorainn ama do na páistí chun an tasc a chríochnú. Suíonn siad i gciorcal ansin agus labhraíonn faoin tasc, ag fáil leideanna ó cheisteanna an mhúinteora, m.sh.

Cad a rinne tú nuair a d'oscail tú an clúdach litreach?

Conas a mhothaigh tú nuair a fuair tú amach nárbh fhéidir ciorcal a dhéanamh de na píosaí ar fad?

Conas a chabhraigh na páistí sa ghrúpa le chéile?

Cad a d'fhoghlaim tú ón gceacht?

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 13

Cluiche: Píosaí ar Iarraidh

Is féidir na léaráidí seo de chiorcail a fhótachóipeáil ar chárta, a ghearradh suas, a mheascadh agus a chur i gcúig chlúdach litreach, a mhéad uaireanta is gá chun sraith clúdach litreacha do gach grúpa cúigir sa rang a dhéanamh. Is féidir an bhileog seo a fhótachóipeáil ar bhileog féincheartúcháin chun go mbeidh na daltaí in ann a dtorthaí a sheiceáil tar éis go gcríochnaítear an tasc.



9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 14

Naisc idir Baile is Scoil

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná deiseanna a thabhairt do na páistí plé a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir fadhbanna a fhuascailt. Agus lántaitneamh á bhaint as an saol ní mór fadhbanna a fhuascailt agus cinntí is roghanna a dhéanamh. Is féidir teacht ar phróisis dá leithéidí mar dhuine aonair nó mar ghrúpa. Agus iarracht á déanamh fadhbanna páistí a fhuascailt nó a ndeacrachtaí a réiteach dóibh, cothaítear an meon iontu gur féidir le duine éigin eile an fhadhb a "réiteach" agus nach bhfuil an cumas acu féin na fadhbanna is simplí fiú a fhuascailt gan cúnamh ó dhuine fásta.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a mholtar a d'fhéadfá a dhéanamh le do pháiste ag baile, más mian leat:

I gcás gach ceann de na suímh chur i gcéill seo, pléigh le do pháiste bealaí féideartha chun fuascailtí a fháil:

Tá col ceathrair a (h)aonchara ag teacht chun fanacht aige/aici agus deir sé/sí nach mbeidh sé/sí ar fáil chun dul ag súgradh go ceann cúpla seachtain.

Níl aon obair bhaile déanta mar nár scríobhadh síos í.

Chiceáil sé/sí liathróid peile scoile isteach ar láithreán tógála láimh le clós na scoile.

Bíonn sé/sí déanach don scoil uaireanta mar go bhfanann sé/sí ag féachaint ar an teilifís.

Iarrann páiste ar scoil a lón air/uirthi gach lá.

I ngach cás d'fhéadfá na ceisteanna seo a chur:

Cad í an fhadhb anseo? Cad a cheapann tú fúithi?

Cad í cúis na faidhbe? Cé atá á ghortú? Cé atá thíos léi?

Conas a d'fhéadfaí an fhadhb seo a fhuascailt, dar leat?

An mbeadh sé sin ceart le déanamh? Cén fáth?

Cad a tharlódh ansin? An mbeadh deireadh leis an bhfadhb ansin?

An mbeadh gach duine sásta? An mbeadh an fhadhb fuascailte?

D'fhéadfaí roinnt straitéisí chun fadhbanna a fhuascailt a oibriú amach:

Smaoinigh faoin bhfadhb.

Smaoinigh ar an-chuid fuascailtí.

Smaoinigh ar an rud ceart le déanamh.

Smaoinigh chun cinn ar iarmhairtí agus impleachtaí gach rogha.

Déan cinneadh ar bhonn a bhfuil tú i ndiaidh smaoineamh faoi.

Ar aghaidh leat agus triail an plean is fearr.

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 15

Rang a Ceathair: Imeascadh Curaclaim

Ábhar	Téama OCG	Lch
Gaeilge		
Forbairt Teanga		
Maistíneacht	Maistíneacht	129
Maistíneacht a thuiscint	Maistíneacht	133
Cúiseanna le Rialacha	Cúiseanna le Rialacha	151
Frithchiallaigh agus Comhchiallaigh	Mothúcháin	158
Ionfhabhtú agus an Corp	Bí glan - bí sláintiúil	209
Fuascail an Fhadhb	Ag fuascailt fadhbanna	189
Bealaí chun fadhbanna a fhuascailt	Ag fuascailt fadhbanna	211
Agallamh		
Nuair a bhí tú ar comhaois liomsa	Cúiseanna le Rialacha	151
Ciorcal Ranga		
Caochadh Marfach	Cúiseanna le Rialacha	153
Scéal		
Obair a dhéanamh le chéile	Mé féin agus daoine eile	124
Maistíneacht	Maistíneacht	131
Scéal Pheadair agus Scéal Shinéad	Mothúcháin	157
Fadhb Phádraigín	Mothúcháin	159
Mothúcháin	Mothúcháin	164
Plé/Fuascailt Fadhbanna/ Cinnteoireacht		
Oileán Tréigthe	Mé féin agus daoine eile	123
Cad í an fhuascailt?	Maistíneacht	130
Cad is maistíneacht ann?	Maistíneacht	132
An dá dhearcadh	Maistíneacht	134
An Fhuascailt	Maistíneacht	145
An chaoi a bhfuil teaghlaigh cosúil agus an chaoi a bhfuil teaghlaigh éagsúil	Mo Theaghlach	139
Cearta, Freagrachtaí agus Rialacha	Cúiseanna le Rialacha	149
Ag déanamh rialacha agus iarmhairtí a mbriste	Cúiseanna le Rialacha	150
Bealaí Bisithe	Mothúcháin	161
Bí glan - bí sláintiúil	Bí glan - bí sláintiúil	185
Suímh á bhFuascailt	Ag fuascailt fadhbanna	213
Próiseas agus Toradh	Ag fuascailt fadhbanna	214
Fadhb Cháit	Ag fuascailt fadhbanna	215
Cad tá foghlamtha againn	Ag fuascailt fadhbanna	217
Don Todhchaí	Ag fuascailt fadhbanna	218

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 16

Ábhar	Téama OCG	Lch
Díospóireacht		
Pointí á ndéanamh	Cúiseanna le Rialacha	152
Gníomhaíochtaí Scríofa		
Faoin gCeacht/gCuairteoir	Iontas Beatha Nua	179
Dialann Babaí Nua	Iontas Beatha Nua	180
Oideas don Dea-Shláinte	Bí glan - bí sláintiúil	192
Bileoga Saothair		
Ag Fás Suas	Ag fás agus ag athrú	203
Ag fás agus ag athrú	Ag fás agus ag athrú	200
Liosta Athruithe	Ag fás agus ag athrú	20
Mata		
Bloc-Ghraif	Mo Theaghlach	143
Píosaí ar iarraidh	Ag fuascailt fadhbanna	219
Eolas Imshaoil		
Ionad Spéise		
Teaghlaigh	Mo Theaghlach	143
Stair agus Tíreolaíocht		
Bunús Ainmneacha mo Theaghlaigh	Mo Theaghlach	141
Cuairt		
Tuismitheoir(í) agus Babaí	Iontas Beatha Nua	179
Ceacht Eolais		
Duine éigin speisialta	Iontas Beatha Nua	171
Ag fás suas	Ag fás agus ag athrú	198
Drámaíocht		
Seó an Mhochóirí	Ag fás agus ag athrú	203
Mím		
Obair foirne	Mé féin agus daoine eile	121
Cosaint an Choirp	Bí glan - bí sláintiúil	189
Ar nós gur ...	Ag fás agus ag athrú	201

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 17

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Rang a Ceathair Innéacs

Ábhar	Téama OCG	Lch
Rólghlacadh		
Ag cabhrú le Pádraigín	Mothúcháin	164
Mothúcháin Laethúla	Mothúcháin	165
Am Ciúin		
Machnamh ar Eachtra Maistíneachta	Maistíneacht	135
Tá teaghlaigh speisialta.	Mo Theaghlach	144
Staidéar ar na Meáin		
Ag fás agus ag athrú	Ag fás agus ag athrú	201
Ceol		
Ceol i bhFocail	Mothúcháin	162
Ealaín		
Beirt le crián	Mé féin agus daoine eile	119
Gúna Damhsa Páipéir	Mé féin agus daoine eile	123
Armas Teaghlaigh	Mo Theaghlach	141
Déanamh pictiúr	Mo Theaghlach	144
Ag déanamh póstaera	Cúiseanna le Rialacha	152
Ag déanamh póstaera	Bí glan - bí sláintiúil	187
Scéal Míl Ghoile	Bí glan - bí sláintiúil	192
Scéal faoin bhFás Suas	Ag fás agus ag athrú	203
Corpoideachas		
Sáigh agus tarraing	Mé féin agus daoine eile	124
Cluiche		
Grúp-Snaidhm	Mé féin agus daoine eile	122
Spotaí	Mé féin agus daoine eile	124
Teaghlaigh Shona	Mo Theaghlach	139
Ar nós gur ...	Ag fás agus ag athrú	201
Príomh-OCG		
Amlíne Beatha Nua	Iontas Beatha Nua	172

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 18

9.Problem Solving/irish:9.Problem Solving/irish 14/07/2009 10:30 Page 19